
# Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030



Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise

Eanáir 2011

# Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030

## Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise

## Eanáir 2011

# Réamhfhocal ón Tánaiste agus Aire Oideachais agus Scileanna.



Déanann ár n-institiúidí ard-oideachais freastal agus saibhriú ar an sochaí ar go leor bealaí agus tá ról ilghnéitheach acu in Éirinn nua-aimseartha na linne seo. Feidhmíonn ár n-institiúidí mar chosantóirí, dáileoirí agus cruthaitheoirí maidir le heolas nua agus déanann freastal ar chorpas mac léinn a bhíonn ag méadú agus ag éirí níos éagsúil an t-am ar fad. Is ionanna iad is nasc idirghníomhach agus teagmhála idir raon casta leasanna ar bhonn áitiúil, réigiúnach, náisúnta agus domhanda. Nuair a d'fhoilsíomar ár gcreatoibre eacnamaíochta meántéarmach in 2008, a bhfuil sé mar aidhm aige geilleagar cliste na hÉireann a thógáil, aithníodh go mbeadh athstruchtúrú ar an gcóras ard-oideachais ar chuid den phríomh-réimse gnímh. Aithníodh sa tuarascáil an ról lárnach a bheadh ag institiúidí ard-oideachais na tíre maidir le hoileán nuálaíochta a chruthú.

Is léir go dteastaíonn líonra institiúidí a fhéachann chun cinn agus atá réidh agus cumhachtaithe chun aghaidh a thabhairt ar shraith dúshlán éagsúil ach ag an am céanna a thógfaidh ar an gclú atá orthu go hidirnáisiúnta ó thaobh nirt agus sármhaithis. Sa chomhthéacs sin, rinne an grúpa ardleibhéil, faoi chathaoirleacht an Dr. Colin Hunt, gach gné de mhisean an ard-oideachais a bhreithniú agus chuir polasaí cuimsitheach agus creatoibre oibríochtúil chun an córas ard-oideachais a fhorbairt faoi mo bhráid.

Léiríodh an-suim i bhforbairt na straitéise seo agus tá comhairliúchán leathan déanta ag an ngrúpa laistigh den chóras féin agus lasmuigh de, ag tarraingt ar raon saineolais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is mór an spreagadh domsa agus do mo chomhghleacaithe sa Rialtas an díogras a bhí ar an oiread sin daoine teagmháil a dhéanamh maidir le smaointe chun an córas a fheabhsú agus a athrú le linn an phróisis seo. Léiríonn an tuarascáil seo an caidreamh láidir sin agus inti déantar raon moltaí a chabhróidh an córas a mhúnlú don 12ú Aois.

Sa tuarascáil seo tá bunús eolasach maidir le polasaí an Rialtais ar fhorbairt an ard-oideachais in Éirinn sna blianta atá amach romhainn. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl don Dr. Hunt agus don Ghrúpa Straitéise faoin oiread ama, fuinnimh agus saineolais isteach le linn dianphróisis chaidrimh agus mhachnaimh.



Mary Coughlan, T.D.

An Tánaiste agus an tAire Oideachais agus Scileanna

## Chuig Mary Coughlan, Uasal, T.D. An Tánaiste agus an tAire Oideachais & Scileanna



A Thánaiste, a chara,

Thar ceann an Ghrúpa Straitéise don Ard-Oideachas, tá áthas orm tuarascáil an Ghrúpa, *Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas*, a chur faoi do bhráid.

Chun an tuarascáil seo a ullmhú, thug an Grúpa faoi phróiseas comhairliúcháin leathan i measc ghrúpaí oideachais, fiontair, ceardchumainn, agus i measc ghrúpaí leasa níos leithne. Fuaireamar aighneachtaí scríofa ó bhreis agus 100 duine agus eagraíocht, agus léiríonn raon agus caighdeán na n-aighneachtaí sin an cumas atá ag an ard-oideachas samhlaíocht, paisean agus tiomantas raon leathan daoine a ghabháil. Déanann sé amhlaidh mar gheall ar an tábhacht mhór atá aige, go n-aithnítear mar an foinse a bhíonn ag leor de na nithe maithe i sochaí na hÉireann agus mar gheall go bhfuiltear ag iarraidh a chinntiú go leanfaidh an t-ard-oideachas ag seachadadh caipiteal pearsanta, sóisialta agus eacnamaíoch a thug saibhreas don tír seo.

Mar ghrúpa, creidimid go han-láidir go bhfuil an t-ard-oideachas lárnach d'fhorbairt eacnamaíoch in Éirinn amach anseo, agus go bhfuil buntáistí leithne sóisialta agus cultúir ag baint leis an rannpháirtíocht san ard-oideachas a leathnú. Tiocfaidh dúblú, beagnach, ar acmhainneacht an ard-oideachais sna fiche bliain amach romhainn. Tiocfaidh an chuid is mó den fhás ó réimsí neamhthraidisiúnta, mar mhic léinn fásta agus mic léinn ó thar lear, chomh maith le níos mó gníomhaíochta iarchéime. Cuirfidh an gá a bheidh le foghlaim ar feadh an tsaoil agus le huas-sciliú san fhórsa saothair leis an bhfás. Beidh acmhainneacht mhéadaithe an-tairbhiúil don ard-oideachas, ach cruthóidh sé dúshláin tromchúiseacha i dtéarmaí cleachtas acmhainní daonna, maoinithe agus nithe oibríochtúla – caithfimid aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin go hoscailte, go muiníneach agus le meon láidir chun réitigh phraiticiúla a fháil orthu.

Tá an Tuarascáil leagtha amach i gcomhthéacs na gcuspóirí atá i gcreat an Rialtais don Gheilleagar Cliste. Aithníonn an Grúpa an ról ríthábhachtach a bheidh ag taighde agus ag forbairt maidir le sochaí nuálaíochta a dhéanamh de shochaí na hÉireann. Creidim go gcomhlánfaidh an tuarascáil seo moltaí an Tascfhórsa Nuálaíochta maidir leis an sprioc sin a bhaint amach, agus go dtacóidh sí leo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach ball den Ghrúpa Straitéise as ucht a gcuid ama, fuinnimh agus saineolais, agus as a gcuid foighne agus oscailteachta i leith raon leathan tuairimí. Le linn ár gcruinnithe, rinneamar plé bríomhar, oscailte agus measúil agus cé nach gá go dtacódh gach ball den Ghrúpa Straitéise le gach moladh sa straitéis, thángamar ar chomhaontú ginearálta ar raon saincheisteanna a chuimsítear sa tuarascáil seo.

Gabhaim buíochas chomh maith leis na comhghleacaithe idirnáisiúnta a thug comhairle agus spreagadh luachmhar dúinn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do ghairmiúlacht agus do thiomantas na Rúnaíochta freisin – ní féidir luach a chur ar an gcomhairle ná ar an treoir a thug siad dúinn le linn an phróisis.

Táim ag súil go mbainfidh an t-ard-oideachas a lánacmhainneacht amach agus go leanfar ag tabhairt fuinnimh do shochaí agus do gheilleagar na hÉireann agus don domhan níos leithne.



Is mise le meas,
Colin Hunt, Cathaoirleach
9 Lúnasa 2010

# Réamhfhocal

Cuireann an tuarascáil reatha fís i láthair maidir le hearnáil ard-oideachais in Éirinn a fheádfaidh an iliomad dúshlán sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha a bheidh romhainn sna blianta atá le teacht a chomhlíonadh go rathúil, agus a fhéadfaidh a príomh-rólanna maidir le teagasc agus foghlaim, taighde, scoláireacht agus caidreamh leis an tsochaí níos leithne, a chomhlíonadh.

Ar go leor cúiseanna, tá ard-oideachas na hÉireann ag point athraithe anois: tá méadú ag teacht ar an líon daoine a théann isteach sa chóras agus tá próifíl na mac léinn ag athrú. Cuireann dífhostaíocht agus patrúin oibre atá ag athrú práinn nua agus béim i bhfad níos mó ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar uas-sciliú. Is ardscileanna bunaithe ar eolas iad cion ard de na scileanna a theastaíonn uainn san fhórsa saothair anois, agus ní féidir go leor acu a fháil ach amháin in institiúidí ard-oideachais. Tá an tábhacht a bhaineann le taighde ardchaighdeáin maidir le misean an teagaisc agus mar bhonn taca d'fhorbairt shoch-eacnamaíoch tar éis fáis go suntasach le deich mbliana anuas agus leanfaidh an fás sin sna deich mbliana amach romhainn. Tugann na hathruithe sin dúshláin bhreise do bhaill foirne freisin, agus i roinnt cásanna cuirtear an bonneagar fisiciúil faoi bhrú.

I bhfianaise na ndúshlán ollmhór sin, níl an rogha againn gan tada a dhéanamh. Níl an rogha againn é a fhágáil go dtí go mbeidh sé ródheireanach ach oiread. Tá deis ag an nglúin seo tírdhreach ard-oideachais na hÉireann a athrú, chun rannpháirtíocht a leathnú chun daoine a bhí eisiata cheana a chuimsiú, chun leas a bhaint as an luach ard a chuirtear go traidisiúnta ar an oideachas, chun daoine a ullmhú do na deiseanna post a thiocfaidh le téarnamh eacnamaíoch, agus chun eolas agus foghlaim lena mbainfidh suntas marthanach cultúrtha agus sóisialta a sheachadadh.

- **Teastaíonn struchtúir nua uainn a thabharfaidh léiriú níos fearr ar riachtanais foghlama éagsúla ár gcuid mac léinn, idir iad sin a théann isteach san ard-oideachas tar éis an Scrúdú Ardteistiméireachta agus iad sin a théann isteach níos déanaí.**
- **Ní mór dúinn mais chriticiúil inár n-acmhainneacht taighde a fhorbairt, lena chinntiú go meallfaimid na taighdeoirí is fearr agus go bhforbróimid acmhainneacht ar chaighdeán domhanda i réimsí nideoige ardluacha.**
- **Ní mór dúinn an t-ard-oideachas a mhaoiniú ar shlí inmharthana agus chothrom a chinnteoidh rannpháirtíocht níos leithne agus cothroime ó thaobh rochtaine.**
- **Teastaíonn athruithe struchtúrtha uainn sa chóras ard-oideachais le níos mó éifeachtachta agus éifeachtúlachtaí a chinntiú, agus ní mór dúinn a chinntiú go ndéanfaidh istitiúidí comhoibriú chun a gcomhleasa.**

## Sa cháipéis seo

### CUID 1: Leagadh amach an straitéis seo i gcomhthéacs an chomhthéacs atá ann do Straitéis nua Náisiúnta don Ard-Oideachas:

- **Féachann Caibidil 1, An t-ard-oideachas i sochaí a bhíonn ag athrú,** ar ghnéithe de na caidrimh a cheanglaíonn an t-ard-oideachas leis an sochaí níos leithne, agus ar an tslí is gá don ard-oideachas athrú sna blianta amach romhainn chun tabhairt faoi dhúshláin eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha nua. Tugann sí tuairisc ar an timpeallacht ina n-oibríonn an t-ard-oideachas agus ar na dúshláin a gcaithfidh sé freagra a thabhairt orthu. Agus córas ard-oideachais láidir, dea-acmhainnithe agus athnuacha á thógáil againn, ní mór dúinn úsáid a bhaint as na láidreachtaí a thug go dtí an pointe seo sinn, agus láidreachtaí nua a thógail a bheidh in ann freastal ar shochaí na hÉireann sna blianta amach romhainn.
- **Féachann Cabidil 2, Pleanáil don éileamh amach anseo,** ar an tslí is gá dúinn na struchtúir, an acmhainneacht agus na caidrimh a bheidh ag teastáil ón ard-oideachas chun an t-éileamh atá ag méadú a chomhlíonadh. Déileálann sé chomh maith leis an treocht atá ann do mhic léinn as Éirinn staidéar a dhéanamh thar lear agus do mhic léinn choigríche stáidéar a dhéanamh in Éirinn, treocht atá ag

**fás, agus le slite a mbainfidh mic léinn agus baill foirne tairbhe as níos mó comhoibrithe agus idirghníomhaíochta le hinstitiúidí i dtíortha eile, maidir le teagasc, foghlaim agus taighde.**

**CUID 2: Féachann Misean an ard-oideachais in Éireann** ar conas a fhéadfaimid dul i mbun cuspóirí uaillmhianacha i ndáil leis na trí phríomh-ról de chuid an ard-oideachais – teagasc agus foghlaim, taighde, agus caidreamh – agus ar conas a fhéadfaidh siad sin, le chéile, fís indéanta do thodhchaí an ard-oideachais a leagan amach.

- **Déileálann Caibidil 3, Teagasc agus foghlaim, leis an gcéad cheann de na trí phríomh-ról idirnasctha den ard-oideachas (teagasc agus foghlaim) agus fiosraíonn sí conas a fhéadfaimid a chinntiú gur féidir le mic léinn ard-oideachais leanúint de thaithí sármhaith ar theagasc agus ar fhoghlaim a bheith acu, a mbeidh taighde cothrom le dáta mar fhaisnéis acu agus a bheidh éascaithe ag timpeallacht foghlama ardchaighdeáin, le hacmhainní foghlama den scoth.**
- **Déileálann Caibidil 4, Taighde, ar an dara ceann de na trí phríomh-ról – taighde. Leagann sí an fhís do thaighde in ard-oideachas na hÉireann sna blianta atá le teacht amach, agus tugann sí mionsonraí faoin méid a bheidh ag teastáil uainn leis an bhfis sin a chur i gcrích, ó thaobh infheistíochta agus tógáil acmhainneachta. Tugann sí tuairisc freisin ar an ndlúthchaidreamh idir taighde agus teagasc, agus ar an tábhacht ó thaobh na heacnamaíochta de a bhaineann le naisc idir taighde agus fiontar.**
- **Fiosraíonn Caibidil 5, Caidreamh leis an sochaí níos leithne, an tríú ceann de na trí phríomh-ról – caidreamh – an tslí a dtugann an córas ard-oideachais aghaidh ar raon iomlán a fhreagrachtaí i dtreo na sochaí, lena n-áirítear gnó, pobail áitiúla, an earnáil oideachais níos leithne agus an domhan idirnáisiúnta níos leithne. Déileálann sí chomh maith le ról na hearnála oideachais maidir le ceannaireacht intleachtúil a chur ar fáil agus maidir le feidhmiú mar fhoinse tuairimí údarásacha.**
- **Tugann Caibidil 6, An t-ard-oideachas a idirnáisiúnú, tuairisc ar an tslí a bhfuil níos mó agus níos mó bainte amach ag an ard-oideachas le comhoibriú idir institiúidí i dtíortha éagsúla, le mic léinn ag déanamh cuid nó méid iomlán dá staidéar thar lear, agus le gluaiseachtaí bhaill foirne idir institiúidí. Tugann sí imlíne ar na deiseanna d'institiúidí oideachais na hÉireann maidir le freagairt don treocht domhanda sin.**

**CUID 3: Fiosraíonn Rialachas, Struchtúir agus Maoiniú** na hathchóirithe struchtúrtha atá riachtanach laistigh d'ard-oideachas na hÉireann lena chinntiú go bhféadfaidh an córas leanúint dá phríomh-mhisin a sheachadadh ar bhealach comtháite, inmharthana agus dea-bhainistithe.

- Déileálann Caibidil 7, Rialachas córais, leis na struchtúir foriomlána a theastaíonn chun an cheannaireacht, an rialachas agus na rialuithe cáilíochta is gá leo i gcomhair feidhmiú rathúil na straitéise atá leagtha amach in áit eile sa cháipéis seo.
- **Déileálann Caibidil 8, Creatoibre comhtháite don ard-oideachas a fhorbairt, leis na riachtanais struchtúrtha agus córais don ard-oideachas a bheidh ann sa todhchaí, leis an tslí a bhfuil ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta ag athrú, agus le comhoibriú idir-institiúide.**
- **Fiosraíonn Caibidil 9, Samhail maoinithe inmharthana agus chothrom a bhunú, an tslí a bhféadfaimid ár n-acmhainní a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí, an bunús maoinithe a leathnú – áirítear air sin ranníocaíochtaí ó mhic léinn, ranníocaíochtaí ó fhostóirí, agus sruthanna ioncaim eile – agus a chinntiú go mbeidh an tslí a ndéanfaimid an t-ard-oideachas a mhaoiniú ag teacht le cuspóirí polasaí náisiúnta níos leithne i gcomhair rochtain níos mó, solúbthacht níos fearr agus torthaí feidhmíochta feabhsaithe.**

Leathnaíonn **Aguisín A** na hacrainmneacha agus na giorrúcháin a mbaintear úsáid astu sa cháipéis seo.

Leagann **Aguisín B** na Téarmaí Tagartha don Ghrúpa Straitéise amach.

Tugann **Aguisín C** liosta de chomhaltacht an Ghrúpa Straitéise.

Tugann **Aguisín D** tuairisc ar an bpróiseas comhairliúcháin ar thug an Grúpa Straitéise faoi.

# Clár Ábhair

**Achoimre Feidhmeach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .9**

**Achoimre ar na Moltaí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .17**

**An Fhís don Ard-Oideachas in Éirinn . . . . . . . . . . . . . . . . . . .26**

**CUID 1: An comhthéacs do straitéis náisiúnta nua don ard-oideachas . . .29**

**1. An tArd-Oideachas i Sochaí a Bhíonn ag Athrú. . . . . . . . . . . . .30**

1.1 An t-ard-oideachas agus athnuachan eacnamaíochta . . . . . . . . . . . . . . 30

1.2 Rannpháirtíocht a mhéadú – an fáth go bhfuil tuilleadh céimithe uainn . . . 33

1.3 Rannpháirtíocht in ard-oideachas na hÉireann a leathnú . . . . . . . . . . 34

1.4 Scileanna amach anseo: céimithe don 21ú aois . . . . . . . . . . . . . . . . 35

1.5 Feidhmíocht taighde. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 37

1.6 Dúshláin nua: cur chuigí nua . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 39

1.7 Éifeachtúlacht agus táirgiúlacht. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 40

1.8 Maoiniú inmharthana . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 42

**2. Pleanáil don éileamh amach anseo. . . . . . . . . . . . . . . . . . .44**

2.1 An t-éileamh ar ard-oideachas a chainníochtú. . . . . . . . . . . . . . . . 44

2.2 An dúshlán maidir le huasciliú . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 45

2.3 Feabhas a chur ar an idirchaidreamh idir ard-oideachas agus breisoideachas & oiliúint . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 48

**CUID 2: Misean an ard-oideachais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .51**

**3. Teagasc agus foghlaim . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .52**

3.1 Teagasc agus foghlaim: athruithe agus dúshláin . . . . . . . . . . . . . . . 52

3.2 Baint ag mic léinn le pleanáil cúrsaí, aiseolas agus meastóireacht . . . . . . . 53

3.3 Taighde a lánpháirtiú le teagasc agus foghlaim. . . . . . . . . . . . . . . . 53

3.4 Solúbthacht maidir le soláthar . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 54

3.5 Aistriú chuig an ard-oideachas – rochtain agus ionduchtú . . . . . . . . . . 55

3.6 Taithí sa chéad bhliain . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 56

3.7 Torthaí foghlama – scileanna ginearálta a chur san áireamh . . . . . . . . . 56

3.8 Torthaí foghlama agus dearbhú cáilíochta . . . . . . . . . . . . . . . . . . 57

3.9 Aistriú chuig an obair – socrúcháin oibre agus foghlaim seirbhíse . . . . . . 58

3.10 Scileanna teagaisc a fhorbairt . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 59

3.11 Curaclam iarchéime agus oiliúint PhD . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 60

3.12 Achoimre ar na moltaí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 61

**4. Taighde . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .63**
4.1 Comhthéacs. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 63
4.2 An Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-13. . . . . . 64
4.3 Tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta (2010) . . . . . . . . . . . . . . . . 65
4.4 Na Chéad Chéimeanna Eile . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 66
4.5 Tosaíocht do Thaighde Ard-Oideachais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 67
4.6 Taighde: Achoimre ar na moltaí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 72
**5. Caidreamh a dhéanamh leis an tsochaí níos leithne . . . . . . . . . .74**
5.1 Cad atá i gceist againn le ‘caidreamh’? . . . . . . . . . . . . . . . . . . 74
5.2 Caidreamh a dhéanamh le fiontar . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 75
5.3 Caidreamh leis an bpobal . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 76
5.4 Caidreamh le soláthróirí oideachais agus oiliúna eile. . . . . . . . . . . . . 77
5.5 Caidreamh mar chroíghné misin . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 77
5.6 Achoimre ar na moltaí. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 79
**6. An t-ard-oideachas a idirnáisiúnú . . . . . . . . . . . . . . . . . . .80**
6.1 Comhthéacs. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 80
6.2 Cad atá i gceist leis an ard-oideachas a idirnáisiúnú . . . . . . . . . . . . . 81
6.3 Na buntáistí a bhaineann le hidirnáisiúnú níos fearr . . . . . . . . . . . . . 81
6.4 Timpeallacht domhanda dúshlanach agus iomaíoch . . . . . . . . . . . . . 82
6.5 An deis atá ann d’Éirinn . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 82
6.6 Institiúidí a bhíonn dírithe ar an domhan mór agus iomaíoch go hidirnáisiúnta 83
6.7 Lánpháirtiú agus tacaíochtaí do mhic léinn . . . . . . . . . . . . . . . . . 84
6.8 Fás agus inmharthanacht . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 84
6.9 Comhoibriú idir-institiúide . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 84
6.10 Maoiniú . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 85
6.11 Achoimre ar na moltaí. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 85
**CUID 3: Rialachas, struchtúir agus maoiniú. . . . . . . . . . . . . . . .87**
**7. Rialachas córais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .88**
7.1 Réamhrá . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 88
7.2 Ról an Rialtais agus an Aire . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 88
7.3 An clár oibre uile rialtais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 89
7.4 An tÚdarás um Ard-Oideachas. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 89
7.5 Struchtúir rialachais na n-institiúidí ard-oideachais . . . . . . . . . . . . . 92
7.6 Ról agus freagrachtaí Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann . . . . . 93
7.7 Achoimre ar na moltaí. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 95

**8. Creatoibre comhtháite a fhorbairt don ard-oideachas in Éirinn . . . . .96**

8.1 Comhthéacs: polasaí a fhorbairt . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 96

8.2 Creatoibre don athrú . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 97

8.3 Éagsúlacht institiúide a choimeád. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 97

8.4 Cur chuige na gcnuasach réigiúnach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 98

8.5 Comhdhlúthú ar feadh an chórais ard-oideachais . . . . . . . . . . . . . . 99

8.6 Teacht chun cinn na hearnála ollscoile . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 99

8.7 Teacht chun cinn na n-institiúidí teicneolaíochta . . . . . . . . . . . . . . 101

8.8 Cosaintí córais agus meicníochtaí athbhreithnithe . . . . . . . . . . . . . . 105

8.9 Caidreamh idir an HEA agus na hinstitiúidí ar leithligh . . . . . . . . . . . 106

8.10 Cuíchóiriú ar sholáthar . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 107

8.11 Soláthróirí neamhspleácha agus príobháideacha . . . . . . . . . . . . . . . 107

8.12 Achoimre ar na moltaí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 109

**9. Samhail maoinithe inmharthana agus chothrom a bhunú . . . . . . .110**

9.1 Impleachtaí maoinithe do scála an éilimh amach anseo . . . . . . . . . . . 110

9.2 An bunús maoinithe don ard-oideachas a leathnú . . . . . . . . . . . . . . 111

9.3 Infheistíocht phoiblí a ailíniú le cuspóirí straitéiseacha . . . . . . . . . . . 114

9.4 Sruthanna ioncaim breise . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 117

9.5 Úsáid éifeachtach acmhainní san ard-oideachas . . . . . . . . . . . . . . . 117

9.6 Achoimre ar na moltaí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 120

**Cur i bhFeidhm . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .123**

**Aguisíní . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .125**

Aguisín A: Acrainmneacha agus giorrúcháin . . . . . . . . . . . . . . . . . . 126

Aguisín B: Téarmaí tagartha . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 128

Aguisín C: Ballraíocht an Ghrúpa Straitéise . . . . . . . . . . . . . . . . . . 129

Aguisín D: An Próiseas Comhairliúcháin . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 130

# Achoimre Feidhmeach

## An comhthéacs le haghaidh athraithe

Bhí ról ollmhór ag córas ard-oideachais na hÉireann i bhforbairt sochaí agus ghheilleagar na hÉireann, agus tá ról níos tábhachtaí fós le himirt aige sna blianta amach romhainn agus sinn ag iarraidh geilleagar nuálaíoch, bunaithe ar oideachas a atógáil, geilleagar a sholáthróidh deiseanna fostaíochta inmharthana agus caighdeáin mhaireachtála mhaithe dár saoránaigh go léir. Is é an ról atá aige maidir le cur ar chumas gach saoránach a lán-acmhainn a bhaint amach agus maidir le smaointe nua a chruthú trí thaighde atá agus a bheidh mar bhunús d'fhorbairtí níos leithne sa tsochaí.

Tarlóidh forbairt an chórais ardoideachais sna blianta go dtí 2030 i dtimpeallacht ina mbeidh dian-sriantachtaí ar an gciste poiblí ar dtús. Tá méadú ag teacht ar an éileamh maidir le hinfheistíocht a dhéanamh san oideachas chun tacú le cruthú post agus nuálaíocht, agus maidir le cabhrú le daoine fostaíocht a fháil arís. Sa domhan mór, tá forbairt eacnamaíoch á sainmhíniú ag domhandú, dul chun cinn teicneolaíochta agus nuálaíocht; tá daoine i bhfad níos soghluaiste agus iad ag lorg deiseanna gairme, agus tá iomaíochas láidir ann i gcónaí maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche.

Tá áit lárnach ag ard-oideachas san athnuachan eacnamaíoch a theastaíonn chun tacú le folláine an duine aonair agus forbairt shóisialta. Ach tá ról bunúsach freisin aige maidir le spiorad fiosraithe agus meon láidir den luach a bhaineann le foghlaim a chothú i measc mac léinn; is é an caidreamh dearfach a bhíonn ag mic léinn le hard-oideachas a spreagann an tsamhlaíocht agus a thugann an deis don nuálaíocht. Cruthóidh cáilíocht a gcuid taithí foghlama agus an timpeallacht ina bhfoghlaimíonn mic léinn forbairt ár sochaí amach anseo. Is iad na daoine a théann isteach in ard-oideachas sna blianta amach romhainn cruthaitheoirí post, déantóirí polasaí, nuálaíochtaithe sóisialta agus ceannairí gnó na todhchaí. Is saoránaigh iad freisin a chuirfidh le saibhreas na sochaí – mar thuismitheoirí, ceannairí pobail agus múinteoirí – agus is iad a bheidh mar an inneall torthúil de gheilleagar bríomhar agus rathúil sa réimse oibre a roghnóidh siad.

Tá forbairt as cuimse tagtha ar ardoideachas na hÉireann le blianta beaga anuas – d'athraigh sé ó chóras a bhí coimeádta d'ard-aicme shóisialta go dtí córas a ndéantar rannpháirtíocht forleathan ann. Bíonn ardmheas ar ár gcéimithe agus bíonn siad i measc na ndaoine is infhostaithe san Eoraip. Tá leathnú nach beag tagtha ar scála na hinfheistíochta i dtaighde agus tá tionchar idirnáisiúnta á bhaint amach ag cáilíocht agus clú thaighde na hÉireann anois. Bhí tionchar thar a

bheith dearfach ag na forbairtí sin go léir ar feadh na ngrúpaí sóisialta, chun leasa daoine aonair, na sochaí agus an gheilleagair níos leithne.

Leagtar an straitéis seo amach i gcomhthéacs raon dúshlán nua atá roimh an ardoideachais. Tá dúblú tagtha ar acmhainneacht an ard-oideachais le fiche bliain anuas agus beidh dúblú eile ag teastáil sna fiche bliain amach romhainn. Beidh riachtanais fhoghlama an-éagsúil ag na daoine a théann isteach sa chóras anois agus sa todhchaí, agus beidh i bhfad níos mó daoine ina mic léinn 'lánfhásta'. Beidh ar an ardoideachas é féin nuálaíocht agus forbairt a dhéanamh má tá sé chun deiseanna solúbtha a chur ar fáil do chohórtanna mac léinn níos mó agus níos éagsúil. Beidh air é sin a dhéanamh fad a chuireann sé le cáilíocht agus ábharthacht, agus fad a dhéanfaidh sé teagmháil níos fearr le riachtanais níos leithne na sochaí agus an gheilleagair, agus é ag feidhmiú i dtimpeallacht domhandaithe níos iomaíche.

## Fís

Sna blianta amach romhainn, beidh ról lárnach le himirt ag an ardoideachas maidir lena chinntiú go dtabharfar aitheantas d'Éirinn as nuálaíocht, fiontar iomaíoch agus sármhaitheas acadúil, agus mar áit atá tarraingteach le cónaí agus le hoibriú inti, ina bhfuil ardchaighdeán maireachtála, beogacht chultúrtha agus struchtúir atá uilechuimsitheach go sóisialta. Beidh caidreamh láidir ag institiúidí ardoideachais le mic léinn aonair, le pobail, leis an tsochaí agus le fiontar, tabharfaidh sé meon áite agus féiniúlachta Éireannaí do mhic léinn, agus tabharfaidh sé na scileanna dóibh chun páirt láidir a imirt ar an stáitse domhanda. Beidh sé mar threallús do smaointe nua trí thaighde chomh maith, agus aistreofar go leor de na smaointe sin go dtí fiontair nuálaíochtacha inmharthanacha na todhchaí.

Tacóidh an t-ardoideachas leis na hathruithe sin trí chur chuigí nuálaíochtacha ar theagasc agus foghlaim faoi threoir ag taighde, trí dhearadh clár, trí mheasúnú mac léinn agus trí chóras dearbhaithe cáilíochta – léireoidh gach ceann díobh sin béim nua ar intinní cruthaitheacha agus nuálaíochtacha a chothú. Beidh láithreacht idirnáisiúnta láidir ag ard-oideachas na hÉireann, beidh sé tarraingteach do mhic léinn thar lear agus gabhálfaidh sé de thaighde ardcháilíochta a mbeidh tionchar ríthábhachtach aige ar riachtanais réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda.

### Rannpháirtíocht

Má tá Éire chun a huaillmhianta maidir le téarnamh agus forbairt laistigh de gheilleagar atá faoi threallús ag nuálaíocht a bhaint amach, beidh sé riachtanach caipiteal daonna a chruthú agus a fheabhsú tríd an rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú. Éilíonn scála an leathnaithe agus an fháis ar an rannpháirtíocht thar

thréimhse na straitéise seo go n-éireodh córas ardoideachais na hÉireann i bhfad níos solúbtha maidir le soláthar, ó thaobh ama agus áite araon, agus go n-éascódh sé aistriú agus forchéimniú gach leibhéal den chóras. Tá dúshláin nach beag fós ann sa réimse seo: Tá feidhmíocht sách lag ár gcórais sa réimse foghlama ar feadh an tsaoil aitheanta ag tuarascálacha i ndiaidh a chéile, agus tá an riachtanas maidir le scileanna agus inniúlachtaí fostaithe a uasghrádú agus a athrú ag fás an t-am ar fad. Beidh gá le hathruithe i maoiniú agus in oibriú an chórais d'fhonn cur ar chumas na n-institiúidí freagra a thabhairt ar na riachtanais sin trí chur le héagsúlacht agus le hilghnéitheacht a soláthair. Beidh feabhsuithe san idirchaidreamh idir ardoideachas agus breisoideachas agus oiliúint riachtanach chun tacú le deiseanna forchéimnithe níos fearr

## Cáilíocht thaithí an mhic léinn

Ba chóir go dtabharfadh taithí ardcháilíochta mar mhic léinn na scileanna bunúsacha riachtanacha do chéimithe mar smaointeoirí agus shaoránaigh oiriúnaitheacha, cruthaitheacha agus iomlána – i dteannta tuiscint chuimsitheach ar a ndisciplíní ábhartha. Éileoidh sin tiomantas d'fheabhsuithe faoi leith sa timpeallacht teagaisc agus foghlama i ndáil le leithead an churaclaim agus na scileanna a ndéantar a mheas chomh maith le i gcáilíocht an teagaisc féin.

Ní mór do gach mac léinn rochtain a bheith aige ar theagasc a bheidh coinnithe cothrom le dáta trí scoláireacht, taighde agus forbairt ghairmiúil. Ba chóir do bhaill foirne acadúla úsáid iomlán a bhaint as an raon modheolaíochtaí oideolaíocha atá ar fáil dóibh agus cáilíocht mar mhúinteoirí chomh maith le ina ndisciplín roghnaithe a bheith acu. Ba chóir go gcuirfeadh an taighde agus an scoláireacht go léir in institiúidí ardoideachais le cáilíocht an teagaisc fochéime agus iarchéime. Ba chóir go gcorpródh struchtúr agus dearadh na gclár PhD scileanna ginearálta agus ba chóir iad a leagan amach le caidreamh díreach le fostóirí agus le fiontar, nuair is cuí sin. Tá mais chriticiúil i gcláir PhD den ríthábhacht má táthar chun cáilíocht a choimeád.

## Cáilíocht an teagaisc, na scoláireachta agus na teagmhála seachtraí

Ní mór athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht an teagaisc, na scoláireachta agus na teagmhála seachtraí le baill foirne acadúla i ngach institiúid mar chuid de chreatoibre bainistíochta feidhmíochta láidir. Ba chóir go mbeadh sonraí iontaofa agus comhleanúnacha ar thorthaí an ardoideachais, ó dhearcadh mhac léinn agus fostóirí araon, ar fáil go poiblí agus ag cur le próiseas forbartha leanúnaigh.

## Taighde agus nuálaíocht

Tá infheistíocht leantach i dtaighde agus nuálaíocht riachtanach le haghaidh forbartha náisiúnta. Cruthaíonn infheistíocht i dtaighde raon buntáistí – cáilíocht an oideachais a fheabhsú do na mic léinn go léir, grúpa mac léinn PhD ardoilte a fhorbairt, eolas nua a tháirgeadh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, cur le hiomaíocht idirnáisiúnta, agus a bheith mar fhaisnéis do thuairim an phobail.

D'fhonn freastal ar chuspóirí sóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann, caithfidh institiúidí ardoideachais na hÉireann leanúint de bheith ina gceannródaithe maidir le taighde den chaighdeán is airde thar an réimse disciplíní agus gníomhaíochta. Ní mór tógáil ar an athchóiriú a rinneadh le déanaí ar an taighde in Éirinn trí chur leis an méid a dhírímid ar acmhainní agus ar infheistíocht chun tógáil ar láidreachtaí forbartha. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag aithint príomhréimsí roghnaithe inar féidir le hÉire fíor-thionchar a dhéanamh ar an stáitse idirnáisiúnta agus ar chóir tosaíochtaí infheistíochta a dhíriú orthu, fad a choinneofar an scoth sa taighde ar feadh raon leathan disciplíní.

Beidh an poitéinseal do thorthaí náisiúnta, eacnamaíocha agus sóisialta mar fhaisnéis don rogha tosaíochtaí agus coinneofar faoi athbhreithniú é le freagrúlacht leantach ar fhorbairtí domhanda a chinntiú. Beidh ar thaighde ardoideachais nascadh le fiontar agus leis an tsochaí ar bhealaí nua agus samhlaíocha chun leas a bhaint as an bpoitéinseal atá aige maidir le folláine eacnamaíoch agus shóisialta, lena n-áirítear cur chuige níos éifeachtaí ar aistriú eolais agus ar thráchtálú. Beidh ar institiúidí ardoideachais meicníochtaí athbhreithnithe, méadracht feidhmíochta agus critéir chur chun cinn sofaisticiúla a fhorbairt le comhghradam do mhisin taighde idirdhealaithe a chinntiú. Ba chóir creatoibre cáilíochta comhleanúnach d'oideachas PhD a fhorbairt a bheadh bunaithe ar mhais chriticiúil.

Ba chóir maoiniú do thaighde amach anseo a leithroinnt de réir na bprionsabal seo, agus tá gá anois le béim nua ar thionchar an mhaoinithe sin. Tá gá ag institiúidí ardoideachais díriú ar eolas a aistriú chomh tapa agus chomh héifeachtach agus is féidir, agus d'fhéadfadh go mbeadh i gceist leis sin leas a bhaint as daoine a mbeadh saineolas níos fearr acu chun sin a dhéanamh.

## Caidreamh

Ba chóir go mbeadh caidreamh oscailte ag institiúidí ard-oideachais lena bpobail agus leis an tsochaí níos leithne agus ba chóir go mbeadh sin san áireamh i ngach gné dá misin. Ba chóir córais agus struchtúir a fhéachann amach rompu a neadú i ngníomhaíocht institiúide, ionas go mbeadh sreabhadh isteach agus

amach maidir le heolas, baill foirne, mic léinn agus smaointe, idir gach institiúid agus a pobal seachtrach.

Tá an acmhainneacht ag an ard-oideachas caidreamh níos déine ná roimhe a dhéanamh leis an tsochaí níos leithne trí cheannaireacht intleachtúil agus tuairimí údarásacha a chur ar fáil thar raon disciplíní acadúla, na healaíona, gnó agus réimsí díospóireachta poiblí. Tá líon mór daoine ag obair inár n-institiúidí ardoideachais atá in ann rannchuidiú an-luachmhar a dhéanamh leis an bpobal agus leis an saol sóisialta níos leithne ar go leor bealaí éagsúla. Áirítear orthu sin eolaithe, innealtóirí, ealaíontóirí agus sainchleachtóirí sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. Caithfimid a chinntiú go bhfanfaidh an neamhspleáchas intleachtúil a cheadaíonn don chaidreamh sin i bhfeidhm.

### Idirnáisiúnú

Is cuid d'iarracht dhomhanda atá ár gcóras ardoideachais. Cé gur saintréith den ard-oideachas in Éirinn é sreabhadh mac léinn agus ball foirne go dtí tíortha eile agus uathu, is den ríthábhacht é go ndéanfaí sin a leathnú agus a dhoimhniú. Cuireann idirnáisiúnú deiseanna nua tábhachtacha ar fáil d'ardoideachas na hÉireann, ach ar an tslí chéanna, agus tíortha eile ag dul in iomaíocht do thallann agus d'acmhainní, ní féidir le hÉirinn a bheith fágtha ar gcúl.

## Athruithe ar an gcóras

Tá an fhís uaillmhianach agus na cuspóirí uaillmhianacha atá leagtha amach d'fhorbairt ardoideachas na hÉireann riachtanach má tá an córas le haghaidh a thabhairt ar riachtanais agus tosaíochtaí forbartha náisiúnta níos leithne na hÉireann thar thréimhse na straitéise seo. Éilíonn scála ár n-uaillmhianta do chandam, leithead agus cáilíocht ardoideachas na hÉireann sna blianta amach romhainn tuilleadh comhtháiteachta, níos mó comhlántachta agus na hoibríochtaí is éifeachtúlaí is féidir ar feadh na heagraíochta agus maidir leis an gcóras a mhaoiniú. Beidh gá leis na príomh-pharaiméadair de cháilíocht, cainníocht, agus leibhéal agus inmharthanacht an mhaoinithe a bhainistiú le cruthaitheacht agus le saineolas le forbairt chothromaithe a chinntiú agus sinn ar thóir cuspóirí náisiúnta. Tá roinnt athruithe ar chreatoibre oibríochtúil an chórais aitheanta lena chinntiú go dtarlóidh sin. Is sna réimsí rialachais agus ceannaireachta, struchtúr foriomlán an chórais, agus maoinithe inmharthana, atá na hathruithe sin.

### Rialachas agus Ceannaireacht

Ag croílár na straitéise seo aithnítear go bhfuil raon éagsúil institiúidí láidre, neamhspleácha riachtanach má tá an córas foriomlán le freagra éifeachtach a thabhairt ar riachtanais na sochaí, riachtanais a bhíonn ag athrú agus nach féidir

a thuar. Caithfear neamhspleáchas maoinithe agus oibríochtúil a mheaitseáil le leibhéal comhfhreagrach cuntasachta as feidhmíocht in aghaidh ionchais a chuirfear in iúl go soiléir. Éilíonn sin struchtúir dea-fhorbartha d'fhonn aithint agus cur in iúl tosaíochtaí náisiúnta a chumasú, chomh maith le meicníochtaí láidre chun athbhreithniú agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht ag leibhéal an chórais agus na hinstitiúide.

Ba chóir gaol conarthach nó comhaontú ag leibhéal na seirbhíse nua a bhunú idir an Stát agus na hinstitiúidí ardoideachais, mar chuid de chomhrá straitéise níos leithne, agus ba chóir sin a úsáid lena chinntiú go mbeadh na riachtanais maidir le feidhmíocht, neamhspleáchas agus cuntasacht ag teacht le chéile. Tríd an bpróiseas sin, déanfar straitéisí institiúide a shainmhíniú agus a ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta.

Ba chóir struchtúir tras-rialtais iomchuí a úsáid chun na tosaíochtaí náisiúnta don ardoideachas a fhorbairt agus chun a gcur i bhfeidhm a mhaoirsiú. Ba chóir go mbeadh freagracht ag Údarás um Ard-Oideachas athchóirithe, thar ceann an Rialtais, as caidreamh a dhéanamh le hinstitiúidí lena chur ar a gcumas na tosaíochtaí náisiúnta a chomhlíonadh i gcomhar, gan dúblú diomailteach a dhéanamh. Tacófar leis sin trí shonraí iomlána, trédheracacha agus inchomparáide a bhailiú ar feadh an chórais, a bheidh mar bhunús do chaidreamh eagnaí leis na hinstitiúidí. Beidh an córas dearbhaithe cáilíochta, a ndéanfaidh an ghníomhaireacht nua, Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann, maoirsiú agus rialáil air, mar fhaisnéis don chaidreamh sin chomh maith. Ba chóir cinntí maoinithe a dhéanamh i gcomhthéacs feidhmíocht na nInstitiúidí i gcomparáid le spriocanna aitheanta agus comhaontaithe mar chuid den chomhaontú nó conradh ag leibhéal na seirbhíse

Éileoidh na rólanna agus naisc nua níos mó acmhainneachta institiúide maidir le maoirsiú córais, ceannaireacht agus rialachas institiúide. Beidh i gceist leis sin athruithe ar mhéid agus ar chomhdhéanamh Bhord an HEA agus ar a struchtúir feidhmiúcháin, agus ar mhéid agus ar chomhdhéanamh struchtúir rialachais na ninstitiúidí ard-oidheachais ar leithligh.

## Struchtúr an Chórais

Tá struchtúr an ard-oideachais ag athrú cheana féin de réir mar a dhéanann institiúidí iarracht freagra níos éifeachtaí a thabhairt ar riachtanais nuálaíochta na hÉireann. Tá an poitéinseal ag na forbairtí sin láidreacht nua a chruthú sa chóras trí shaineolas, eolas agus acmhainní a roinnt, agus trí shinéirgíochtaí a úsáid chun lánacmhainneacht thallann na hÉireann agus nuálaíocht a bhaint amach. Ní mór breith ar an bhfuinneamh sin anois chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna na straitéise seo. Ní mór don chóras athrú laistigh de chreatoibre soiléir atá dírithe

ar shraith chomhtháite institiúidí ard-oideachais a fhorbairt, gach ceann acu le dóthain láidireachta, scála agus acmhainneachta agus le misin chomhlántacha agus éagsúla a chomhlíonadh, agus iad i gcomhar, riachtanais an duine, an fhiontair agus na sochaí.

Ba chóir an córas a neartú trí chnuasaigh réigiúnacha institiúidí comhoibrithe (ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus soláthróirí eile) a fhorbairt, agus trí chomhdhlúthú institiúide a mbeidh mar thoradh air líon níos lú d'institiúidí níos mó. Ba chóir go mbeadh béim faoi leith ar theacht chun cinn institiúidí teicneolaíochta a bheadh comhnasctha agus níos láidre, a spreagadh. Beidh ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta comhnasctha, a oibreoidh mar chomhpháirtithe comhoibrithe d'fhonn cuspóirí straitéiseacha comhaontaithe a sheachadadh, mar chuid lárnach den tsamhail cnuasach réigiúnach a shamhlaítear. Ba chóir an éagsúlacht ó thaobh misin, a bhí chun leasa na hÉireann go dtí seo, a choimeád.

Ba chóir forbairt agus athrú institiúidí teicneolaíochta go dtí líon níos lú d'institiúidí comhnasctha níos láidre a chur chun cinn d'fhonn acmhainneacht agus feidhmíocht chórais a bhrú chun cinn. Ba chóir go ndíreodh critéir feidhmíochta le haghaidh na n-institiúidí comhnasctha sin ar an misean faoi leith a bhíonn acu agus, bunaithe ar fheidhmíocht láidir i gcomparáid le critéir ábhartha ó thaobh an mhisin, samhlaítear go bhféadfadh cuid acu iarratas a dhéanamh ar ath-ainmniú mar ollscoileanna teicneolaíochta. Níl cúis ar bith le haon ollscoileanna nua a cheadú faoi bhrí Acht na nOllscoileanna 1997, áfach. Laghdódh gníomh mar sin an éagsúlacht sa chóras foriomlán agus bheadh droch-thionchar aige ar a chumas freagra a thabhairt ar riachtanais nuálaíochta agus deiseanna forbartha na tíre.

## Maoiniú

Le forbairt a dhéanamh ar chóras ard-oideachais na hÉireann d'fhonn an riachtanas aitheanta d'acmhainneacht níos mó agus d'fheidhmíocht níos fearr, ardaítear ceist mhór an mhaoinithe. Ní féidir an fás riachtanach san acmhainneacht a bhaint amach gan cur isteach ar na cuspóirí cáilíochta atá chomh riachtanach céanna, ach amháin má dhéantar í a ailíniú le hathchóirithe éifeachtúlachta, leathnú ar an mbunús maoinithe, agus athchóirithe i gcur chuigí maoinithe.

Féadfaidh comhdhlúthú, eacnamaíochtaí ó thaobh scála, táirgiúlacht níos mó agus gníomhaíocht tráchtúil, cabhrú leis na leibhéil reatha maoinithe dul níos faide, ach tugann taithí idirnáisiúnta le tuiscint nach mbeadh ach tionchar sách beag acu sin. Ní féidir linn, go réasúnta, a bheith ag súil go gcomhlíonfaidh ardú ar an maoiniú Státchiste an leibhéal riachtanach costas ach an oiread, arna tabhairt scála ár n-uaillmhianta agus na srianta buiséid atá ann faoi láthair. An t-aon rogha réalaíoch atá ann chun tacú le fás ar an rannpháirtíocht ná a cheangal

ar mhic léinn nó ar chéimithe costas a n-oideachais a roinnt go díreach, ag léiriú na dtorthaí príobháideacha suntasacha gur féidir leo a bheith ag súil leo. Moltar rannchuidiú díreach ó mhic léinn, bunaithe ar mheascán de tháillí a íoctar ar dtús agus scéim iasachta ag brath ar ioncam, mar ghné riachtanach de shocruithe maoinithe don chóras amach anseo.

Ní mór d'institiúidí ard-oideachais aithne a chur ar bhunús foinsí maoinithe níos leithne agus caidreamh a dhéanamh leo, agus an méid sách mór a bhraitheann siad ar mhaoiniú státchiste a laghdú, fad a fheabhsaíonn siad ábharthacht agus cáilíocht a gcuid oideachais agus taighde. Ba chóir é sin a nascadh le caidreamh níos freagraí agus oscailte le príomh-gheallsealbhóirí, mic léinn agus fiontar ach go háirithe, agus le hiarracht mhór teacht ar bhealaí nua chun acmhainneacht taighde agus nuálaíochta ard-oideachais a nascadh le riachtanais na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha.

Lena chur ar chumas institiúidí cuspóirí rannpháirtíochta, cáilíochta agus inmharthanachta a chomhlíonadh, beidh gá leis an tsamhail croímhaoinithe deontais maidir le hinstitiúidí ard-oideachais a athchóiriú. Amach anseo, ba chóir na hinstitiúidí ard-oideachais go léir a mhaoiniú trí fhoirmle leithdháilte a chuirfidh croímhaoiniú ar fáil do gach mac léinn – lánaimseartha nó páirt-aimseartha, ar an gcampas nó lasmuigh de. Ba chóir a chur leis sin trí shocruithe oibre níos solúbtha agus trí ualaigh oibre chonarthacha a bheith á seachadadh ag lucht acadúil ar bhonn bliantúil, mar bhealach chun freagrúlacht agus éifeachtúlacht araon a bhrú chun cinn.

Ba chóir go mbraithfeadh leathnú leantach ar an líon mac léinn ar thabhairt isteach sruthanna ioncaim breise agus bealaí nua le bheith ag obair. Dá thapúla luas seachadta na n-athchóirithe riachtanacha, is é is láidre a bheidh an deis cáilíocht a choimeád fad a fhástar rollú. Maolóidh méadú ar mhaoiniú neamh-Státchiste trí ranníocaíochtaí ó mhic léinn an brú sin; ach sula dtabharfaí samhail den sórt sin isteach, tá sé thar a bheith tábhachtach inmharthanacht foriomlán an chórais a chinntiú agus fás a bhainistiú ar bhealach a choimeádfaí cáilíocht sna torthaí oideachais agus taighde agus i dtaithí an mhic léinn.

## Tábhacht an chuir i bhfeidhm

Níl an córas ard-oideachais deighilte ón chuid eile den tsochaí – tá sé mar chuid lárnach di. Tá caighdeán maireachtála shaoránaigh na hÉireann dlúthcheangailte le forbairt an chórais ard-oideachais. Cinnteoidh cur i bhfeidhm na moltaí atá leagtha amach sa cháipéis seo go gcuirfear ar chumas chóras ard-oideachais na hÉireann an méid is mó is féidir leis a chur le caighdeán saoil shaoránaigh na hÉireann a fheabhsú, agus le dul i ngleic le dúshláin ollmhóra shóisialta, eacnamaíochta agus chomhshaoil an domhain.

# Achoimre ar na Moltaí

## Teagasc agus foghlaim

**1** **Ba chóir go mbeadh taithí sármhaith ag mic léinn ard-oideachais ar theagasc agus ar fhoghlaim, a mbeadh taighde cothrom le dáta mar fhaisnéis acu agus a bheadh éascaithe ag timpeallacht foghlama ardchaighdeáin, le hacmhainní den scoth, mar leabharlanna, saotharlanna agus saoráidí ríomhfhoghlama.**

**2** **Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais córais a chur ar bun chun aiseolas a fháil ó mhic léinn, agus an t-aiseolas sin a úsáid mar fhaisnéis ar bhainistiú institiúide agus clár, chomh maith le polasaí náisiúnta.**

- Ba chóir córas náisiúnta suirbhéanna mac léinn a chur ar bun agus na torthaí a fhoilsiú.
- Ba chóir do gach institiúid ard-oideachais córas cuimsitheach aiseolais gan ainm do mhic léinn a chur ar bun, maille leis na struchtúir lena chinntiú go rachfaí i mbun gnímh go pras mar fhreagra ar chúiseanna imní mac léinn.

**3** **Ba chóir go mbeadh gach mac léinn ag foghlam i dtimpeallacht a mbeadh taighde, scoláireacht agus cleachtas agus eolas cothrom le dáta mar fhaisnéis aici.**

- Ba chóir comhghradam a thabhairt do theagasc agus do thaighde. Ba chóir é sin a léiriú ó thaobh leithdháileadh acmhainní, i gcritéir ardaithe céime, agus sa mhéadracht a úsáidtear chun feidhmíocht a mheas ag leibhéal an duine, na hinstitiúide agus an chórais.

**4** **Ní mór do chóras ard-oideachais na hÉireann leanúint air ag forbairt bealaí soiléire forchéimnithe agus aistrithe, chomh maith le bealaí iontrála neamhthraidisiúnta.**

- Sna blianta amach romhainn, caithfidh solúbthacht agus nuálaíocht a bheith mar thréithe de sheachadadh an ard-oideachais in Éirinn.
- Ba chóir an tacaíocht chéanna, tríd an tsamhail mhaointithe a úsáidtear chun acmhainní a leithdháileadh ar agus lasmuigh d'institiúidí, a thabhairt do gach mac léinn, cibé an mac léinn lánaimseartha, páirtaimseartha, ar an gcampas nó lasmuigh de atá sa mhac léinn sin.
- Ba chóir spreagadh a thabhairt do mhic léinn fochéime roinnt ama a chaitheamh i suíomh oibre nó seirbhíse, agus ba chóir aitheantas foirmiúil a thabhairt d'obair den sórt sin trí chreidiúnú nó é a chur san áireamh i Forlíonadh Dioplóma an mhic léinn.
- Ba chóir go mbeadh bealaí forchéimnithe solúbtha isteach in institiúidí ard-oideachais, lasmuigh díobh agus tharstu.
- Ní mór do gach institiúid ard-oideachais creatoibre náisiúnta le haghaidh aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim roimh ré (RPL) a fhorbairt agus a aithint.

## Teagasc agus foghlaim

5 **Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais mic léinn céad bliana a ullmhú níos fearr dá dtaithí foghlama, ionas go mbeadh siad in ann tabhairt fúithi go hidirghníomhach.**

- Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais an soláthar clár insealbhaithe agus ullmhúcháin do mhic léinn céad bliana a leathnú.
- Ba chóir d'institiuidí ard-oideachais cúrsaí le bonn leathan, chomh maith le níos mó deiseanna foghlama idir-dhisciplíneacha a thairiscint do mhic léinn a bhíonn sa chéad bhliain dá gcuid staidéar fochéime.

6 **Ba chóir go bhforbródh cláir mhúinte fochéime agus iarchéime araon na scileanna ginearálta a theastaíonn chun caidreamh éifeachtach a dhéanamh sa tsochaí agus san áit oibre.**

- Ba chóir go dtabharfadh oideachas fochéime agus iarchéime aghaidh follasach ar na scileanna ginearálta a theastaíonn chun caidreamh éifeachtach a dhéanamh sa tsochaí agus san áit oibre.
- Agus cúrsaí agus cláir á leagan amach acu, ba chóir d'institiúidí ard-oideachais ailíniú agus cothromaíocht idir torthaí foghlama, oideolaíocht agus measúnú a chinntiú.

7 **I bhfianaise scála an athraithe i dteagasc agus foghlaim atá ar bun in ard-oideachas na hÉireann, caithfear an creatoibre dearbhaithe cáilíochta a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air.**

- Ba chóir treoirlínte ábhair a fhorbairt chun tacú leis an gCreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí. Ba chóir don obair sin a bheith brúite chun cinn ag saineolaithe ábhair ón bpobal acadúil agus a bheith comhordaithe ag an ghníomhaireacht nua Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann.
- Ba chóir tabhairt faoi athbhreithniú iomlán agus cuimsitheach ar an gcóras scrúdaitheora seachtraigh agus ar an gcóras grádaithe níos ginearálta.

8 **Caithfidh na hinstitiúidí ard-oideachais go léir a chinntiú go mbeidh na baill foirne go léir cáilithe agus inniúil i dteagasc agus foghlaim, agus ba chóir dóibh tacú le forbairt agus feabhsú leanúnach ar a gcuid scileanna.**

# Taighde

| | |
|---|---|
| **9** | **Ba chóir an infheistíocht i dTaighde & Forbairt (R&D) a mhéadú.**<br><br>■ Ba chóir an infheistíocht sa sprioc R&D a mhéadú go dtí 3 faoin gcéad den GDP, ag teacht leis an gClár Athnuaite don Rialtas, agus le tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta, a mholann fráma ama do sheachadadh infheistíochta in SSTI nuashonraithe don tréimhse 2014-2020. |
| **10** | **Ba chóir réimse níos leithne, soghluaisteacht níos fearr agus níos mó deiseanna gairme a thabhairt do ról an taighdeora.**<br><br>■ Ba chóir slí bheatha shoiléir a bhunú do thaighdeoirí a fhorbraíonn a gcuid buanna agus a thugann luach saothair iomchuí dóibh.<br><br>■ I dteannta na foirne a bhíonn gníomhach i dtaighde agus a bhíonn rannpháirteach go hiomlán sa teagasc fochéime, ba chóir deiseanna a thabhairt do thaighdeoirí a bheith rannpháirteach i dteagasc mar mhaoirseoireacht saotharlainne agus ranganna teagaisc, nuair is féidir sin.<br><br>■ Ba chóir soghluaisteacht foirne níos fearr a éascú idir ard-oideachas ar thaobh amháin agus fiontar agus an tseirbhís phoiblí ar an taobh eile, chun sreabhadh eolais a chur chun cinn agus chun buntáiste a bhaint as an tsaineolas laistigh den ard-oideachas chun leasa na sochaí agus an gheilleagair. D'fheadfadh sin tarlú trí thréimhsí lánaimseartha nó páirt-aimseartha ar iasacht ar feadh suas le sé mhí ag an am, nó trí chomhairliúchán ag lucht acadúil, sa chás go mbeadh sin chun comhleasa an duine aonair, na hinstitiúide agus na sochaí.<br><br>■ D'fhonn leibhéal comhoibrithe níos éifeachtaí le fiontar a chinntiú, ba chóir do ghníomhaireachtaí maoinithe agus institiúidí ard-oideachais meicníochtaí athbhreithnithe, méadracht feidhmíochta agus critéir chur chun cinn a fhorbairt, chun comhghradam a chinntiú do mhisin taighde idirdhealaithe ar feadh disciplíní agus ar feadh cineálacha gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear aistriú eolais agus tráchtálú. |
| **11** | **Ba chóir creatoibre cáilíochta comhleanúnach d'oideachas PhD na hÉireann a fhorbairt, a bheadh bunaithe ar mhais chriticiúil.**<br><br>■ Ba chóir creatoibre éilitheach a chomhlíonann nó a sháraíonn caighdeáin idirnáisiúnta d'oideachas PhD a fheidhmiú go comhleanúnach ar feadh na n-institiúidí ard-oideachais go léir, mar bhonn taca riachtanach do bhranda PhD na hÉireann. Ba chóir go leanfadh as sin comhdhlúthú agus comhoibriú níos fearr i measc soláthróirí, agus tairiscintí níos láidre do mhic léinn. |

# Taighde

12

**Ba chóir tosaíocht a thabhairt do mhaoiniú taighde poiblí agus ba chóir go ndéanfaí comhordú níos fearr air, le córais éifeachtacha fadbhreathnaitheachta, athbhreithnithe agus tomhais feidhmíochta mar bhonn taca leis.**

- Ba chóir tacú le taighde ar feadh na ndisciplíní go léir, le bheith mar fhaisnéis ag teagasc agus le hardán do thaighde láidir i réimsí tosaíochta straitéise a chinntiú.
- Ba chóir go mbeadh maoiniú taighde saindírithe bunaithe ar chleachtaí socraithe tosaíochta náisiúnta. Aithníonn cleachtaí mar sin roinnt réimsí téamacha a mbeidh Éire ábalta an scoth a bhaint amach iontu, tionchar a imirt go hidirnáisiúnta agus torthaí eacnamaíochta agus sóisialta a uasmhéadú. Ba chóir athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar thosaíochtaí lena chinntiú go bhfanfaidh córas taighde na hÉireann freagrúil do na timpeallachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag athrú.
- Agus tosaíochtaí á roghnú, ba chóir aird faoi leith a thabhairt ar na deiseanna do thaighde a chuimseodh AHSS agus STEM. Ba chóir athchóiriú a dhéanamh ar struchtúir chun maoiniú taighde a sheachadadh d'fhonn:
  - maoiniú a chomhordú go hiomlán ar feadh na ngníomhaireachtaí rialtais go léir;
  - a chinntiú go mbeidh bealach maoinithe aitheanta agus príomh-ghníomhaireacht fhreagrach amháin, a mbeidh tacaíochtaí tráchtálaithe mar bhonn taca dó, ag taighde maoinithe; agus
  - cothromaíocht a chinntiú idir cineálacha éagsúla taighde, ó thaighde bunúsach go dtí taighde straitéise agus feidhmithe, agus ó imscrúdaitheoir amháin go foirne móra ildhisciplíneacha a oibríonn i gcomhpháirtíocht le himreoirí ábhartha eile.

13

**Ba chóir aistriú eolais a neadú níos fearr i ngníomhaíocht institiúide agus luach saothair dá réir a thabhairt. Ba chóir go dtabharfadh tráchtálú maoine intleachtúla ó thaighde a mhaoinítear go poiblí toradh comhlán don gheilleagar.**

- Ba chóir prótacal IP náisiúnta a fhorbairt agus struchtúir a chomhaontú chun tráchtálú tapa IP ó na hinstitiúidí ard-oideachais go léir a éascú.

## Caidreamh a dhéanamh leis an tsochaí níos leithne

14

**Ní mór do chaidreamh leis an bpobal níos leithne a bheith neadaithe níos daingne i misin na n-insitítiúidí ard-oideachais. D'fhonn é sin a bhaint amach, beidh ar na hinstitiúidí ard-oideachais dul i mbun na ngníomhartha seo a leanas:**

- Níos mó soghluaisteachta isteach agus amach i measc ball foirne agus mac léinn idir institiúidí ard-oideachais, gnó, tionscal, na gairmeacha agus an pobal níos leithne.
- Freagra dearfach a thabhairt ar riachtanais forbartha ghairmiúla an phobail níos leithne chun modúil agus cláir oiriúnacha a fhorbairt agus a sheachadadh ar bhealach solúbtha agus freagrúil.
- Aitheantas a thabhairt do chaidreamh sibhialta a gcuid mac léinn trí chreidiúniú clár, nuair is cuí sin.
- Struchtúir agus nósanna imeachta a chur ar bun a chuirfidh fáilte roimh rannpháirtíocht an phobail níos leithne, lena n-áireofar dearadh agus athchóiriú clár, agus a spreagfaidh sin.

I dteannta na ngníomhartha sin, ba chóir don HEA tabhairt faoi shuirbhéanna náisiúnta ar bhonn rialta agus iad a úsáid mar chuid de mheasúnú ar thorthaí cáilíochta don chóras.

## Ard-oideachas a idirnáisiúnú

15

**Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais a bhfís idirnáisiúnta a leagan amach i straitéis institiúide:**

- A bhainfeadh lena misin institiúide agus le spriocanna polasaí náisiúnta níos leithne; agus
- A bhreithneodh idirnáisiúnú agus caidreamh domhanda ón léargas is leithne is féidir.

16

**Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais tacaíochtaí oiriúnacha a chur ar bun chun lánpháirtiú, sábháilteacht, slándáil, agus folláine mac léinn idirnáisiúnta a chur chun cinn.**

# Rialachas córais

**17**

**Ba chóir go mbeadh ar institiúidí neamhspleácha na hÉireann cuntas ar a gcuid feidhmíochta a dhéanamh leis an Stát thar ceann shaoránaigh na hÉireann.**

- Cuirfidh an tAire Oideachais & Scileanna tosaíochtaí náisiúnta an Rialtais maidir le hard-oideachas in iúl.
- D'fhonn a chinntiú go mbeidh cur chuige a chuimseoidh an rialtas go léir mar fhaisnéis ag na tosaíochtaí náisiúnta d'ard-oideachas, ba chóir don Aire Oideachais & Scileanna a bheith mar chathaoirleach ar choiste comh-aireachta ar ard-oideachas. Tionólfaidh an HEA líonra de na gníomhaireachtaí go léir a mbíonn idirghníomhú acu le hard-oideachas.
- Ba chóir go leanfadh an HEA ar aghaidh a bheith cuntasach don Aire as maoiniú agus maoirsiú na hearnála, agus ba chóir próiseas nua de chomhrá straitéiseach a thabhairt isteach chun cur le cuntasacht agus feidhmíocht, fad a léireofar meas ar neamhspleáchas institiúide.
- Ba chóir go mbeadh fáil ar bhunachar sonraí córais lán-inchomparáide, ina mbeadh sonraí ar phróifílí mac léinn agus ball foirne, ar éifeachtúlacht agus ar tháscairí eile a chabhróidh le taighde agus meastóireacht a dhéanamh ar pholasaí poiblí in ard-oideachas, mar bhonn taca do chreatoibre cuntasachta an chórais, agus ba chóir dó sin a bheith mar fhaisnéis don HEA le linn an phróisis chomhrá straitéisigh.

**18**

**Ba chóir struchtúir rialachais a athchóiriú ag an leibhéal institiúide agus córais araon.**

- Ba chóir méid údarás rialála na n-institiúidí ard-oideachais in Éirinn a laghdú go dtí líon nach mó ná 18; ba chóir d'fhormhór na mball a bheith ina mbaill tuata le saineolas a bheadh ábhartha do rialachas ard-oideachais acu; agus
- Ba chóir Bord an HEA a laghdú go dtí 12 ball; ba chóir a chomhdhéanamh a athchóiriú lena chinntiú go mbeadh meascán iomchuí de shaineolas agus de thaithí ann d'fhonn tabhairt faoina mhisean.

## Creatoibre comhtháite

**19**

**Ba chóir creatoibre a fhorbairt chun comhoibriú ar feadh an chórais idir institiúidí éagsúla a éascú.**

- Déanfar comhoibriú idir institiúidí neamhspleácha laistigh de réigiún a chur chun cinn d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  - Cur le freagrúlacht maidir le riachtanais eacnamaíochta agus sóisialta áitiúla;
  - Bealaí forchéimnithe do mhic léinn a spreagadh; agus
  - Idirmhalartú acadúil agus malartú smaointe a éascú.
- Leanfar ar aghaidh ag tacú le comhoibriú réasúnach thar theorainneacha réigiúnacha.
- Ní bheidh aon ollscoil nua ann ar bhonn alt 9 d'Acht na nOllscoileanna

**20**

**Ba chóir d'earnáil na n-institiúidí teicneolaíochta tús a chur le próiseas athraithe agus comhdhlúthaithe; d'fhéadfaí ath-ainmniú a thabhairt d'institiúidí comhnasctha a shroichfeadh an scála agus an acmhainneacht iomchuí.**

- Ba chóir próiseas a chur ar bun chun ceadú d'institiúidí teicneolaíochta a bheadh tar éis próiseas comhdhlúthaithe a dhéanamh, iarratas ar ainmniú mar ollscoil teicneolaíochta a dhéanamh.

**21**

**Ba chóir institiúidí níos lú a chomhdhlúthú d'fhonn comhtháiteacht agus mais chriticiúil a chur chun cinn.**

I gcás institiúidí a fhaigheann croímhaoiniú deontais (i bpáirt nó go hiomlán) agus maoiniú do tháillí saor in aisce, ba chóir go n-oibreodh an creatoibre dreasachtaí foriomlán chun institiúidí den sórt sin a ionchorprú nó a chomhnascadh le hollscoileanna nó institiúidí teicneolaíochta atá ann cheana féin, nó chun iad a athrú ina n-ollscoileanna teicneolaíochta.

- Níor chóir an maoiniú d'institiúidí a fhaigheann maoiniú do tháillí saor in aisce agus sin amháin a shíneadh thar institiúidí atá sa chatagóir seo faoi láthair.
- Maidir le hinstitiúidí príobháideacha (coláistí neamhspleácha nach bhfaigheann maoiniú díreach ar bith), ba chóir gur faoin HEA a bheadh sé gníomhaíocht teagaisc agus foghlama a choimisiúnú ar bhonn costais eacnamaíche chun tosaíochtaí a d'fhéadfaí a aithint laistigh de chnuasach a chomhlíonadh. Ba chóir go mbeadh soláthróirí neamhspleácha, lena n-áirítear iad sin san earnáil 'le haghaidh brabúis', a bheith saor chun tairiscintí a dhéanamh ar sholáthar ar an mbonn riachtanas aitheanta seo.
- Déanfar maoiniú poiblí den sórt sin ar na hinstitiúidí sin a leithdháileadh tríd an HEA.

# Samhail maoinithe inmharthana agus chothrom

**22**

**Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar chonarthaí fostaíochta reatha na mball foirne acadúil le súil agus seasamh gairmiúil an lucht acadúil a aithint agus leibhéil inchomparáide cuntasachta a éileamh maidir leo sin atá i bhfeidhm sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha níos leithne.**

Éileoidh athbhreithniú den sórt sin na torthaí seo a leanas:

- Conarthaí atá trédhearcach agus a sheachadann cuntasacht do shamhlacha leithdháilte ualaigh oibre iomchuí lena chinntiú gur féidir tosaíochtaí i ndáil le teagasc agus foghlaim, taighde agus riarachán, a bhainistiú agus a sheachadadh;
- I gcás institiúidí teicneolaíochta, ba chóir go sonródh conarthaí líon íosta uaireanta le seachadadh ar bhonn bliantúil;
- Conarthaí a léireodh tuiscint i bhfad níos leithne ar an mbliain acadúil agus ar an gclár ama; agus
- Níos mó solúbthachta, inoiriúnachta agus solghluaiseachta ó bhaill foirne chun éilimh nua de bharr athruithe struchtúir agus eile, arna n-eascairt ón straitéis, a chomhlíonadh.

**23**

**Thar shaolré na straitéise agus i gcomhthéacs spleáchas ar an státchiste a bheidh ag laghdú, tógfaidh institiúidí ard-oideachais ar leithligh níos mó freagrachta orthu féin, de réir a chéile, as príomh-fheidhmeanna acmhainní daonna.**

Éileoidh freagracht den sórt sin ar institiúidí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Na cumhachtaí chun baill foirne a earcú agus téarmaí agus coinníollacha a leagan amach dóibh, a ghlacadh orthú féin, laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe;
- Buiséid chothromaithe a choimeád agus buiséid a leagan amach do chostais iomlán na hearcaíochta, costais phinsin san áireamh;
- Oibriú laistigh de chreatoibre iomchuí do bhainistiú acmhainní daonna a chinnteoidh:
    - Comhairliúchán dóthanach le leasanna na mball foirne; agus
    - Trédhearcacht maidir le leibhéil foirne agus rátaí pá.
- Cuntasacht shoiléir as seachadadh foriomlán na dtorthaí comhaontaithe a ghlacadh.

**24**

**Caithfear an bunús maoinithe d'ard-oideachas a leathnú trí athchóiriú a dhéanamh ar mhaoiniú na mac léinn, lena n-áireofar foirm nua de rannchuidiú díreach ó mhic léinn bunaithe ar tháille ar dtús le saoráid chun íocaíocht a iarchur.**

- Éileoidh cur i bhfeidhm an rannchuidithe sin ar an Roinn Oideachais & Scileanna grúpa saineolais a bhunú (le hionadaíocht idirnáisiúnta) chun an córas iasachta iomchuí d'Éirinn a leagan amach, agus cuntas á thabhairt do na saincheisteanna feidhmithe a théann leis.
- Ba chóir go socrófaí na rátaí táille laistigh de chreatoibre náisiúnta a rialódh an leibhéal uasta táillí, agus go ndéanfaí athbhreithniú tréimhsiúil air.

# Samhail maoinithe inmharthana agus chothrom

- Ní bheidh fás amach anseo ná seachadadh cáilíochta níos fearr in ard-oideachas na hÉireann indéanta gan rannchuidiú den sórt sin.
- Ní mór go mbeadh san áireamh in athchóiriú ar mhaoiniú athchóiriú ar na nósanna imeachta arna n-úsáid chun tástáil mhaoine a dhéanamh le haghaidh deontas cothabhála na mac léinn. Ba chóir é sin a bheith sruthlínithe agus tráthúil, agus ba chóir é a sheachadadh trí ghníomhaireacht amháin.
- I gcásanna ina mbeadh easnaimh aitheanta ar scileanna nár mhór aghaidh a thabhairt orthu, nó dá mbeadh tosaíochtaí uascilithe sonracha ann san fhórsa oibre, ba chóir don Stát socruithe maoinithe eile a bhreithniú, mar shampla:
  - An NTF a úsáid chun tacú le mic léinn an rannchuidiú riachtanach ó mhic léinn a íoc; nó
  - Cistí nó sparánachtaí sainithe a bhféadfadh institiúidí ard-oideachais poiblí nó príobháideacha dul in iomaíocht dóibh le híoc le mic léinn a mbeadh ag gabháil de chláir staidéir faoi leith; nó
  - Táillí lascainithe.

**25** **Caithfidh fás an ard-oideachais a bheith inmharthana agus caithfidh bunús maoinithe iomchuí a bheith mar acmhainn aige. Caithfear fás agus feabhsú cáilíochta a bhrú chun cinn in éineacht.**

- Go sonrach, caithfear freagracht a thabhairt don HEA as institiúidí a choimeád faoi athbhreithniú géar i ndáil le hinmharthanacht a n-uaillmhianta maidir le fás, de réir mar a dhéanfar sin a thomhas i gcomparáid leis na hacmhainní airgeadais a bheidh ar fáil le bheith mar bhonn taca don fhás sin.

**26** **Caithfear infheistíocht phoiblí in ard-oideachas a ailíniú le tosaíochtaí polasaí náisiúnta, lena n-áireofar rochtain a leathnú, torthaí feidhmíochta níos fearr, agus tuilleadh solúbachta maidir le soláthar.**

Beidh i gceist leis sin:

- Rochtain ar ard-oideachas a leathnú do dhaoine ó chúlraí soch-eacnamaíocha níos ísle nó do ghrúpaí tearc-ionadaíochta eile (trí ualú breise);
- Leithdháileadh deontais atarlaithe a bhaineann cothromas amach idir na mic léinn go léir, bíodh siad ina mic léinn lánaimseartha nó páirt-aimseartha, ar an gcampas nó lasmuigh de.
- Gné chúitimh chun bronntanais phríobháideacha a fhaightear trí dhaonchairdeas a mheaitseáil;
- Leithdháileadh deontais atarlaithe do na hinstitiúidí go léir, bunaithe ar shamhail an chostais aonaid reatha (RGAM) atá á hoibriú san earnáil ollscoileanna;
- Comhaontuithe leibhéal seirbhíse, mar chuid de chomhrá straitéiseach, le hinstitiúidí ard-oideachais a bhunóidh na príomh aschuir, torthaí agus leibhéil seirbhíse atá le seachadadh agus na hacmhainní a leithdháilfear chun iad a bhaint amach.

# An fhís maidir leis an ard-oideachas in Éirinn

Sna blianta amach romhainn, beidh ról lárnach le himirt ag an ardoideachas maidir lena chinntiú go dtabharfar aitheantas d'Éirinn as nuálaíocht, fiontar iomaíoch agus sármhaitheas acadúil, agus mar áit atá tarraingteach le cónaí agus le hoibriú inti, ina bhfuil ardchaighdeán maireachtála, beogacht chultúrtha agus struchtúir atá uilechuimsitheach go sóisialta. Mar sin féin, is faoi dhaoine agus smaointe i gcónaí a bheidh sé go bunúsach: beidh caidreamh láidir ag institiúidí ard-oideachais le mic léinn aonair, le pobail, leis an tsochaí agus le fiontar, tabharfaidh sé meon áite agus féiniúlachta Éireannaí do mhic léinn, agus tabharfaidh sé na scileanna dóibh chun páirt láidir a imirt ar an stáitse domhanda; beidh siad mar fhoinse smaointe nua trí thaighde den scoth.

Tiocfaidh athrú mór ar nádúr an phobail fhoghlama agus ar na modhanna teagaisc agus foghlama sna blianta amach romhainn. Tacófar leis na hathruithe sin trí chur chuigí nuálaíochtacha ar theagasc agus foghlaim faoi threoir ag taighde, trí dhearadh clár, trí mheasúnú mac léinn agus trí chóras dearbhaithe cáilíochta – léireoidh gach ceann díobh sin béim nua ar intinní cruthaitheacha agus nuálaíochtacha a chothú. Beidh láithreacht idirnáisiúnta láidir ag ardoideachas na hÉireann, meallfaidh sé mic léinn agus lucht acadúil ó thar lear, agus tabharfaidh sé faoi thaighde ardcháilíochta ar feadh na ndisciplíní go léir, taighde a chruthóidh clú idirnáisiúnta d'Éirinn.

# Cuspóirí Ardleibhéil

**Beidh na cuspóirí córais ardleibhéil seo a leanas mar bhonn taca do bhaint amach na físe seo:**

| |
|---|
| Beidh córas ard-oideachais den scoth ag Éirinn a mheallfaidh agus a fhreagróidh de raon leathan mic léinn ionchasacha as Éirinn agus ó thar lear, agus a bheidh inrochtana go hiomlán ar feadh a saol agus a n-imthosca a bheidh ag athrú. |
| Gheobhaidh mic léinn taithí ar oideachas den scoth atá ábhartha agus a fhreagróidh dá bhforbairt agus dá bhfás pearsanta mar shaoránaigh atá go hiomlán rannpháirteach sa tsochaí. |
| Tiocfaidh méadú ar an ngníomhaíocht taighde in ardoideachas na hÉireann go leanúnach. Is iad na mórthréithe a bheidh aige cáilíocht ag leibhéal idirnáisiúnta, bunús láidir agus leathan ar feadh na ndisciplíní go léir, chomh maith le béim mhór ar réimsí nideoga a bheidh ag teacht agus ag tacú go suntasach le riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha náisiúnta na hÉireann. |
| Beidh institiúidí neamhspleách, comhoibritheach agus ag féachaint amach rompu, beidh siad faoi rialú éifeachtach agus freagrach go hiomlán as torthaí cáilíochta agus éifeachtúlachta. Freagróidh siad go solúbtha do riachtanais athraitheacha an gheilleagair agus na sochaí. Earcóidh, forbróidh agus coinneoidh institiúidí ard-oideachais baill foirne ardcháilíochta, a bheidh freagrach go hiomlán as a bhfeidhmíocht faoi cheannaireacht láidir agus dinimiciúil. |
| Freastalóidh ard-oideachas ar éagsúlacht misean institiúide a chuirfear in iúl agus a shainmhíneofar go soiléir. Le chéile, déanfaidh na hinstitiúidí córas comhtháite agus idirghaolmhar agus beidh an mhais chriticiúil riachtanach acu mar ghrúpa le haghaidh na cáilíochta agus na héifeachtúlachta is fearr is féidir a bhaint amach. |
| Tabharfaidh an creatoibre polasaí d’ard-oideachas soiléiriú don mhéid a bhfuiltear ag súil leis go náisiúnta. Déanfar cuspóirí agus oibríochtaí na n-institiúidí agus na ngníomhaireachtaí maoinithe agus cáilíochta a chomh-ailíiniú, agus beidh samhail maoinithe inmharthana agus struchtúir a sainmhíneofar go soiléir maidir le rialú agus cuntasacht córais mar bhonn taca acu. |

# CUID 1: An comhthéacs do straitéis náisiúnta nua don ard-oideachas

Rinne córas ard-oideachais na hÉireann freastal maith ar shochaí na hÉireann le blianta anuas, agus é ag freagairt d'athruithe ar an timpeallacht shóisialta, eacnamíoch agus chultúrtha. Thug sé eolas agus scileanna don tsochaí, an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn leis na cúinsí domhanda atá ag athrú gach lá a láimhseáil, cúinsí ina bhfuil tuiscintí nua, dúsláin nua agus teicneolaíochtaí nua ag athrú a bhfuil romhainn agus ár gcaidrimh leis an domhan. Chuir sé deiseanna nua ar fáil do ghlún saoránach chomh maith, maidir le forbairt phearsanta agus forchéimniú pearsanta. Tá na céimithe ardchaighdeáin a chuireann an córas ard-oideachais ar fáil ríthábhachtach maidir le tionscal dúchasach ard-teicneolaíochta a fhorbairt agus maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche an-mhór a mhealladh isteach sa tír, as a lean fostaíocht ar íocaíocht agus ar cháilíocht ard, fás eacnamaíoch, agus caighdeán maireachtála níos airde.

Mar sin féin, ní rachaidh an méid a d'oibrigh san am atá caite chun tairbhe dúinn amach anseo mura ndéanfaimid athrú mór.

Ard-oideachas a thabharfaidh as an gcúlú eacnamaíochta muid sa ghearrthéarma agus a chuirfidh rath orainn sa bhfadtéarma. Tá - agus beidh - an geilleagar ag brath ar an eolas agus ar chur i bhfeidhm an eolais i dtaobh táirgí, i bpróisis agus i seirbhísí a onnmhairítear. D'éirigh linn le tamalll anuas mar gur chuir muid eolas a forbraíodh in áiteanna eile i bhfeidhm. Sna blianta amach romhainn, beidh orainn an t-eolas a chruthú sinn féin.

Is léir na himpleachtaí: ní mór leibhéal oideachais mhuintir na hÉireann a ardú. Teastaíonn níos mó céimithe uainn ag gach leibhéal. Ní mór do dhaoine atá fostaithe cheana féin a leibhéal cáilíochta a ardú agus a mbunús oideachais a leathnú. Teastaíonn deiseanna oideachais nua ó dhaoine dífhostaithe, deiseanna atá ag teacht le héilimh an gheilleagair nua. Agus caithfear iarracht mhór a dhéanamh ó thaobh taighde de i réimsí tosaíochta ina bhfuil, mar thír, an talainn, an taithí agus na hacmhainní againn a chuirfidh ar ár gcumas rath a bheith orainn ar scála domhanda.

Agus córas an ard-oideachais in Éirinn a shuíomh chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, tá roghanna tábhachtacha romhainn anois – maidir le struchtúir chórais, solúbthacht agus acmhainní. Leagann Caibidil 1 scála na ndúshlán amach, chomh maith leis na freagraí a theastaíonn ón gcóras ard-oideachais; déileálann caibidil 2 ar shlí níos sainiúla leis na foinsí éilimh do dheiseanna ard-oideachais agus leis an tslí a chaitear na dúshláin sin a chomhlíonadh.

# 1. An tArd-Oideachas i Sochaí a Bhíonn ag Athrú

## Sa chaibidil seo

Tá an t-ard-oideachas in Éirinn ag spreagadh athrú dearfach agus forbairt le tamall anuas – maidir le daoine aonair, an tsochaí agus leis an Stát; agus thacaigh sé le cruthú, forbairt agus tarchur luachanna sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta.

Tá athrú ollmhór tar éis teacht ar shochaí na hÉireann le blianta anuas, laistigh de thimpeallacht domhanda a bhfuil athrú radacach tagtha uirthi chomh maith. Tá méid ollmhór déanta ag an ard-oideachas maidir le hathrú dearfach a stiúradh, a mhúnlú agus a sheachadadh. Sna deicheanna de bhlianta amach romhainn, tiocfaidh athrú ar chaidreamh na hÉireann agus beidh ar an gcóras ard-oideachais athrú mar fhreagra air sin. Tiocfaidh athrú ar a mbeimid ag súil leis ón ard-oideachas, maidir le spreagadh intleachtúil agus forbairt scileanna níos praiticiúla, mar thoradh ar dhúsláin nua, athrú ar dhéimeagrafaic, patrúin fostaíochta difriúla agus bealaí nua le ról na hÉireann sa domhan a thuiscint.

Féachann an chaibidil seo ar na dúshláin nach mór do chóras ard-oideachais na hÉireann aghaidh a thabhairt orthu sna deicheanna de bhlianta amach romhainn, agus ar an tslí nach mór don ard-oideachas freagra a thabhairt ar na dúshláin sin:

- **Na dúshláin eacnamaíochta agus sóisialta atá ag teacht chun cinn agus a éilíonn chur chuige nua san ard-oideachas;**
- **An fáth go teastaíonn níos mó céimithe uainn agus an tslí a mbeidh ról lárnach acu maidir le forbairt eacnamaíoch náisiúnta na hÉireann; agus**
- **Na scileanna a bheidh ag teastáil ó chéimithe; agus na leasanna eacnamaíochta, sóisialta agus sibhialta níos leithne a thagann le tuilleadh rannpháirtíochta san ard-oideachas.**

## 1.1 An t-ard-oideachas agus athnuachan eacnamaíochta

Go ginearálta cuireann oideachas, agus ard-oideachas go sonrach, le fás an duine aonair, dul chun cinn sa tsochaí agus le forbairt cultúir. Tríd oideachas, tagaimid ar ár n-áit sa domhan, faighimid tuiscint ar an domhan sin, agus cuirimid ár dtuiscintí agus ár luachanna ar aghaidh chuig daoine eile. Cuireann an t-oideachas le forbairt eacnamaíoch agus leis an gcaighdeán saoil a chumasaíonn an fhorbairt eacnamaíoch.

### Ról an ard-oideachais san fhorbairt eacnamaíoch náisiúnta

Is é an cuspóir deiridh atá ag an bhforbairt eacnamaíoch tacú le folláine an duine aonair, cothromas sóisialta a chur chun cinn agus a chur ar chumas an Stáit uaillmhianta a chuid saoránach a chur i gcrích. Is spriocanna ag leibhéal an chórais iad sin chomh maith, a dtéann córas ard-oideachais na hÉireann sa tóir orthu i gcomhpháirtíocht leis an Rialtas, le gnó agus leis an tsochaí níos leithne.
Is éifeachtaí a bhíonn an t-ard-oideachas maidir lena mhisean a sheachadadh nuair a bhíonn leas agus tiomantas ag an bpobal ina leith agus i leith luach a chuid iarrachtaí.

Tá an t-ard-oideachas mar phríomhchuid de straitéisí forbartha náisiúnta níos leithne ó dheireadh na 1950idí. Cé go raibh bunús íseal againn agus muid mall a tosú, tá an ráta leathnaithe maidir le deiseanna ard-oideachais in Éirinn fós i measc na gceann is airde sna tíortha OECD go léir le blianta anuas.[1] Sa bhliain 1960, chuaigh 5 faoin gcéad de dhaoine 18 bliain d'aois ar aghaidh chuig an t-ard-oideachas. Faoin mbliain 1980, bhí fás go dtí 20 faoin gcéad tagtha air sin agus is 65 faoin gcéad a bhíonn ann sa lá atá inniu ann. Sa bhliain 1980 bhí díreach faoi bhun 15,000 duine ag dul isteach san ard-oideachas fochéime; faoi 2009 bhí trí oiread an líon sin ann, eadhon 42,500.

Tá Éire tar éis gluaiseacht go tapa trí ranganna na dtíortha OECD maidir leis na leibhéil ghnóthachtála oideachais atá ag a daonra fásta, agus le haon trian de dhaoine fásta cáilithe go dtí leibhéal ard-oideachais, tá Éire rangaithe idir an 9ú agus an 12ú tír i dtéarmaí an OECD. Bhí Éire ar an 5ú tír ab airde as na tíortha OECD go léir maidir le leibhéil ghnóthachtála ard-oideachais dhaoine fásta óga idir 25 – 34 bliain d'aois in 2007, rud a léiríonn an leathnú agus an feabhsú tapa a tharla anseo in imeacht ama.

Bhí an leathnú sin ar dheiseanna ard-oideachais ríthábhachtach maidir leis an soláthar céimithe oilte a chruthú, céimithe a bhí mar bhonn taca faoi na harduithe móra ar tháirgiúlacht, ar fhostaíocht agus ar fhás a bhí dírithe ar onnmhairiú, a baineadh amach ó lár na 1990idí go dtí blianta luaithe na haoise reatha.

Tá an timpeallacht eacnamaíoch ina n-oibríonn an t-ard-oideachas in 2010 an-éagsúil, áfach, rud a léiríonn níos mó ná riamh an gá atá le scileanna agus le hinniúlachtaí riachtanacha san fhórsa saothair a fhorbairt, agus a leagann béim ar an luach a bhaineann leis an oideachas, agus leis an ard-oideachas ach go háirithe, maidir le forbairt náisiúnta.[2] I dtráth de ranguithe agus de tháblaí sraithe idirnáisiúnta, féachtar ar an ard-oideachas níos mó agus níos mó mar thaispeántas do ghnóthachtáil náisiúnta agus do rathúnas sna heolaíochtaí, sna healaíona agus i gcúrsaí gnó. Tugann infheisteoirí idirnáisiúnta agus corparáidí ilnáisiúnta aird mhór ar an gcáilíocht foghlama agus, go sonrach, ar cháilíocht na gcéimithe a sholáthraíonn córais ard-oideachais i dtíortha éagsúla. Ar an gcúis sin, de réir mar a bhíonn níos mó agus níos mó tuisceana ar an dlúthnasc idir dul chun cinn san eolas, sa nuálaíocht agus san fholláine eacnamaíoch, bíonn an pobal ag súil le i bhfad níos mó ón ard-oideachas.

## Dúshláin dhomhanda

I dtimpeallacht domhanda atá thar a bheith iomaíoch, bíonn ionchais eacnamaíochta gach tíre á gcinneadh níos mó agus níos mó ag cáilíocht a córais náisiúnta oideachais agus nuálaíochta. Tá gach gné de mhisean an ard-oideachais – teagasc, taighde agus caidreamh leis an bpobal níos leithne – lárnach don fhorbairt eacnamaíoch. An soláthar is dírí atá déanta ag ard-oideachas maidir le forbairt fiontar is ea an soláthar atá déanta i bhfoirm saothar céimithe as cláir fhochéime agus iarchéimithe agus mar thoradh air sin déantar eolas suntasach a aistriú ón réimse ard-oideachas go dtí fiontar.

Amach anseo, beidh ar an ard-oideachas a bheith níos forghníomhaí maidir le tráchtálú agus aistriú eolais, agus beidh air dul sa tóir air sin i gcomhoibriú le daoine eile i bhfiontar agus sa tsochaí níos leithne. Féadfaidh athnuachan agus athrú ar na gaoil idir an t-ard-oideachas agus fiontar Éire a shuíomh mar cheannródaí sa timpeallacht domhanda iomaíoch. Is é sin an t-aon bhealach le toradh éifeachtach ar infheistíocht phoiblí leantach san ard-oideachas agus sa taighde sna deich mbliana amach romhainn a chinntiú, agus lena chinntiú go n-éireoidh le cur i bhfeidhm agus le tráchtálú eolais nua.

1 Is éard atá san OECD (An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta) eagraíocht idirnáisiúnta de 30 tír. Príomh-thoradh ar chomhoibriú sa réimse oideachais is ea an foilseachán bliantúil Education at a Glance. Déanann Eurostat comhordú ar staitisiticí thíortha an AE. Tá an t-eagrán is déanaí le fáil ag www.oecd.org/document/24/0,3343, en_2649_39263238_43586328_1_1_1_1,00.html

2 An Coimisiún Eorpach (2010) "Scileanna Nua do Phoist Nua: Action Now", tuarascáil ón Sainghrúpa um Scileanna Nua do Phoist Nua a ullmhaíodh don Choimisiún Eorpach, lch.4.

Oibríonn forais ard-oideachais na hÉireann ar stáitse domhanda anois, ar a bhfuil an iomaíocht, an scóip chomhoibrithe agus na pointí cóimheasa do rathúnas go léir idirnáisiúnta.[3] Leis na deicheanna de bhlianta anuas, tá tuilleadh iomaíochais ann maidir le talainn a fhorbairt in Éirinn agus maidir leis na mic léinn, an lucht acadúil, na heolaithe agus na taighdeoirí is cumasaí ann a mhealladh chun na hÉireann. Mar a dúirt Uachtarán Harvard, Drew Faust: 'In a digital age, ideas and aspirations respect few boundaries. *The new knowledge economy is necessarily global and the reach of universities must be so as well*'.[4] Iarrann an *Glion Colloquium on the Future of the Research University* ar an ard-oideachas a bheith i gceannas ar na dúshláin dhomhanda atá roimhe agus freagra a thabhairt orthu:

> *Navigating our collective way toward some new equilibrium will require new approaches, new thinking, new partnerships and new technology. And this, in turn, will require a change in outlook and a degree of innovation whose very boldness will be disruptive of much conventional thinking and many established practices.*[5]

Tá baint ag iarrachtaí an duine ulig le chéile. Sna blianta amach romhainn, beidh dúshláin eacnamaíochta agus sóisialta ós comhair na hÉireann, ach beidh cúiseanna domhanda leis an gcuid is mó díobh sin agus beidh réitigh idirnáisiúnta agus comhoibríocha ag teastáil ina leith. Leanfaidh an acmhainneacht dhomhanda ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ag leathnú ag teacht le fás na teicneolaíochta chun comhoibriú agus nuálaíocht a chumasú.

## Patrúin fostaíochta a athrú

Tá daonra óg ag Éire, i gcomparáid leis an AE agus le SAM, agus maidir leis na daoine óga sin, tiocfaidh athrú ar nádúr na fostaíochta agus ní bheidh a gcuid post nasctha an oiread sin le háit. Le buntáiste eacnamaíoch iomaíoch a bhaint amach d'Éire, beidh gá le deiseanna níos mó agus níos fearr ar fhorbairt scileanna agus eolais do dhaoine ag an obair. Ina theannta sin, beidh acmhainneacht an gheilleagair ag brath go mór ar leathnú saindírithe an taighde agus na forbartha chun tacú le nuálaíocht agus le fiontar – go háirithe laistigh de ghnólachtaí dúchasacha a bhfuil an poitéinseal acu caidreamh domhanda a dhéanamh. Thug tuarascáil an Rialtais de 2008 faoin nGeilleagar Cliste imlíne ar na réamhriachtanais do éiceachóras taighde, nuálaíochta agus tráchtálaithe:

> *Tá sé mar sprioc go mbeadh Éire ina mol nuálaíochta agus tráchtálaithe san Eoraip – gur tír í a mheallfadh cuideachtaí ilnáisiúnta nuálaíochtacha a mbíonn dianobair Taighde agus Forbartha ar siúl acu agus gur tír í ina mbeadh timpeallacht chothaithe a bheadh thar a bheith tarraingteach do na fiontraithe is fearr san Eoraip agus iad sin atá níos sia ó bhaile. Beifear ag brath ar an méid sin chun an chéad chéim eile d'fhorbairt gheilleagar na hÉireann a chur i gcrích agus chun poist mhaithe a mbeidh tuarastail mhaithe ag gabháil leo a chur ar fáil.*[6]

3 Schleicher, A. (2010). 'The New Global Landscape of Educational Achievement', Issues in Science and Technology, Earrach 2010

4 Tuairimí Acadamh Ríoga na hÉireann, 30ú Meitheamh 2010.

5 Glion Declaration II (2009), ar fáil ag: http://www.glion.org/glion_declaration_2010.html

6 Rialtas na hÉireann (2008), Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann: Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe, lch. 7-8. Príomhghné de straitéis an Gheilleagair Stuama ná '... infheistíocht mhór a dhéanamh i dtaighde agus i bhforbairt, dreasachtaí a chur ar fáil do chuideachtaí ilnáisiúnta dul i mbun breis taighde agus forbartha anseo in Éirinn, agus a chinntiú go ndéanfar na smaointe a leanann as an infheistíocht sin a thráchtálú agus a choinneáil'.

## 1.2 Rannpháirtíocht a mhéadú – an fáth go bhfuil tuilleadh céimithe uainn

Tá poist ag éirí níos déine ó thaobh scileanna ar fud na hEorpa agus is cinnte go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh. Deir na teilgin is déanaí maidir le fostaíocht go dtí 2015 nach bhfuiltear ag súil go mbeidh téarnamh mar an gcéanna ann ar feadh na ngrúpaí ceirde agus gur dócha go gcruthófar níos mó deiseanna fostaíochta do dhaoine ardoilte.[7] Tá an t-iomaíocht dhomhanda tar éis éirí níos déine, ón Áis ach go háirithe, agus tá sin ag cur isteach ar chumas na hEorpa dul san iomaíocht maidir le costas agus praghas. An t-aon bhealach gur féidir caighdeáin mhaireachtála na hEorpa a chothabháil amach anseo ná trí tháirgí agus seirbhísí ar chaighdeán níos airde agus níos nuálaíochta a fhorbairt agus a tháirgeadh. Tá sin aitheanta ag an gCoimisiún Eorpach – a deir go bhfuil an ghéarchéim, agus an téarnamh uaithi, ag luathú luas an athstruchtúraithe eacnamaíoch, agus tá éifeacht sturchtúrtha aige sin ar mhéad agus ar cineálacha na scileanna a theastaíonn.[8]

Tá tuilleadh leathnaithe ar an ard-oideachas dosheachanta agus riachtanach má táimid lenár n-uaillmhianta mar gheilleagar nuálaíochtach agus eolasbhunaithe a chomhlíonadh, agus ní mór dúinn a chinntiú go dtarlóidh sin laistigh de thimpeallacht polasaí a dhíreoidh ar chur chun cinn eolais, ar fhorbairt náisiúnta níos leithne agus ar an leas poiblí.

Tá cur amach go forleathan ar na torthaí eacnamaíochta a fhaigheann daoine aonair ón ard-oideachas,[9] ach tá buntáistí eacnamaíochta níos leithne ag baint leis chomh maith – mar shampla sa chás go mbaineann daoine a bhfuil ard-oideachas orthu leas as pá níos airde, is dócha go dtiocfaidh ardú ar phá na ndaoine sa cheantar céanna nach bhfuil ard-oideachas orthu chomh maith.[10] Léiríonn taighde eile go bfhuil raon buntáistí sóisialta agus sibhialta nach bhfeictear chomh héasca sin, mar níos lú coireachta, sláinte níos fearr, lánpháirtiú sóisialta níos fearr agus líon níos airde daoine ag caitheamh vóta.[11] Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn an-mhór déanta ag Éirinn maidir le cur leis an líon daoine san fhórsa saothair a bhfuil leibhéal níos airde oideachais acu, ó leibhéal an phrintísigh (Leibhéal 6) go dtí leibhéal an PhD (Leibhéal 10). Tá tábhacht ag baint leis sin, mar, de réir mar a thiocfaidh forbairt ar gheilleagar an eolais, beidh cáilíocht fhórsa saothair na hÉireann ag brath níos mó agus níos mó ar cháilíocht, ábharthacht agus freagracht ár gcórais oideachais agus taighde, go háirithe ag leibhéil ard-oideachais. Tá níos mó céimithe ard-oideachais ag teastáil chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Fórsa saothair a chur ar fáil a bheidh in ann déileáil le héilimh an gheilleagair dhomhanda, éilimh atá ag éirí níos casta i gcónaí, lena n-áirítear fás ag teacht ar theicneolaíochtaí agus fás ag teacht ar sheirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus ar sheirbhísí déantúsaíochta;**
- **Ard-infheistíocht bhreisluacha a mhealladh agus poist ard-oilte a chruthú, rud a thabharfaidh buntáistí suntasacha don gheilleagar níos leithne;**
- **Forbairt a dhéanamh ar an mbonn taighde, rud a chuirfidh deiseanna ar fáil le smaointe, táirgí agus seirbhísí nua a chur ar fáil; agus**
- **Cur leis an líon post ar cháilíocht agus ar phá níos airde, le feabhsúcháin dá bharr sin ar chaighdeáin mhaireachtála.**

7 Behan, J. agus Shally, C., Occupational Employment Forecasts 2015, FÁS/ESRI Manpower Forecasting Studies, Tuarascáil uimh. 13, Feabhra 2010, lch. 36.

8 An Coimisiún Eorpach (2010) Scileanna Nua do Phoist Nua: Gníomh Anois, Tuarascáil ón Sainghrúpa ar Scileanna Nua do Phoist Nua a ullmhaíodh don hCoimisiún Eorpach (Feabhra 2010), lch.4

9 Féach OECD 2009 Education at a Glance.

10 Enrico Moretti (2004) Estimating the social return to higher education: evidence from longitudinal and repeated cross-sectional data, Journal of Econometrics 121 (2004) 175 – 212.

11 Torthaí ar infheistíocht san ard-oideachas i Suirbhé Eorpach, George Psacharopoulos, 2009.

### Straitéis fiontair fhadtéarmach na hÉireann

Tá infheistíocht i leibhéil ghnóthachtála oideachais a bhíonn ag méadú tar éis torthaí soiléire a thabhairt do dhaoine aonair, d'fhiontair agus don Stát.[12] Féachann IDA Ireland ar fheabhsúchán leanúnach ar ár gcóras oideachais agus taighde agus ar ár gcláir oiliúna mar ghné lárnach dár n-acmhainneacht ó thaobh infheistíocht choigríche a mhealladh, agus leag sé béim ar an ngá lena chinntiú go mbeidh fórsa saothair againn a mbeidh scileanna ábhartha acu agus a thacóidh le hard-ghníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta.[13] Is í straitéis fiontair fhadtéarmach na hÉireann inmharthanacht a bhaint amach trí earraí, seirbhísí agus smaointe a thráchtálú agus a onnmhairiú. Níor chóir don chúlú eacnamaíochta reatha aird a bhaint den ngá atá ann a chinntiú go mbeidh an t-infrastruchtúr ceart ar bun leis na scileanna atá ag éirí níos airde i gcónaí a theastaíonn ó bhonn fiontair na hÉireann a fhorbairt.

Léirigh an *Straitéis Náisiúnta Scileanna 2007*[14] an tslí a n-éilíonn beagnach gach post anois raon níos leithne eolais, níos mó cáilíochtaí teicniúla agus foghlaim leanúnach. Fiú leis an ardú a tháinig ar dífhostaíocht le déanaí, tá easnamh scileanna fós ann sa gheilleagar. Mar gheall ar dhomhandú, tá an caipiteal daonna thar a bheith soghluaiste anois agus tá géar-iomaíochas ann maidir le scileanna i réimsí ar nós ICT agus na heolaíochtaí beatha. Éilíonn teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn go mbeadh daoine freagrúil go leanúnach leis an bpoitéinseal atá acu a bhaint amach, agus caithfidh Éire a bheith in ann freagra a thabhairt ar na teicneolaíochtaí sin d'fhonn dul in iomaíocht ag na leibhéil is airde. Go deimhin, sa cháipéis *Recovery Scenarios for Ireland* (2009), chuir an ESRI béim ar an gcás go gcuirfeadh níos mó airde ó thaobh polasaí ar fheabhsú táirgiúlachta agus nuálaíochta san earnáil intrádáilte den gheilleagar luas faoi théarnamh.[15]

### Cruthú post agus cáilíocht an fhórsa saothair

Braitheann acmhainneacht na hÉireann ó thaobh poist a chruthú – san fhiontar dúchasach agus via infheistíocht dhíreach choigríche – ar cháilíocht ár bhfórsa saothair. Léiríonn fógraí a rinne an IDA in 2008/2009 go bhfuil infheistíocht dhíreach choigríche ag aistriú i dtreo gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta, agus i dtreo seirbhísí gnó domhanda. I gcomhthráth leis sin, tá na cuideachtaí ilnáisiúnta atá in Éirinn cheana féin ag aistriú a gcuid infheistíochtaí go dtí gníomhaíochtaí breisluacha – áirítear orthu sin IBM, Aon, Facebook, Alcon, Microsoft, PayPal agus Hewlett Packard, a bhfuil fógraí suntasacha maidir leis an réimse sin déanta ag gach ceann acu.

## 1.3 Rannpháirtíocht in ard-oideachas na hÉireann a leathnú

### Ag tógáil i dtreo chothromas socheacnamaíoch

In ainneoin na ndeiseanna leathnaithe ar ard-oideachas le blianta anuas, tá éagothromas fós ann in ard-oideachas na hÉireann. [16] Le 15 bliain anuas, tá maoiniú breise á chur ar fáil ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha araon chun tacú le tionscnaimh a dhíríonn ar chur le rannpháirtíocht mac léinn ó chúlraí soch-eacnamaíocha ísle san ard-oideachas, agus is mór an méid atá bainte amach ó thaobh cur leis an rannpháirtíocht i measc ghrúpaí tearc-ionadaithe. Mar sin féin, tá éagothromas suntasach fós ann maidir leis an méid a dhéanann daoine óga ó chúlraí soch-eacnamaíocha éagsúla rochtain ar an ard-oideachas agus maidir leis an leas a bhaineann siad as.

12 Kavanagh, C., agus Doyle, E. (2006). Caipiteal Daonna agus Táirgiúlacht i gComhthéacs na hÉireann: Tuarascáil don Ghrúpa Saineolais ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo

13 IDA Ireland (2010) Horizon 2020.

14 An Grúpa Saineolais ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo (2007). Scileanna an Lae Amárach: I dTreo Straitéis Scileanna Náisiúnta

15 ESRI (Bealtaine 2009) *Recovery Scenarios for Ireland*.

16 Féach *Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ard-Oideachas* 2008-2013.

Tugann Tábla 2.1 sonraí ar na comhréireanna measta de dhaoine 18 bliain d'aois ó líonta tí i ngach grúpa soch-eacnamaíoch a chuaigh isteach san ard-oideachas in 2004. Réimsigh na rátaí iontrála ó 100 faoin gcéad i líonta tí a raibh duine ard-ghairme i gceannas orthu go dtí díreach os cionn aon cheathrú ó líonta tí le hioncam íseal go dtí meán-ioncam (an grúpa soch-eacnamaíoch nach mbaineann le hobair láimhe).[17] Cruthaíonn sin dúshlán mór do pholasaí oideachais na hÉireann.

| An grúpa soch-eacnamaíoch | % |
|---|---|
| Oibrithe sna hArd-Ghairmeacha | 100 |
| Feirmeoirí | 89 |
| Oibrithe féin-chuntais | 65 |
| Oibrithe sna Gairmeacha ísle | 65 |
| Fostóirí agus bainisteoirí | 65 |
| Oibrithe láimhe oilte | 50 |
| Oibrithe láimhe breacoilte agus neamhoilte | 33 |
| Oibrithe neamh-láimhe (ioncam íseal – meán-ioncam) | 27 |
| **Iomlán** | **55** |

*Tábla 2.1: Rátaí iontrála ar ard-oideachas de réir an ghrúpa socheacnamaíoch*

Ó foilsíodh an tuarascáil dar teideal *Investment in Education* sa bhliain 1966 i«s ábhar imní i bpolasaí oideachais na hÉireann cothromas a bhaint amach. Forbraíodh bealaí rochtana nua agus nuálaíochtacha agus bunaíodh raon tacaíochtaí chun rochtain agus rannpháirtíocht a fheabhsú do mhic léinn ó chúlraí ar ioncam íseal agus do mhic léinn faoi mhíchumais.[18]

17 Tugtar anailís mhionsonraithe ar na sonraí sin sa Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ard-Oideachas reatha 2008-2013. Ar fáil ag http://www.hea.ie/files/files/file/New_pdf/National_Access_Plan_2008-2013_(English).pdf

18 Áirítear ar na mórfhorbairtí bunú na hOifige Náisiúnta Rochtana laistigh den HEA, Maoiniú do mhic léinn faoi mhíchumais, na bealaí iontrála nuálaíochtacha HEAR agus DARE, agus an t-idirchaidreamh FE-HE a fheabhsú.

## 1.4 Scileanna amach anseo: céimithe don 21ú aois

Seo a leanas ceann de na ceisteanna is bunúsaí maidir le pleanáil don todhchaí: cad iad na scileanna cearta do chéimithe 2015 agus 2030 agus cén meascán scileanna ar chóir dúinn dul sa tóir orthu mar thorthaí foghlama an ard-oideachais?

Le haghaidh a thabhairt ar riachtanais na sochaí sna blianta amach romhainn, ní mór tuilleadh airde a thabhairt ar chroíscileanna mar réasúnaíocht chainníochtúil, smaointeoireacht chriticiúil, scileanna cumarsáide, scileanna oibrithe foirne agus úsáid éifeachtach teicneolaíochta na faisnéise. Athraíodh an bhéim ó ró-speisialtóireacht go dtí bunús disciplíne níos leithne, le cuspóirí foghlama a dhéanann iarracht mhór an chruthaitheacht, an díograis agus na scileanna atá riachtanach chun caidreamh leanúnach a bheith acu le foghlaim a chothú i mic léinn. Sa chomhthéacs sin, tá príomhról le himirt ag na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sláinte. Chuir an Tascfhórsa Nuálaíochta béim ar an tábhacht a bhaineann le smaointeoireacht neamhspleách agus ar chéimithe cruthaíocha, ard-oilte a chruthú, chomh maith le foghlaim ar feadh an tsaoil, meantóireacht agus forbairt ghairmiúil leanúnach.[19]

### Caidreamh agus freagrúlacht leanúnach

Is ón tábhacht, ag leibhéal an duine aonair agus ag leibhéal náisiúnta, atá le hinoiriúnacht agus le freagrúlacht agus gur gá cur ar chumas saoránach athrú a stiúradh agus glacadh leis a tháinig an tábhacht atá le ceangal leanúnach a bheith le foghlaim. Ní mór don ard-oideachas a bheith freagrúil *go seachtrach* do dhúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus sibhialta níos leithne, chomh maith le bheith freagrúil *go hinmheánach* do riachtanais mac léinn agus taighdeoirí.

19 *Fiontraíocht Éireann*, Tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta, Márta 2010, lch. 24.

## An tábhacht a bhaineann le solúbthacht maidir le soláthar

Tá níos mó agus níos mó gá ann deiseanna oideachais a sholáthar a bheidh éagsúil go mór ón tsamhail traidisiúnta, ina dtéann mac léinn isteach san ard-oideachas go díreach tar éis na hiarbhunscoile a chríochnú, fanann ann ar feadh trí nó ceithre bliana, téann isteach san fhostaíocht agus gan caidreamh a bheith acu riamh arís leis an gcóras oideachais. Tá riachtanas i go leor gairmeacha agus slite beatha cheana féin d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus cruthaíonn sin éileamh ar chúrsaí páirt-aimseartha agus ghearra tráth ar bith den bhliain, lá ar bith den tseachtain, agus am ar bith den lá. Bíonn fonn ar dhaoine staidéar a dhéanamh sa bhaile nó ina n-áiteanna oibre. Bíonn fonn ar dhaoine – agus bíonn orthu – athrú idir an fhostaíocht agus an t-oideachas roinnt uaireanta le linn a saoil. Bíonn fonn ar dhaoine dul sa tóir ar an oideachas i gcomthráth leis an bhfostaíocht, agus mar sin seans go mbeadh a mbealach chuig sprioc oideachais ar bith roinnt mhaith níos faide ná an bealach a bhíonn ag mac léinn lán-aimseartha. Agus bíonn fonn ar dhaoine tógáil de réir a chéile ar a gcuid eolais agus saineolais, agus bíonn siad ag iarraidh aitheantais ar a bhfuil bainte amach acu.

Mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta le déanaí, tá béim mhór á cur ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim ar feadh an tsaoil agus ar fhorbairt an fhórsa saothair[20] agus éilítear go soiléir ar an ard-oideachas anois caidreamh níos dírí a bheith aige leis na dúshláin uascilithe agus cabhrú lena chinntiú go gcuirfidh fórsa saothair na hÉireann é féin in oiriúint do na hathruithe teicneolaíocha agus sóisialta.

Tá deiseanna curtha ar fáil ag an gCreatoibre Náisiúnta Cáilíochtaí chun cur leis an idirchaidreamh idir breis-oideachas agus ard-oideachas. Le deich mbliana anuas, tháinig feabhsúcháin mhóra ar shocruithe aistrithe agus forchéimnithe do mhic léinn isteach san ard-oideachas agus laistigh de.[21] Cuirfidh tabhairt isteach an Chórais Eorpaigh d'Aistriú Creidmheasa (ECTS)[22], agus tabhairt isteach modúlúcháin agus seimeastraithe (faoi phróiseas Bologna) deiseanna ar fáil maidir le níos mó solúbthachta agus forchéimnithe do mhic léinn, ach ní thugann córas ard-oideachais na hÉireann tacaíocht iomlán faoi láthair do na cineálacha foghlama solúbtha a éascaíonn an ECTS. Tá roinnt mhaith dolúbthachta sa chóras, atá á spreagadh (de thimpiste) ag an gcóras maoinithe poiblí.[23] Tá fíor-bheagán maoinithe poiblí ar fáil do mhic léinn páirt-aimseartha nó ar líne, tríd an tionscnamh do tháillí saor in aisce nó tríd an gcóras maoinithe d'institiúidí, agus tá sin ag dul in aghaidh cláir foglama solúbtha a fhorbairt.

## Ag tógáil ar lárnacht na matamaitice agus na heolaíochta

Eascraíonn tábhacht lárnach na matamaitice agus na heolaíochta ón gclaonadh teicneolaíochta ár gcuideachtaí ceannródaíochta agus ó thábhacht na n-ábhar sin maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna amach anseo, tábhacht atá ag fás. Cé gur tháinig ardú beag ar an líon mac léinn a dhéanann rochtain ar chúrsaí ard-oideachais san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic le dhá bhliain anuas, tá an glacadh fós íseal ag tráth ina bhfuil tábhacht na ndisciplíní sin do straitéis fiontair ag fás. Is ábhar imní faoi leith é an líon beag mac léinn dara leibhéal i gcónaí atá ag déanamh matamaitice ag ardleibhéal. Dá bharr sin,

20 Féach *Thematic Synthesis of Written Submissions to the Strategy Group* atá ar fáil ag http://www.hea.ie/en/node/1303

21 Tá níos mó agus níos mó aitheantais á thabhairt ag forais ard-oideachais do cháilíochtaí FETAC leibhéal 5 agus leibhéal 6 mar chomhlíonadh ar na riachtanais iontrála. Tháinig fás ar an gcomhréir mac léinn a chuaigh isteach san ard-oideachas agus ar glacadh leo de bharr an bhreis-oideachais ó níos lú ná 3 faoin gcéad in 2005 go dtí 10 faoin gcéad in 2007. In 2008, d'ofráil daichead foras ard-oideachais, ina measc ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus coláistí príobháideacha, áiteanna ar chúrsaí éagsúla d'iarratasóirí a raibh cáilíocht FETAC acu.

22 Córas Eorpach d'Aistriú Creidmheasa, córas dírithe ar mhic léinn atá bunaithe ar an ualach oibre a chaithfidh mic léinn a dhéanamh le cuspóirí chlár a bhaint amach.

23 Tá an Grúpa Straitéise ar an eolas go bhfuil samplaí faoi leith de chláir agus de chúrsaí laistigh d'ard-oideachas na hÉireann atá ar fáil ar bhonn solúbtha nó ar líne, ach is eisceachtaí iad sin.

ní bhíonn mic léinn ullamh tabhairt faoin innealtóireacht ná na heolaíochtaí fisiciúla.

Go stairiúil, tá ard-oideachas na hÉireann sách maith ó thaobh an éilimh atá ar chéimithe eolaíochta a chomhlíonadh, ach níl sé chomh maith céanna maidir leis an innealtóireacht, mar thoradh ar éileamh níos lú ar na cúrsaí sin ó mhic léinn. Sa bhliain 2006, mar shampla, b'ionann céimithe eolaíochta, matamaitice agus ríomhaireachta agus 13.8 faoin gcéad de na céimithe go léir, cuid mhaith chun tosaigh ar mheánmhéid thíortha EU-27 de 9.9 faoin gcéad, ach níorbh ionann céimithe innealtóireachta, déantúsaíochta agus tógála ach le 12.1 faoin gcéad, díreach faoi bhun meánmhéide an EU-27 de 12.5 faoin gcéad.[24]

Ní leor é meán-fheidhmíocht a bhaint amach ar éigin sna réimsí ríthábhachtacha sin: is bagairt é sin ar ár n-uaillmhianta maidir le hathnuachan eacnamaíoch agus cuirfidh sé isteach ar ár straitéis fiontair náisiúnta díriú ar réimsí teicneolaíocht-bhunaithe mar theicneolaíocht na faisnéise, nanaitheicneolaíocht, bith-theicneolaíocht agus fuinneamh malartach. Tá coincheapa, samhlacha agus teicnící matamaitice lárnach ó thaobh a bheith ag obair i ngach earnáil fostaíochta agus is príomhfhachtóir é leibhéal inniúlachta na mac léinn sa mhatamaitic a mbíonn tionchar aige ar an soláthar céimithe sa tír seo d'earnálacha lena mbaineann póitéinseal fáis.[25]

### An gá le samhlaíocht fiontraíochta a chothú

Níl ann fós de roinnt de na poist a dhéanfaidh daoine in 2015 agus in 2030, agus ní féidir roinnt díobh a thuar, fiú. Dá bharr sin, ní mór dúinn cur chuige níos leithne ar eolas a bheith againn anois agus na croí-inniúlachtaí cumasaithe, a bheidh mar chumhacht d'oibrithe na todhchaí pé timpeallacht ina mbeidh siad, a chothú. Caitear féachaint ar athrú anois mar dheis agus míníonn sin an tábhacht atá le samhlaíocht fiontraíochta atá ag fás le blianta beaga anuas. Braitheann inmharthanacht gheilleagar na hÉireann ar chomh maith is a éireoidh linn fiontar dúchasach a chothú, chomh maith lenár gcumas fanacht ar cheann scríbe tarraingteach do chuideachtaí ilnáisiúnta ceannaireachta. Cibé acu mar fhostaithe de chuideachtaí ceannaireachta seanbhunaithe, mar fhiontraithe i bhfiontair nua atá ag tosú amach, nó mar nuálaíochtaithe sóisialta, caithfidh céimithe na hÉireann a bheith ina ndealbhóirí poist agus ní ina lorgóirí poist agus sin amháin.[26]

## 1.5 Feidhmíocht taighde

Tá Éire tar éis a cuid infheistíochta i dtaighde san ard-oideachas a mhéadú go mór sa tréimhse ó 1996. Tá méadú beagnach ceithre oiread i dtéarmaí reatha tagtha ar chaiteachas R&D Ard-Oideachais (HERD) ó gach foinse le deich mbliana anuas agus tá meánleibhéil OECD agus tíortha AE-25 bainte amach anois aige.[27] Tá mar thoradh air sin dul chun cinn mór ar mhéid agus ar cháilíocht an taighde a dhéantar in ard-oideachas na hÉireann.[28] Tá Éire rangaithe san 8ú áit as 28 tír anois (AE, an tSeapáin agus SAM) i dtéarmaí foilseachán taighde in aghaidh an 1,000 cónaitheoir.[29] Tá méadú tagtha ar cháilíocht na dtorthaí taighde chomh maith (de réir mar a mheastar é tríd an éifeacht ó thaobh luanna), agus in

24 Leabhar bliana Eurostat 2009, Tábla 4.6 (sonraí 2006).

25 Mar a aithnítear ag an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo (EGFSN). Féach ráiteas an EGFSN (2008) dar teideal *Statement on Raising National Mathematical Achievement,* Samhain 2008, atá ar fáil ag http://www.egfsn.ie/media/egfsn081215_raising_mathematical_achievement.pdf

26 Tógtar an téarma 'dealbhóir poist' ó cháipéis an Choimisiúin Eorpaigh (2010) *Scileanna Nua do Phoist Nua: Gníomh Anois,* tuarascáil ón Sainghrúpa ar Scileanna Nua do Phoist Nua a hullmhaíodh don Choimisiún Eorpach (Feabhra 2010), lch.9.

27 Is é an méadrach dá dtagraítear anseo an cóimheas déine HERD. Féach tuarascáil na Roinne Fiontar, Trádála & Fostaíochta (2009) *Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht: An Geilleagar Cliste a Sheachadadh*, lch.3.

28 Tá fás tagtha ar fhoilseacháin in aghaidh an mhilliúin ag taighdeoirí Éireannacha ó faoi bhun mheánmhéid an AE in 2005 go dtí 34 faoin gcéad os cionn mheánmhéid an AE ag deireadh 2007. Tá méadú tagtha ar cháilíocht na dtorthaí taighde chomh maith (de réir mar a mheastar é tríd an éifeacht ó thaobh luanna). In 2008, chuaigh Éire isteach sa liosta de na 20 is airde den chéad uair, ó thaobh luanna i ngach réimse. Foinse sonraí: An Roinn Fiontair, Trádála & Fostaíochta (2009), *Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht: An Geilleagar Cliste a Sheachadadh*, lch.5.

29 St. Aubyn, M., Pina, A., Garcia, F. & Pais, J. (2009) *Staidéar ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais phoiblí ar an oideachas treasach,* Geilleagar na hEorpa, Páipéir Eacnamaíocha 390, Samhain 2009, ECOFIN, An Coimisiún Eorpach.

2008 chuaigh Éire isteach sa liosta de na 20 is airde den chéad uair, ó thaobh luanna i ngach réimse.[30]

Tá an méadú ar an infheistíocht taighde tar éis athrú mór a dhéanamh ar thírdhreach taighde an ard-oideachais náisiúnta agus tar éis cur le clú na hÉireann mar thír mhór eolaíochta agus teicneolaíochta. Bhí tionchar dearfach ag infheistíocht phoiblí in R&D ar an tiomantas do thaighde agus nuálaíocht san earnáil ghnó. Léirítear sin sa líon níos mó gnólachtaí a mbíonn caidreamh acu le taighde agus sa líon infheistíochtaí atá ag méadú a dhéanann cuideachtaí a dtacaíonn IDA Ireland leo i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht.[31] Léirítear freisin é ag an raon comhoibrithe idir taighdeoirí ard-oideachais agus fiontar, raon atá ag leathnú.[32]

Tá Éire ag feidhmiú go láidir i gcónaí i leithdháiltí maoinithe Eorpacha. Maidir le clár FP7[33] reatha an AE, sháraigh tarraingt anuas na hÉireann an ceann a rinneadh sa chlár roimhe sin agus tá sé níos airde ná meánmhéid an AE. Anuas air sin, tá leideanna ann go bhfuil ag éirí níos fearr linn maidir le maoiniú a tharraingt anuas do thionscadail chomhoibríocha ilnáisiúnta.

Mar a thug an OECD ar aird in 2004, is ionann an taifead sin infheistíochta i dtaighde agus i bhforbairt iarracht neamhghnách ar na gnéithe bunúsacha de shochaí na hÉireann a athrú.[34] Is é an tátal foriomlán air sin gurb é an toradh ar an infheistíocht atá déanta go dtí seo bonn láidir de thaighdeoirí ardchaighdeáin agus saoráidí maithe, méadú ar an líon foilseachán, cúrsaí dochtúireachta agus fochéime nua, agus tús curtha le caidreamh nua, níos oscailte le fiontar. Táthar ag súil go leanfaidh breis infheistíochta i dtaighde ag imirt tionchair ar fhiontar, ar pholasaí eacnamaíoch agus sóisialta agus ar sheasamh iomaíoch na hÉireann i ndáil leis an gcuid eile den domhan, sna deich mbliana amach romhainn.

Cé go ndíríonn an chuid is mó den phlé ar thaighde ar na heolaíochtaí crua, is iad na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí beatha a mheallann an líon is mó mac léinn i gcónaí, agus is iad sin na réimsí ina bhfuil tionchar mór ag Éirinn. Tá an tionchar sin le feiceáil sa mhéid a bhain Éireannaigh amach sa litríocht, sa cheol agus sna healaíona, agus sa mhéid agus a bhaineann Éire leas as an gclú atá uirthi sna réimsí sin. Tá cúiseanna dosháraithe sóisialta agus eacnamaíocha ann freisin maidir lenár n-acmhainneachtaí sna réimsí sin a fhorbairt, lena n-áirítear cur leis an tuiscint atá againn ar na hathruithe thar a bheith tapa atá ag tarlú i ngeilleagar agus i sochaí na hÉireann, faisnéis níos fearr do dhéanamh polasaí poiblí, agus forbairt ar na scileanna cruthaitheacha agus anailíseacha a bheidh luachmhar i ngeilleagar domhanda atá faoi cheannas níos mó agus níos mó ag seirbhísí eolasbhunaithe.

## Infheistíocht taighde a sheachadadh

Tá poitéinseal láidir ag taighde eolas nua a chruthú, eolas is féidir a úsáid le deiseanna fiontair nua a chruthú, agus leis an gcaighdeán saoil a fheabhsú ar feadh na sochaí. Cé go raibh go leor den bhéim ó thaobh infheistíochta taighde ar an mbonn taighde a bhunú, go dtí seo, tá sé riachtanach anois go gcuirfidh an t-ard-oideachas leis an sreabhadh eolais ó institiúidí go dtí an tsochaí níos leithne. Ní mór d'institiúidí ard-oideachais a bheith níos gníomhaí ná mar a bhí siad cheana, maidir le haistriú eolais, agus luach níos fearr a bhaint as maoin intleachtúil dhúchasach trí chaidreamh níos éifeachtaí a dhéanamh le fiontar, agus trí chuideachtaí nua a chothú.

30 An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta (2009), *Eolaíocht, Teicneoaíocht agus Nuálaíocht: An Geilleagar Cliste a Sheachadadh,* lch.5.

31 Tháinig méadú ar an líon gnólachtaí a rinne R&D suntasach (>€2 milliún in aghaidh na bliana) go dtí 164 in 2007 I gcomparáid le 118 in 2005. Bhain os cionn 40% de na hinfheistíochtaí a rinne IDA Ireland in 2008 le RD&I. Rinneadh infheistíocht de thart ar €420 milliún – méadú 22% ar an leibhéal infheistíochtaí RD&I i gcuideachtaí a dtacaíonn IDA Ireland leo ar an méid a rinneadh in 2007. Foinse sonraí: An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta (2009), *Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht: An Geilleagar Cliste a Sheachadadh,* lch.5-6.

32 An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta (2009), *Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht: An Geilleagar Cliste a Sheachadadh.*

33 Seachtú Creatchlár maidir le Taighde agus Forbairt Teicneolaíochta. Is é seo príomhuirlis an AE chung taighde san Eoraip a mhaoiniú agus beidh sé ar bun ó 2007-2013.

34 *Athbhreithniú ar Bheartais Náisiúnta maidir leis an Oideachas: Athbhreithniú ar an Ard-Oideachas in Éirinn, Tuarascáil an Scrúdaitheora,* OECD, 2004:34.

## 1.6 Dúshláin nua: cur chuigí nua

Tá luach marthanach ag an ard-oideachas mar fhoinse saineolais, eolais agus críonnachta don tsochaí, mar gheall ar theagasc agus foghlaim, taighde agus scoláireacht, agus caidreamh. Ní mór dúinn, mar thír, an luach sin a cheiliúradh, a chothú agus a chothabháil, agus ní mór dúinn a chinntiú gur féidir leis an ard-oideachas leanúint ar aghaidh ag teacht chun cinn agus a bheith freagrúil amach anseo, agus go mbeidh sé réidh le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda níos leithne.

### Forbairt aonair agus forbairt phobail

Chuir ard-oideachas go mór le forbairt náisiúnta ar go leor bealaí – chomh maith le fónamh mar innill forbartha eacnamaíche réigiúnacha agus náisiúnta, cothaíonn ár n-institiúidí ard-oideachais saor-thurgnamh, saor-fhiosrúchán agus saor-mhachnamh. Maidir le mic léinn – is gné ríthábhachtach de shaol an choláiste é an taobh neamhfhoirmiúil den ard-oideachas – dráma, spórt, díospóireacht, casadh le daoine éagsúla – gné a chuireann saibhreas lena gcuid taithí agus le caighdeán a dtimpeallacht foghlama. Freastalaíonn an t-ard-oideachas ar fhorbairt phobail chomh maith le forbairt aonair, agus léirítear é sin sa spiorad fiosrúcháin a chothaíonn an t-ard-oideachas mar fhoinse léargais neamhspleách ar chúrsaí a mbíonn tionchar acu ar ár sochaí.

### Polasaithe nua, cláir nua, oideolaíocht nua

Tá Éire ag dul isteach i ré nua ó thaobh an ard-oideachais agus ó thaobh na straitéise forbartha náisiúnta. Tá gá nach bhfacthas riamh cheana le rannpháirtíocht san ard-oideachas in Éirinn agus éilíonn sé orainn athscrúdú bunúsach a dhéanamh ar ár gcláir, ár n-oideolaíocht, ár gcainéil seachadta, ár dtacaíochtaí do mhic léinn, agus ar an gcreat iomlán maoinithe agus rialachais. Beidh gá le cur chuigí nua leis na leibhéil scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann le hiomaíochas san fhórsa saothair na linne seo a thabhairt do líon saoránach a bheidh ag ardú. Ar fhoghlaim agus cur chun cinn eolais a chaithfidh an bhéim is mó a bheith inár n-iarrachtaí taighde, go mbeidh siad mar bhonn taca d'acmhainneacht maidir le leathnú leanúnach ag leibhéal an chórais agus d'fheabhsú leanúnach ar ár dtorthaí foghlama agus ar ár ngnóthachtálacha taighde. Lenár n-acmhainní ard-oideachais a chur in eagar le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le huasciliú agus le taighde agus nuálaíocht, beidh gá leis an gcreat polasaí iomlán don ard-oideachas a athrú.

### Neamhspleáchas institiúide agus saoirse acadúil

Go hidirnáisiúnta, neamhspleáchas institiúide an tréith is mó a bhaineann le hinstitiúidí ard-oideachais ar ard-fheidhmíocht. Tá gaol dearfach ann idir acmhainneacht feidhmíochta agus acmhainneacht nuálaíochta na n-institiúidí ard-oideachais agus an méid neamhspleáchais atá acu.[35]

Is láidreacht mhór sa chóras é an méid ard neamhspleáchais dlíthiúil atá ag institiúidí ard-oideachais. Tá cosaint ag an bprionsabal sin faoi Acht na nOllscoileanna 1997, agus tugannn an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006, neamhspleáchas teoranta do na hinstitiúidí teicneolaíochta. Tá saoirse acadúil na mball foirne ar leithligh lárnach don ard-oideachas agus tá an prionsabal sin cosanta in Acht na nOllscoileanna 1997 agus san Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006.

### Pleanáil straitéiseach ag leibhéal na hinstitiúide

Ceanglaíonn reachtaíocht ar institiúidí ard-oideachais pleananna forbartha straitéiseacha a ullmhú ina leagfar amach aidhmeanna i gcomhair oibriú agus fhorbairt a n-institiúidí , chomh maith lena straitéis

35 P. Santiago et al (2008) *Tertiary Education for the Knowledge Society,* Eagrán. 1, Paris: OECD

chun na haidhmeanna sin a bhaint amach.[36] Tá feabhas mór tagtha ar cháilíocht na pleanála straitéisí institiúide le blianta anuas agus tá go leor institiúidí tar éis dul faoi – nó ag dul faoi - athchóiriú eagraíochtúil lena n-éifeachtacht a fheabhsú maidir le freagra a thabhairt ar an méid a bhfuil an tsochaí ag súil leis ón ard-oideachas. Cuireann an Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas atá leagtha amach sa cháipéis seo creatoibre náisiúnta soiléir ar fáil inar féidir pleananna straitéiseacha na n-institiúidí ard-oideachais ar leith a shuiteáil

### Freagra na hÉireann ar chreatoibre ard-oideachais na hEorpa

Féachtar ar Éire mar cheannaire ó thaobh chur chun cinn agus chur i bhfeidhm Dhearbhú Bologna[37] agus tá a struchtúir ard-oideachais agus a treoirphrionsabail náisiúnta ag teacht leis na luachanna de neamhspleáchas institiúide, saoire acadúil agus cothromas sóisialta atá léirithe i nDearbhú Bologna agus i ráitis ina dhiaidh sin.[38]

Thóg Éire ar an ailíniú seo le deich mbliana anuas. Le haistriú, solúbthacht agus soghluaisteacht mac léinn a éascú, tá an Córas Eorpach d'Aistriú Creidmheasa (ECTS) curtha ar bun, chomh maith le córas modúlúcháin agus seimeastraithe. Ag teacht le próiseas Bologna, tá modúil, cúrsaí agus cláir in institiúidí ard-oideachais na hÉireann athscríofa nó á n-athscríobh, le níos mó béime ar thorthaí foghlama. Tá sin ag cur lena n-acmhainneacht a bheith nuálaíochtach agus ard-oideachas á sheachadadh. Baintear leas as an gcur chuige foghlama freisin chun an athchóiriú leanúnach atá á dhéanamh ar oideachas dochtúireachta a chur ar an eolas a bhfuiltear á athrú le go mbeidh oiliúint ar scileanna níos inaistrithe, níos ginearálta i gceist ann a bheidh ar inniúlachtaí tábhachtacha sa láthair oibre amach anseo.

## 1.7 Éifeachtúlacht agus táirgiúlacht

I gcomparáid le tíortha eile, tá córas ard-oideachais na hÉireann sách éifeachtúil sa tslí a mbaineann sé úsáid as acmhainní – cuireann sé céimithe ar fáil ag costas níos ísle ná an meánchostas. Dhearbhaigh suirbhé cuimsitheach ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais ar ard-oideachas a rinneadh do ECOFIN[39] cáilíocht agus éifeachtúlacht ard-oideachais na hÉireann.[40]Le deich mbliana anuas, agus go háirithe le cúpla bliain anuas, tá deiseanna ard-oideachais méadaithe ag Éirinn cé gur tháinig laghduithe breise ar an infheistíocht in aghaidh an mhic léinn[41] – níl an infheistíocht san ard-oideachas ag teacht leis an ardú ar líon na mac léinn. In ainneoin sin, bhí feidhmíocht mhaith ag Éirinn ó thaobh na dtomhas cáilíochta faoi leith. Mar shampla, rangaíodh Éire sa chéad áit as gach tír san athbhreithniú a rinne an lucht earcaíochta idirnáisiúnta ó thaobh infhostaíocht na gcéimithe agus sa dara áit as 28 tír san athbhreithniú idirnáisiúnta piaraí ar cháilíocht céimithe.[42] Dúshlán a bheidh ann ó thaobh freagra a thabhairt ar scála an éilimh atá ag fás sna fiche bliain amach

36 Acht na nOllscoileanna 1997, An tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006.

37 Shínigh Airí Oideachais na 26 tír i Réimse Ardoideachais na hEorpa Dearbhú Bologna in 1999. Ba é aidhm an Dhearbhaithe ábhar agus cleachtais an ard-oideachais i mballstáit an Aontais Eorpaigh agus sna tíortha máguaird a nuachóiriú agus a ailíniú.

38 Síníodh communiqués a bhain le hard-oideachas i bPrág in 2001; in Beirlín in 2003, in Bergen in 2005; in Londain in 2007 agus in Leuven in 2009.

39 Tugtar an Chomhairle Ecofin nó díreach "Ecofin" ar Chomhairle um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais na hEorpa agus tá sí comhdhéanta d'Airí Eacnamaíocha agus Airgeadais na mBallstát, chomh maith leis na hAirí Buiséid nuair a phléitear saincheisteanna buiséid.

40 St. Aubyn, M., Pina, A., Garcia, F. & Pais, J. *Staidéar ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais phoiblí ar an oideachas treasach,* Geilleagar na hEorpa, Páipéir Eacnamaíocha 390, Samhain 2009, ECOFIN, An Coimisiún Eorpach. Baineann an staidéar seo úsáid as raon athróga le cáilíocht an aschuir a thomhas, lena n-áirítear scóráil PISA , dearcadh an lucht acadúil ar cháilíocht chéimithe, dearcadh an lucht earcaíochta ar infhostaíocht chéimithe, aschur taighde agus innéacsanna ar luanna.

41 Foinse sonraí: OECD (2009) *Education at a Glance*, Tábla B1.5. Change in expenditure on educational institutions for all services per student relative to different factors, by level of education (1995, 2000, 2006).

42 Cuireadh na sonraí seo le chéile ón Times Higher Education Supplement – THES – QS World University Rankings Database agus rinneadh caighdeánú orthu le méid na dtíortha agus a gcóras ard-oideachais a chur san áireamh.

romhainn ná leanúint ar aghaidh ag cruthú an méid is mó deiseanna foghlama is féidir ó na hacmhainní a bheidh ar fáil.

## Cleachtais oibre a fheabhsú

Tá poitéinseal maith ann le cleachtais oibre a athrú chun solúbthacht, éifeachtúlacht agus freagrúlacht ar riachtanais nua a fheabhsú.

Tá easpa trédhearcachta ann in earnáil na n-ollscoileanna maidir le hualaigh oibre foirne, agus ní dhéantar soláthar faoi leith maidir le uaire oibre foriomlána. I dtíortha eile, bíonn éagsúlacht ann i gconarthaí foirne acadúla ó chonarthaí cuimsitheacha (ina sonraíonn an conradh an líon iomlán uaire a éilítear ar dhuine acadúil a bheith ar an gcampas)[43] go dtí conarthaí a shonraíonn an líon iomlán uaire a éilítear ar dhuine acadúil a bheith ag teagasc.[44]In Éirinn, ní mór aghaidh a thabhairt ar thrédhearcacht agus ar ábhar na gconarthaí acadúla lena chinntiú go mbaintear amach an méid is mó táirgiúlachta is féidir.

Sna hinstitiúidí teicneolaíochta, déanann an conradh acadúil soláthar do thiomantas teagaisc bliantúil de 560 uair an chloig (líon is ionann le méanmhéid seachtainiúil de 16 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar feadh 35 seachtain) i gcomhair bliain acadúil a ritheann ó 1 Meán Fómhair go dtí 20 Meitheamh,[45] agus caitear an obair ar fad, lena n-áirítear boird scrúdaithe agus achomhairc, a dhéanamh sa tréimhse sin. An gnáth léirmhíniú a bhaintear as conradh ná go n-éilíonn sé ar bhaill foirne a bheith i mbun teagaisc duine-le-duine ar an gcampas do gach uair ar conradh, agus mar sin tá sé níos deacra caidreamh níos solúbtha a chur ar fáil san oideachas oscailte nó sa chian-oideachas, nó maidir le bheith ag teagasc lasmuigh den téarma acadúil. Féadfaidh sé srian a chur freisin ar athimlonnú foirne

43 San Fhionlainn, is 1,600 in aghaidh na bliana an líon iomlán uaire a shonraítear i gconradh duine acadúil.

44 Réimsíonn líon iomlán uaire teagaisc i gconradh duine acadúil ó 60 uair in aghaidh na bliana san Iodáil go dtí 192 uair san Fhrainc. (Ríomhtar 1.5 uair ar gach léacht uair an chloig san Fhrainc, áfach, agus mar sin is 122 uair in aghaidh na bliana an líon uaire iarbhír a dhéantar a theagasc mar léachtaí).

45 Deacracht bhreise ná go gcuireann an bhliain acadúil níos giorra atá mar thoradh ar sheimeastrú a thabhairt isteach (25 seachtain) bac ar sheachadadh iomlán na n-uaire ar conradh sa chás go gcuirtear an teorainn seachtainiúil i bhfeidhm go dian.

agus acmhainní, agus ar fhoirmeacha nua agus nuálaíochtacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe a thabhairt isteach.

## Éifeachtúlachtaí a thógáil: Saineolas a chomhchruinniú

I gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta, tá líon sách mór institiúidí tríú-leibhéal ag Éirinn, a thairiscíonn soláthar saibhir foghlama, teagaisc agus taighde. Tá méid áirithe maoinithe poiblí á fháil ag thart ar 40 institiúid ard-oideachais; astu sin, is ollscoileanna iad seacht gcinn, is institiúidí teicneolaíochta iad ceithre cinn déag, is coláistí oideachais seacht gcinn agus is mion-institiúidí neamhspleácha (go leor acu le níos lú ná 500 mac léinn iontu) an chuid eile. I roinnt de na hinstitiúidí, cuirtear raon fairsing clár ar fáil, i gcomparáid leis an líon sách beag mac léinn atá cláraithe, agus tá dúblú soláthair ag tarlú le blianta beaga anuas, le himpleachtaí costais dá bharr.

Tá deiseanna nua ann anois maidir le bheith níos éifeachtúlaí sa tslí a mbainimid úsáid as acmhainní – trí eacnamaíochtaí ó thaobh scála agus trí cláir a chuíchóiriú agus iad a chur ar fáil i líon níos lú institiúidí. I réimse an taighde, tá sé léirithe ag taithí idirnáisiúnta go mbaineann tábhacht le hinfheistíocht a dhíriú ar thaighde agus ar fhorbairt maidir le nuálaíocht taighde a bhrú chun cinn... agus go n-éileoidh an chéad chéim eile d'fhorbairt eacnamaíochta níos mó acmhainní agus saineolais.[46] Chomh maith le luach ar airgead a bhaint amach, áfach, ní mór don díriú sin ar shaineolas caighdeáin cháilíochta leanúnacha a chinntiú agus ní mór dó a bheith ag teacht le straitéisí réigiúnacha agus spáis reatha. Beidh comhoibriú tras-institiúide agus soghluaisteacht mac léinn/foirne, go háirithe i ndisciplíní ard-speisialaithe agus sa chinn nach meallann ach líon beag mac léinn, ag teastáil ina theannta sin.

46 Rialtas na hÉireann (2008) *Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann: Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe,* leathanach 75.

### Nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta

Tá ardmheas ar na nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta in ard-oideachas na hÉireann go hidirnáisiúnta, agus cuireann tuarascáil ar dhul chun cinn sa réimse seo a chuir an Coimisiún Eorpach amach le déanaí Éire i measc na dtíortha a fuair scór ard ar thrí tháscaire a thomhasann dul chun cinn i ndearbhú cáilíochta san ard-oideachas.[47] Seo a leanas na trí tháscaire:[48]

- **Céim forbartha an dearbhaithe cáilíochta seachtraigh;**
- **Méid rannpháirtíochta na mac léinn; agus**
- **An méid rannpháirtíochta idirnáisiúnta.**

Laistigh de réimse ginearálta an dearbhaithe cáilíochta, áfach, tá imní curtha in iúl maidir le boilsciú gráid in imeacht ama i roinnt cláir agus institiúidí. In go leor cásanna is dócha dtugann an feabhsú ar thorthaí léiriú bailí ar fheidhmíocht mac léinn níos fearr agus níos spreagtha, ar cháipéisíocht cúrsa níos trédhearcaí, ar shoiléire torthaí foghlama, ar chleachtais mheasúnaithe níos fearr, ar theagasc níos fearr, agus ar rochtain ar raon níos leithne acmhainní foghlama. I gcásanna eile, d'fhéadfadh go bhfuil cúis le hábhair imní fostóirí agus daoine eile, agus ní féidir linn neamhaird a dhéanamh d'ábhair imní ar an tsaincheist seo.

### Feidhmíocht aschuir

I gcomparáid le tíortha eile, tá Éire i measc na deich gcinn is fearr maidir le haschur Ardteastas agus Gnáthchéimeanna/Dioplómaí (NFQ leibhéal 6 agus 7). Cé gur léir gur láidreacht é sin, níl ár bhfeidhmíocht chomh hard sin i ndáil le cáilíochtaí níos airde (Leibhéal 8 agus os a chionn sin). Ag Céimeanna Leibhéal 8 agus ag Máistreachtaí Leibhéal 9, tá feidhmíocht daoine óga in Éirinn níos giorra do mheánmhéid an OECD. Is gnách d'Éire a bheith faoi bhun meánmhéid an OECD maidir leis an líon PhDanna críochnaithe. Táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas air sin sna blianta amach romhainn mar thoradh ar infheistíocht leantach sa taighde agus san acmhainneacht iarchéime

## 1.8 Maoiniú inmharthana

Tá ardleibhéil éifeachtúlachta, táirgiúlachta agus cáilíochta léirithe ag ard-oideachas na hÉireann, laistigh dá srianta maoinithe.[49] D'fhonn leanúint ar aghaidh lenár bhforbairt dearfach, áfach, ní mór d'Éire leathnú leanúnach ar dheiseanna d'ard-oideachas a chothabháil anois, agus ní bheidh sé éasca teacht ar mhaoiniú don leathnú sin: Ní dócha go dtiocfaidh fás suntasach ar an méid maoinithe poiblí atá ar fáil agus sinn ag feitheamh ar an téarnamh eacnamaíochta; agus (rud a théann in aghaidh na dtreochtaí idirnáisiúnta)[50]

Dá bharr sin, agus in easnamh straitéisí chun níos mó infheistíochta príobháidí a mhealladh isteach san ard-oideachas, níl an tsamhail maoinithe reatha don ard-oideachas in Éirinn inmharthana, agus ní mór tabhairt faoin gceist sin go práinneach.

Tá tuiscint fhorleathan ar ríthábhacht an oideachais i gcomhthéacs shochaí an

47 *Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach an 21 Meán Fómhair 2009 chuig an gComhairle, Parlaimint na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún ar dhul chun cinn ar dhearbhú cáilíochta san ard-oideachas.* COM (2009) 487 deiridh.

48 Tuarascáil Stocáirimh Phróiseas Bologna. http://www.ond.vlaanderen.be/hogeronderwijs/bologna/conference/documents/Stocktaking_report_2009_FINAL.pdf

49 St. Aubyn, M., Pina, A., Garcia, F. & Pais, J. (2009) *Staidéar ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais phoiblí ar an oideachas treasach,* Geilleagar na hEorpa, Páipéir Eacnamaíocha 390, Samhain 2009, ECOFIN, An Coimisiún Eorpach.

50 Rud spéisiúil ná, sna staitisticí idirnáisiúnta ar chaiteachas iomlán ar an ard-oideachas mar chéatadán den GDP (do 2006), tá Éire ar chomhchéim leis na meánmhéideanna OECD ó thaobh an mhéid infheistíochta poiblí san ard-oicheachas (c.1% den GDP) ach ag 0.2% den GDP, tá an méid infheistíochta príobháidí san ard-oideachas go mór faoi bhun ghnáthleibhéal an OECD de 0.5% den GDP. Féach foilseachán an OECD (2009) *Education at a Glance,* Tábla B2.4, lch.221.

eolais agus tá na tíortha go léir ag obair go gníomhach chun cur le leibhéal cáilíochta agus scileanna a gcuid saoránach. Cé go gcuireann formhór na dtíortha OECD oideachas ar fáil mar cheart, go dtí dara leibhéal uachtarach, tá difríocht mhór idir cur chuigí na dtíortha ar mhaoiniú a thabhairt don ard-oideachas (féach Tábla 2.2).

De bharr leibhéil sách beag infheistíochta san ard-oideachas, chomh maith le leibhéil phá atá ard i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta, cé gur tháinig laghdú orthu le déanaí, ní dhearnadh go leor infheistíochta in acmhainní foghlama agus in infrastruchtúr forbartha córais. Is ionann tuarastail agus trí cheathrú den chaiteachas iomlán faoi láthair ar an ard-oideachas in Éirinn - sin i gcomparáid le meánmhéid idirnáisiúnta de dhá thrian. Ciallaíonn sin go n-oibríonn ard-oideachas na hÉireann le caiteachas atarlaithe (nach mbaineann le pá) atá níos ísle ná mar a dhéantar i dtíortha eile.

| Tír | % |
|---|---|
| An Iorua | 97 |
| An Danmhairg | 96 |
| An Fhionlainn | 95 |
| An tSualainn | 89 |
| **Éire** | **85** |
| An Ghearmáin | 85 |
| An Ostair | 85 |
| An Fhrainc | 84 |
| Meánmhéid an EU 19 | 81 |
| An Spáinn | 78 |
| An Ísiltír | 73 |
| An Iodáil | 73 |
| Meánmhéid an OECD | 73 |
| An Pholainn | 70 |
| An Phortaingéil | 67 |
| An Ríocht Aontaithe | 65 |
| An Nua-Shéalainn | 63 |
| Ceanada | 53 |
| An Astráil | 48 |
| Na Stáit Aontaithe | 34 |
| An tSeapáin | 32 |
| An Chóiré Theas | 23 |

*Tábla 2.2: Tíortha áirithe – an céatadán maoinithe don ard-oideachas ó fhoinsí poiblí*

Tá laghdú tagtha ar an maoiniú poiblí don ard-oideachas le blianta beaga anuas cé gur lean an meadú ar chlárú. Bearta éifeachtúlachta go pointe is cúis leis sin ach ní féidir leis na treochtaí sin leanúint ar aghaidh go buan gan damáiste a dhéanamh don cháilíocht. Mar atá ráite ag an OECD:

> *While choices between greater public investments and a larger share of private money are difficult to make, doing neither in the face of the rising demand for more and better tertiary education seems no longer an option.*[51]

51 OECD (2008) *Education at a Glance*, Editorial.

# 2. Pleanáil don éileamh amach anseo

## Sa chaibidil seo

Déileálann an chaibidil seol leis na struchtúir, leis an acmhainneacht agus leis na caidrimh nach mór a bheith ar bun le go mbeidh an t-ard-oideachas in ann freastal ar an éileamh atá ag leathnú. Tá sé mar aidhm aici féachaint ar na ceisteanna seo a leanas:

- **Cé chomh mór is atá an t-éileamh agus cad iad na foinsí déimeagrafacha atá aige?**
- **Conas is féidir linn freastal ar an éileamh maidir leis an daonra níos leithne de dhaoine fásta a uasciliú?**
- **Conas is féidir linn an t-idirphlé agus na caidrimh idir an t-ard-oideachas agus an breisoideachas agus oiliúint a fheabhsú?**

## 2.1 An t-éileamh ar ard-oideachas a chainníochtú

Ba 42,500 an líon iontrálaithe nua san ard-oideachas in Éirinn sa bhliain 2009. Léiríonn teilgin na Roinne Oideachais & Scileanna do na fiche bliain amach romhainn go dtiocfaidh méadú leanúnach ar an éileamh go dtí thart ar 65,000 in 2025, go mbeidh buaicphointe de 68,000 ann in 2027, agus go mbeidh titim bheag go dtí 64,000 in 2030. Ní bheidh ach méadú beag ar an éileamh ó mhic léinn a théann isteach san ard-oideachas go díreach ón dara leibhéal, áfach, agus tiocfaidh formhór an éilimh mhéadaithe ó iontrálaithe déanacha, mic léinn lánfhásta[52] agus mic léinn idirnáisiúnta, agus ó éileamh níos airde ar staidéar iarchéime. As na catagóirí sin, is i measc mac léinn lánfhásta a bheidh an t-ardú comhréireach is mó.

### Leathnú an oideachais dara leibhéal

Is é an leathnú ar an oideachas dara leibhéal an príomh-threallús ar fhás san ard-oideachas leis na deicheanna de bhlianta anuas in Éirinn agus ar fud an OECD. Cuireann na cáilíochtaí a fhaightear ag deireadh an oideachais dara leibhéil ardán riachtanach do rannpháirtíocht san ard-oideachas agus do chaidreamh leis an bhfoghlaim ina dhiaidh sin, agus treisíonn sin an tábhacht a bhaineann le mic léinn a bheith ag tabhairt an oideachais dara leibhéal uachtarach chun críche.

| | 2009 | | 2015 | | 2025 | | 2030 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | *% den Iomlán* | Líon | *% den Iomlán* | Líon | *% den Iomlán* | Líon | *% den Iomlán* |
| Díreach | **29,982** | ***70*** | **30,621** | ***61.8*** | **34,277** | ***52.8*** | **33,558** | ***52.3*** |
| Déanach | **3,855** | ***9*** | **4,459** | ***9*** | **5.843** | ***9*** | **5,775** | ***9*** |
| Lánfhásta | **5.568** | ***13*** | **8.919** | ***18*** | **16,229** | ***25*** | **16,041** | ***25*** |
| Idirnáisiúnta | **3.426** | ***8*** | **5,500** | ***14.2*** | **8,569** | ***13.2*** | **8,790** | ***13.7*** |
| **Iomlán** | **42,831** | **100** | **49,549** | **100** | **64,918** | **100** | **64,164** | **100** |

*Tábla 3.1: Foinse iontrálaithe nua san ard-oideachais, éileamh reatha agus tuartha*

52 Tagraíonn an téarma 'déanach' do mhic léinn a théann isteach bliain nó dhó tar éis an Scrúdú Ardteistiméireachta a chríochnú; is éard atá i mic léinn lánfhásta iad sin atá 23 bliain d'aois nó níos sine nuair a théann siad isteach san ard-oideachas.

> *The link between initial levels of educational attainment and likely participation in further and continuing education is evident right across the OECD and is particularly marked in countries with low levels of overall public provision of adult and second-chance education. It is estimated that Irish adults with third-level qualifications are four times more likely to participate in continuing education than their peers with less than lower second-level qualifications (no Junior/Inter Certificate).*[53]

Glacadh le tabhairt isteach an oideachais dara leibhéal saor in aisce mar phríomhghné den athnuachan tar éis an Dara Cogadh Domhanda sa chuid is mó de thíortha na hEorpa agus in go leor tíortha OECD ag deireadh na 1940idí. Tugadh oideachas dara leibhéal saor in aisce isteach in Éirinn ó 1967 mar chuid d'athrú bunúsach sa pholasaí eacnamaíoch agus sa pholasaí forbartha náisiúnta níos leithne. Ba é an éifeacht láithreach a bhí ar an athchóiriú polasaí oideachais sin gur spreagadh fonn mór dul i mbun foghlama i measc mhuintir na hÉireann, agus tháinig ardú ar an líon daoine a chríochnaigh an t-oideachas dara leibhéal ó 12,000 in 1967 go dtí buaicphointe de níos mó ná 60,000 in 1998. Tháinig laghdú beag (ag teacht le hathruithe déimeagrafacha) go dtí 50,000 in 2008.

## 2.2 An dúshlán maidir le huasciliú

Níl cáilíochtaí ag leibhéal NFQ 8 agus os cionn sin ach ag 21 faoin gcéad de dhaoine fásta in Éirinn, agus tá cáilíochtaí ag leibhéil 6 agus 7 ag 12 faoin gcéad eile. Tagann athrú ar na céatadáin de bharr aoise, ach is mó dóchúil go mbeidh gnóthachtálacha ard-oideachais ag daoine óga ná ag daoine níos sine – maidir le daoine sa raon aoise 55–64, baineann 56 faoin gcéad díobh leis an gcatagóir ar a dtugtar 'luathfhágálaithe scoile' anois.

Is dócha gurb é an foinse is túisce a ndéanfaidh éileamh ar an ard-oideachas an líon mór daoine i ngach aoisghrúpa arb iad leibhéil NFQ 4, 5 nó 6 an leibhéal gnóthachtála is airde atá acu faoi láthair, leibhéil a fuair siad tríd an oideachas dara leibhéal nó tríd an mbreisoideachas. Thug an Straitéis Scileanna scála an dúshláin maidir le huasciliú i réimsí láir an NFQ ar aird agus tugann na leibhéil ghnóthachtála oideachais i dTábla 3.2 léiriú air sin – d'fhéadfadh

| | **Aoisghrúpa** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **25-64** |
| Ard-Oideachas<br>*Leibhéil NFQ 8 - 10* | 30% | 23% | 17% | 12% | *21%* |
| Ard-Oideachas<br>*Leibhéil NFQ 6–7* | 15% | 14% | 10% | 7% | 12% |
| Iar-Ardteistiméireacht<br>*Leibhéil NFQ 4–6* | 12% | 12% | 9% | 8% | 11% |
| Dara Leibhéal Uachtarach<br>*Leibhéil NFQ 4–6* | 28% | 26% | 25% | 18% | 24% |
| Dara Leibhéal Íoctarach<br>*Leibhéil NFQ 3* | 11% | 18% | 23% | 20% | 17% |
| Bunscoil<br>*Leibhéil NFQ 1–2* | 5% | 8% | 16% | 36% | 15% |

*Tábla 3.2: Gnóthachtáil oideachais i ndaoine fásta na hÉireann, 2008.*

53 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2003) *Supporting Equity in Higher Education*, lch.7.

éileamh an-mhór a bheith ag daoine fástar ar an ard-oideachas.

## Fás ar an éileamh ar uasciliú

Tiocfaidh fás níos mó ar an éileamh ar dheiseanna ard-oideachais ó dhaoine fásta (éileamh a bhfuil fás ag teacht air cheana féin), mar gheall ar dhífhostaíocht níos airde agus ar an leochaileacht ó thaobh fostaíochta atá ag méadú. Tá daoine atá in ann a gcuid scileanna agus inniúlachtaí a athnuachan agus a nuashonrú ar feadh a saoil de dhíth ón ngeilleagar eolais. Beidh deiseanna ag teastáil ó dhaoine a chaillfidh a gcuid post chun ceangal a dhéanamh leis an bhfoghlaim as an nua, agus chun a gcuid eolais agus scileanna a bhrú chun cinn agus a nuashonrú; fad a theastóidh deiseanna uascilithe agus ath-oiliúna ag teastáil ó dhaoine fostaithe. Beidh ar chuideachtaí iomlána dóthanacht agus ábharthacht a mbunús scileanna a ath-mheasúnú, agus beidh oiliúint ag teastáil ó na daoine san earnáil phoiblí chun glacadh le bealaí oibre nua agus níos éifeachtaí.

D'ainneoin na próifíle oideachais sách íseal atá ag an daonra reatha de dhaoine fásta in Éirinn, níor éirigh le hÉire ach go teoranta maidir le rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a bhaint amach, i gcomparáid le tíortha eile – féach Tábla 3.3.

Cuireann an leibhéal íseal atá ag Éirinn faoi láthair ó thaobh deiseanna le staidéar a dhéanamh go páirt-aimseartha teorainn ar inrochtaineacht an ard-oideachais do dhaoine fásta a bhíonn ag obair agus dóibh siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu. Cuireann sé teorainn ar na roghanna ó thaobh bheith ag staidéar atá ar fáil do fhágálaithe scoile traidisiúnta, a d'fheadfadh fonn a bheith orthu – nó gá a bheith acu – a bheith ag obair agus ag staidéar go páirt-aimseartha ag an am céanna.[54]

54 National Access Plan 2008-2013, lch.33. Féach http://www.hea.ie/files/files/file/New_pdf/National_Access_Plan_2008-2013_%28English%29.pdf

| Tír | % |
|---|---|
| An tSualainn | 32 |
| An Danmhairg | 30 |
| An Fhionlainn | 24 |
| An Ríocht Aontaithe | 20 |
| **An Iorua** | **19** |
| An Ísiltír | 17 |
| An Ostair | 13 |
| Meánmhéid an EU 15 | 11 |
| An Spáinn | 10 |
| Meánmhéid an EU 27 | 10 |
| An Ghearmáin | 8 |
| An Fhrainc | 7 |
| Éire | 7 |
| An Iodáil | 7 |
| An Phortaingéil | 6 |

*Tábla 3.3: An céatadán daoine fásta (25 – 64 bliain d'aois) a bhí rannpháirteach in oideachas agus in oiliúint, 2008.*

Bhí droch-fheidhmíocht na hÉireann san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus dolúbthacht an ard-oideachais i measc na n-ábhar imní a tháinig chun cinn ó na comhairliúcháin agus ó na haighneachtaí a fuair an Grúpa Straitéise[55]. Cé gur tháinig leathnú suntasach ar dheiseanna ard-oideachais le blianta beaga anuas, bhain an leathnú sin go mór le deiseanna lán-aimseartha a dhíríonn go príomha ar iontrálaithe ón oideachas dara leibhéal uachtarach. Baineann an raon aoise is cúinge le mic léinn ard-oideachais na hÉireann i measc na dtíortha OECD go léir[56], rud a léiríonn easpa freagra ó ard-oideachas na hÉireann ar riachtanais scileanna na ndaoine fásta sa daonra. Ní raibh ach 12 faoin gcéad den soláthar fochéime reatha páirt-aimseartha in 2007-08.[57]Cuireann an leibhéal íseal sin de dheiseanna páirt-aimseartha agus solúbtha, ag an leibhéal fochéime ach go háirithe, teorainn ar inrochtaineacht, ábharthacht agus freagra an ard-oideachais do dhaoine fásta san fhórsa saothair. Tá sin mí-oiriúnach i gcomhthéacs

55 Féach Aguisín D.

56 Féach OECD (2009) *Education at a Glance*.

57 Tagraíonn an figiúr seo don chion iontrálaithe nua san ard-oideachas poiblí arbh mhic léinn pháirt-aimseartha iad. Ní dhéantar ach 3 faoin gcéad de na 72,600 mac léinn fochéime (Leibhéal 8) in ollscoileanna na hÉireann a rangú mar pháirt-aimseartha. Tá cúrsaí beagán níos fearr in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta, áit a rangaítear 16 faoin gcéad de na mic léinn fochéime mar mhic léinn pháirt-aimseartha.

an éilimh ollmhór a d'fhéadfadh a bheith ar an ard-oideachas ó dhaoine fásta sa 12ú haois.

Cé go bhfuil Éire fós ag céim luath maidir le leas a bhaint as na deiseanna a chuireann próiseas Bologna ar fáil, i bprionsabal, féadfaidh mic léinn creidmheasanna a charnadh ag leibhéal ar bith ar bhonn páirt-aimseartha nó solúbtha agus beidh siad ábalta cur leis na creidmheasanna sin in imeacht ama agus ar feadh institiúidí le cáilíochtaí ard-oideachais a bhaint amach.[58] Cuirfidh sin deis faoi leith ar fáil do mhic léinn nár bhain leas roimhe seo as an ard-oideachas, chomh maith le dóibh siúd ar mian leo uasciliú a dhéanamh ó Leibhéal 6 nó 7 go dtí Leibhéal 8 nó Leibhéal 9.

## Fás ar an mbéim ar fhoghlaim solúbtha

Sna blianta atá amach romhainn, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar dheiseanna ard-oideachais ó dhaoine fásta. Ní féidir a gcuid riachtanas a chomhlíonadh ach amháin trí mhéadú ar an líon deiseanna foghlama solúbtha, soláthar páirt-aimseartha, foghlaim obair-bhunaithe agus cláir scileanna ghearra agus déine. Le tuilleadh solúbthachta agus freagrúlachta ón gcóras ard-oideachais a chinntiú, beidh ar an bhfoghlaim sholúbtha cothromas iomlán a bheith aici i bpolasaí maoinithe ard-oideachais na hÉireann, agus chuirfeadh sin tús leis an athrú níos leithne a theastaíonn go géar maidir le freagrúlacht agus inrochtaineacht an ard-oideachais ar riachtanais dhaoine fásta san fhórsa saothair.

Chuir tuarascáil ar fhorbairt na foghlama ar líne mar shócmhainn straitéiseach, a chuir Stáit Aontaithe Mheiriceá amach le déanaí, béim ar thábhacht lárnach an 'riachtanais ceannaireachta institiúide' maidir le tionscnaimh fhoghlama solúbtha:

> *For most institutions, launching online learning courses and programs represents a significant cultural and operational challenge. Online learning has the capacity to alter an institution's administrative decision-making processes and structures, as well as its methods and modes of teaching and learning. As with any large-scale change – especially one that requires the enthusiastic engagement of faculty – a critical and ongoing task for campus leaders is to provide effective leadership and communication of institutional plans and decisions.*[59]

Tá ceannaireacht institiúide mar chuid lárnach de thabhairt isteacht rathúil na nuálaíochta.  Ba chóir go mbeadh raon céimeanna praiticiúla ann i dteannta leis an riachtanas ceannaireachta sin leis an gclár oibre foghlama solúbtha a bhrú chun cinn ag leibhéal institiúide.

Tugann forbairt na foghlama oscailte agus solúbtha dúshláin riaracháin agus institiúide a bhaineann le uainchlárú cruthaitheach, meicníochtaí seachadta agus níos mó soláthair eis-champais agus san áit oibre. Tá roinnt díograis ann i measc léachtóirí san ard-oideachas nuálaíocht agus an scoth a bhaint amach i dteagasc agus i bhfoghlaim, agus ní mór dúinn anois leas a bhaint as sin trí infheistíocht ar feadh an chórais a dhéanamh le fáil ar infrastruchtúr teicneolaíochta ábhartha agus tacaíocht oideolaíoch a chinntiú.[60]

Cuirfidh an tairseach foghlama solúbtha,[61] a d'fhorbair na hinstitiúidí teicneolaíochta i gcomhar, deiseanna foghlama solúbtha in ard-oideachas na hÉireann chun cinn. Nascann an clár oibre foghlama solúbtha leis na tacaíochtaí níos doimhne agus níos córasaí atá riachtanach maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach agus forchéimniú gairme sa saol acadúil. Tá ról le himirt aige freisin maidir leis an tslí gur féidir leis an ard-oideachas caidrimh níos cuimsithí a dhéanamh leis an bpobal níos leithne a bhrú chun cinn.

I dteannta le níos mó solúbthachta sa soláthar, ní mór don ard-oideachas glacadh níos leithne le sárchleachtas a chinntiú

58 *Páipéar Staide ón HEA ar Fhoghlaim Oscailte agus Solúbtha*, Nollaig 2009.

59 APLU/Sloan National Commission on Online Learning (August 2009) *Online Learning as a Strategic Asset: Volume 1*, p.41. Website: http://www.aplu.org/NetCommunity/Document.Doc?id=1877

60 Féach An tÚdarás um Ard-Oideachas (2009), *Foghlaim Oscailte agus Sholúbtha*, ailt 18 agus 30.

61 Féach www.bluebrick.ie

– go háirithe maidir leis an gcáilíocht insealbhaithe, tacaíochta staidéir agus caidrimh leis an bhfoireann acadúil. Tá roinnt neamhréireachtaí idir institiúidí ann chomh maith a bhaineann le haistriú agus forchéimniú agus le haitheantas ar réamhfhoghlaim agus ar thaithí; féadfaidh neamhréireachtaí mar sin deacrachtaí a chruthú do mhic léinn atá ag déanamh iarrachta rochtain a fháil ar an ard-oideachas nó é a ath-iontráil.

### Deiseanna a chuireann teicneolaíocht nua ar fáil

Tugann forbairtí ar theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide deiseanna an t-ard-oideachas a sheachadadh ar shlite nárbh fhéidir a úsáid riamh cheana, agus ceadaíonn siad do mhic léinn rochtain a fháil ar raon leathan acmhainní, saor ó theorainneacha spáis agus ama. Tá an rochtain ar fhoghlaim tar éis éirí an-solúbtha, agus féadfaidh mic léinn roghnú ó mheascán de chur chuigí éagsúla. Aithníonn an treocht reatha in oideachas agus oiliúint modhanna agus uirlisí chun deiseanna foghlama díreach-in-am, ar-éileamh, atá sainchumtha do mhic léinn ar leithligh, a sheachadadh, ag cur a ndifríochtaí ó thaobh leibhéal scileanna, dearcaí, cultúr agus aon chomhthéacs oideachais eile san áireamh. Beidh na deiseanna a thiocfaidh chun cinn sna blianta amach romhainn, de réir mar a théann an teicneolaíocht ar aghaidh, an-mhór ar fad, agus ní féidir cuid acu a shamhlú ag an bpointe seo. Tá na dúshláin agus na deiseanna a chuireann dul chun cinn teicneolaíochta ar fáil á meas go gníomhach i gcórais ard-oideachais ar fud an domhain atá forbartha agus atá faoi fhorbairt. Mar a deir tráchtaire amháin:

> *Technology is at the heart of this story of institutional change. Universities are now just one source among many for ideas, knowledge and innovation, that seems to threaten their core position and role, but in this new world of learning and research, there are also great opportunities. The internet, social networks, collaborative online tools that allow people to work together more easily, and open access to content are both the cause of change for universities, and a tool with which they can respond.* [62]

## 2.3 Feabhas a chur ar an idirchaidreamh idir ard-oideachas agus breisoideachas & oiliúint

I gCumarsáid Leuven, Aibreán 2009 agus i nDearbhú Budapest-Vienna, Márta 2010, chomhaontaigh na hAirí atá freagrach as an ard-oideachas i Réimse Ardoideachais na hEorpa gur chóir leanúint le nuachóiriú a dhéanamh ar an ard-oideachas, lena n-áirítear níos mó forfheidhmithe ar Chaighdeáin agus Treoirlínte do Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa. D'aithin na hAirí freisin go bhfuil go leor fós le déanamh sna réimsí dearbhaithe cáilíochta agus creata cáilíochtaí, agus dearbhú cáilíochta maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil. I bhfianaise phróifíl oideachais mhuintir na hÉireann agus na héagsúlachta buanna, tallanna agus ábhair spéise sa chorpas mac léinn, ní mór dúinn anois córas comhtháite ard-oideachais a thógáil, ar féidir leis freastal a dhéanamh ar raon institiúidí a mbeadh misin ar leith agus cláir éagsúla acu.

### An Creatoibre Cáilíochtaí Náisiúnta mar ardán

Chuir bunú Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ) in 2001, agus leathnú ar ard-oideachas agus oiliúint athrú ar rochtain, aistriú agus forchéimniú do mhic léinn, agus chuir sé deiseanna nua ar fáil don ard-oideachas agus don bhreisoideachas oibriú i bhfad níos dlúithe le chéile chun leasa na mac léinn. Tá roinnt cásanna ann cheana féin ina bhfuil coláistí sa dá earnáil ag comhoibriú chun soláthar comh-rochtana a chur ar fáil do mhic léinn. Tríd an gcur chuige sin a leathnú agus trí na bealaí

62 Peter Bradwell *The Edgeless University – Why Higher Education must Embrace Technology* London: Demos 2009, lch.8. Féach http://www.jisc.ac.uk/media/documents/publications/edgelessuniversity.pdf

forchéimnithe isteach san ard-oideachas a shoiléiriú, cuirfear ar chumas i bhfad níos mó mac léinn ar mian leo dul chun cinn a dhéanamh athrú ó Leibhéal NFQ 4 agus 5 go dtí Leibhéil 6, 7, 8 agus níos faide. Cuireann an NFQ ardán láidir ar fáil freisin chun ár gcuspóirí foghlama ar feadh an tsaoil a sheachadadh.

Sa chomhthéacs sin, cuirtear fáilte mhór roimh an gcomhdhlúthú ar na gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus cáilíochtaí atá ar bun faoi láthair. Cabhróidh sin le torthaí foghlama comhaonaithe, bealaí aistrithe agus forchéimnithe níos soiléire, agus caighdeáin ceangailteacha dearbhaithe cáilíochta sa leath uachtar de Chreatoibre Cáilíochtaí Náisiúnta na hÉireann, a bhunú. Cuirfidh sé feabhas freisin ar an rochtain ar dheiseanna breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine ar feadh a saoil.

Sa réimse uascilithe, tharla roinnt feabhsúchán le blianta beaga anuas, go háirithe maidir leis an gcion iontrálaithe nua atá ag déanamh rochtana ar an ard-oideachas tríd an mbreisoideachas. Tá sé ríthábhachtach go leathnófaí na forbairtí sin do phrintísigh agus don raon níos leithne de chéimithe breisoideachais

## An t-éileamh ar oiliúint phrintíseachta a athrú

Is éard atá sa chóras printíseachta bealach oiliúna sonrach atá leagtha amach dóibh siúd ar mian leo oibriú i gceann de na 26 ceird a aithnítear in Éirinn. Tugtar faoi oiliúint i sraith céimeanna a tharlaíonn in ionaid FÁS, in institiúidí teicneolaíochta agus i rith oibre le fostóirí. Go stairiúil, is iad FÁS i gcomhar leis an Roinn Oideachais & Scileanna, a dhéanann bainistíocht ar an bpróiseas. Mar scéim faoi threoir fostóirí, tá an tsamhail printíseachta thar a bheith íogaireach d'athruithe tobanna i ngníomhaíocht eacnamaíoch, san earnáil tógála ach go háirithe. Tugann an titim san earcaíocht chuig cláir phrintíseachta le trí bliana anuas dúshláin thromchúiseacha de bharr go bhfuil stair an-láidir ag an tsamhail phrintíseachta maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna sa gheilleagar agus maidir le soghluaisteacht oideachais a chruthú i ngrúpaí sóisialta lenar bhain tearc-ionadaíocht san ard-oideachas.

Cuirtear oiliúint phrintíseachta ar fáil i naoi gcinn de na hinstitiúidí teicneolaíochta agus cuireann nádúr na gclár buntáistí tánaisteacha láidre ar fáil do na hinstitiúidí. Bíonn go leor baill foirne ag teagasc ar chláir phrintíseachta agus ar chláir chéime, agus cuireann siad saibhreas do na cláir go léir tríd an taithí tionsclaíoch iarbhír atá acu. Éascaítear agus cuirtear nascthacht le tionscal chun cinn, trí oiliúint d'fhostaithe agus trí shaineolas foirne agus seirbhísí comhairleacha. Éascaíonn agus tacaíonn cur amach a bheith ag fostaithe tionscail ar chláir institiúidí le forchéimniú agus le leibhéil NFQ an fhórsa saothair a ardú. Cruthaíonn forchéimniú dhaoine ceirde go dtí cláir Leibhéal 7 agus Léibhéal 8 caidreamh idir mic léinn lánfhásta a bhfuil taithí tionsclaíoch acu agus na mic léinn eile go léir, rud a fheabhsaíonn agus a chuireann saibhreas leis an gcampas. Tá an córas printíseachta i bhfeidhm ina fhoirm reatha le fiche bliain anuas, ach tá athrú ollmhór tar éis teacht ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé. Sa chomhthéacs sin, tá tiomantas tugtha ag an Aire Oideachais & Scileanna go ndéanfar athbhreithniú mór ar an scéim printíseachta.

# CUID 2: Misean an ard-oideachais

Sna blianta atá amach romhainn, tiocfaidh forbairt ar mhisean ard-oideachais na hÉireann mar fhreagra ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagar, riachtanais a bheidh ag athrú. Déanfaidh sé a chuid mar phríomh-ghníomhaire d'athrú dearfach agus d'fhorbairt maidir le daoine aonair agus leis an tsochaí níos leithne, agus beidh sé mar fhórsa inbhuanaithe d'athnuachan sóisialta agus eacnamíoch.

Beidh ar Éire cáil a bhaint amach trí cháilíocht agus cainníocht a céimithe ard-oilte, trína gnóthachtálacha i scoláireacht agus i dtaighde, agus trí bheogacht a nuálaíochta náisiúnta thar an raon réimsí eacnamaíochta, sóisialta, sibhialta agus cultúir. Beidh ar ard-oideachas na hÉireann cáilíocht agus déine a gaol le fiontar a dhoimhniú agus a straitéis a leasú go rialta mar fhreagra ar athrú domhanda. Beidh smaointeoireacht chriticiúil, inoiriúnacht agus cruthaitheacht mar thréithe lárnacha a bheidh riachtanach do chéimithe sa mhargadh saothair amach anseo.

Is iad na daoine a théann isteach san ard-oideachas sna blianta amach romhainn a bheidh mar chruthaitheoirí post, déantóirí polasaí, nuálaíochtaithe sóisialta agus ceannairí gnó na todhchaí. Is saoránaigh iad freisin a chuirfidh le saibhreas na sochaí – mar thuismitheoirí, ceannairí pobail agus múinteoirí – agus is iad a bheidh mar an t-inneall torthúil de gheilleagar bríomhar agus rathúil sa réimse oibre a roghnóidh siad.

Tá a rannchuidiú féin le déanamh ag Éire maidir le heolas agus tuiscint an duine daonna a bhrú chun cinn. Mar oileán scoláireachta, fionnachtana eolaíche, ealaíon cruthaitheach agus nuálaíochta, meallann Éire smaointeoirí neamhspleácha agus fiontraithe ó ar fud na cruinne. Is príomhfhoinsí iad an Ghaeilge, an cultúr Gaelach agus na healaíona cruthaitheacha a thugann sainiúlacht dúinn, agus ba chóir dúinn cur lenár dtuiscint orthu sin agus leas a bhaint as an luach cultúrtha dúchasach atá acu agus as na tréithe cultúrtha agus litríochta a dhéanann tír shainiúil agus spéisiúil dínn go hidirnáisiúnta.

Cuimsíonn misean na n-institiúidí ard-oideachais trí ghné idirnasctha, a ndéileáiltear leo sna caibidlí seo a leanas:

- **Teagasc agus foghlaim (caibidil 3);**
- **Taighde (caibidil 4); agus**
- **Caidreamh leis an tsochaí níos leithne (caibidil 5) agus go hidirnáisiúnta (caibidil 6).**

D'fhonn an Fhís maidir leis an ard-oideachas in 2030 a sheachadadh, ní mór an caidreamh idir Taighde, Teagasc agus Foghlaim agus Caidreamh leis an bpobal; sóisialta, cultúrtha, gairmiúil, fiontar agus idirnáisiúnta, a athdhearbhú. D'fhonn a mhisean a chur i bhfeidhm, beidh ar an gcóras ard-oideachais a bheith níos cruthaithí, níos samhlaíche agus níos freagrúla. Tá an nuálaíocht ag croílár mhisean ard-oideachais na hÉireann; nuálaíocht ina idirghníomhartha agus ina mhalartuithe smaointe agus i gcomhtháthú a chroí-ghnéithe.

# 3. Teagasc agus foghlaim

## Sa chaibidil seo

Déileálann an chaibidil seo leis an gcéad cheann de na trí ról lárnacha den ard-oideachas – **teagasc a chur ar fáil agus foghlaim a éascú.** Tugann sí tuairisc ar an tslí a gcaithfidh an córas sna blianta amach romhainn freagra a thabhairt ar athruithe ar chomhdhéanamh an chorpais mac léinn, ar theicneolaíochtaí nua agus ar an bpoitéinseal a bheidh acu cur leis an taithí foghlama, agus ar athruithe sa timpeallacht sheachtrach.

Cinnteoidh freagra iomchuí ar na hathruithe sin go léir go mbeidh taithí shármhaith ar fhoghlaim ag mic léinn ard-oideachais amach anseo, taithí a bheidh taighde cothrom le dáta mar fhaisnéis aici agus a mbeidh éascaithe ag timpeallacht foghlama ardchaighdeáin, le hacmhainní den scoth, mar leabharlanna, saotharlanna agus saoráidí ríomhfhoghlama.

## 3.1 Teagasc agus foghlaim: athruithe agus dúshláin

Agus iarracht á déanamh againn caidreamh a dhéanamh le saoránaigh agus tacú leo agus iad ar thóir ardleibhéil ghnóthachtálacha oideachais, baineann na príomhdhúshláin le teagasc agus le foghlaim.

Tharla dul chun cinn suntasach ar theagasc agus ar fhoghlaim in ard-oideachas na hÉireann le deich mbliana anuas, mar shampla:

- **Bunú ionad forbartha oideachais agus cleachtas acadúil;**
- **Fáil ar chláir ghairmiúla ar theagasc agus ar fhoghlaim;**
- **Forbairtí ar fhoghlaim a tacaíonn an teicneolaíocht léi;**
- **Cineálacha nua oideolaíochta a ghlacadh le caidreamh níos fearr a dhéanamh le mic léinn; agus**
- **Béim níos mó ar theagasc sna prósis tionachta agus ardaithe céime.**

Is fianaise iad forbairtí den sórt sin ar thiomantas agus ar dhíograis na foirne acadúla agus tacaíochta ar an misean teagaisc. Níl siad aonfhoirmeach ná comhleanúnach ar feadh an ard-oideachais, áfach, agus is é an dúshlán atá anois ann sárchleachtas a aistriú isteach ina ghnáthchleachtas.

Beidh gá leis an éagsúlacht mac léinn atá ag fás a mheaitseáil le modhanna teagaisc agus measúnaithe a chuirfidh ar chumas mac léinn ó raon cúlraí teacht ar a gcuid láidreachtaí féin, leas a bhaint astu agus cur leo. Ba chóir go léireodh teagasc san ard-oideachas stíleanna foghlama éagsúla agus réimsí disciplíne éagsúla.[63]

Cé go mbeidh teagasc grúpaí móra, le forlíonadh ó ranganna teagaisc agus seisiúin saotharlanna, mar bhunús don teagasc san ard-oideachas i gcónaí, beidh níos mó agus níos mó baint aige leis an ríomh-fhoghlaim (lena n-áireofar podchraoladh agus grúpaí díospóireachta ar líne), foghlaim féintreoraithe, foghlaim bunaithe ar fhadhbanna agus tionscadail chomhoibrithe).

Ní mór do mhúinteoirí san ard-oideachas foghlaim ghníomhach, ní foghlaim éighníomhach a spreagadh, agus mic léinn a spreagadh le bheith ina smaointeoirí criticiúla, cruthaitheacha, leis an

63 Féach Huber, M.T. & Morreale, S.P. (Eag.) (2002) *Disciplinary Styles in the Scholarship of Teaching and Learning – Exploring Common Ground,* The Carnegie Foundation for the Advancement of Teaching and the American Association for Higher Education.

acmhainneacht leanúint orthu ag foghlaim tar éis a gcuid laethanta sa choláiste.[64] Ní mór dóibh próiseas foghlama gníomhaí a chruthú trí fhabhbanna a leagan amach, freagraí na mac léinn a cheistiú, agus na mic léinn a spreagadh leis an eolas agus na coincheapa i léitheoireacht shannta a chur i bhfeidhm le roinnt cásanna nua.[65]

## 3.2 Baint ag mic léinn le pleanáil cúrsaí, aiseolas agus meastóireacht

Tá rannchuidiú ollmhór le déanamh ag mic léinn maidir le tionchar a imirt ar leagan amach curaclam agus maidir le hathbhreithniú agus aiseolas a thabhairt orthu. Ba chóir go mbeadh struchtúir fhoirmiúla ag na hinstitiúidí ard-oideachais go léir lena chinntiú go mbeidh mic léinn rannpháirteach i leagan amach agus athchóiriú curaclaim.

Thug an tAthbhreithniú ar Dhearbhú Cáilíochta in Ollscoileanna na hÉireann 2005, a rinne Cumann Ollscoile na hEorpa, aird ar an easpa meicníochtaí córasacha lena chinntiú go bhfuair na ranna eolas rialta agus soiléir ó mhic léinn maidir le cáilíocht an teagaisc agus na timpeallachta foghlama.

Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach sna blianta ó shin i leith, níl muinín ag mic léinn fós as éifeachtacht na meicníochtaí reatha agus tá deis sách mór ann fós feabhas a dhéanamh maidir le meicníochtaí aiseolais na mac léinn a fhorbairt agus maidir leis na lúba aiseolais a dhúnadh.

Ba chóir do gach institiúid ard-oideachais córas cuimsitheach aiseolais gan ainm do mhic léinn a chur ar bun, maille leis na struchtúir lena chinntiú go rachfaí i mbun gnímh go pras mar fhreagra ar chúiseanna imní mac léinn. Ba chóir riarachán neamhspleách a dhéanamh ar na foirmeacha aiseolais (ceistneoirí) agus iad a chur ar ais chuig an mbainistíocht san institiúid, agus ní chuig an múinteoir faoi leith. Níor chóir go mbeadh ainm luaite le haiseolas an mhic léinn agus níor chóir don fhoireann a mhúineann an mac léinn a bheith in ann an mac léinn a aithint. Ba chóir go mbeadh struchtúir ar bun le haiseolas a fháil ó mhic léinn faoi na modúil agus na cláir dá bhfuil siad cláraithe. Ba chóir go mbeadh baint ag ionadaithe mac léinn leis an bpróiseas maidir le gníomhú ar aiseolas na mac léinn, agus ba chóir don phróiseas sin a bheith trédhearcach agus inrochtana ag gach mac léinn.

Ina theannta sin, ba chóir córas náisiúnta suirbhéanna mac léinn a chur ar bun agus na torthaí a fhoilsiú.

## 3.3 Taighde a lánpháirtiú le teagasc agus foghlaim

Déantar teagasc san ard-oideachas a idirdhealú ó theagasc ag leibhéil eile de bharr an bhéim a leagann sé ar thaighde a lánpháirtiú le teagasc agus foghlaim. *'Education is a seamless web, and if we hope to have centres of excellence in research, we must have excellence in the classroom'*.[66] Léirítear tiomantas ó thaobh taighde, scoláireacht, teagasc agus foghlaim a lánpháirtiú in go leor de na haighneachtaí chuig an nGrúpa Straitéise[67] agus i bpleananna straitéiseacha cuid mhaith dár n-institiúidí ard-oideachais.

Is féidir taighde a lánpháirtiú le teagasc agus foghlaim ar go leor bealaí.[68]

64 Ernest Boyer (1990) *Scholarship Reconsidered: Priorities of the Professoriate,* San Francisco: Jossey Bass.

65 Derek Bok (2005) *Our Underachieving Colleges,* Princeton University Press, lch. 116-7.

66 Ernest Boyer (1995) 'Scholarship – a Personal Journey' i C. Glassick, M. Taylor Huber agus G. Maeroff, *Scholarship Assessed: Evaluation of the Professoriate* (Carnegie Foundation for the Advancement of Teaching).

67 Féach *Thematic Synthesis of Written Submissions to the Strategy Group* atá ar fáil ag http://www.hea.ie/en/node/1303

68 Angela Brew (2006) *Research and Teaching: Beyond the Divide.* London: Palgrave MacMillan, agus NAIRTL (2010) *Guidelines for Awards for Excellence in Teaching.*

- ***Faoi stiúir ag taighde:*** **bíonn ábhair spéise taighde na múinteoirí mar fhaisnéis ag an gcuraclam;**
- ***Dírithe ar thaighde:*** **cuireann an curaclam béim ar na próisis trína thairgtear eolas;**
- ***Bunaithe ar thaighde:*** **Tá gníomhaíochtaí sa churaclam lenar féidir leis na mic léinn taighde a chur i gcrích go hiarbhír, trí thionscadail agus trí obair chúrsa eile; nó**
- ***Faisnéisithe ag taighde:*** **bíonn fiosrúchán córasach ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama é féin mar fhaisnéis ag an gcuraclam.**

Go bunúsach, tarlaíonn lánpháirtiú an taighde le teagasc agus foghlaim i dtimpeallacht agus i gcomhthéacs ina bhfuil spiorad fiosrúcháin agus ceistiúcháin agus ina bhfuil an fhoireann agus na mic léinn tiomanta do chur chuige fianaise-bhunaithe ar a gcuid oibre, agus teacht ar eolas nua, chomh maith le eolas atá ann cheana féin a chur ar aghaidh agus a mheas go criticiúil.[69] Cé nach mbeidh gach duine acadúil san ard-oideachas gafa leis an taighde, ba chóir do chultúr fiosrúcháin agus scoláireachta gníomhaí a bheith le braistint in obair gach institiúid ard-oideachais, agus ba chóir do gach mac léinn in ard-oideachas na hÉireann – mic léinn fochéime agus iarchéime araon – a bheith ag foghlaim i dtimpeallacht ina bhfuil dlúthnasc idir taighde agus teagasc.

Tá an teagasc agus an taighde araon lárnach do ról na foirne acadúla; téann an scoth ó thaobh teagaisc agus an scoth ó thaobh scoláireachta cruthaithí nó gníomhaí le chéile.

Ba chóir comhghradam a thabhairt do theagasc agus do thaighde, agus ba chóir go léireofaí sin i leithdháileadh acmhainní, sna critéir d'ardú céime agus sa mhéadracht a mbaintear úsáid astu le feidhmíocht a mheas ag leibhéal an duine aonair, na hinstitiúide agus an chórais.

69 Féach C.A. Zonta (2006) 'The History of European Universities: overview and background' in N. Sanz agus S. Bergan *The Heritage of European Universities.* Strasbourg: Comhairle na hEorpa.

# 3.4 Solúbthacht maidir le soláthar

Sna blianta amach romhainn, caithfidh solúbthacht agus nuálaíocht a bheith mar thréithe de sheachadadh an ard-oideachais in Éirinn.

## Modhanna foghlama

Féadfaidh daoine a bheith ag foghlaim ar bhealaí éagsúla, agus ní mór don chóras ard-oideachais a bheith solúbtha maidir le tacú le agus creidiúnú a thabhairt do gach ceann acu. Cé go mbeidh ról ollmhór san ard-oideachas ag foghlaim ar an gcampas i gcónaí, beidh ar na hinstitiúidí soláthar a dhéanamh do riachtanais chorpas de mhic léinn atá ag síorathrú, agus freastal orthu. Beidh ar go leor de na mic léinn sin caidreamh solúbtha a bheith acu leis an ard-oideachas.

Sna blianta amach romhainn, roghnóidh mic léinn foghlaim a dhéanamh ar bhealaí éagsúla – lánaimseartha nó páirt-aimseartha; ar an gcampas nó amach uaidh; foghlaim sa seomra ranga, foghlaim mheasctha, foghlaim ar líne nó foghlaim luathaithe. Tarlóidh cuid den fhoghlaim sin trí fhoghlaim oscailte agus trí chianfhoghlaim; tarlóidh cuid di san áit oibre; agus tarlóidh cuid di in ionaid for-rochtana. Ba chóir go dtabharfadh acmhainní arna leithdháileadh ar institiúidí agus laistigh dóibh tacaíocht do na mic léinn go léir ar shlí chothrom, cibé an mic léinn lánaimseartha, páirt-aimseartha, ar an gcampas nó amach uaidh atá iontú.

## Bealaí rochtana agus forchéimniú

Beidh ar an gcóras iontrálacha chuig an ard-oideachas níos mó bealaí rochtana a chur ar fáil d'fhágálaithe scoile agus do na daoine sin atá ag críochnú an bhreisoideachais agus oiliúna. Ag an am céanna ní mór dó leanúint de bheith – go feiceálach – dian, cothrom agus oibiachtúil.

Beidh gá le tuilleadh bealaí forchéimnithe a fhorbairt chuig, laistigh de agus ar feadh institiúidí ard-oideachais.

Tá aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim roimh ré (RPL) tábhachtach go háirithe de réir mar a thagann níos mó deiseanna d'fhoghlaim sholúbtha agus d'fhoghlaim san áit oibre chun cinn. Caithfear creatoibre náisiúnta do RPL a fhorbairt, bunaithe ar an saineolas agus ar an taithí atá ag na hinstitiúidí ard-oideachais cheana féin[70] Cabhróidh dul chun cinn maidir leis sin an bhéim a aistriú ó ionchuir oideachasúla i dtreo torthaí foghlama. Tá an fhealsúnacht sin atá dírithe ar an mac léinn ag croílár Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ).

Is láidreacht faoi leith a bhaineann le hoideachas na hÉireann an dul chun cinn a dhéantar maidir leis an NFQ a chur i bhfeidhm, agus is féidir linn leanúint orainn ag tógáil air sin. Go luath amach anseo, déanfar modúlúchán agus seimeastrú ar gach clár ard-oideachais, agus déanfar cur síos orthu i dtéarmaí torthaí foghlama. Míneoidh an cur síos a dhéanfar ar chláir agus ar mhodúil na torthaí foghlama a mbeidh ar na mic léinn a fháil le céim a bhaint amach. Tabharfaidh sin níos mó solúbthachta do mhic léinn, agus roinnt poitéinsil le cláir sainchumtha a chruthú, a bhféadfadh modúil ó institiúidí éagsúla agus ó dhisciplíní éagsúla a bheith iontu.

## 3.5 Aistriú chuig an ard-oideachas – rochtain agus ionduchtú

Creideann go leor daoine nach dtugann an t-oideachas dara leibhéal a dhóthain ullmhúcháin do mhic léinn do na dúshláin a chruthaíonn an t-ard-oideachas.[71] Is minic nach mbíonn na scileanna smaointeoireachta criticiúla, réitigh fadhbanna agus foghlama neamhspléaiche atá riachtanach le caidreamh rathúil a dhéanamh leis an ard-oideachas ag mic léinn a théann isteach san ard-oideachas go díreach ón scoil.[72]

Tá imní faoi leith curtha in iúl maidir le mic léinn a bheith ag dul isteach san ard-oideachas gan na scileanna riachtanacha agus an t-eolas riachtanach chun caidreamh éifeachtach a dhéanamh leis an bhfoghlaim sna disciplíní eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitic (STEM). Tá an cion de na hiarrthóirí ardteistiméireachta a ghlacann matamaitic ardleibhéal íseal i gcónaí le tamall fada anuas[73], agus is minic nach dtugtar a dhóthain ulllmhúcháin do mhic léinn ó na cláir eolaíochta dara leibhéal don chur chuige turgnamhach agus saotharlann-bhunaithe ar ábhair STEM san ard-oideachas. Sa chomhthéacs sin, cuirtear fáilte roimh na hathchóirithe leanúnacha ar an gcuraclam sraithe sinsearaí i matamaitic agus roimh na hathchóirithe beartaithe sa cheimic agus san fhisic.

Níl ard-oideachas leis féin in ann an fhadhb seo a réiteach; tá gá le comhlántacht agus comhleanúnachas sa chur chuige ar leagan amach agus i seachadadh an churaclaim sa bhunoideachas, san oideachas dara leibhéal agus san ard-oideachas. Cuirfidh an t-ard-oideachas leis an réiteach trí chaidreamh gníomhach a dhéanamh leis an bpróiseas athchóirithe ar an gcuraclam dara leibhéal.

Ar feitheamh athchóirithe den sórt sin, ba chóir do sholáthróirí ard-oideachais easnaimh i scileanna na mac léinn le linn a gcéad bliana san ard-oideachas a aithint. Is féidir sin a dhéanamh tríd an bhfáil ar chúrsaí ionduchtaithe agus ullmhúcháin do mhic léinn céad bliana a leathnú, cúrsaí a chuimseodh scileanna mar fhoghlaim féintreoraithe, bainistíocht ama, litearthacht eolais agus anailís chriticiúil, agus trí thacaíocht bhreise a chur ar fáil do mhic léinn sna réimsí ábhair ina bhfuil deacrachtaí acu.

70 Tá tionscadal comh-urraithe ag EGFSN agus NQAI bunaithe leis an tsaincheist seo a fhiosrú.

71 Féach, mar shampla, *Tuarascáil an Choimisiúin ar Phointí* (1999).

72 Féach Tuarascáil ón nGrúpa Fócais faoi chruinniú an Ghrúpa Straitéise le mic léinn, Samhain 09.

73 Seo a leanas an céatadán iarrthóirí sa Scrúdú Ardteistiméireachta a rinne matamaitic ardleibhéil sa Scrúdú: 1995 – 17%, 2000 – 18%, 2001 – 18%, 2002 – 18%, 2003 – 17%, 2004 – 18%, 2005 – 19%, 2006 – 18%, 2007 – 17%, 2008 – 17%, 2009 – 16%.

## 3.6 Taithí sa chéad bhliain

Tá taithí dearfach sa chéad bhliain ríthábhachtach do mhic léinn d'fhonn spriocanna an ard-oideachais a bhaint amach; má dhéantar mainneachtain aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn ag mic léinn sa chéad bhliain, cuirtear le hardrátaí fágálaithe agus teipe, agus bíonn impleachtaí pearsanta agus ar fud an chórais ann mar gheall air sin.

Agus an méid sin á aithint acu, ba chóir d'institiúidí ard-oideachais na hÉireann athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar a gcuraclaim chéad bliana. Cé gur chóir don churaclam céad bliana leanúint ar aghaidh ag cur ábhar bunúsach ar fáil sna hábhair, le cur leis sna blianta ina dhiaidh sin, caithfidh sé níos mó ná sin a dhéanamh. Ba chóir dó feidhmiú mar bhonn do ghníomhaíochtaí foghlama lena mbaineann níos mó formáidí a bheadh bunaithe ar fhiosrúchán agus a chumasódh infhostaitheacht agus torthaí foghlama ar feadh an tsaoil.[74]

Faoi láthair, éilíonn ard-oideachas na hÉireann ar mhic léinn sainréimse staidéir a roghnú ró-luath; tá an iomarca speisialaithe ar siúl le hábhair agus níl mórán solúbthachta ann ag an leibhéal fochéime. Tháinig méadú ar an líon clár fochéime le fócas thar a bheith cúng le blianta beaga anuas: tháinig dúblú ar an líon clár fochéime ar liosta na Lár-Oifige Iontrála idir 1998 agus 2008.[75] Seachas an cur chuige sin a bheith acu, ba chóir d'institiúidí ard-oideachais cúrsaí le bonn leathan a chur ar fáil sa chéad bhliain de staidéar fochéime, nuair is féidir sin. Ba chóir go gcuirfeadh na cúrsaí sin ar chumas na mac léinn rogha eolasach a dhéanamh maidir le speisialú ag deireadh na céad bliana.

Tá gá le níos mó idirdhisciplíneachta freisin ag an leibhéal fochéime. Thosaigh roinnt institiúidí ag tabhairt aghaidh ar an tsaincheist seo cheana féin, trí mhic léinn a chumasú agus a spreagadh modúil atá lasmuigh de réimse a sainábhair roghnaithe a roghnú.[76] Tugann cur i bhfeidhm modúlúcháin agus seimeastraithe, a tugadh isteach faoi phróiseas Bologna, deis do níos mó idirdhisciplíneachta a bheith i bhfoghlaim na mac léinn – deis nach bhfuil institiúidí ard-oideachais na hÉireann ag baint leas iomlán as go fóill.

## 3.7 Torthaí foghlama – scileanna ginearálta a chur san áireamh

Tá sé níos deacra torthaí foghlama a mheas ná inchur nó próisis a mheas. Éilíonn sé ard-acmhainneacht maidir le tomhas agus meastóireacht, agus teastaíonn acmhainní le haghaidh sin a dhéanamh. Leis an mbéim a athrú ó ionchuir go dtí torthaí foghlama, éilítear athruithe ar an tslí a cheapann agus a eagraíonn daoine acadúla a gcuid teagaisc agus measúnaithe.

Ní mór don churaclam fochéime níos mó béime a chur ar scileanna ginearálta, go háirithe iad sin a theastaíonn san áit oibre agus do shaoránacht ghníomhach. Ní mór cruthaitheacht agus fiontraíocht a spreagadh i bhfad níos mó; agus ba chóir d'institiúidí foghlaim machnamhach, eolas feidhmeach, taithí praiticiúil sa tsaotharlann agus scileanna eolaíocha a éascú. Léiríonn suirbhéanna éagsúla, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta, go gcreideann mic léinn, daoine acadúla agus fostóirí go bhfuil ról tábhachtach le himirt ag an ard-oideachas maidir le mic léinn a ullmhú don áit oibre agus don ról a bheidh acu mar shaoránaigh, agus gur chóir don oideachas fochéime aghaidh a thabhairt go sonrach ar na scileanna ginearálta atá riachtanach chun caidreamh éifeachtach a dhéanamh sa tsochaí agus san áit oibre.[77]

74 Bill Johnston (2010) *The First Year at University: Teaching Students in Transition* (Open University Press) lch 31.

75 75 Mar shampla, tairiscíonn institiúid amháin 14 Sainchlár Gnó ar leithligh ag Leibhéal 8, agus éilíonn ar iarratasóirí a chur in iúl ar an bhfoirm CAO (sé mhí roimh dhul isteach san ard-oideachas) cén acu de na cláir sin a bhfuil sé i gceist acu a dhéanamh.

76 Féach, mar shampla, an tionscadal Horizons in UCD agus an Curaclam Leathan i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

77 Féach, mar shampla, an suirbhé a rinneadh ar bheagnach 2,700 mac léinn, baill foirne den HEI agus fostóirí in Éirinn, a rinne NAIRTL i mí Aibreáin 2009 (Investigating Graduate Competencies, www.nairtl.ie, Meitheamh 2009), agus an suirbhé Eorpach a rinneadh ar bheagnach 15,000 mac léinn a rinneadh sna 27 Ballstát, sa Chróit, san Íoslainn, san Iorua agus sa Tuirc i mí an Mhárta 2009.

Tugann tionscadal reatha an OECD ar thorthaí foghlama an ard-oideachais léargas ar thuairimí idirnáisiúnta an lae inniu ar na príomhscileanna ginearálta nach mór do gach mac léinn a fháil mar chuid dá n-oideachas fochéime.[78] bÁirítear orthu sin réasúnaíocht anailíseach, smaointeoireacht chriticiúil, an cumas smaointe úra a chruthú, agus teoiric a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Molann eagraithe an tionscadail freisin gur chóir muinín sa chumarsáid scríofa, cumas ceannaireachta, agus cumas oibriú mar chuid de ghrúpa a chur san áireamh sa liosta.[79] Is é an príomhphointe a gcuirtear béim air sa tionscadal seo nach n-ionann eolas a chur ar dhuine agus oideachas a thabhairt dó.

Tá Éire ar ceann de na tíortha is fearr san Eoraip ar éirí léi ó thaobh athchóirithe Bologna a chur i bhfeidhm[80] cé go bhfuil roinnt éagsúlachta ann laistigh de na hinstitiúidí agus eatarthu maidir le héifeachtacht an chur i bhfeidhm.[81]

Cé gur chabhraigh seimeastrú agus modúlúchán le tuilleadh solúbthachta agus freagrúlachta ar riachtanais na mac léinn, tá fadhbanna nua cruthaithe acu freisin. Tá roinnt clár fochéime scoilte anois agus is éard atá iontu anois líon mór modúl beag. Mar shampla, d'fhéadfadh 12 modúl cúig-chreidmheas ar leithligh a bheith i gceist le cúrsa aon-bhliain 60-creidmheas. Féachann mic léinn ar chúrsaí den sórt sin mar chúrsaí lena mbaineann an iomarca teagaisc agus measúnaithe; cuireann siad ualach nach bhfuil cuí ná riachtanach ar mhic léinn agus ar an bhfoireann araon. I roinnt cásanna, bíonn an amchlár chomh plódaithe go gcuirtear isteach go mór ar chumas na mac léinn foghlaim neamhspleách agus féintreoraithe a dhéanamh. Tá riachtanais léachtaí an-íseal ag cúrsaí eile, áfach, agus tá imní ann nach dtugann siad go leor teagaisc foirmiúil.

Thug an Staidéar Feidhmithe agus Tionchair Creatoibre a rinne Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann le déanaí ar an gCreatoibre Cáilíochtaí Náisiúnta[82] fianaise idirnáisiúnta ar aird a léiríonn an gá le torthaí foghlama a ailíniú le cleachtas measúnaithe. Tá baol ann go bhféadfaí 'ró-mheasúnú' a dhéanamh ag céimeanna tosaigh chur i bhfeidhm an Chreata Oibre, le cúiteamh a dhéanamh ar aon athrú a mheasfaí a bheith ar an spleáchas ar chéimeanna measúnaithe nó modhanna traidisiúnta'.[83] Dúradh go láidir san athbhreithniú gur chóir do na geallsealbhóirí ábhartha go léir monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar thionchar chur i bhfeidhm an Chreata Oibre ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar thaithí na mac léinn.

Ag teacht le moltaí i ndoiciméad a chuir An Coimisiún Eorpach amach le déanaí[84], ba chóir d'institiúidí ard-oideachais, agus cúrsaí agus cláir á leagan amach acu, ailíniú agus cothromaíocht idir torthaí foghlama, oideolaíocht agus measúnú a chinntiú, agus ba chóir go mbeadh an cumas ag institiúidí an cur chuige bunaithe ar thorthaí a sheachadadh, i dtéarmaí coinníollacha comhshaoil agus ullmhacht agus saineolas na foirne.

## 3.8 Torthaí foghlama agus dearbhú cáilíochta

Le deich mbliana anuas, tá fás ag teacht ar an suim atá ag daoine go hidirnáisiúnta i ndearbhú cáilíochta san ard-oideachas. In 2006, d'aithin Parlaimint na hEorpa

78 Tionscadal AHELO de chuid an OECD: féach http://www.oecd.org/document/41/. Féach freisin Derek Bok (2006), *Our Underachieving Colleges* (Princeton University Press) agus Frank Rhodes (2001) *The Creation of the Future* (Cornell University Press).

79 D'fhéadfá litearthacht chomhshaoil a chur san áireamh freisin: féach H. Reynolds, E. Brondizio agus J. Meta Robinson (2010) *Teaching Environmental Literacy: Across Campus and Across the Curriculum,* Indiana University Press.

80 Féach A. Rauhvargers, C. Deane agus W. Pauwels Tuarascáil *Stocáirimh Phróiseas Bologna 2009.* An Bhruiséil: EU 2009.

81 Féach, mar shampla, *University Awards and the NFQ: Issues around the Design of Programmes and the Use and Assessment of Learning Outcomes:* The University Sector Framework Implementation Network (FIN), (IUA Nollaig 2009) agus *Framework Implementation and Impact Study* Meán Fómhair 2009.

82 http://www.nqai.ie/framework_study.html

83 *Framework Implementation and Impact Study,* Tuarascáil na Foirne Staidéir, Meán Fómhair 2009, lch.38.

84 *Scileanna Nua do Phoist Nua: Gníomhú Anois. Tuarascáil ón Sainghrúpa ar Scileanna Nua do Phoist Nua.* (2010) An Coimisiún Eorpach.

agus Comhairle na hEorpa nach mór do na hinstitiúidí ard-oideachais féin an phríomhfhreagracht a bheith acu as cáilíocht san ard-oideachas. Ní mór dóibh córais inmheánacha a fhorbairt le monatóireacht a dhéanamh agus le cur le cáilíocht, agus ní mór dóibh 'cultúr cáilíochta' fíorúil a fhorbairt. Ní mór dóibh freisin na torthaí a chur in iúl do na geallsealbhóirí ar shlí thrédhearcach agus chuntasach, ach is minic nach mbíonn an neamhspleáchas ná an inrochtaineacht phoiblí acu chun é sin a dhéanamh ar shlí éifeachtach. Féadfaidh gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta neamhspleácha seachtracha é sin a dhéanamh ar shlí níos éifeachtaí.[85]

Tabharfaidh comhdhlúthú na ngníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta seachtracha atá ar bun in Éirinn deis dúinn dearbhú cáilíochta a chur sa chreatoibre cáilíochtaí náisiúnta. In éineacht leis an bpríomhfhorbairt sin, ba chóir tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar ár gcórais dhearbhaithe cáilíochta inmheánacha.

Dearbhaíonn Tuarascáil Stocáirimh Phróiseas Bologna 2009[86] go bhfaigheann institiúidí ard-oideachais na hÉireann scóranna arda ó thaobh dearbhaithe cáilíochta – tá córais dhearbhaithe cáilíochta chuimsitheacha bunaithe acu agus tá siad ag teacht le nósanna imeachta measúnaithe seachtracha. Oibríonn córais dhearbhaithe cáilíochta na hÉireann de réir Chaighdeáin agus Treoirlínte na hEorpa um Dhearbhú Cáilíochta; tá ardleibhéal rannpháirtíochta mic léinn i rialachas na gcomhlachtaí dearbhaithe cáilíochta, agus tá rannpháirtíocht idirnáisiúnta i gceist le hathbhreithnithe ar institiúidí agus cláir.

Tá an bhéim go dtí seo á cur ar an bpróiseas dearbhaithe cáilíochta; ba chóir go mbeadh béim ar chaighdeáin ar feadh na hearnála ag cur leis sin amach anseo. D'fhéadfadh cur chuige náisiúnta ar threoirlínte ábhair tarraingt ar thaithí thionscadal an AE "Tuning project" a bhí mar fhóram le pointí tagartha a fhorbairt (curtha in iúl i dtéarmaí torthaí foghlama ionchasacha ) ag leibhéal an réimse ábhair le deich mbliana anuas[87]. I gcomthéacs na hÉireann, ba chóir treoirlínte ábhair a fhorbairt mar infrastruchtúr acadúil tacúil leis an gCreatoibre Cáilíochtaí Náisiúnta. Ba chóir do shaineolaithe ábhair ón bpobal acadúil an obair sin a bhrú chun cinn agus ba chóir do ghníomhaireacht nua Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann í a chomhordú. Ní mór a bheith cúramach a thaispeáint nach gcruthóidh an tionscadal seo córas a bheidh ró-mhaorlathach nó ró-chostasach. Ina theannta sin, ba chóir athbhreithniú cuimsitheach agus neamhspleách a dhéanamh ar an gcóras scrúdaitheora seachtraigh agus ar an gcóras grádaithe níos ginearálta.

## 3.9 Aistriú chuig an obair – socrúcháin oibre agus foghlaim seirbhíse

Tá socrúcháin oibre nó intéirneacht san áireamh in go leor clár fochéime in ard-oideachas na hÉireann cheana féin, ach ba chóir níos mó deiseanna mar sin a chur ar fáil. In Ollscoil Luimnigh, mar shampla, éilítear ar gach mac léinn fochéime, beag beann ar a ndisciplín, ocht mí a chaitheamh ar shocrúchán oibre nó i bhfoghlaim chomhoibritheach.

Cé go bhfuil fianaise ann go mbaineann mic léinn tairbhe as socrúcháin oibre agus go bhfáiltíonn fostóirí ionchasacha rompu, go háirithe sa chás go mbíonn na socrúcháin pleanáilte go maith agus na mic léinn faoi mhaoirseacht agus/nó meantóireacht, bíonn sé deacair uaireanta teacht ar dheiseanna socrúcháin oiriúnacha do líonta móra mac léinn. Bíonn deacracht níos mó ann nuair a bhíonn líon mór mac léinn dara leibhéal agus mic léinn ar chúrsaí éagsúla ag lorg socrúchán freisin.

85 Coimisiún na gComhphobal Eorpach *Tuarascáil ar an dul chun cinn i ndearbhú cáilíochta san ard-oideachas.* An Bhruiséil 21 Meán Fómhair 2009, COM (2009) 487.

86 http://www.ond.vlaanderen.be/hogeronderwijs/bologna/conference/documents/Stocktaking_report_2009_FINAL.pdf

87 *Reference Points for the Design and Delivery of Degree Programmes: EU Tuning Educational Structures in Europe* (Tuning Project) Feabhra. 2009.

Réiteach amháin ar an dúshlán a bhaineann le socrúchán oibre oiriúnach a aimsiú do mhic léinn ná foghlaim seirbhíse. Tá de bhuntáiste aici sin go gcuireann sí deis ar fáil do mhic léinn tabhairt faoi chúrsaí sibhialta chomh maith. Is éard atá i bhfoghlaim seirbhíse straitéis teagaisc agus foghlama a nascann seirbhís phobail bhríoch le treoir agus machnamh, leis an taithí foghlama a shaibhriú, le freagracht shibhialta a mhúineadh agus le pobail a neartú.[88]Baintear úsáid aisti i Stáit Aontaithe Mheiriceá i raon éagsúil suíomhanna, lena n-áirítear scoileanna, ollscoileanna agus eagraíochtaí pobal-bhunaithe. In Éirinn, cuireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, foghlaim seirbhíse chreidiúnaithe san áireamh i roinnt dá cúrsaí fochéime.[89]

Is fiú go mór deiseanna socrúcháin oibre agus foghlama seirbhíse a leathnú thar raon leathan clár ard-oideachais. Sa chás sin, ba chóir mic léinn a spreagadh, nuair is cuí, roinnt ama a chaitheamh i suíomh oibre nó seirbhíse, agus ba chóir dá n-institiúid é sin a aithint go foirmiúil, trí chreidiúnú nó trí iad a chur san áireamh i bhForlíonadh Dioplóma na mac léinn.

## 3.10 Scileanna teagaisc a fhorbairt

Ní leor do dhaoine acadúla a bheith ina saineolaithe ina réimsí disciplíne féin; caithfidh siad fios a bheith acu an tslí is fearr leis an disciplín sin a theagasc chomh maith. Ní mór dóibh tuiscint a bheith acu ar theoiricí foghlama agus fios a bheith acu conas na teoiricí sin a chur i bhfeidhm lena gcleachtas. Caithfidh siad tuiscint a bheith acu ar cad iad na cleachtais teagaisc agus foghlama is fearr a oibríonn do mhic léinn éagsúla i gcásanna éagsúla.

Tá tionscnaimh theagaisc agus fhoghlama spreagúla agus bríomhar in go leor institiúidí ard-oideachais a chuireann stíleanna foghlama mac léinn aonair i ndisciplíní éagsúla san áireamh[90] agus a aithníonn nach bhfuil aon bhealach amháin is fearr chun teagasc san ard-oideachas a dhéanamh.[91] Tá obair mhór luachmhar déanta ag NAIRTL – an tAcadamh Náisiúnta um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama – sa réimse seo trí chleachtais theagaisc taighde-bhunaithe a chur chun cinn i bhforbairt ghairmiúil acadúil. Ní mór leanúint ar aghaidh leis an obair sin agus í a scaipeadh, tacú léi agus í a fhorbairt ag an leibhéal náisiúnta agus institiúide, ionas go bhféadfaidh córas ard-oideachais na hÉireann timpeallacht teagaisc agus foghlama eiseamláireach a chur ar fáil. Ba chóir dea-chleachtas a scaipeadh trí líonraí náisiúnta do theagasc agus d'fhoghlaim a bhunú agus aitheantas a thabhairt don scoth sa teagasc agus sin a bheith mar bhonn taca faoin straitéis d'fhorbairt leanúnach an ard-oideachais.

Caithfidh múinteoirí ag leibhéil eile sa chóras oideachais, ó bhunscoil go dtí breisoideachas, cáilíocht ghairmiúil a bheith acu. Tá dianchaighdeáin iontrálacha ag gairmeacha mar leigheas, fiaclóireacht, dlí agus innealtóireacht agus baineann riachtanas maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach leo. Go hidirnáisiúnta, tá níos mó aitheantais á thabhairt ar an ngá don ard-oideachas caighdeáin chomhchosúla a bhaint amach. Tairiscíonn Caighdeáin agus Treoirlínte na hEorpa um Dhearbhú Cáilíochta treoir thar a bheith soiléir maidir leis sin agus ba chóir dóibh an caighdeán a leagan síos do pholasaí na hÉireann i ndáil leis sin. Cinntíonn siad go mbeidh na hinstitiúidí go léir sásta go bhfuil

88 *What is Service Learning?* ETR Associates ag http://www.servicelearning.org

89 Féach Lorraine McIlrath agus Iain MacLabhrainn (eag.) (2007) *Higher Education and Civic Engagement: International Perspectives* Ashgate Publishing Co.

90 Féach, mar shampla, N. Lyons et al (2002) *Advancing the Scholarship of Teaching and Learning through a Reflective Portfolio Process: the UCC Experience;* A Hyland (2004) *University College Cork as a Learning Organisation;* G. O'Neill, S. Moore & B. McMullin (2005) *Emerging Issues in the Practice of University Learning and Teaching;* T. Barrett et al (2005) *Handbook of Enquiry and Problem-Based Learning: Irish Case Studies and International Perspectives;* Ciara O'Farrell (eag.) (2007) *Teaching Portfolio Practice in Ireland: a Handbook;* B. Higgs and M. McCarthy (2008) *Emerging Issues II: The Changing Roles and Identities of Teachers and Learners in Higher Education;* Norma Ryan NAIRTL 1: J. Murphy agus B. Higgs (2009) *Teaching and Learning in Higher Education: Challenging Assumptions.*

91 Féach, mar shampla, Huber, M.T. & Morreale, S.P. (Eag.) (2002) *Disciplinary Styles in the Scholarship of Teaching and Learning – Exploring Common Ground,* The Carnegie Foundation for the Advancement of Teaching and the American Association for Higher Education.

an fhoireann a bhfuil baint acu le teagasc a thabhairt do mhic léinn cáilithe agus inniúil é sin a dhéanamh, agus, chomh maith leis sin, gur chóir d'institiúidí a chinntiú go gcuireann a nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin foirne modh san áireamh a chinntíonn go bhfuil an bunleibhéal inniúlachta riachtanach ar a laghad ag baill foirne nua. Ba chóir deiseanna a thabhairt don fhoireann teagaisc a gcumas teagaisc a fhorbairt agus a leathnú agus ba chóir iad a spreagadh luach a thabhairt ar a gcuid scileanna. Ba chóir d'institiúidí deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí laga a gcuid scileanna a fheabhsú chuig leibhéal inghlactha agus ba chóir go mbeadh bealach acu chun iad a bhaint óna ndualgais theagaisc más féidir a léiriú go bhfuil siad mí-éifeachtach i gcónaí.

## 3.11 Curaclam iarchéime agus oiliúint PhD

Is díol suntais é an méadú a tháinig ar an oideachas iarchéime le deich mbliana anuas. Tharla sin ar dhá bhealach. An chéad cheann ná gur forbraíodh cúrsaí múinte iarchéime, idir dhioplómaí agus mháistreachtaí, le freastal ar na daoine sin a bhí ag obair agus a bhí ar thóir forbartha gairmiúla breise agus orthu sin a bhí ag lorg scileanna nua agus a raibh cáilíocht fochéime nó a comhionann acu cheana féin. Tagann cúrsaí mar sin faoi scáth na foghlama ar feadh an tsaoil. Féadfaidh forbairt na gcúrsaí sin amach anseo an leas is mó is féidir a bhaint as an tsolúbthacht a chuireann an teicneolaíocht agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar fáil agus ba chóir go mbeadh an méid solúbthachta is mó is féidir maidir leis an tsolúbthacht go léir a bheith mar shaintréith de na cúrsaí sin amach anseo.

Baineann an dara bealach le hoideachas trí thaighde ar féidir a dhéanamh ag leibhéal máistreachta nó PhD. Tá an earnáil seo ag fás go leanúnach agus is dócha go dtiocfaidh tuilleadh éilimh uirthi. Mar gheall ar an ngaol intuigthe agus díreach atá ann idir an cineál oideachais seo agus an taighde, déileofar leis sa chéad chaibidil eile mar chuid den díospóireacht ar thaighde.

## 3.12 Achoimre ar na moltaí

### Teagasc agus foghlaim

**1**

**Ba chóir go mbeadh taithí sármhaith ar theagasc agus ar fhoghlaim, a mbeadh taighde cothrom le dáta mar fhaisnéis acu agus a mbeadh éascaithe ag timpeallacht foghlama ardchaighdeáin, le hacmhainní den scoth, mar leabharlanna, saotharlanna agus saoráidí ríomhfhoghlama, ag mic léinn ard-oideachais.**

**2**

**Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais córais a chur ar bun chun aiseolas a fháil ó mhic léinn, agus an t-aiseolas sin a úsáid mar fhaisnéis ar bhainistiú institiúide agus cláir, chomh maith le mar pholasaí náisiúnta.**

- Ba chóir córas náisiúnta suirbhéanna mac léinn a chur ar bun agus na torthaí a fhoilsiú.
- Ba chóir do gach institiúid ard-oideachais córas cuimsitheach aiseolais gan ainm do mhic léinn a chur ar bun, maille leis na struchtúir lena chinntiú go rachfaí i mbun gnímh go pras mar fhreagra ar chúiseanna imní mac léinn.

**3**

**Ba chóir go mbeadh gach mac léinn ag foghlaim i dtimpeallacht a mbeadh taighde, scoláireacht agus cleachtas agus eolas cothrom le dáta mar fhaisnéis aici.**

- Ba chóir comhghradam a thabhairt do theagasc agus do thaighde. Ba chóir é sin a léiriú ó thaobh leithdháileadh acmhainní, i gcritéir ardaithe céime, agus sa mhéadracht a úsáidtear chun feidhmíocht a mheas ag leibhéal an duine, na hinstitiúide agus an chórais.

**4**

**Ní mór do chóras ard-oideachais na hÉireann leanúint air ag forbairt bealaí soiléire forchéimnithe agus aistrithe, chomh maith le bealaí iontrála neamhthraidisiúnta.**

- Sna blianta amach romhainn, caithfidh solúbthacht agus nuálaíocht a bheith mar thréithe de sheachadadh an ard-oideachais in Éirinn.
- Ba chóir an tacaíocht chéanna, tríd an tsamhail mhaointithe a úsáidtear chun acmhainní a leithdháileadh ar agus lasmuigh d'institiúidí, a thabhairt do gach mac léinn, cibé an mac léinn lánaimseartha, páirtaimseartha, ar an gcampas nó lasmuigh de atá sa mac léinn sin.
- Ba chóir spreagadh a thabhairt do mhic léinn fochéime roinnt ama a chaitheamh i suíomh oibre nó seirbhíse, agus ba chóir aitheantas foirmiúil a thabhairt d'obair den sórt sin trí chreidiúnú nó é a chur san áireamh i bhForlíonadh Dioplóma an mhic léinn.
- Ba chóir go mbeadh bealaí forchéimnithe solúbtha isteach in institiúidí ard-oideachais, lasmuigh díobh agus tharstu.
- Ní mór do gach institiúid ard-oideachais creatoibre náisiúnta le haghaidh aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim roimh ré (RPL) a fhorbairt agus a aithint.

5

**Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais mic léinn céad bliana a ullmhú níos fearr dá dtaithí foghlama, ionas go mbeadh siad in ann tabhairt fúithi go hidirghníomhach.**

- Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais an soláthar clár insealbhaithe agus ullmhúcháin do mhic léinn céad bliana a leathnú.
- Ba chóir d'institiuidí ard-oideachais cúrsaí le bonn leathan, chomh maith le níos mó deiseanna foghlama idir-dhisciplíneacha a thairiscint do mhic léinn a bhíonn sa chéad bhliain dá gcuid staidéar fochéime.

6

**Ba chóir go bhforbródh cláir mhúinte fochéime agus iarchéime araon na scileanna ginearálta a theastaíonn chun caidreamh éifeachtach a dhéanamh sa tsochaí agus san áit oibre.**

- Ba chóir go dtabharfadh oideachas fochéime agus iarchéime aghaidh follasach ar na scileanna ginearálta a theastaíonn chun caidreamh éifeachtach a dhéanamh sa tsochaí agus san áit oibre.
- Agus cúrsaí agus cláir á leagan amach acu, ba chóir d'institiúidí ard-oideachais ailíniú agus cothromaíocht idir torthaí foghlama, oideolaíocht agus measúnú a chinntiú.

7

**I bhfianaise scála an athraithe i dteagasc agus foghlaim atá ar bun in ard-oideachas na hÉireann, caithfear an creatoibre dearbhaithe cáilíochta a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air.**

- Ba chóir treoirlínte ábhair a fhorbairt chun tacú leis an gCreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí. Ba chóir don obair sin a bheith brúite chun cinn ag saineolaithe ábhair ón bpobal acadúil agus a bheith comhordaithe ag an ghníomhaireacht nua Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann.
- Ba chóir tabhairt faoi athbhreithniú iomlán agus cuimsitheach ar an gcóras scrúdaitheora seachtraigh agus ar an gcóras grádaithe níos ginearálta.

8

**Caithfidh na hinstitiúidí ard-oideachais go léir a chinntiú go mbeidh na baill foirne go léir cáilithe agus inniúil i dteagasc agus foghlaim, agus ba chóir dóibh tacú le forbairt agus feabhsú leanúnach ar a gcuid scileanna.**

# 4. Taighde

## Sa chaibidil seo

Déileálann an chaibidil seo leis an dara ceann de na trí ról idirnasctha den ard-oideachas – **taighde**.

Deich mbliana ó shin, rinne an Rialtas sraith cinntí a d'aithin an géarghá le hinfheistíocht a dhéanamh sa taighde d'fhonn dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann a chothabháil. Chinn sé freisin cuid mhór den taighde sin a bhunú in institiúidí ard-oideachais, agus go háirithe sna hollscoileanna. Le blianta beaga anuas, leagadh an treoir do thaighde maidir le tionchar eacnamaíoch amach sa *Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochtaíochta (SSTI) agus cuireadh léi i dTuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochtaíochta.* Forfheidhmíonn an straitéis atá leagtha amach sa cháipéis seo treoir an SSTI agus moltaí an Tascfhórsa Nuálaíochta.

## 4.1 Comhthéacs

Tá an bealach idir infheistíocht sa taighde agus tionchar eacnamaíoch inbhraite casta agus is minic gur bealach indíreach a bhíonn ann. Is féidir rómheastachán a dhéanamh ar na torthaí sa ghearrthéarma agus meastachán faoi bhun a luach a dhéanamh san fhadtéarma dá bharr sin. Féadfaidh argóintí faoi na cineálacha taighde atá le tacú leo, ó chineálacha bunúsacha/bunata, nó dírithe/straitéiseacha, go dtí cinn fheidhmeacha/fhorbartha, eascairt as sin.  Maidir le hÉire, is díol suntais é nár tosaíodh ag déanamh infheistíocht mhór sa taighde go dtí deich mbliana ó shin, agus cé go bhfuil aschuir shoiléire, inaitheanta ag teacht chun cinn cheana féin i ndáil leis an taighde agus le tráchtálú a dhéanamh uirthi, beidh deich mbliana eile i gceist sula bhfeicfear tionchar iomlán na hinfheistíochta. Sa díospóireacht ar an toradh ón infheistíocht, cuirtear béim mhór ar an eolas a chruthaítear agus ar an maoin intleachtúil ar féidir a chainníochtú le húsáid. Cé go bhfuil an méid sin ceart, níor chóir neamhaird a dhéanamh de thábhacht daoine cáilithe leis an úsáid sin a chur i bhfeidhm – is é sin an luach faoi leith atá ag an taighde laistigh den ard-oideachas, agus tugann sé údar iomlán do chinneadh an Rialtais a chuid infheistíochta a dhíriú ar institiúidí ard-oideachais.

Bíonn tionchar díreach ag taighde a dhéantar san ard-oideachas ar fhoirmliú ár gcuid mac léinn. Is léir sin ach go háirithe ag an leibhéal iarchéime, de réir mar a bhíonn mic léinn ag foghlaim ceird an taighde agus ag glacadh páirte i mbrú chun cinn an eolais. Is iad na mic léinn sin a aistreoidh an t-eolas sin chuig an tsochaí i gcoitinne, trí poist agus fiontraíocht a mhúnlú nó mar nuálaíochtaithe sna slite beatha a roghnaíonn siad féin. Bíonn taighde mar bhonn faisnéise don churaclam d'fhochéimithe freisin – féadfaidh paisean agus léargais na foirne acadúla a bhíonn i mbun taighde a bheith mar spreagadh d'fhorbairt phearsanta agus do chruthaitheacht na mac léinn.

D'fhéadfadh taighde i dtimpeallacht ard-oideachais tarraingt ar éagsúlacht mhór disciplíní chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá roimh Éire agus roimh an domhan mór agus d'fhéadfadh réiteach na ndúshlan sin Éire a chur i gcroílár forbairtí idirnáisiúnta. Is rud faoi leith a bhaineann le hinstitiúidí ard-oideachais í an rochtain éasca ar raon leathan disciplíní, agus is ceann dá bpríomhbhuanna í. Mar sin, tá gá infheistíocht chomhuaineach a dhéanamh ar feadh na ndisciplíní le bonn eolais leathan a chruthú, agus i dtéamaí sonracha a chuireann leis an mbonn sin. Téamaí ildisciplíne a bheidh ann, agus bainfidh siad le comhpháirtíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta le hinstitiúidí eile, le tionscal, le gníomhaireachtaí ábhartha eile agus leis an Rialtas.

Ar deireadh, tá ról tábhachtach ag an taighde maidir le bheith mar bhonn faisnéise do thuairimí an phobail. I ndáil leis sin, is foinse críonnachta agus tráchtaireachta neamhspleáiche iad na hinstitiúidí ard-oideachais.

## 4.2 An Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-13

Forbraíodh an Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (SSTI) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na tíre amach anseo, bunaithe ar shraith tuairimí a rinneadh ag an am. Breithníodh go raibh R&D san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus san innealtóireacht ríthábhachtach maidir le fás eacnamaíoch domhanda. Bhí tionscail bunaithe ar S&T, mar ICT, cógaisíocht, aeraspás agus an tionscal uathghluaisneach i measc na bpríomhfhórsaí treallúis ar gheilleagar an domhain leis na blianta anuas[92]. In Éirinn, b'ionann na ceithre earnáil Trealamh Leictreach & Optúil (lena n-áiríonn ICT agus Feistí Liachta), Ceimiceáin & Cógaisíocht, Bia & Deoch, agus na Meáin Chlóite & Taifeadta agus formhór an aschuir déantúsaíochta[93]. Ina dhiaidh sin féin, ní raibh Éire, tír a raibh a geilleagar bunaithe go láidir ar an tionscal ard-teicneolaíochta, ní raibh feidhmíocht ag teacht leis an méid R&D a bhí ar siúl ag gnólachtaí agus ag institiúidí ard-oideachais (HEInna).[94] Leag an SSTI amach an tslí a bhféadfadh taighde nuálaíochtach ardcháilíochta ar eolaíocht, innealtóireacht agus theicneolaíocht, ailínithe leis na príomh-earnálacha déantúsaíochta in Éirinn a bheith mar thoradh ar bhuntáistí eacnamaíochta agus sóisialta don tír ar fad. Féadfaidh na buntáistí sin a bheith ina mbuntáistí eacnamaíocha, mar fhostaíocht a chruthú i dtáirgeadh táirgí ICT agus cuideachtaí tánaisteacha a chruthú san earnáil chógaisíochta, nó féadfaidh siad a bheith ina mbuntáistí níos casta a bhaineann le daonra níos sláintiúla, comhshaol níos fearr, nó tuilleadh feabhais ar chlú na hÉireann san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht, as a thiocfaidh níos mó infheistíochta coigcríche.[95]

Bhí feidhmíocht mhaith ag córas na hÉireann le 10 bliain anuas.

- **Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), ag díriú ar infheistiú i dtaighde ardcháilíochta a bheidh ábhartha do gheilleagar na hÉireann. Feictear an toradh eacnamaíoch ar an infheistíocht seo sna comhoibrithe cuideachta gaolmhara ach go háirithe, go príomha i dtionscadail mar na hIonaid Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta**

---

92 Peter Dicken, *Global Shift: Mapping the Changing Contours of the World Economy,* London : Sage Publications, 2007

93 Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil ar Dhéantúsaíocht, An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta, Forfás, 2008:4.

94 An Grúpa Straitéiseach Fiontair: *Ahead of the Curve, Ireland's Place in the Global Economy,* Forfás, 2004:26.

95 An Straitéis Eolaíochta, Teicneoaíochta agus Nuálaíochta 2006-2013, An Roinn Fiontair, Trádála & Fostaíochta, 2006:8ff.

(CSETanna) agus na Cnuasaigh Taighde Straitéiseacha (SRCanna).[96]

- Tá cultúr de chomhoibriú straitéiseach in institiúidí ard-oideachais cothaithe ag an gClár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI), d'fhonn mais chriticiúil a fhorbairt maidir le gníomhaíocht taighde agus soláthar oideachais thar na ndisciplíní ar fad, go háirithe sna réimsí eolaíochta agus teicneolaíochta ach leis na hEalaíona, na Daonnachtaí agus an Eolaíocht Shóisialta san áireamh chomh maith. Tá go leor samplaí de sin ann, mar shampla *Molecular Medicine Ireland, agus an Integrated Nanoscience Platform for Ireland (INSPIRE)*, a nascann na hinstitiúidí ard-oideachais go léir in Éirinn leis an acmhainneacht taighde idirnáisiúnta is fearr sa naineolaíocht agus sa nainteicneolaíocht, lena n-áirítear an *Centre for Research on Adaptive Nanostructures and Nanodevices (CRANN)* agus an *Tyndall National Institute.* Is sampla é *The Humanities Serving Irish Society (HSIS)* den tslí ar tháinig roinnt institiúidí ar fud na tíre le chéile lena chur ar chumas na ndaonnachtaí a ról san fhorbairt náisiúnta a imirt, lena n-áirítear úsáid a bhaint as cumhacht na teicneolaíochta digití ach go háirithe. Bhí an fógra a thug an Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath le déanaí ar bhunú Comhaontais Nuálaíochta mar thoradh díreach ar an mbéim sa pholasaí ar chomhoibriú institiúide atá ag croílár an PRTLI agus an Chiste Nuálaíochta Straitéiseach.
- In 2008, cuireadh Éire sa chéad fiche tír ar domhan a luaitear, don chéad uair (rangaíodh Éire mar an 36ú tír in 2003).[97]
- Féachann an Eoraip ar an tslí ina bhfuil Éire ag athrú an chláir PhD trí chur chuige níos struchtúrtha agus trí chúrsaí ginearálta chomh maith le cúrsaí a bhaineann go sonrach le disciplíní a chur san áireamh ann mar shlí cheannródaíoch. Tá méadú beagnach faoi thrí tagtha ar an líon daoine a bhfuil PhD acu a fhostaítear sa tionscal, ó 420 in 2001 go dtí 1,179 in 2007.[98]
- Is mór an tarraingt d'infheisteoirí ó thar lear é tiomantas na hÉireann do thaighde eolaíoch agus do chéimithe ar chaighdeán domhanda a sholáthar agus tá sraith comhoibrithe tionscail agus taighde acadúla suntasacha mar thoradh ar an tiomantas sin. Infheistíochtaí R&D a bhí i ndaichead faoin gcéad de na 114 tionscadal nua a chomhaontaigh IDA Ireland in 2007 agus 43 faoin gcéad a bhí ann in 2008. Bhí grúpaí SFI mar thionchar tábhachtach ar aon trian de na hinfheistíochtaí sin ar a laghad in 2008.
- Tá torthaí na hinfheistíochta i dtaighde ag tosú ag teacht chun cinn anois trí na gníomhaíochtaí tráchtálaithe a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo. Tá taighdeoirí ard-oideachais ag cur go mór leis an méadú ar ghníomhaíochtaí tráchtálaithe (faisnéisithe aireagáin, iarratais agus ceaduithe maidir le paitinní, comhaontuithe ceadúnais, seach-chuideachtaí, etc.) a dhéanann na hOifigí Aistrithe Teicneolaíochta a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo san earnáil ard-oideachais.

## 4.3 Tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta (2010)

Tá aidhmeanna an SSTI brúite céim eile chun cinn i dtuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta, a foilsíodh in 2010, tríd an ngá le hathrú mór a dhéanamh ar chumas na hÉireann fiontraíocht agus poist nua a fhorbairt, bunaithe ar an bhfiontraí, agus

96 Áirítear ar shamplaí de na cuideachtaí a bhfuil baint acu le SFI trí na CSETanna agus na SRCanna: Alimentary Health, Amic AB, Analog Devices, Becton Dickinson, Biosurfit, Celtrack, Cisco, Cyntelix, Enfer Technologies, Ericsson, Fidelity, GlaxoSmithKline, Hewlett-Packard, Hospira, IBM, Intel, Inverness Medical Innovations, Lucent Technologies (Bell Labs), Medtronic Vascular, NEC Communications Systems, Nortel, OpenLink, Proctor & Gamble, Robert Bosch, Smith & Nephew, Socowave, Storm Technologies, TDK, agus Xilinx Research Lab.

97 Láidreachtaí taighde in Éirinn: Staidéar biblimeadrachta ar an mbonn taighde poiblí, 2009 HEA Forfás

98 Staitisticí Taighde agus Forbartha in Éirinn, 2009 – sracfhéachaint (2009).

slite níos fearr chun smaointe a aistriú isteach ina dtáirgí agus ina seirbhísí, a leagan amach. Dúirt an tuarascáil go gcaithfidh Éire teacht ar fhoinsí nua de bhuntáiste iomaíoch a sholáthróidh poist inmharthana ardcháilíochta agus fás eacnamaíoch, agus nach bhfuil sé de rogha ann coinneáil leis an ruthag reatha de phoist a chruthú i gcuideachtaí nuálaíochtaíocha a dhíríonn ar onnmhairiú, agus de chuideachtaí mar sin a bhunú. Dúirt sí nach gcruthóidh sin go leor post, nach dtuillfidh sé go leor ioncaim chánaigh agus nach gcinnteoidh sé caighdeán maireachtála dóthanach dár ndaoine san fhadtéarma. Tá na moltaí sa Tuarascáil á gcur i bhfeidhm cheana féin trí ghrúpa feidhmithe Tascfhórsa Nuálaíochta agus áirítear ann tiomantas athnuaite d'infheistíocht in R&D, fócas athnuaite ón ard-oideachas ar chéimithe cruthaitheacha agus fiontraíocha, agus cur chuige níos láidre ar mhaoin intleachtúil a chruthú agus a úsáid.

Ba chóir féachaint ar Thuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta i bhfianaise pholasaí an Rialtais ar Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann (2008), a chuir béim ar an tábhacht lárnach a bhaineann le tógáil ar an gcuid Nuálaíochta nó 'smaointe' den gheilleagar trí chaipiteal daonna a úsáid – eolas, scileanna agus cruthaitheacht na ndaoine – agus trí chumas agus éifeachtacht an chaipitil dhaonna sin smaointe a aistriú isteach ina bpróisis, táirgí agus seirbhísí luachmhara.[99]

## 4.4 Na Chéad Chéimeanna Eile

Tá sé ríthábhachtach dár bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta infheistíocht a dhéanamh i dtaighde ardcháilíochta san ard-oideachas. Tá an ruthag ceart curtha ar bun ag Éirinn. Le deich mbliana anuas, ag tosú ó bhunús an-íseal, chuireamar tús le hacmhainneacht taighde láidir a thógáil. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaimid athnuachan ar ár bhfis do thaighde san ard-oideachas anois, lena chinntiú go gcuirfidh infheistíocht a rinneadh cheana agus a dhéanfar amach anseo ar bhealach inbhraite le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann amach anseo. Ionas go n-imreoidh an t-ard-oideachas a ról maidir le dúshláin a chomhlíonadh sna blianta amach romhainn, ní mór dá chuid taighde na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **A bheith ar chaighdeán idirnáisiúnta, le bonn leathan taighde agus scoláireachta thar raon leathan disciplíní. Cinnteoidh sin beogacht chóras ard-oideachais na hÉireann, cuirfidh sé teagasc agus foghlaim chun cinn, agus cuirfidh sé le cumas na hÉireann tabhairt faoi dhúshláin chasta mhóra agus bheaga.**
- **Acmhainní tosaíochta breise a dhíriú ar líon níos lú dúshlán i réimsí atá tábhachtach ó thaobh na straitéise de, a bhféadfaimid aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach agus a bhféadfaimid difríocht a dhéanamh maidir leo. Ba chóir tosaíocht a thabhairt do réimsí taighde lena mbaineann an poitéinseal is mó do thorthaí eacnamaíochta agus sóisialta náisiúnta agus a mbeidh comhpháirtíocht thar dhisciplíní, thar na heolaíochtaí agus na daonnachtaí, thar institiúidí, agus le tionscal agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, mar shaintréith acu. Cuimseoidh taighde mar sin an speictream iomlán, de ghnáth, ó bhunúsach go feidhmeach, agus cruthóidh sé céimithe ard-oilte agus maoin intleachtúil a mbeidh an dá cheann acu sin mar bhonn d'fhiontair nua, nó do nuálaíocht laistigh d'fhiontar atá ann cheana féin.**
- **Ba chóir go mbeadh taighdeoirí in Éirinn nasctha le taighdeoirí ceannródaíocha go hidirnáisiúnta, sna réimsí tosaíochta sin. Tá sin ag teacht leis an moladh i gcreatoibre Tosaíochtaí Infheistíochta Infrastruchtúir an Rialtais gur chóir céimeanna breise a thógáil lena chinntiú go gcaithfear infheistíocht ar thaighde bunúsach ar thionscadail atá ar chaighdeán domhanda go soiléir, agus a fhéadfaidh taighdeoirí**

99 *Fiontraíocht Éireann,* Tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta, Márta 2010.

idirnáisiúnta ar an gcaighdeán is airde is féidir a mhealladh.

- Na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta a chuimsiú, chomh maith leis an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitc a chuimsiú. Tugann taighde sna healaíona, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta (AHSS) aghaidh ar réimsí lena mbaineann tábhacht bhunúsach don tsochaí – réimsí a mbíonn tionchar acu ar fhiontar, ar chruthú post agus ar pholasaí poiblí. I gcomhthéacs na hÉireann, déanann na disciplíní staidéar ar luachanna agus cleachtais atá lárnach dár bhféiniúlacht náisiúnta, dár mbraistint orainn féin, agus don tslí a ndéanaimid dul chun cinn mar shochaí. Tá siad tábhachtach mar threallús do nuálaíocht eacnamaíoch agus shóisialta, cuireann siad na bealaí ina mbainistítear agus ina bhforbraítear an geilleagar chun cinn, agus déanann siad moltaí faoin tslí a fhéadfaidh daoine caidreamh agus rannpháirtíocht a dhéanamh leis an tsochaí. Áirítear ar shamplaí coincréiteacha de thionchar sóisialta agus eacnamaíoch an taighde san AHSS na taibhealaíona, na tionscail chruthaitheacha, seirbhísí airgeadais agus turasóireacht.
- Nascadh le fiontar agus leis an tsochaí ar bhealaí nua agus nuálaíochtacha le leas a bhaint as poitéinseal an eolais nua ar mhaithe le folláine eacnamaíoch agus shóisialta. Ní mór don ard-oideachas seasamh a thabhairt dó féin mar imreoir lárnach maidir le cultúr nuálaíochta na hÉireann a fhorbairt.
- Saintréith de mhais chriticiúil a bheith aige laistigh d'institiúidí agus a bheith feabhsaithe trí chomhoibriú.
- Ba chóir go mbeadh san áireamh ann gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta thar an raon iomlán gníomhaíochtaí nuálaíochta ó taighde bunúsach go taighde feidhmeach, go dtí gníomhaíochtaí forbartha agus comhairliúcháin, agus ba chóir d'institiúidí luach a thabhairt orthu sin go léir.
- Ba chóir go bhfaigheadh sé tacaíocht ó pholasaithe agus rialacháin a chabhróidh go hiomlán le Maoin Intleachtúil a ghabhadh, a chosaint agus a úsáid, agus a chabhróidh go hiomlán le hiomaíochas níos fearr.

## 4.5 Tosaíocht do Thaighde Ard-Oideachais

Tá méadú tagtha ar chaiteachas comhlán na hÉireann ar E&D (GERD) mar chéatadán den GNP ó 1.41 faoin gcéad in 1998 go dtí 1.68 faoin gcéad measta in 2008[100] agus tá sé ag éirí gar do mheánmhéid an EU-27. Mar chuid de chlár oibre Liospóin, rinne Éire tiomantas 2.5 faoin gcéad den GNP a infheistiú in R&D faoi 2013; mhéadaigh an Clár Rialtais reatha an tiomantas sin do 3 faoin gcéad den GNP.

D'ainneoin an brú ar airgead poiblí a bheidh ann amach anseo, beidh sé ríthábhachtach an tiomantas sin ó thaobh infheistíocht a dhéanamh in R&D a chomhlíonadh ar mhaithe le folláine na tíre amach anseo. Leagtar pleananna infheistíochta an Rialtais maidir leis sin amach sa cháipéis a foilsíodh le déanaí, Tosaíochtaí Infheistíochta Infrastruchtúir 2010-2016.

### Leanúint d'acmhainneacht taighde a thógáil

Ba chóir d'institiúidí acmhainneacht taighde a chothabháil thar réimse leathan na ndisciplíní, le bheith mar bhonn faisnéise don teagasc agus le hardán a chinntiú do thaighde láidir i réimsí tosaíochta straitéiseacha. Ba chóir taighde ildisciplíneach, agus go háirithe tionscnaimh a nascann an AHSS agus STEM, a spreagadh. Ba chóir do gach ball foirne acadúil a mbíonn baint ghníomhach acu le taighde tabhairt faoin teagasc fochéime go huathoibríoch, agus ba chóir do na taighdeoirí acadúla is sinsearaí tabhairt faoin teagasc tosaigh. Cinnteoidh sin go

100 *Research and Development Statistics in Ireland 2009 – At a Glance*, Forfás, 2009:11.

léireofar spreagúlacht an taighde do mhic léinn fochéime sna disciplíní go léir ón tús. A mhéid is mó is féidir, ba chóir deiseanna a chur ar fáil do gach ball foirne taighde tabhairt faoin teagasc, a fhad agus a chuirfear le taithí foghlama na mac léinn.

Ag teacht le moltaí ón Tascfhórsa Nuálaíochta agus ón gComhairle Eolaíochta Chomhairleach, ba chóir slí bheatha shoiléir a bhunú do thaighdeoirí a fhorbraíonn a gcuid buanna agus a thugann luach saothair iomchuí dóibh.

## Ról agus suntasacht an oideachais agus na hoiliúna dochtúireachta

Sa bhliain 2004, mhol athbhreithniú an OECD ar an Ard-Oideachas d'Éirinn a haschur céimithe dochtúireachta a dhúblú. Tá an moladh sin brúite ar aghaidh ag an SSTI. An tráth sin, ba 125 a bhí sa líon céimithe dochtúireachta in aghaidh an mhilliún duine in Éirinn, go maith faoin líon a bhí ag iomaitheoirí, mar an Fhionlann (363), an Ríocht Aontaithe (239) agus an Ghearmáin (280). Leag an SSTI spriocanna amach leis an líon céimeanna PhD a bhaintear amach a mhéadú, ó 730 in 2005 go dtí 1,312 in 2013, le hEolaíocht agus Innealtóireacht, ha hEalaíona, na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta le bheith san áireamh.

Tá an dúblú, go héifeachtach, ar an aschur céimeanna dochtúireachta mar chuid de straitéis le foirne taighde ar chaighdeán domhanda a chruthú, le heolas nua agus nuálaíochtacha nua a chruthú, agus le soláthar céimithe a mbeadh oiliúint agus oideachas orthu a chur ar fáil do na hearnálacha eacnamaíochta go léir.

Tá an t-éileamh ar chéimithe dochtúireachta ag méadú agus ciallaíonn comhlíonadh an éilimh sin go mbíonn éifeacht chun athraithe ar chumas agus ar thoilteanas earnálacha éagsúla den gheilleagar dul i mbun taighde agus forbartha. Tá méadú beagnach faoi thrí tagtha ar an líon céimithe dochtúireachta atá ag obair i dtaighde agus i bhforbairt san earnáil phríobháideach idir 2001 agus 2007, ó 420 go dtí 1,191.[101]

Thacaigh tionscnaimh a d'eascair as an SSTI leis an straitéis oideachais dochtúireachta agus leis an ngluaiseacht chuig PhDanna struchtúrtha. Tá moladh déanta ag an gComhairle Chomhairleach Eolaíochta, Teicneolaíochta & Nuálaíochta gur chóir do chláir PhD struchtúrtha cur le tuiscint na mac léinn ar a ndisciplíní agus eolas domhain a fhorbairt ar chur chuigí, teicnící agus modhanna taighde atá ríthábhachtach do luach na PhDanna d'fhiontar[102]. Tá cur chuigí comhchosúla á nglacadh ar fud na hEorpa agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tugann rannpháirtíocht agus rannchuidiú ard-oideachais na hÉireann i ndáil le tionscnaimh Eorpacha trí na Cláir Chreata Oibre, bonn faisnéise dár gcleachtas agus tacaíocht airgeadais dúinn i gcónaí.

Chuir bunú Líonra Déan Ollscoile Staidéar Céimithe roinnt blianta ó shin luas faoin ngluaiseacht chuig PhDanna struchtúrtha. Tá Ráiteas ar Scileanna Céimithe PhD curtha amach ag an Líonra a leagann na tréithe ar chóir do chéimithe PhD a bheith acu amach. Áirítear orthu sin saineolas taighde agus raon scileanna agus inniúlachtaí ginearálta agus inaistrithe. Bhí tionchar ag an ráiteas sin i ndáil le forbairtí Eorpacha níos leithne sa réimse oideachais Dochtúireachta.

Chomh maith leis an ngné inniúlachta, tá na codanna seo a leanas den PhD struchtúrtha curtha ar bun: ionduchtú foirmiúil, monatóireacht ar an dul chun cinn trí phainéil chomhairleacha agus mhaoirseachta, athbhreithnithe rialta ar riachtanais forbartha ghairmiúla, socrúcháin nuair is cuí sin agus rochtain, de réir riachtanas aonair, ar dheiseanna forbartha scileanna araíonachta agus ginearálta.

Tá na forbairtí sin leagtha amach lena chinntiú go mbeidh céimithe dochtúireachta infhostaithe go forleathan sa gheilleagar, ina ndisciplín féin agus ina earnálacha agus rólanna nach mbaineann go díreach lena

101 CSO-Forfás, *Business and expenditure on research and development,* 2007-2008.

102 *Ról na PhDanna sa Gheilleagar Cliste , an Chomhairle Chomhairleach Eolaíochta,* Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Forfás, 2009:52.

gcúlra acadúil. Tá sin ag teacht leis an mbéim ar Chaipiteal Daonna san SSTI agus sa phlean do Gheilleagar Cliste. Dhearbhaigh tuarascáil a scríobh lucht sinsearach tionscail agus acadúil i SAM le déanaí, atá ag leagan an clár oibre do thodhchaí an oideachais chéimithe i SAM amach, gurb é táirge deiridh an oideachais chéimithe ná oibrí eolasach, táirgiúil agus nuálaíoch.[103]

Ag tógáil ar na forbairtí sin, caithfear creatoibre don oideachas PhD a bhunú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach thar na n-institiúidí ard-oideachais go léir a chuireann oideachas den sórt sin ar fáil. Ní mór dó na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha go léir a chomhlíonadh nó a shárú d'fhonn clú bhranda an PhD Éireannigh a chothabháil. Leanfaidh as sin comhdhlúthú agus comhoibriú níos fearr i measc soláthróirí, agus tairiscintí níos láidre do mhic léinn.

## Sreabhadh eolas isteach san ard-oideachas agus amach uaidh

Ba chóir go mbeadh institiúidí a thugann faoin taighde agus a dhéanann idirghníomhú éifeachtach le fiontar agus leis an tsochaí laistigh de chóras nuálaíochta oscailte mar shaintréith ag ard-oideachas na hÉireann.

Tá gá le teacht ar bhealaí nua le hacmhainneacht taighde agus nuálaíochta an ard-oideachais a nascadh le riachtanais na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha. Le naisc mar sin a chur chun cinn, ba chóir meicníochtaí a cheapadh le gluaiseacht foirne idir an t-ard-oideachas agus na hearnálacha fiontair agus poiblí a éascú. Bheadh gluaiseacht mar sin chun leasa an dá thaobh: bhainfeadh an tionscal agus an earnáil phoiblí leas as an eolas nua agus an tuiscint theoiriciúil a forbraíodh sa chóras oideachais agus taighde, bhainfeadh an t-oideachas leas as an gcumas praiticiúil agus as na srianta sna hearnálacha fiontair agus poiblí.

Mar atá molta ag an Tascfhórsa Nuálaíochta, ba chóir clár a chur ar bun le daoine acadúla, ar mian leo a gcuid saineolais a chur ar fáil do chuideachtaí nuálaíochtacha nó d'eagraíochtaí earnála poiblí trí thréimhsí lánaimseartha nó páirt-aimseartha ar iasacht ar feadh suas le sé mhí ag aon am amháin, a éascú.[104] Ba chóir caidreamh daoine acadúla le comhairliúchán a éascú mar chuid dá ngnáth-dhualgais sa chás gur chun leasa frithpháirtigh don duine, don institiúid agus don tsochaí é sin.

D'fhonn leibhéal comhoibrithe níos éifeachtaí le fiontar a chinntiú, ba chóir do ghníomhaireachtaí maoinithe agus d'institiúidí ard-oideachais meicníochtaí athbhreithnithe sofaisticiúla, méadracht feidhmíochta agus critéir chur chun cinn a fhorbairt, chun comhghradam a chinntiú do mhisin taighde idirdhealaithe ar feadh disciplíní agus ar feadh cineálacha gníomhaíochtaí taighde agus nuála, lena n-áirítear aistriú eolais agus tráchtálú.

## Torthaí tráchtála ó thaighde a mhaoinítear go poiblí

Príomhghné de gheilleagair eolas-bhunaithe ná a gcumas eolas ón mbonn taighde a aistriú isteach i dtáirgí chun leasa eacnamaíoch agus sóisialta. Tá sin ag brath ar phróiseas aistrithe teicneolaíochta éifeachtach ón earnáil ard-oideachais, agus ar thaighde comhoibríoch idir an tionscal agus an lucht acadúil.[105]

Tá ceisteanna faoi mhaoin intleachtúil (IP) agus faoi thráchtálú R&D faoi urraíocht an Stáit breithnithe ag an Tascfhórsa Nuálaíochta, a rinne roinnt moltaí mar a leagtar amach thíos[106], agus atá mar ábhar d'athbhreithniú a d'fhoilsigh Forfás le déanaí.[107] Léiríonn an t-athbhreithniú seo go bhfuil polasaithe agus treoirlínte na hÉireann don IP ag teacht le deachleachtas idirnáisiúnta, agus go bhfuil an córas do thráchtálú IP ó na hinstitiúidí ard-oideachais ag déanamh dul chun cinn láidir. Fuair sé freisin go raibh bearta náisiúnta,

103 US council of Graduate Schools, *The path forward*, lch. 35.

104 Fiontraíocht Éireann, Tuarascáil ón Tascfhórsa Nuálaíochta, Márta 2010, lch. 37

105 *Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann, Tuarascáil chuig an gCoiste Idir-Rannach ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht,* Forfás, 2004: 16.

106 *Fiontraíocht Éireann,* Tuarascáil ón Tascfhórsa Nuálaíochta, Márta 2010, lch. 39.

107 *Review of Supports for Exploitation of Intellectual Property from Higher Education Research*, Aibreán 2010, Forfás.

mar shampla Tionscnamh Tacaíochta Aistrithe Teicneolaíochta Fhiontar Éireann (TTSI), cé go raibh sé sách nua agus ag forbairt fós, ag feidhmiú go maith agus gur léirigh siad luach maith ar airgead. Tá tuilleadh feabhsúchán ag teastáil, áfach, le hinmharthanacht agus cáilíocht torthaí a chinntiú.

Ba chóir go mbeadh an toradh comhlán don gheilleagar, agus ní an toradh don institiúid nó na hinstitiúidí ard-oideachais lena mbaineann agus sin amháin, mar an bpríomhghné den chinneadh faoin tslí a ndéanfar IP ó thaighde a mhaoinítear go poiblí a thráchtálú. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh spreagadh ag na taighdeoirí lena mbaineann, leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre.

Ba chóir cur níos mó leis na próisis thráchtálaithe trí phrótacal IP náisiúnta a fhorbairt, chomh maith le struchtúir arna gcomhaontú le tráchtálú IP tapa ó na hinstitiúidí ard-oideachais go léir a éascú.

Ní mór d'institiúidí ard-oideachais a aithint gur gnéithe tábhachtacha dá misean agus gur cuid dá bhfreagrachtaí sóisialta iad aistriú eolais agus tráchtálú. Ba chóir dóibh díriú ar eolas a scaoileadh lena úsáid ag daoine eile a mbeadh an saineolas agus an acmhainneacht acu é sin a dhéanamh, seachas iarracht a dhéanamh úsáid a bhaint as iad féin. Ba chóir aistriú eolais a neadú mar fhachtóir i meastacháin fheidhmíochta, arduithe céime agus polasaithe earcaíochta.

## Éagsúlacht mhisin institiúide

Agus córas taighde inmharthana agus freagrúil á thógáil aici, teastaíonn sraith éagsúil institiúidí ard-oideachais a bhfuil misin thaighde dhifriúla acu ó Éirinn.

Ba chóir do chuid dár n-institiúidí ard-oideachais a bheith ag díriú go han-mhór ar an taighde; ba chóir do chuid eile a bheith ag díriú beagnach go hiomlán ar an teagasc. Maidir leis an gcéad cheann thuas, ba chóir d'fhormhór mór na foirne acadúla a bheidh gníomhach agus táirgiúil ó thaobh an taighde de; sa dara ceann thuas ba chóir go mbeadh an fhoireann acadúil go léir ar an eolas go hiomlán faoi na forbairtí is déanaí ó thaobh na scoláireachta de lena chinntiú go mbeidh a gcuid teagaisc ábhartha agus cothrom le dáta. D'áireofaí sa speictream idir an dá thaobh sin institiúidí lena mbainfeadh an scoth ó thaobh taighde de i ndisciplíní áirithe agus sin amháin.

Cé go bhféadfaidh idir ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta a bheith gníomhach thar an raon gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, ba chóir go mbeadh béim éagsúil ag an dá cheann. Cé go mbeifear ag súil go mbainfidh na hinstitiúidí go léir an leas is fearr is féidir as tionchar a ngníomhaíochtaí ar chúrsaí gnó, ar an earnáil phoiblí agus ar an bpobal níos leithne, ba chóir d'ollscoileanna speisialtacht a bhaint amach i dtaighde bunúsach agus feidhmeach, agus ba chóir d'institiúidí teicneolaíochta díriú níos mó ar thaighde feidhmeach agus ar fhorbairt níos gaire don mhargadh agus ar thacaíocht fiontair, le gné tacaíochta réigiúnach chriticiúil. Tá sin ag teacht go ginearálta le moladh an OECD ina cháipéis *Review of Higher Education in Ireland* gur chóir do mhisin thaighde na n-ollscoileanna agus na n-institiúidí teicneolaíochta a bheith éagsúil óna chéile ach comhlántach lena chéile.

Ba chóir d'ollscoileanna agus d'institiúidí teicneolaíochta comhoibriú le chéile ar thaighde sa chás go gcinnteodh an comhoibriú sin an toradh is mó is féidir don tsochaí ón infheistíocht phoiblí.

## Maoiniú do thaighde

Beidh ar mhaoiniú do thaighde na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Taighde thar raon leathan disciplíní a chumasú;**
- **A chinntiú go bhforbróidh Éire i réimsí nideoga sonracha ar sheasamh domhanda;**
- **Tacú le taighde thar an raon iomlán gníomhaíochtaí nuálaíochta, ó thaighde bunúsach ar aghaidh;**
- **Dreasachtaí do thaighde tras-dhisciplíneach a thairiscint;**

- **Sreabhadh eolais oscailte a spreagadh, trí theagasc fochéime agus iarchéime, trí idirghníomhaíochtaí comhoibríocha oscailte le fiontar agus leis an tsochaí, trí fhoilseacháin, agus trí thorthaí taighde a thráchtálú; agus**
- **Sraith méadrachta shoiléir a bheith aige, chomh maith le córas gaolmhar chun sonraí a bhailiú, trína fhéadfar monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, luach ar airgead agus tionchar.**

Leis sin a chumasaú, ba chóir na struchtúir reatha le taighde a mhaoiniú a athchóiriú[108], d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Sruthanna maoinithe a chomhdhlúthú agus comhordú a fheabhsú leis an luach is fearr is féidir ar airgead a sheachadadh;**
- **A chinntiú go mbeidh meicníochtaí maoinithe an rialtais don taighde ag teacht le gach sruth maoinithe eile de chuid an rialtais don ard-oideachas;**
- **A chinntiú go mbeidh bealach maoinithe aitheanta agus príomh-ghníomhaireacht fhreagrach amháin, a mbeidh tacaíochtaí tráchtálaithe mar bhonn taca dó, ag taighde; agus**
- **A chinntiú go méadófar an taighde a dhíríonn ar dheiseanna tosaíochta aitheanta don tionscal in Éirinn.**

Tá cur i bhfeidhm na moltaí sin brúite chun cinn cheana féin trí chinntí a rinne an Rialtas le déanaí maidir le sruthanna maoinithe taighde áirithe a chomhdhlúthú agus freagracht as maoiniú an PRTLI a aistriú chuig an Aire Fiontair, Trádála & Nuálaíochta.

Teastaíonn socruithe tras-Rialtais maidir le tosaíochtaí a leagan amach agus cinntí a dhéanamh, d'fhonn maoiniú taighde a chomhordú go héifeachtach. Féadfar iad sin a thógáil ar mheicníochtaí atá ann cheana féin. Cinnteoidh siad go mbeidh gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta na n-institiúidí ard-oideachais lánpháirtithe go maith lena gcuid gníomhaíochtaí teagaisc fochéime agus iarchéime.

De bharr gur ghné lárnach i misin na n-institiúidí ard-oideachais é an taighde, tá tionchar tábhachtach ag na gníomhaireachtaí maoinithe taighde ar ghníomhaíochtaí foriomlána na n-institiúidí. Caithfidh na socruithe comhordaithe a bheith sách láidir lena chinntiú go mbeidh polasaithe comhleanúnach agus soiléir agus go seachnófar tionchair nach bhfuil beartaithe. Maidir leis sin, ba chóir don Choiste Comh-Aireachta Eolaíochta, Teicneolaíochta & Nuálaíochta leanúint air ag déanamh maoirseachta leis an soiléire riachtanach ag an leibhéal straitéiseach a chinntiú.

Beidh comhshocruithe le haghaidh cinnteoireachta riachtanach freisin ag an leibhéal oibríochta, trí phrótacail agus próisis chomhaontaithe lena mbaineann na príomhghníomhaireachtaí, go háirithe idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an HEA.

108 Cuireann an méid seo a leanas leis na moltaí ar struchtúir mhaoinithe do thaighde a rinneadh i bhFiontraíocht Éireann, Tuarascáil ón Tascfhórsa Nuálaíochta, Márta 2010.

## 4.6 Taighde: Achoimre ar na moltaí

### Taighde

9

**Ba chóir an infheistíocht i dTaighde & Forbairt (R&D) a mhéadú.**

- Ba chóir an infheistíocht sa sprioc R&D a mhéadú go dtí 3 faoin gcéad den GDP, ag teacht leis an gClár Athnuaite don Rialtas, agus le tuarascáil an Tascfhórsa Nuála, a mholann fráma ama do sheachadadh infheistíochta in SSTI nuashonraithe don tréimhse 2014-2020.

10

**Ba chóir réimse níos leithne, soghluaisteacht níos fearr agus níos mó deiseanna gairme a thabhairt do ról an taighdeora.**

- Ba chóir slí beatha shoiléir a bhunú do thaighdeoirí a fhorbraíonn a gcuid buanna agus a thugann luach saothair iomchuí dóibh.
- I dteannta na foirne a bhíonn gníomhach i dtaighde agus a bhíonn rannpháirteach go hiomlán sa teagasc fochéime, ba chóir deiseanna a thabhairt do thaighdeoirí a bheith rannpháirteach i dteagasc mar mhaoirseoireacht saotharlainne agus ranganna teagaisc, nuair is féidir sin.
- Ba chóir soghluaisteacht foirne níos fearr a éascú idir ard-oideachas ar thaobh amháin agus fiontar agus an tseirbhís phoiblí ar an taobh eile, chun sreabhadh eolais a chur chun cinn agus chun buntáiste a bhaint as an tsaineolas laistigh den ard-oideachas chun leasa na sochaí agus an gheilleagair. D'fheadfadh sin tarlú trí thréimhsí lánaimseartha nó páirt-aimseartha ar iasacht ar feadh suas le sé mhí ag an am, nó trí chomhairliúchán ag lucht acadúil, sa chás go mbeadh sin chun comhleasa an duine aonair, na hinstitiúide agus na sochaí.
- D'fhonn leibhéal comhoibrithe níos éifeachtaí le fiontar a chinntiú, ba chóir do ghníomhaireachtaí maoinithe agus institiúidí ard-oideachais meicníochtaí athbhreithnithe, méadracht feidhmíochta agus critéir chur chun cinn a fhorbairt, chun comhghradam a chinntiú do mhisin taighde idirdhealaithe ar feadh disciplíní agus ar feadh cineálacha gníomhaíochtaí taighde agus nuála, lena n-áirítear aistriú eolais agus tráchtálú.

11

**Ba chóir creatoibre cáilíochta comhleanúnach d'oideachas PhD na hÉireann a fhorbairt, a mbeadh bunaithe ar mhais chriticiúil.**

- Ba chóir creatoibre éilitheach a chomhlíonann nó a sháraíonn caighdeáin idirnáisiúnta d'oideachas PhD a fheidhmiú go comhleanúnach ar feadh na n-institiúidí ard-oideachais go léir, mar bhonn taca riachtanach do bhranda PhD na hÉireann. Ba chóir go leanfadh as sin comhdhlúthú agus comhoibriú níos fearr i measc soláthróirí, agus tairiscintí níos láidre do mhic léinn.

12

**Ba chóir tosaíocht a thabhairt do mhaoiniú taighde poiblí agus ba chóir go ndéanfaí comhordú níos fearr air, le córais éifeachtacha fadbhreathnaitheachta, athbhreithnithe agus tomhais feidhmíochta mar bhonn taca dó**

- Ba chóir tacú le taighde ar feadh na ndisciplíní go léir, le bheith mar fhaisnéis ag teagasc agus le hardán do thaighde láidir i réimsí tosaíochta straitéise a chinntiú.
- Ba chóir go mbeadh maoiniú taighde saindírithe bunaithe ar chleachtaí socraithe tosaíochta náisiúnta. Aithníonn cleachtaí mar sin roinnt réimsí téamacha a mbeidh Éire ábalta an scoth a bhaint amach iontu, tionchar a imirt go hidirnáisiúnta agus torthaí eacnamaíochta agus sóisialta a uasmhéadú. Ba chóir athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar thosaíochtaí lena chinntiú go bhfanfaidh córas taighde na hÉireann freagrúil do na timpeallachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag athrú.
- Agus tosaíochtaí á roghnú, ba chóir aird faoi leith a thabhairt ar na deiseanna do thaighde a chuimseodh AHSS agus STEM.
- Ba chóir athchóiriú a dhéanamh ar struchtúir chun maoiniú taighde a sheachadadh d'fhonn:
    - maoiniú a chomhordú go hiomlán ar feadh na ngníomhaireachtaí rialtais go léir;
    - a chinntiú go mbeidh bealach maoinithe aitheanta agus príomh-ghníomhaireacht fhreagrach amháin, a mbeidh tacaíochtaí tráchtálaithe mar bhonn taca dó, ag taighde maoinithe; agus
    - cothromaíocht a chinntiú idir cineálacha éagsúla taighde, ó thaighde bunúsach go dtí taighde straitéise agus feidhmithe, agus ó imscrúdaitheoir amháin go dtí foirne móra ildhisciplíneacha a oibríonn i gcomhpháirtíocht le himreoirí ábhartha eile.

13

**Ba chóir aistriú eolais a neadú níos fearr i ngníomhaíocht institiúide agus luach saothair dá réir a thabhairt. Ba chóir go dtabharfadh tráchtálú maoine intleachtúla ó thaighde a mhaoinítear go poiblí toradh comhlán don gheilleagar.**

- Ba chóir prótacal náisiúnta IP a fhorbairt agus struchtúir a chomhaontú le tráchtálú tapa an IP ó na hinstitiúidí ard-oideachais go léir a éascú.

# 5. Caidreamh a dhéanamh leis an tsochaí níos leithne

## Sa chaibidil seo

Déileálann an chaibidil seo leis an tríú ceann de na trí ról idirnasctha den ard-oideachas – caidreamh a dhéanamh leis an tsochaí níos leithne.

Go simplí, is éard a chiallaíonn caidreamh freagrachtaí sibhialta a ghlacadh agus comhoibriú le riachtanais an phobail a dhéanann an t-ard-oideachas a chothabháil – lena n-áirítear gnó, an córas oideachais níos leithne, agus an earnáil phobail agus dheonach.

Ciallaíonn caidreamh a dhéanamh leis an tsochaí tuiscint ar luach an neamhspleáchais a bhíonn ag an ard-oideachas, agus cur le díospóireacht phoiblí níos leithne ar réimsí saineolais faoi leith.

## 5.1 Cad atá i gceist againn le 'caidreamh'?

Is iomaí bealach a mbíonn caidreamh ag an ard-oideachais leis an tsochaí. Áirítear orthu sin caidreamh le gnó agus tionscal, le saol sibhialta an phobail, le polasaí agus cleachtas poiblí, leis an saol ealaíon, cultúir agus spóirt, agus le soláthróirí oideachais eile sa phobal agus sa réigiún, agus áirítear orthu béim atá ag éirí níos mó ar chaidreamh idirnáisiúnta.[109] Ciallaíonn nádúr ilghnéitheach go leor de na dúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus shibhialta go dteastaíonn cur chuigí ildisciplíneacha uathu, agus tá seasamh iontach faoi leith ag institiúidí ard-oideachais iad sin a threorú, a fhorbairt agus a fheidhmiú, i gcomhar le daoine eile.

Thug na scoláireachtaí idirghníomhacha fionnachtana, teagaisc, caidrimh agus lánpháirtithe, a mhol Ernest Boyer in 1990[110], léargas an-dinimiciúil ar nádúr na scoláireachta, ceann a leathnaigh ról agus freagrachtaí an ard-oideachais sa tsochaí. Comhfhreagraíonn sin go maith leis an mbéim ar ghaolta eolais comhoibríocha sa litríocht níos déanaí ar éiceachórais nuálaíochta náisiúnta. Tá sé ag teacht freisin leis an smaointeoireacht reatha ar athnuachan an mhisin ard-oideachais, ina dtugann an institiúid an fhreagracht uirthi féin as beogacht eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha agus as folláine an phobail.[111]

### Ceannaireacht intleachtúil agus tuairim údarásach

Ní mór dúinn cuimhneamh ar an gcaidreamh níos leithne a fhéadfaidh an t-ard-oideachas a thabhairt don phobal, chomh maith. Áirítear air sin ceannaireacht intleachtúil agus tuairim údarásach a thabhairt thar raon disciplíní acadúla, na healaíona agus réimsí díospóireachta poiblí. Tá líon mór daoine ag obair inár n-institiúidí ard-oideachais a dhéanann rannchuidiú an-luachmhar leis an bpobal

109 Weber, L.E., Duderstadt, J.J. (Eag.), 2010, *University Research for Innovation*, Economica, Glion Colloquium Series Uimh. 6, lch. 350.

110 Boyer, E.L. (1990). *Scholarship Reconsidered. Priorities of the Professoriate.* Princeton: The Carnegie Foundation for the Advancement of Teaching.

111 Tugtar sampla maith de sin ag Arizona State University i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Féach Crow, M. (2009), The Research University as Comprehensive Knowledge Enterprise: A Prototype for a New American University, in *University Research for Innovation,* Weber, L.E. & Duderstadt, J.J. (Eag.), Economica, Glion Colloquium Series Uimh. 6.

agus leis an saol sóisialta níos leithne; áirítear orthu sin:

- **Eolaithe a bhfuil dea-chlú sna réimsí sin bainte amach acu ar fud an domhain agus atá in ann argóintí críonna agus mealltacha, bunaithe ar shaibhreas eolais, a chur i láthair;**
- **Scríbhneoirí, ealaíontóirí agus ceoltóirí a chuir a gcruthaitheacht thorthúil go mór lenár dtuiscint ar an domhan;**
- **Sainchleachtóirí sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, atá in ann sinn a spreagadh le tuairimí gríosaitheacha agus sólás a thabhairt dúinn le hargóintí dea-chumtha.**

Tá an neamhspleáchas intleachtúil a chaithfidh a bheith mar bhonn taca don iarrachta acadúil – an saoirse smaointeoireacht, cumadh agus cumarsáid a dhéanamh – mar chuid lárnach do chumas an lucht acadúil caidreamh a dhéanamh leis an bpobal ar na bealaí sin.

### Oibriú le riachtanais phobail, réigiúin agus fhiontair

Sna blianta amach romhainn, déanfaidh institiúidí ard-oideachais caidreamh leis na pobail a mbíonn siad ag freastal orthu ar bhealach níos nasctha – ag aithint riachtanais phobail, réigiúin agus fhiontair agus ag tabhairt freagra gníomhach orthu. Tá cuid mhór le déanamh ag an leibhéal institiúide agus réigiúnda leis na bealaí is oiriúnaí agus is praiticiúla a fhéadfar caidreamh bríoch a dhéanamh a chur in iúl. Téann an misean caidrimh an-mhaith le leathnú na foghlama solúbtha, cur chun cinn socrúcháin oibre agus uas-sciliú, agus baint níos dlúithe a bheith ag geallsealbhoirí seachtracha i leagan amach curaclaim; agus cuirtear leis freisin ag príomh-athchóirithe sna misin teagaisc agus foghlama.

Brúitear misean caidrimh an ard-oideachais ar aghaidh ag tiomantais taighde maidir le cur leis an sreabhadh eolais idir an t-ard-oideachas agus fiontar agus an tsochaí, agus ag an mbéim atá ag fás ar chur i bhfeidhm an eolais ar mhaithe le tionchar sóisialta agus eacnamaíoch. Ina theannta sin, cuireann an cur chuige nua ar Mhaoin Intleachtúil (IP) atá mar bhonn taca don phrótacal náisiúnta IP a mhol an Tascfhórsa Nuálaíochta béim ar nuálaíocht oscailte agus ar luach níos fadtéarmaí a chruthú don phobal níos leithne agus don gheilleagar. Tá sin ag teacht leis an athnuachan caidrimh a mholtar anseo agus leis an téama nuálaíochta trí idirghníomhú a ritheann trí thuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta.[112]

## 5.2 Caidreamh a dhéanamh le fiontar

Tá deis ag caidreamh láidir idir an t-ard-oideachas agus fiontar ról ríthábhachtach a imirt in iomaíochas eacnamaíoch na hÉireann a fheabhsú.[113] Caithfidh nuálaíocht a bheith mar threallús faoi chaidreamh den sórt sin: nuálaíocht i dteagasc, foghlaim agus taighde ón ard-oideachas; agus nuálaíocht maidir le leas a bhaint as deiseanna foghlama ón bpobal gnó. In go leor cásanna, tá dlúthchaidreamh forbartha ag institiúidí ard-oideachais le gnó agus le tionscal. Ní mar sin a bhíonn sé i gcónaí agus tugann aighneachtaí ó ionadaithe gnó agus fiontair chuig an nGrúpa Straitéise le tuiscint go bhféadfadh institiúidí ard-oideachais a bheith níos dinimiciúla agus níos comhtháite ina gcur chuigí ar chomhoibriú.

Tá roinnt samplaí de dheachleachtas in ard-oideachas na hÉireann aimsithe ag na tionscadail Oideachas san Fhostaíocht (EIE) agus Léarscáil do Chomhpháirtíocht Fostaíochta-Acadúil (REAP). Chuir an dá tionscadal béim, áfach, ar an easpa ceannaireachta comhordaithe ar chomhpháirtíocht sheachtrach agus ar chaidreamh thar an raon gníomhaíochtaí i ngach institiúid chomhpháirtíochta acadúil. Cuireann an obair a tosaíodh faoi EIE agus faoi REAP[114] béim ar an bpoitéinseal atá ag

112 *Fiontraíocht Éireann,* Tuarascáil ón Tascfhórsa Nuálaíochta, Márta 2010.

113 Tá an nasc sin aitheanta ag Straitéis an Gheilleagair Chliste agus ag an Tascfhórsa Nuálaíochta, i measc daoine eile.

114 Is éard atá sa tionscadal Oideachas san Fhostaíocht agus sa Chomhpháirtíocht Léarscáil do Chomhpháirtíocht Fostaíochta-Acadúil dhá thionscadal faoi mhaoiniú

cur chuigí comhoibríocha lenár dtuiscint ar chomhpháirtíocht gnó-acadúla a bhrú chun cinn. Tá an gá le hathrú institiúde, mar a chonacthas i gcáipéis straitéise ar chaidreamh a chuir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) amach le déanaí, a aithníonn gá soiléir le céannacht aonair a chruthú do CIT mar 'institiúid faoi chaidreamh' agus le tacú le samhail sheirbhíse ó thús deiridh agus í a shruthlíniú – samhail a dhéanfadh riachtanais régiúnacha a aithint go forghníomhach agus a sheachadfadh freagra comhordaithe ón Institiúid maidir leo.[115]

## Nádúr an chaidrimh

Réimsíonn na gníomhaíochtaí ar féidir a bhrú chun cinn i gcomhpháirtíochtaí gnó-acadúla ó aistriú eolais agus comhthionscadail taighde a chruthú go dtí oideachas agus oiliúint d'fhostaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil, chomh maith le seirbhísí réiteach fadhbanna agus comhairliúcháin. Féadfaidh comhpháirtíochtaí fostóireachta-acadúla intéirneachtaí ardcháilíochta agus socrúcháin oibre do mhic léinn a éascú agus féadfaidh siad a bheith an-úsáideach mar bhealach le haiseolas ó fhostóirí maidir le hinfhostaitheacht céimithe a chumasú, agus maidir le hionchar an fhostóra i leagan amach agus forbairt an churaclaim, chomh maith le soláthar cúrsaí, a éascú.

Is iomaí buntáiste atá ag Éirinn i dtéarmaí an dea-chaidrimh idir an t-ard-oideachas agus fiontar ag na leibhéil is airde agus cumasaíonn méid beag thír na hÉireann idirghníomhaíocht neamhfhoirmiúil a dhéanamh go minic. Mar shampla, d'oibrigh ionadaithe tionscail agus acadúla i gcomhpháirtíocht leis an gcreatoibre polasaí náisiúnta a fhorbairt timpeall ar an straitéis nuálaíochta agus leis an tuarascáil seo a fhorbairt. Príomh-thosaíocht go luath amach anseo ná cur leis an gcaidreamh ardleibhéil sin trí chaidreamh dhá-bhealach níos rialta agus níos forghníomhaí ag an leibhéal oibríochta agus go háirithe maidir le cnuasaigh réigiúnacha. Tá poitéinseal suntasach ann d'institiúidí ard-oideachais tionchar a imirt ar iomaíochas náisiúnta agus réigiúnach agus ról lárnach a imirt maidir le cnuasaigh agus líonraí tionscail a fhorbairt.

## 5.3 Caidreamh leis an bpobal

Áirítear ar naisc idir institiúidí ard-oideachais agus a bpobail áitiúla gníomhaíochtaí oideachais, cultúrtha, spóirt agus sibhialta, chomh maith le tacaíocht do ghníomhaíochtaí forbartha na Gaeilge. Sna blianta atá amach romhainn, déanfar na naisc sin a neartú, a leathnú agus a dhéanamh níos foirmiúla, agus aithneofar iad mar chuid de mhisean straitéiseach na hinstitiúide (sa chás nach amhlaidh atá cúrsaí cheana féin).

Tá tábhacht faoi leith ag an ngaol idir an institiúid agus an pobal i gcomhthéacs tuilleadh cothroime san ard-oideachas a chur chun cinn agus a bhaint amach. Cuireann níos mó caidrimh agus comhpháirtíochta idir institiúidí ard-oideachais agus grúpaí pobail agus deonacha deis mhór le cur chun cinn cothroime agus forbartha pobail a bhaint amach, agus le nuálaíocht shóisialta a bhrú chun cinn. Bíonn straitéisí oideachais phobail thar a bheith éifeachtach ó thaobh for-rochtain a dhéanamh le mic léinn neamhthraidisiúnta agus tá sin leagtha amach go speisialta chun acmhainní a thógáil agus a chothabháil laistigh de phobail.[116] Féadfaidh comhpháirtíochtaí le grúpaí pobail cur le cruthú samhalacha chaidreamh pobail acadúil a dhéanann comhpháirtíochtaí pobail acadúla le hathrú cultúrtha agus sóisialta fadtéarmach a chruthú.[117] Áirítear ar shamplaí de shárchleachtas i gcomhthéacs

---

Nuálaíochta Straitéise atá faoi threoir ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Is éard atá in EIE, tionscadal a dhíríonn ar dheiseanna oideachais agus dul chun cinn ábhartha do dhaoine fostaithe agus bealaí rochtana a chur ar fáil don mhac léinn neamhthraidisiúnta. Is éard atá in REAP tionscadal comhoibríoch a bhaineann le hochtar comhpháirtithe HEI le taighde, forbairt agus bailíochtú a dhéanamh ar shamhail chomhpháirtíochta idir fostóirí agus HEIanna.

115 CIT (2010) *Campus Extension Centre & Framework - Proposals for a Centre for the development, support and marketing of CIT's external services,* lch.3.

116 Féach an Roinn Oideachais & Eolaíochta, (2000), *Foghlaim ar Feadh an tSaoil – Páipéar Bán maidir le hOideachas Aosach.*

117 Avila, M. (2010) Community Organizing Practices in Academia: A model, and Stories of Partnerships in *Journal of Higher Education Outreach and Engagement,* Eagrán 14, Uimhir 2.

na hÉireann baint ghníomhach na n-institiúidí i gCuibhreannas na Sionainne[118] le hathnuachan Luimnigh, baint Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le hathnuachan Bhaile Munna agus Clár Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath maidir le Naisc Phobail.

## 5.4 Caidreamh le soláthróirí oideachais agus oiliúna eile

Ar feadh na leibhéal éagsúla oideachais agus oiliúna, tá gá, atá aitheanta go soiléir, le tuilleadh cur chuigí pobal-bhunaithe agus le níos mó comhordaithe idir institiúidí agus earnálacha. Ní mór do sheirbhísí a bheith níos oiriúnaí agus níos freagrúlaí go háitiúil. Tá sin amhlaidh go háirithe i gcás na nasc idir ard-oideachas, scoileanna, breisoideachas agus soláthróirí oiliúna agus an pobal níos leithne, áit a bhfuil i bhfad níos mó béime anois ar na prionsabail comhpháirtíochta, cumhachtaithe, rannpháirtíochta agus tógáil acmhainneachta.[119]

Is ionann an céimí is toradh an chórais oideachais agus caithfidh na scileanna agus na hinniúlachtaí a chothaítear agus a fhorbraítear ag na leibhéil éagsúla den oideachas tógáil ar a chéile. Leis sin a bhaint amach éileofar tuilleadh comhordaithe ar feadh an chórais oideachais go léir; agus cabhróidh sin, ina sheal féin, le straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don 'fhoghlaim go léir' maidir le foghlaim fhorghníomhach, forbairt ghairmiúil leanúnach agus iomaíochas eacnamaíoch. Tá ról le himirt freisin ag caidreamh níos fearr a bheith ag an ard-oideachas le réimsí eile den chóras oideachais, maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna réigiúnacha.

118 Is éard atá i gCuibhreannas na Sionainne comhghuaillíocht idir UL, LIT, MIC agus IT Thrá Lí, arna maoiniú tríd an gCiste Nuálaíochta Straitéiseach.

119 HEA (2008) *National Plan for Equity of Access to Higher Education*.

## 5.5 Caidreamh mar chroíghné misin

I gcaitheamh na mblianta, tá raon leathan gníomhaíochtaí caidrimh déanta ag institiúidí ard-oideachais, ach ní raibh sé chomh comhordaithe agus a d'fhéadfadh sé a bheith, agus ní mór sin a fhorbairt níos láidre mar chroíghné de mhisean an ard-oideachais in Éirinn amach anseo. Ní mór d'institiúidí ard-oideachais cáilíocht agus déine a nasc leis na pobail agus réigiúin ar a bhfreastalaíonn siad a dhoimhniú, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhféadfaidh teacht chun cinn smaointe nua faisnéisiú níos fearr a dhéanamh d'fhorbairt phobail agus réigiúnda. Féadfaidh athnuachan ar scoláireacht faoi chaidreamh i misean an ard-oideachais cabhrú le poitéinseal an oideachais maidir le hathrú a dhéanamh ag an leibhéal pobail, réigiúnda agus náisiúnta a spreagadh.

Tá argóint déanta ag an Ollamh John Goddard go bhfuil dualgas sibhialta ag na hinstitiúidí ard-oideachas go léir atá maoinithe ag airgead poiblí caidreamh a dhéanamh leis an tsochaí níos leithne ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuigí ar feadh institiúidí:

> *Engagement has to be an institution wide commitment, not confined to individual academics or projects. It has to embrace teaching as well as research, students as well as academics, and the full range of support services. All universities need to develop strategies to guide their engagement with wider society, to manage themselves accordingly and to work with external partners to gauge their success.* [120]

Is téama a thagann aníos arís is arís eile sa litríocht is déanaí ar chaidreamh á dhéanamh ag institiúidí ard-oideachais í an ghluaiseacht ó ghníomhaíocht phíosa ar phíosa nó gníomhaíocht aonair go dtí sraith idirghabhálacha faoi threallús ag misin

120 Goddard, J. (2009) *Reinventing the Civic University, Provocation* 12: Meán Fómhair 2009, NESTA, lch.4..

le tacú le caidreamh sibhialta[121]. Beidh éagsúlacht ann i leibhéal agus i nádúr an chaidrimh i measc institiúidí de réir a misin stairiúla, a láidreachtaí acadúla, a gcultúr ó thaobh na scoláireachta de agus a gcuid acmhainní agus inniúlachtaí eolais.

## Oiriúnaitheach go hinmheánach; freagrúil go seachtrach

Ní mór d'institiúidí a bheith oiriúnaitheach go hinmheánach le bheith freagrúil go seachtrach, agus éileoidh caidreamh láidir leis an bpobal níos leithne na nithe seo a leanas:

- **Ceannaireacht institiúide láidir;**
- **Athrú ar chultúr agus ar phróisis ghnó inmheánacha na n-institiúidí; agus**
- **An tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí caidrimh a aithint maidir le leithdháiltí acmhainní, critéir chur chun cinn agus sa mhéadracht arna húsáid chun dul chun cinn a mheas ag an leibhéal institiúide, réigiúnda agus náisiúnta.**

Tá buntáistí suntasacha d'institiúidí as caidreamh níos mó a dhéanamh leis an bpobal níos leithne, ina measc ardán a bhunú le fiontraíocht shóisialta, shibhialta agus eacnamaíochta a bhrú chun cinn. Baineann na buntáistí sóisialta agus eacnamaíochta níos leithne le hoiriúnú na sochaí do dhushláin chasta a éascú.[122]

Ní mór d'institiúidí ard-oideachais a bheith neadaithe níos dlúithe i gcomhthéacs sóisialta agus eacnamaíoch na bpobal ina gcónaíonn siad agus ar a bhfreastalaíonn siad. Trí sin a bhaint amach, cabhrófar leo a bheith níos ábharthaí agus níos freagrúlaí, agus cuirfear lena n-éagsúlacht agus lena sainiúlacht mar institiúidí.[123] Tá sin tábhachtach ach go háirithe i gcomhthéacs na hÉireann áit a bhfuil éagsúlacht misin mar phríomhláidreacht an ard-oideachais.

121 Bringle, R.G., Hatcher, J.A., agus Holland, B. (2007). Conceptualizing civic engagement: Orchestrating change at a metropolitan university, *Metropolitan Universities*, 18(3), 57-74.

122 Féach Crow, M. (2009), The Research University as Comprehensive Knowledge Enterprise: A Prototype for a New American University, in *University Research for Innovation,* Weber, L.E. & Duderstadt, J.J. (eag.), Economica, Glion Colloquium Series, Uimh. 6.

123 Féach Holland, B.A. (2005) *Scholarship and Mission in the 21st Century University: The Role of Engagement*.

## 5.6 Achoimre ar na moltaí

### Caidreamh a dhéanamh leis an tsochaí níos leithne

**14**

**Ní mór do chaidreamh leis an bpobal níos leithne a bheith neadaithe níos daingne i misin na n-insititiúidí ard-oideachais. D'fhonn é sin a bhaint amach, beidh ar na hinstitiúidí ard-oideachais dul i mbun na ngníomhartha seo a leanas:**

- Níos mó soghluaisteachta isteach agus amach i measc ball foirne agus mac léinn idir institiúidí ard-oideachais, gnó, tionscal, na gairmeacha agus an pobal níos leithne.
- Freagra dearfach a thabhairt ar riachtanais forbartha ghairmiúla an phobail níos leithne chun modúil agus cláir oiriúnacha a fhorbairt agus a sheachadadh ar bhealach solúbtha agus freagrúil.
- Aitheantas a thabhairt do chaidreamh sibhialta a gcuid mac léinn trí chreidiúniú clár, nuair is cuí sin.
- Struchtúir agus nósanna imeachta a chur ar bun a chuirfidh fáilte roimh rannpháirtíocht an phobail níos leithne, lena n-áireofar dearadh agus athchóiriú clár, agus a spreagfaidh sin.

I dteannta na ngníomhartha sin, ba chóir don HEA tabhairt faoi shuirbhéanna náisiúnta ar bhonn rialta agus iad a úsáid mar chuid de mheasúnú ar thorthaí cáilíochta don chóras.

# 6. An t-ard-oideachas a idirnáisiúnú

## Sa chaibidil seo

Déalálann an chaibidil seo leis an ngné idirnáisiúnta den ard-oideachas. Ar fud an domhain, tá institiúidí ard-oideachais ag comhoibriú thar theorainneacha náisiúnta, tá mic léinn i mbun a gcuid staidéir, nó cuid de, i dtíortha éagsúla, agus tá foireann taighde agus teagaisc ag aistriú go buan nó go sealadach idir institiúidí.

Ní mór d'institiúidí caidreamh a dhéanamh le mic léinn idirnáisiúnta ar bhealaí cruthaitheacha agus dearfacha. Ba chóir dóibh leas a bhaint freisin as na deiseanna le taithí a gcuid mac léinn, forbairt a gcuid foirne agus a gcuid oibre taighde a shaibhriú, trí chomhoibriú agus obair i gcomhar le hinstitiúidí comhlántacha i dtíortha eile.

Ní mór d'institiúidí Éireannacha na deiseanna a chuireann an treocht sin i dtreo an t-ard-oideachas a idirnáisiúnú, treocht atá ag fás, a ghlacadh.

## 6.1 Comhthéacs

Tá fás tagtha ar an éileamh ar an ard-oideachas ag ráta an-ard[124] agus níl a leithéid de rud agus teorainn ag eolas agus ag smaointe i ndomhan idirnasctha:

- **Bíonn léargas domhanda ag baill foirne, mic léinn agus taighdeoirí éirimiúla, agus téann siad ar imirce chuig na deiseanna is fearr;**
- **Tá líon mac léinn atá ag fás i mbun staidéir taobh amuigh dá dtíortha féin;**[125]
- **Tá comhpháirtíochtaí agus comhoibriú trasteorann ag athrú an bealach a oibríonn institiúidí, agus ag déanamh ath-shainmhíniú ar nádúr an tseachadta; agus**
- **Féachtar ar thaithí idirnáisiúnta agus ar shaineolas idir-chultúrtha mar chroí-inniúlachtaí do chéimithe i ngeilleagar atá faoi threallús ag onnmhairiú agus bunaithe ar nuálaíocht.**

124 Thaifead UNESCO méadú ó 101 milliún mac léinn san oideachas treasach ar fud an domhain in 2000 go dtí 152.5 milliún in 2007. Foinse: *Global Education Digest,* UNESCO (2009)

125 Mheas UNESCO go raibh 2.8 milliún mac léinn idirnáisiúnta ann in 2009; Foinse: *Global Education Digest,* UNESCO (2009).

Tá tuiscint ar uaillmhian agus ar scála á n-ath-shainmhíniú de réir mar a chuireann geilleagair dhomhanda atá ag teacht chun cinn béim níos mó ar an ard-oideachas: tá rollú de na céadta míle ag roinnt institiúidí agus tá dearlaicí ar féidir leo a bheith chomh hard leis na billiún euro ag cinn eile, institiúidí nua san áireamh. Tá an t-oideachas tras-náisiúnta ag éirí níos tábhachtaí, agus tá sé bunaithe ar nuálacha mar champais brainse, ríomhfhoghlaim/cianfhoghlaim, agus comhchláir chéimithe – i roinnt tíortha tá sin níos tábhachtaí anois ná mic léinn idirnáisiúnta a mhúineadh ar champais bhaile.[126]

Sin é an stáitse ar a n-oibríonn institiúidí ard-oideachais na hÉireann agus is léir go n-éilíonn sé cur chuige straitéiseach ar idirnáisiúnú agus ar chaidreamh domhanda. Maidir leis sin, tá sé ríthábhachtach go mbeidh tuiscint ar an idirnáisiúnú in ard-oideachas na hÉireann sa chomhthéacs is leithne atá aige, agus ní ó thaobh cruthú ioncaim agus sin amháin.

126 *Transnational education in the European context – provision, approaches and policies* Academic Cooperation Association thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh, Iúil 2008.

## 6.2 Cad atá i gceist leis an ard-oideachas a idirnáisiúnú

Tá idirnáisiúnú san ard-oideachas ilghnéitheach agus cuimsíonn sé raon cleachtas agus gníomhaíochtaí a bhfuil impleachtaí acu d'institiúidí na hÉireann go ginearálta. Sa chiall is leithne atá aige, áirítear ar idirnáisiúnú:

- **Níos mó mac léinn idirnáisiúnta a mhealladh isteach go hÉireann;**
- **A dhéanamh níos éasca do bhaill foirne agus do mhic léinn Éireannacha staidéar a dhéanamh agus dul i mbun obair thaighde thar lear;**
- **Ceann scríbe tarraingteach a dhéanamh d'Éire do bhaill foirne éirimiúla ó thar lear;**
- **Níos mó nasc comhoibríoch institiúide agus taighde a bhunú;**
- **Curaclaim a idirnáisiúnú;**
- **Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhaint na hÉireann le hoideachas tras-náisiúnta (cláir acadúla Éireannacha a sheachadadh thar lear agus institiúidí a bhfuil nasc le hÉire acu a bhunú taobh amuigh d'Éirinn); agus**
- **Cur le forbairt thar lear agus a bheith rannpháirteach i gcláir AE agus i dtionscnaimh iltaobhacha mar phróiseas Bologna.**

## 6.3 Na buntáistí a bhaineann le hidirnáisiúnú níos fearr

Tá go leor de na buntaistí a fhaigheann institiúidí ard-oideachais ó níos mó idirnáisiúnaithe, lena n-áirítear tallann nua a mhealladh, taithí na foirne a mhéadú, comhoibriú taighde a éascú agus éagsúlú sruthanna maoinithe, aitheanta ag an OECD.[127]

127 OECD (2008) *Tertiary Education for the Knowledge Society (Volume 2: Special features: Equity, Innovation, Labour Market, Internationalisation ).*

Tugann mic léinn ó thar lear a bheith ann gné idirnáisiúnta do champas, agus cruthaíonn sé dinimic ina bhféadfaidh mic léinn ón mbaile agus ó thar lear foghlaim óna chéile agus spreagadh a thabhairt dá chéile agus cur go frithpháirteach lena dtaithí foghlama. Féadfaidh mic léinn Éireannacha sochar a bhaint as nochtadh do chultúir eile, ó na curaclaim feabhasaithe a bhíonn mar thoradh ar idirghníomhaíocht níos fearr idir lucht acadúil na hÉireann agus a bpiaraí idirnáisiúnta, agus ó dheiseanna níos fearr chun staidéar a dhéanamh thar lear iad féin.

### Buntáistí sa bhaile agus thar lear

Ón taobh náisiúnta de, is féidir féachaint ar oideachas idirnáisiúnta mar infheistíocht i naisc domhanda na hÉireann.  Is geilleagar Eorpach beag agus oscailte sinn a mbraitheann ár saibhreas go bunúsach ar thionscal faoi threallús na nuálaíochta agus ar onnmhairí.  Tá ról ríthábhachtach le himirt ag an gcóras ard-oideachais maidir le próifíl idirnáisiúnta na hÉireann a chur chun cinn, le naisc straitéiseacha a chruthú le compháirtithe thar lear, le ceangail le diaspóra na hÉireann a threisiú, agus le líonra domhanda tionchair nua a fhorbairt i measc alumni a fuair a gcuid oideachais in Éirinn, a bhfeidhmeoidh mar lucht molta agus mar ghníomhairí do leas na hÉireann in áiteanna sa domhan nach raibh naisc láidre againn leo, go traidisiúnta. Féadfaidh sé a bheith mar chuid ríthábhachtach do 'chumhacht bhog' na hÉireann maidir le cultúr agus luachanna na hÉireann a chur in iúl don domhan mór.

Sa bhaile, d'fhéadfadh idirnáisiúnú cur le forbairt daonra a mbeidh taithí idirnáisiúnta acu, agus a bheidh cumasach agus oilte go hidir-chultúrtha, chomh maith le hinstitiúidí poiblí agus príobháideacha a bheidh dírithe ar an ardán idirnáisiúnta, réidh do chaidreamh den sórt sin agus tarraingteach do thallann dhomhanda. Ó dhearcadh níos leithne, tá ról le himirt aige maidir le cur le forbairt eolais agus saineolais i dtíortha comhpháirtí agus maidir le forbairt, síocháin agus saibhreas idirnáisiúnta a chothú.

An rud is tábhachtaí ar fad, b'fhéidir, ná gur féidir leis an taithí oideachais idirnáisiúnta

tionchar ollmhór agus bunathraitheach a imirt ar na mic léinn lena mbaineann. In go leor cásanna, déanann teaghlaigh na mac léinn idirnáisiúnta an infheistíocht is mó ina saolta, ar an tuiscint agus ar an ionchas go gcuirfidh oideachas thar lear go mór le forbairt phearsanta agus ghairmiúil na gcéimithe, agus, go ríthábhachtach, le slite beatha na gcéimithe.

### Buntáistí na hÉireann

Tá láidreachtaí uathúla ag Éire a bhféadfadh buntáiste iomaíoch a thabhairt dúinn a bheith mar ionad oideachais idirnáisiúnta ceannródaíoch. Is tír bheag, shábháilte agus chairdiúil atá ionainn. Aithnítear ár ndaoine as láidreachtaí i nuáil, i gcruthaitheacht agus i gcomhoibriú. Is ball den Aontas Eorpach sinn agus tá naisc dhomhanda fairsinge againn trínár ndiaspóra. Labhraítear Béarla sa tír sin againne agus tá oidhreacht chultúrtha faoi leith againn. Tá córas oideachais a bhfuil stair fhada de chaidreamh idirnáisiúnta aige agus a bhfuil meas air ar fud an domhain.

## 6.4 Timpeallacht domhanda dúshlanach agus iomaíoch

Tá dian-iomaíocht ann maidir le mic léinn idirnáisiúnta éirimiúla a mhealladh agus le comhpháirtíochtaí a bheadh tairbheach don dá pháirtí a fhorbairt le hinstitiúidí thar lear a bhfuil rangú domhanda agus meas domhanda orthu. Táthar ag déanamh athbhreithniú in go leor tíortha ar na teilgin dhóchasacha faoi fhás i soghluaisteacht dhomhanda mhic léinn idirnáisiúnta, agus mar thoradh air sin, ar na polasaithe a bhunaítear go príomha ar líon mór mac léinn ó thar lear a earcú.[128]

Anuas air sin, tá níos mó agus níos mó tíortha ag iarraidh mic léinn idirnáisiúnta a earcú; agus tá tíortha a sheol líon mór mac léinn thar lear go traidisiúnta ag iarraidh a n-acmhainneacht dhúchasach a fhorbairt anois, i roinnt cásanna trí chomhpháirtíochtaí trasteorann a bhunú le hinstitiúidí ard-oideachais seanbhunaithe. Tá an buntáiste dúchasach a bhí ag Éirinn maidir le hoideachas i mBéarla a bheith againn á maolú anois ag an bhfás atá tagtha ar fud an domhain ar an mBéarla mar mheán oideachais. De réir agus a bhíonn deiseanna ardcháilíochta ar fáil do mhic léinn ina dtíortha féin agus ina réigiúin féin, tá siad ag cinneadh níos mó agus níos mó ar an staidéar a dhéanamh níos gaire don bhaile.

## 6.5 An deis atá ann d'Éirinn

Le go mbainfidh Éire an leas is mó is féidir as ár mbuntáistí dúchasacha, beidh gá le tiomantas láidir ón Rialtas agus ó na hinstitiúidí ard-oideachais, le forbairt a dhéanamh ar institiúidí ard-oideachais a mbeidh dírithe ar an domhan mór agus a mbeidh iomaíoch go hidirnáisiúnta, agus le polasaithe agus cur chuigí náisiúnta nua.

Caithfidh idirnáisiúnú ard-oideachais na hÉireann tarlú mar chuid de phróiseas fadtéarmach agus inmharthana, bunaithe ar chaidreamh ardcháilíochta, iomlánaíoch agus cothromaithe le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Tá go leor fianaise i dtíortha eile ar an damáiste a fhéadtar a dhéanamh do chlú tíre nuair nach dtugtar go leor tacaíochta do thiomantais d'idirnáisiúnú trí ghníomhartha pleanála agus feidhmithe iomchuí.

Tá Grúpa Ardleibhéil ar an Oideachas Idirnáisiúnta bunaithe ag an Rialtas le cur chuige náisiúnta na hÉireann ar an idirnáisiúnú a chomhordú. Tá an Grúpa Ardleibhéil freagrach as straitéis chúig bliana[129] a leagann na bearta is gá leo le hidirnáisiúnú sholáthróirí ard-oideachais na hÉireann a fheabhsú agus le clú na hÉireann mar ionad ardcháilíochta oideachais idirnáisiúnta a dhaingniú, amach.

128 Féach mar shampla: Bone, D: *Internationalisation of UK Higher Education: a Ten-Year View* (tuarascáil do Roinn Nuálaíochta, Ollscoileanna agus Scileanna na Ríochta Aontaithe), Samhain 2008; Bradley, D. (Cathaoirleach) & Painéal Saineolaithe, *Review of Australian Higher Education System*, 2008.

129 *Infheistíocht i Naisc Domhanda: Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann* 2010-2015, An Roinn Oideachais & Scileanna.

### Tábhacht na comhpháirtíochta idir an Rialtas agus na hinstitiúidí

Éilíonn idirnáisiúnú comhpháirtíocht láidir idir an Rialtas agus an córas ard-oideachais, agus áirítear air sin:

- **Fís chomhchoiteann do chuspóirí náisiúnta an idirnáisiúnaithe agus comhaontas ar chomhordú agus ar úsáid acmhainní agus na comhghníomhartha a theastaíonn leis na spriocanna sin a bhaint amach;**
- **Polasaithe uile-Rialtais a thacóidh le hidirnáisiúnú, lena n-áireofar polasaithe láidre agus iomaíocha maidir le víosaí, inimirce agus rochtain ar an margadh saothair;**
- **Cur chuige comhroinnte ar ghaolta a fhorbairt le raon tíortha agus in earnálacha lena mbaineann tábhacht straitéiseach d'Éirinn;**
- **Córas dearbhaithe cáilíochta (lena n-áireofar Marc Cáilíochta) a fhorbairt le dearbhú ar chúram tréadach do mhic léinn idirnáisiúnta a thabhairt – le cur leis na próisis dhearbhaithe cáilíochta acadúla; agus**
- **Branda oideachais náisiúnta láidir a chruthú le feasacht a ardú faoi cháilíocht na hÉireann agus a hinstitiúidí ard-oideachais.**

## 6.6 Institiúidí a bhíonn dírithe ar an domhan mór agus iomaíoch go hidirnáisiúnta

Éilíonn idirnáisiúnú éifeachtach laistigh d'institiúidí fís a chur in iúl, cuspóirí agus spriocanna a shainaithint, ceannaireacht ag leibhéal sinsearach, caidreamh ar fud na heagraíochta agus struchtúir fheidhmithe iomchuí. Ba chóir iad sin a leagan amach i straitéis institiúide a bhreithníonn idirnáisiúnú agus caidreamh domhanda ón dearcadh is leithne is féidir. Beidh éagsúlacht ann i nádúr agus i leibhéal an idirnáisiúnaithe ag brath ar mhisean foriomlán agus spriocanna straitéiseacha gach institiúide, ach beidh air tarlú laistigh de chreatoibre straitéiseach soiléir.

D'fhéadfadh buntáiste a bheith ann d'iomaíochas sa réimse idirnáisiúnta, agus d'acmhainneacht caidrimh dhomhanda, mar thoradh ar oiriúnuithe agus athchóiriú institiúide. Áirítear orthu sin baill foirne a lonnú ar bhealach níos solúbtha, cohórt foirne níos éagsúla agus a mbeadh taithí idirnáisiúnta acu, úsáid níos déine a bhaint as acmhainní, úsáid níos mó a bhaint as modhanna seachadta nuálaíocha (mar ríomh-fhoghlaim), athruithe ar struchtúir chláir (lena n-áirítear seimeastrú iomlán agus cláir don bhliain fhéilire iomlán) agus níos mó seachadta clár thar lear (mar shampla in institiúidí thar lear a mbeadh nasctha le hÉirinn nó á riaradh ag Éirinn).

### Soghluaisteacht amach bhaill foirne agus mhic léinn na hÉireann

Ba chóir go mbeadh soghluaisteacht amach bhaill foirne agus mhic léinn na hÉireann san áireamh i bpróiseas idirnáisiúnaithe cothromaithe agus inmharthana. Féachtar níos mó agus níos mó air sin mar chuid ionchasach de chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus, de réir mar a leagfaidh fostóirí níos mó agus níos mó luach ar thaithí idirnáisiúnta agus ar shaineolas idir-chultúrtha, is dócha go n-éireoidh an poitéinseal do dheiseanna soghluaisteachta níos tábhachtaí agus rogha á dhéanamh ag mic léinn.

Ceann de na gnéithe a bhain le rannpháirtíocht na hÉireann sa scéim Erasmus ná an drogall a bhíonn ar mhic léinn na hÉireann leas a bhaint as deiseanna an chláir. Ba chóir don HEA na cúiseanna a bhaineann leis an drogall sin a scrúdú agus roinnt bearta chun deireadh a chur leis a thabhairt chun cinn.

### Curaclaim a idirnáisiúnú

Is cuid ríthábhachtach eile den phróiseas idirnáisiúnaithe é idirnáisiúnú curaclam. Chomh maith le cláir a dhéanamh níos ábharthaí do mhic léinn idirnáisiúnta, cuireann sé modh ríthábhachtach ar fáil le feasacht domhanda gach mic léinn a ardú. D'fhéadfadh codanna soghluaisteachta nasctha le torthaí foghlama sonracha agus baint amach cáilíochtaí, creidmheasanna agus/nó taithí ghairmiúil a bheith san áireamh le curaclaim idirnáisiúnaithe. D'fhéadfadh tacaíocht agus maoiniú institiúide a bheith ag teastáil ó bhaill foirne acadúla le curaclaim a idirnáisiúnú.

## 6.7 Lánpháirtiú agus tacaíochtaí do mhic léinn

Ba chóir go mbeadh mic léinn idirnáisiúnta lánpháirtithe go dlúth leis an daonra mac léinn níos leithne ina dtimpeallachtaí maireachtála agus foghlama. Mar sin féin, d'fhéadfadh seirbhísí tacaíochta saindírithe faoi leith a bheith ag teastáil uathu le freastal ar a gcuid riachtanas sonracha (aiste bia a bheadh iomchuí ó thaobh cultúir de, comhairleoireacht, seirbhísí sláinte, agus mar sin de). Beidh ar institiúidí roinnt dá n-ioncam idirnáisiúnta a infheistiú i seirbhísí den sórt sin.

Fachtóir atá ag éirí níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí  agus rogha á dhéanamh ag mic léinn í an cháilíocht cúraim thréadaigh a bhíonn ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta, agus léireofar sin nuair a thabharfar Marc Cáilíochta[130] isteach don oideachas idirnáisiúnta, a chuirfidh saincheisteanna cúraim thréadaigh/tacaíochta do mhic léinn san áireamh, chomh maith le dearbhú cáilíochta acadúil. Is dócha go dtiocfaidh feabhas foriomlán ar cháilíocht na seirbhísí tacaíochta do gach mac léinn mar thoradh ar thabhairt isteach acmhainní den sórt sin.

130 Moladh Marc Cáilíochta don oideachas idirnáisiúnta sa tuarascáil a foilsíodh in 2004 *Report of the Inter-Departmental Working Group on Internationalisation of Irish Education Services.* Déanfar soláthar reachtúil don Mharc Cáilíochta sa Bhille Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 2010, atá le teacht.

## 6.8 Fás agus inmharthanacht

Cé go bhfuil sé inmhianta spriocanna fadtéarmacha uaillmhianacha a leagan amach maidir le mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh, caithfidh an fás ar an líon mac léinn idirnáisiúnta a bheith inmharthana, agus caithfidh sé féachaint don infrastruchtúr a bheidh riachtanach le taithí foghlama agus maireachtála ardcháilíochta a chinntiú do mhic léinn idirnáisiúnta. Ní féidir an sreabhadh mac léinn a chasadh air agus as ag brath ar acmhainneacht i mbliain faoi leith – ar an gcaoi sin dhéanfaí damáiste do na naisc le tíortha ina seoltar iad agus chuirfí ionchais níos fadtéarmaí i mbaol

## 6.9 Comhoibriú idir-institiúide

Tá scóp suntasach ann d'institiúidí ard-oideachais na hÉireann níos mó comhoibrithe a dhéanamh sa réimse idirnáisiúnta. Bhainfeadh roinnt buntáistí le comhoibriú den sórt sin, lena n-áirítear:

- **Méadú ar acmhainneacht na n-institiúidí caidreamh a dhéanamh go hidirnáisiúnta;**
- **Tairiscintí níos uilechuimsithí trí láidreachtaí na n-institiúidí éagsúla;**
- **Níos lú idirghabhálaithe (agus níos lú castachta) maidir le caibidlíochtaí agus idirbheartaíochtaí le comhpháirtithe idirnáisiúnta.**

Áirítear ar réimsí ina bhfuil an poitéinseal níos mó comhoibrithe a dhéanamh:

- **Cláir a mbeadh saindírithe go sonrach a chomhsheachadadh – mar shampla, cláir fhorbartha chaipitil daonna mar oiliúint ceannaireachta/feidhmeannaigh, 'oiliúint a chur ar oiliúnóirí', agus mar sin de;**
- **Oideachas tras-náisiúnta – mar shampla, cláir a sheachadadh agsu institiúidí a bhainistiú thar lear;**

- **Comhoibriú níos láidre idir oifigí idirnáisiúnta, lena n-áirítear oifigí brainse thar lear;**
- **Nósanna imeachta iarratais do mhic léinn idirnáisiúnta níos comhordaithe; agus**
- **Líonraí alumni oilte in Éirinn a fhorbairt.**

## 6.10 Maoiniú

Beidh leathnú féin-airgeadaithe ag baint le fás ar an líon mac léinn idirnáisiúnta agus, go ginearálta, íocfaidh mic léinn ó thar lear a fhreastalóidh ar ard-oideachas in Éirinn táillí eacnamaíocha i gcónaí. Ba chóir go mbeadh siad sin socraithe ag leibhéal iomaíoch, ach le haird iomchuí ar an tacaíocht níos fearr do mhic léinn a chuirfear ar fáil. Seachas na buntáistí airgeadais a fhabhraíonn chuig na hinstitiúidí, d'fhéadfadh na táillí agus na hionchais a chruthaíonn siad i measc mac léinn thar lear feidhmiú mar spreagadh luachmhar d'institiúidí aonair agus cabhrú le feidhmíocht níos fearr a chruthú, rud a bheadh chun leasa na mac léinn go léir.

Cé go gcaithfidh an Stát féachaint don mhéid a chuireann ioncam idirnáisiúnta leis an ard-oideachas a mhaoiniú, beidh sé tábhachtach a chinntiú nach dtiocfaidh laghdú ar an maoiniú a chuireann an Stát ar fáil mar thoradh ar an ioncam a fhaighdeann institiúid go hidirnáisiúnta.

## 6.11 Achoimre ar na moltaí

| An t-ard-oideachas a idirnáisiúnú | |
|---|---|
| **15** | **Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais a bhfís idirnáisiúnta a leagan amach i straitéis institiúide**<br>■ A bhainfeadh lena misin institiúide agus le spriocanna polasaí náisiúnta níos leithne; agus<br>■ A bhreithneodh idirnáisiúnú agus caidreamh domhanda ón léargas is leithne is féidir. |
| **16** | **Ba chóir d'institiúidí ard-oideachais tacaíochtaí oiriúnacha a chur ar bun chun lánpháirtiú, sábháilteacht, slándáil, agus folláine mac léinn idirnáisiúnta a chur chun cinn.** |

# CUID 3: Rialachas, struchtúir agus maoiniú

De bharr scála na ndúshlán atá roimh an ard-oideachas agus de bharr a n-uaillmhianta maidir leis na dúshláin sin a chomhlíonadh – cur le cainníocht, leithead agus cáilíocht ard-oideachas na hÉireann sna blianta amach romhainn – éilítear níos mó soiléire, comhlántacht níos fearr agus éifeachtúlacht oibríochtúil níos láidre sa tslí a n-eagraítear an t-ard-oideachas. Éilítear freisin go dtabharfaimid aghaidh ceart ar an tslí le hacmhainní a chur ar fáil don ard-oideachas.

Ní mór dúinn aitheantas a thabhairt don leibhéal sách mór tionscnaimh atá léirithe ag na hinstitiúidí cheana féin, bíodh sin ina n-aonair nó i gcomhar (trí chomhoibrithe earnálacha ag an IUA agus ag an IOTI), agus do na feabhsuithe feidhmíochta inchreidte ar an talamh. Is fianaise iad sin uile go bhfuil institiúidí ag tabhairt freagra fuinniúil do riachtanais na mac léinn agus na sochaí níos leithne.

Baineann ard-oideachas na hÉireann torthaí oideachasúla níos airde ná an meán amach (i dtéarmaí comparáideacha OECD) ar leibhéil infheistíochta níos lú ná an meán. Mar sin féin, toisc go bhfuil an t-ard-oideachas chomh lárnach do thodhchaí na hÉireann, tá riachtanas práinneach ann úsáid a bhaint as gach modh atá ar fáil dúinn, lenár bhfeidhmíocht i gcomparáid le tíortha eile lena mbaineann ardfheidhmíocht agus acmhainní níos fearr, a fheabhsú. Má tá ard-oideachas na hÉireann le gluaiseacht isteach sa cheathairíl is airde ó thaobh leibhéil fheidhmíochta OECD, beidh sraith beart ag teastáil uaidh leis an mbunús maoinithe a fheabhsú agus le luach níos fearr a bhaint as torthaí oideachais ó gach aonad caiteachais.

Beidh anailís thar a bheith cúramach ar an gcomhbhabhtáil idir na nithe seo a leanas i gceist leis an tslí a mbainfimid é sin amach:

- **Cainníocht:** agus méadú tapa ag teacht ar na leibhéil éilimh;
- **Cáilíocht:** tá feabhsuithe ar cháilíocht riachtanach; agus
- **Maoiniú:** tá teorainneacha le cumas an státchiste infheistíocht san ard-oideachas a leathnú sa ghearrtéarma go dtí an meántéarma.

Cuireann an meascán d'éileamh níos mó agus d'acmhainní níos lú práinneacht leis an riachtanas maidir le réiteach a fháil ar na saincheisteanna struchtúrtha in ard-oideachas na hÉireann. Beidh sin riachtanach, áfach, lena chur ar chumas na n-institiúidí ard-oideachais tabhairt faoi na cláir agus na nuálachtaí athraithe inmheánacha riachtanacha, agus le go mbeidh sé níos éasca dóibh oibriú le chéile chun comhthorthaí níos fearr a fháil.

Is iad seo a leanas na trí ghné mhóra ina dteastaíonn athrú:

- **Athrú ar na struchtúir rialachais agus cheannaireachta laistigh den ard-oideachas – féach caibidil 7.**
- **Athrú ar na struchtúir rialachais agus cheannaireachta laistigh den ard-oideachas – féach caibidil 7.**
- **Athrú ar an tslí a maoinítear an t-ard-oideachas – féach caibidil 9**

# 7. Rialachas córais

## Sa chaibidil seo

Déanann an chaibidil seo cur síos ar na struchtúir fhoriomlána nach mór a chur ar bun leis an gceannaireacht, an rialachas agus na rialúcháin cháilíochta a bheidh riachtanach chun an straitéis atá leagtha amach sa cháipéis seo a chur i bhfeidhm.

Go háirithe, míníonn sí an chúis le hÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) athchóirithe a choimeád mar idirghabhálaí idir an Aire agus na hInstitiúidí, ach deir sí go láidir nach mór do rólanna agus freagrachtaí an HEA a athrú le riachtanais an ard-oideachais agus an freagra a thugann sé ar thosaíochtaí náisiúnta a léiriú.

## 7.1 Réamhrá

Le deich nó fiche bliain anuas, tá fás suntasach tagtha ar institiúidí ard-oideachais agus tá sé i bhfad níos casta bainistiú a dhéanamh orthu. Tá méadú tagtha ar an líon fochéimithe, tá nuachóiriú déanta ar sholáthar cúrsaí trí mhódúlú agus trí mhodhanna seachadta nua, agus tharla roinnt mhaith cuíchóirithe inmheánaigh – go háirithe tríd an ngluaiseacht chuig an gcóras bunaithe i scoileanna/coláistí. Tá fás ollmhór tagtha ar an scála taighde chomh maith, agus ar an oideachas dochtúireachta. Tá níos mó agus níos mó nascadh agus caidreamh ag institiúidí leis na dúshláin shóisialta agus eacnamaíochta dá gcuid ceantar agus réigiún. Ina theannta sin, tá ard-oideachas na hÉireann ag feidhmiú i gcomhthéacs domhanda anois agus leanfaidh a nascachtaí idirnáisiúnta ag fás sna blianta amach romhainn.

Chuir na forbairtí sin go léir níos mó béime ar scileanna bainistithe agus ceannaireachta, agus cuirfidh na moltaí d'athrú struchtúrtha atá leagtha amach sa straitéis seo dúshláin bhainistithe nua os comhair na n-institiúidí. Leagann an chaibidil seo na rólanna agus freagrachtaí amach dóibh siúd a bhfuil príomhfheidhmeanna ceannaireachta agus bainistithe acu, lena n-áirítear:

- **Polasaithe agus spriocanna náisiúnta soiléire a leagan amach;**
- **Rólanna agus freagrachtaí na ngeallsealbhóirí éagsúla a shainmhíniú go soiléir agus trédhearcacht i gcur i bhfeidhm na rólanna agus freagrachtaí sin a chinntiú;**
- **Cothromaíocht iomchuí idir neamhspleáchas agus freagracht feidhmíochta a bhunú ag an leibhéal institiúide; agus**
- **An gaol idir an Stát agus an córas ard-oideachais a ath-shainmhíniú, bunaithe ar chonarthaí do sheachadadh (comhaontuithe leibhéil seirbhíse) a bheith aontaithe idir na hinstitiúidí agus an HEA mar chuid de chomhrá straitéiseach níos leithne.**

## 7.2 Ról an Rialtais agus an Aire

Is ar an Rialtas agus ar an Aire Oideachais & Scileanna atá an fhreagracht fhoriomlán as an ard-oideachas. Seo a leanas príomhfheidhmeanna an Rialtais maidir leis sin:

- **An straitéis ghinearálta agus an leibhéal maoinithe poiblí don earnáil a shainmhíniú;**
- **An creat reachtúil a fhorbairt lena chinntiú go bhféadfaí an straitéis ghinearálta a chur i bhfeidhm; agus**
- **Cur i bhfeidhm a mhaoirsiú.**

I dteannta na bhfeidhmeanna sin, tá dhá fhorbairt nua molta faoin straitéis seo atá leagtha amach le níos mó soiléire ar na cuspóirí náisiúnta don chóras ard-oideachais a chinntiú; eadhon:

- **Meicníocht nua don Aire agus don Roinn Oideachais & Scileanna maidir le comhordú 'uile Rialtais' níos leithne don ard-oideachas a chur chun cinn; agus**
- **Ról níos soiléire agus neartaithe do ghníomhaireacht idirghabhálaithe ard-oideachais sna feidhmeanna a dtarmligtear uirthi ag an Roinn Oideachais & Scileanna.**

### Tosaíochtaí náisiúnta

Maidir leis na tosaíochtaí náisiúnta atá le haithint ag an Aire, ba chóir nach mbeadh mórán acu ann agus ba chóir dóibh athrú in imeacht ama mar fhreagra ar riachtanais náisiúnta agus freagraí polasaí an rialtais. Ba chóir dóibh a bheith leagtha amach don mheántéarma; agus ba chóir dóibh a bheith ag baint le príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna) ar féidir feidhmíocht an ard-oideachais a thomhas ina n-aghaidh.

Leagann na tosaíochtaí sin creat oibre amach ina bpleanálann institiúidí an tslí go bhféadfaidh siad féin cur le comhlíonadh na dtosaíochtaí sin. Bheifeá ag súil go mbeadh cineálacha éagsúla pleananna ag cineálacha éagsúla institiúidí, bunaithe ar a misin agus ar a láidreachtaí éagsúla.

## 7.3 An clár oibre uile rialtais

Ní mór do na tosaíochtaí náisiúnta arna gcur in iúl ag an rialtas a bheith mar fhaisnéis ag cuspóirí straitéiseacha an ard-oideachais. Tá cur chuige 'uile rialtais' riachtanach, agus le cur chuige mar sin a leagan amach, beidh ar an Aire Oideachais & Scileanna raon leasanna Rialtais straitéiseacha a thabhairt le chéile, agus beidh gá le socruithe comhordaithe lárnacha foirmiúla a bhunú.

Is é an bealach is fearr le sin a bhaint amach ná trí Choiste Comh-Aireachta faoi chathaoirleacht an Aire Oideachais & Scileanna agus faoi thacaíocht choiste idir-rannach d'oifigigh shinsearacha. Agus tosaíochtaí straitéiseacha á bhforbairt lena meas ag an gCoiste Comh-Aireachta acu, beidh straitéisí agus tosaíochtaí na ranna agus na ngníomhaireachtaí Rialtais ábhartha mar fhaisnéis ag na hoifigigh shinsearacha.

## 7.4 An tÚdarás um Ard-Oideachas

Beidh meicníocht treallúis lárnach láidir riachtanach don iliomad rólanna agus d'ionchais an chórais ard-oideachais. Ó achtaíodh Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971, is ag an HEA atá an fhreagracht as maoiniú agus as comhairleoireacht pholasaí. Cuireadh leis an bhfreagracht sin chun earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta a chur san áireamh sa bhliain 2006. Mhol an *Report of the Special Group on Public Service Numbers and Expenditure Programmes* (2009) go gcuirfí deireadh leis an HEA agus go ngluaisfí a bhaill foirne agus a chuid feidhmeanna ar ais sa Roinn Oideachais & Scileanna. Tá dearcaí éagsúla ar an tsaincheist sin, áfach.

Is í anailís an Ghrúpa Straitéisigh, a bhfuil taithí idirnáisiúnta mar fhaisnéis aici, go mbeidh ról maoirseachta lárnach láidir riachtanach, le go n-éireoidh le seachadadh an chláir oibre straitéisigh. Rinne athbhreithniú a rinneadh roimhe seo agus a scrúdaigh ról na Roinne moladh láidir gur chóir don Roinn í féin a bhaint amach ó ról oibríochtúil agus díriú níos mó ar fhorbairt straitéise agus pholasaí.[131] Thacaigh an OECD leis an toradh sin ina *Athbhreithniú ar Ard-Oideachais na hÉireann* sa bhliain 2004.

Ba é an dearcadh a bhí ag an nGrúpa Straitéise, agus aird á tabhairt ar an ról níos speisialaithe a bhainfidh le rialachas córais amach anseo, gurb é an cur chuige is fearr ná Údarás um Ard-Oideachas a choimeád.

Agus téarmaí tagartha athchóirithe don HEA á leagan síos aige, déanann an Grúpa

131 Cromien, S, Athbhreithniú ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2001

roinnt moltaí maidir le ról agus freagrachtaí an HEA a athchóiriú, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

- **Struchtúr rialachais agus boird athchóirithe;**
- **Sainmhíniú soiléir ar phríomhfheidhmeanna oibríochtúla agus feidhmithe; agus**
- **Sainmhíniú soiléir ar naisc leis na hinstitiúidí ard-oideachais, agus ar an tslí a oibríonn sé leo le cothromaíocht idir neamhspleáchas agus cuntasacht institiúide a bhaint amach.**

Pléitear gach ceann de na réimsí sin thíos.

## Struchtúir rialachais de chuid an HEA nua

Treiseofar rialachas an HEA nua trí struchtúr boird a mbeidh an comhdhéanamh agus an méid iomchuí aige leis na tascanna a shannfar air a chur i gcrích. Níor chóir go mbeadh níos mó ná dhá bhall déag ar an mbord agus ba chóir go mbeadh na príomhthréithe seo a leanas aige:

- **Saineolas i bpleanáil straitéiseach agus i mbainistiú chórais ard-oideachais tógtha ó fhoinsí Éireannacha agus idirnáisiúnta araon (ba chóir do bheirt bhall ar a laghad a bheith ó lasmuigh d'Éirinn agsu taithí ábhartha san ard-oideachas a bheith acu);**
- **Dearcadh amach roimhe maidir le riachtanais gheallsealbhóirí móra eile, lena n-áirítear réimsí eile sa Rialtas, san fhiontar, sa phobal agus sna hearnálach deonacha, chomh maith leis an bpobal acadúil; agus**
- **Na scileanna riachtanacha agus an saineolas riachtanach leis na héilimh sárchleachtais i rialachas corparáideach a chomhlíonadh.**

## Feidhmeanna feidhmithe an HEA

Beidh an HEA freagrach as feidhmiú na bpolasaithe agus na straitéisí arna leagan síos ag an Aire agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus beidh sé freagrach don Aire maidir le príomhtháscairí feidhmíochta comhaontaithe. Beidh feidhm comhordaithe idir-ghníomhaireachta aige freisin ag tacú le ceannas na Roinne ar an gcoiste idir-rannach. Agus a théarmaí tagartha á gcur i gcrích aige, beidh na príomhfheidhmeanna oibríochtúla seo a leanas aige:v:

- **Príomhtháscairí Feidhmíochta ardleibhéil a bhunú agus dul i mbun chomhrá straitéiseach leis an earnáil agus le hinstitiúidí ar leithligh;**
- **A bheith i gceannas ar an bpróiseas athraithe struchtúrtha (féach caibidil 8); agus cothromaíocht idir comhdhlúthú institiúide agus éagsúlacht córais a bhaint amach;**
- **Sonraí ar an ard-oideachas a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, ionas go bhféadfaidh sé faisnéis agus comhairle níos fearr a thabhairt don Roinn;**
- **A bheith ina gceannródaí maidir le samhla maoinithe nua agus iad a thiomáint(ar an mbunús arna leagan amach i gcaibidil 9) agus maoiniú a leithroinnt ar institiúidí dá bharr sin;**
- **A bheith i gceannas ar an bpróiseas a bhaineann le hanailís agus tuar a dhéanmh ar an éileamh a bheidh ar an ard-oideachas, le haird faoi leith á tabhairt ar an margadh saothair agus ar na riachtanais scileanna a bheidh ag teacht chun cinn;**
- **Cothromaíocht iomchuí idir éileamh agus soláthar a chinntiú, ag féachaint do cháilíocht a chothabháil agus a fheabhsú;**
- **Anailís agus maoiniú a dhéanamh ar riachtanais infrastruchtúir;**
- **Comhoibriú agus caidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe idirnáisiúnta, agus cur leis an gcomhoibriú leis an ard-oideachas i dTuaisceart Éireann ach go háirithe;**

Beidh gá athbhreithniú a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus ar thacar scileanna fheidhmeannas an HEA i gcomhthéacs an chúraim athbhreithnithe seo, agus beidh gá aghaidh a thabhairt ar aon riachtanais bhreise ó thaobh sain-scileanna . Go

sonrach, tugann an bhéim a leagtar anois ar chuntasacht i ndáil le spriocanna náisiúnta, ceannaireacht córais agus measúnú feidhmíochta le tuiscint go bhfuil gá le sainscileanna a dhíriú níos láidre ar na réimsí sin.

## Neamhspleáchas institiúide a chothromú le cuntasacht

Is gá comhmheon neamhspleáchais a fhorbairt idir na hinstitiúidí ard-oideachais agus geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear mic léinn, leasanna na hearnála príobháidí agus an pobal níos leithne. Mar chúiteamh ar an neamhspleáchas sin, ní mór d'institiúidí éirí níos cuntasaí ar bhealaí a bheidh sách trédhearcach agus láidir le muinín na sochaí níos leithne a chinntiú.

Tá cothromaíocht ann idir neamhspleáchas agus cuntasacht. Ag croílár na straitéise seo tá an t-aitheantas go bhfuil raon éagsúil institiúidí láidre, neamhspleácha riachtanach má tá an córas foriomlán le freagra éifeachtach a thabhairt ar riachtanais na sochaí, riachtanais a bhíonn ag athrú agus nach féidir a thuar. Mar sin féin, caithfear neamhspleáchas maoinithe agus oibríochtúil a mheaitseáil le leibhéal comhfhreagrach cuntasachta as feidhmíocht in aghaidh ionchais a chuirfear in iúl go soiléir. Éilíonn sin struchtúir dea-fhorbartha d'fhonn aithint agus cur in iúl tosaíochtaí náisiúnta a chumasú, chomh maith le meicníochtaí láidre chun athbhreithniú agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht ag leibhéal an chórais agus na hinstitiúide. Éilíonn an ceann deiridh comhrá straitéiseach idir institiúidí agus an Stát a thabhairt isteach.

## Comhrá straitéiseach

Ba chóir don HEA dul i mbun chomhrá straitéiseach le hinstitiúidí ard-oideachais agus ag an leibhéal earnálach, le súil agus straitéisí institiúidí faoi leith a ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta agus le príomhtháscairí feidhmíochta a chomhaontú, a ndéanfar feidhmíocht institiúide a thomhas agus maoiniú a chinneadh ina n-aghaidh.

Clúdóidh an comhrá nithe polasaí agus feidhmithe, lena n-áireofar:

- **An tslí atá tosaíochtaí náisiúnta don ard-oideachas le cur i bhfeidhm ag an institiúid agus comhtháiteacht phlean straitéiseach na hinstitiúide leis na tosaíochtaí sin;**
- **Príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt agus a chomhaontú agus feidhmíocht na n-institiúidí a mheas ina n-aghaidh;**
- **Deachleachtas a roinnt agus a phríomhshruthú;**
- **Comhoibriú agus cnuasaigh réigiúnacha a fhorbairt;**
- **Athbhreithniú ar chomhtháiteacht córais foriomlán agus ar chothromaíocht éagsúlachta;**

Comhrá déthaobhach a bheidh ann de ghnáth (idir an HEA agus institiúidí ar leithligh) ach beidh ócáidí ann freisin ina mbeidh comhrá iltaobhach iomchuí – mar shampla le díospóireacht a bhaineann le cnuasaigh réigiúnacha a éascú.

Príomh-thoradh an chomhrá straitéisigh ná go mbeidh gné feidhmíochta ag baint le croímhaoiniú institiúide, a spreagfaidh deafheidhmíocht agus a chuirfidh pionós ar institiúidí nach mbaineann sin amach. Pléitear an córas sin ar shlí níos mionsonraithe i gcaibidil a naoi.

Toradh eile ná an fháil ar chomhthuarascálacha agus ar thuarascálacha ar leithligh faoi chomh maith a bheidh ag éirí leis na hinstitiúidí maidir le spriocanna náisiúnta agus príomhtháscairí feidhmíochta gaolmhara a bhaint amach.

Chomh maith le déileáil le leithroinnt an mhaoinithe Stáit agus feidhmíocht in aghaidh maoinithe Stáit, ba chóir don chomhrá straitéiseach na nithe seo a leanas a chinntiú:

- **Go mbeidh institiúidí cuntasach i ndáil lena ngníomhaireachtaí go léir, beag beann ar an bhfoinse maoinithe;**
- **Gur féidir an tionchar a bheidh ag aon phlean institiúide ar leithligh ar an gcóras**

**ard-oideachais níos leithne, nó ar aon pholasaí poiblí níos leithne a bhreithniú; agus**

- **Go dtabharfar aird ar cháilíocht fadtéarmach agus ar thionchar inmharthana na bpleananna institiúide.**

Ag leibhéal córais, cumasóidh an comhrá straitéiseach breithniú a dhéanamh ar shuim na bpleananna institiúide le comhtháiteacht agus iomláine an chórais fhoriomlán a thástáil, lena chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais náisiúnta, agus le dúblú nach dteastaíonn a aithint agus aghaidh a thabhairt air.

Ba chóir don HEA tuairisciú don Aire Oideachais agus Scileanna faoi thoradh an chomhrá straitéisigh. Ba chóir dó sin a bheith mar fhaisnéis don phróiseas meastachán maidir leis an leithroinnt foriomlán don ard-oideachas. Ar mhaithe le trédhearcacht, ba chóir an tuarascáil sin a fhoilsiú.

## 7.5 Struchtúir rialachais na n-institiúidí ard-oideachais

Sna blianta amach romhainn, teastóidh ceannaireacht éifeachtach, spreagtha ag fís láidir agus le tacú ó phleanáil straitéiseach láidir, ó institiúidí ard-oideachais, agus beidh orthu freagra solúbtha a thabhairt ar riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta. Beidh orthu cur le hacmhainneacht institiúide le feidhmeanna bainistíochta nua a chomhlíonadh agus le cothromaíocht a bhaint amach idir éilimh an mhargaidh agus a misean acadúil.[132] Beidh orthu a bheith nuálaíoch agus fiontraíoch ina gcuid taighde agus teagaisc, agus beidh orthu comhoibriú le tionscal, leis an bpobal áitiúil, agus le hinsititiúidí oideachais eile.

Roinntear rialachas institiúidí ard-oideachais in Éirinn eatarthu seo a leanas:

- **Údarás Rialála: an comhlacht cinnteoireachta;**
- **Príomhoifigeach (Uachtarán/ Propast/Stiúrthóir): an bhainistíocht fheidhmeannach; agus**
- **Comhairle Acadúil: a dhéanann ionadaíocht ar an bpobal acadúil.**

Tá na trí ghné sin ag brath ar a chéile agus tá ról tábhachtach ag gach ceann acu.

> *A Governing Authority cannot, on its own, fulfil the requirement of a company board because it needs the involvement of senior representatives of the academic community in the governance of the institution for it to be effective. A strong academic board working jointly with the Governing Authority in areas such as strategy and resource allocation brings together the vital constituents of good governance in a university context.*[133]

Aithnítear go forleathan go hidirnáisiúnta gurb é an córas rialachais is iomchuí don ard-oideachas ceann a thacaíonn le neamhspleáchas institiúide laistigh de chreatoibre cuntasachta soiléir. Aithnítear sin sna príomhchreata oibre reachtúla d'ard-oideachas na hÉireann: Acht na nOllscoileanna 1997 agus Achtanna na nInstitiúidí Teicneolaíochta 1992 go dtí 2006. Bhí tabhairt isteach agus láidriú forchéimneach Chóid Rialachais fhoirmiúla mar phríomhfhorbairt de na hAchtanna sin.

Laistigh d'institiúidí, tharla forbairtí rialachais suntasacha, le béim ar fhorbairt ceannaireachta, ag leibhéal an uachtaráin agus ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí, lena n-áirítear príomhról ceannaireachta agus bainistíochta Cheann na Scoile/an Choláiste.

Go hidirnáisiúnta, tá athrú ag teacht ar mhéid agus ar chomhdhéanamh údaráis rialála na n-institiúidí ard-oideachais. Is í an tsamhail is fearr le daoine, go ginearálta, ná ceann lena mbaineann níos mó bainistíochta, ina bhfuil líon níos lú ball agus ina bhfuil tromlach de dhaoine neamh-acadúla

132 J. Salmi "Autonomy from the State versus Responsiveness to Markets" in Higher Education Policy 2007, 20.

133 Michael Shattock (2006) *Managing Good Governance in Higher Education* (OUP).

(tuataí).[134] Cháin tuarascáil an OECD ar ard-oideachas na hÉireann in 2004 méid údarás rialála ollscoileanna na hÉireann agus mhol sí go ndéanfaí an méid a laghdú agus go léireodh a gcuid ballraíochta an tacar scileanna atá riachtanach chun ollscoil a riaradh.[135] Ba chóir an moladh seo a chur i bhfeidhm: Ba chóir méid údarás rialála na n-institiúidí ard-oideachais in Éirinn a laghdú go dtí líon nach mó ná 18; ba chóir d'fhormhór na mball a bheith ina mbaill tuata le saineolas a bheadh ábhartha do rialachas ard-oideachais acu.

## 7.6 Ról agus freagrachtaí Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann

Tá sé riachtanach d'fhorbairt na hÉireann amach anseo go mbeidh muinín as a struchtúir dearbhaithe cáilíochta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus go gcoimeádfaí muinín mhic léinn agus fostóirí ionchasacha sa chóras ard-oideachais. Cé go bhfuil ardmheas ar na socruithe d'ard-oideachas na hÉireann go hidirnáisiúnta,[136] ba chóir tacú leis an mbéim ar phróisis trí níos mó trédhearcachta agus aird níos déine a thabhairt ar chaighdeáin.

Is ceann de phríomhrólanna an Stát é cáilíocht an ard-oideachais a chinntiú, agus tá níos mó agus níos mó airde á tabhairt go náisiúnta ar acmhainneacht na ngníomhaireachtaí agus na meicníochtaí trína ndearbhaítear cáilíocht a chruthú, a leathnú, a athchóiriú agus a thógáil.[137] D'fhógair an Rialtas i mBuiséad 2009 go ndéanfaí gníomhaireachtaí a bhí freagrach as cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta sa bhreisoideachas agus san ard-oideachas in Éirinn a chomhnascadh.[138] Beidh an comhlacht comhnasctha, atá le bunú go reachtúil go luath in 2011, freagrach as na nithe seo a leanas:

- **An Creat Oibre Cáilíochtaí Náisiúnta a chothabháil agus a chur i bhfeidhm;**
- **Nósanna imeachta a leagan amach i gcomhair rochtain ar chláir oideachais agus oiliúna, agus i gcomhair aistriú agus forchéimniú idir chláir, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le carnadh creidmheasanna agus le aitheantas d'fhoghlaim roimh ré;**
- **Aitheantas do dhámhachtainí Éireannacha go hidirnáisiúnta agus aitheantas do dhámhachtainí idirnáisiúnta in Éirinn;**
- **Athbhreithniú ar éifeachtacht chórais dearbhaithe cáilíochta na soláthróirí oideachais;**
- **Dámhachtainí a dhéanamh**
- **Cláir oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtainí an chomhlachta a bhailíochtú; agus**
- **Soláthróirí seirbhísí oideachais chuig mic léinn idirnáisiúnta a rialáil.**

Beidh caidreamh dlúth agus comhchabhrach idir an HEA agus Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann i ndáil le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an ard-oideachas agus maidir le leanúnachas i gcaighdeáin a chinntiú go náisiúnta. Cinnteoidh Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann go gcuirfear an creatoibre náisiúnta cáilíochtaí agus na hathruithe a bhaineann leis i bhfeidhm ar feadh an chórais ard-oideachais. Oibreoidh sé leis an HEA le polasaithe ar rochtain, aistriú agus forchéimniú isteach san ard-oideachas agus laistigh de a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus beidh cumhachtaí suntasacha aige lena chinntiú go gcuirfidh na

134 J. Fielden, *op. cit.*, lch. 37.

135 Athbhreithnithe ar Pholasaithe Náisiúnta don Oideachas, An tArd-Oideachas in Éirinn, OECD, Cuid 1, Caib.3

136 Féach *Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle, Parlaimint na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún ar an Dul Chun Cinn ar Dhearbhú Cáilíochta san Ard-Oideachas.* An Bhruiséil 21.9.09 (COM (2009) 487 deiridh)

137 J. Fielden, *op.cit.*, lch. 23.

138 Is iad sin Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI); Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC); agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC). Beidh an eagraíocht nua freagrach as athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar na hollscoileanna chomh maith, feidhm a chomhlíonann Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB) faoi láthair.

hinstitiúidí go léir moltaí ó athbhreithnithe cáilíochta i bhfeidhm.

Tacóidh an HEA le hobair Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann agus treiseoidh sé í, trína ról maidir le maoiniú. Tarraingeoidh an HEA ar obair Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann le monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht institiúidí ar leithligh. Tabharfaidh sé torthaí ábhartha ó Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann ar aird agus é ag dul i mbun chomhrá straitéiseach agus ag leagan conarthaí maoinithe amach le hinstitiúidí, agus, sa chás go mbeidh fianaise ar leibhéil cháilíochtá chomh híseal sin nach féidir glacadh leo, rachaidh sé i mbun caidrimh leis an institiúid le bealach a chomhaontú chun cáilíocht a athbhunú. Bainfidh an HEA leas as athbhreithnithe eile a bhféadfadh Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann tabhairt fúthu. »D'fhéadfadh a bheith san áireamh leis sin athbhreithnithe ar dhisciplíní sonracha, a d'fhéadfadh a bheith mar fhaisnéis ag moltaí faoi chuíchóiriú soláthair le cáilíocht a fheabhsú, agus athbhreithnithe ar riachtanais agus ionchais gheallsealbhóirí seachtracha a d'fhéadfadh a bheith mar fhaisnéis ag cuspóirí náisiúnta agus ag cúrsaí a bhaineann le comhrá straitéiseach.

## 7.7 Achoimre ar na moltaí

| Rialachas córais | |
|---|---|
| 17 | **Ba chóir go mbeadh ar institiúidí neamhspleácha na hÉireann cuntas ar a gcuid feidhmíochta a dhéanamh leis an Stát thar ceann shaoránaigh na hÉireann.**<br>■ Cuirfidh an tAire Oideachais & Scileanna tosaíochtaí náisiúnta an Rialtais maidir le hard-oideachas in iúl.<br>■ D'fhonn a chinntiú go mbeidh cur chuige a chuimseoidh an rialtas go léir mar fhaisnéis ag na tosaíochtaí náisiúnta d'ard-oideachas, ba chóir don Aire Oideachais & Scileanna a bheith mar chathaoirleach ar choiste comh-aireachta ar ard-oideachas. Tionólfaidh an HEA líonra de na gníomhaireachtaí go léir a mbíonn idirghníomhú acu le hard-oideachas.<br>■ Ba chóir go leanfadh an HEA ar aghaidh a bheith cuntasach don Aire as maoiniú agus maoirsiú na hearnála, agus ba chóir próiseas nua de chomhrá straitéise a thabhairt isteach chun cur le cuntasacht agus feidhmíocht, fad a léireofar meas ar neamhspleáchas institiúide.<br>■ Ba chóir go mbeadh fáil ar bhunachar sonraí córais lán-inchomparáide, ina mbeadh sonraí ar phróifílí mac léinn agus ball foirne, ar éifeachtúlacht agus ar tháscairí eile a chabhróidh le taighde agus meastóireacht a dhéanamh ar pholasaí poiblí in ard-oideachas, mar bhonn taca do chreat cuntasachta an chórais, agus ba chóir dó sin a bheith mar fhaisnéis don HEA le linn an phróisis chomhrá straitéise. |
| 18 | **Ba chóir struchtúir rialachais a athchóiriú ag an leibhéal institiúide agus córais araon.**<br>■ Ba chóir méid údarás rialála na n-institiúidí ard-oideachais in Éirinn a laghdú go dtí líon nach mó ná 18; ba chóir d'fhormhór na mball a bheith ina mbaill tuata le saineolas a bheadh ábhartha do rialachas ard-oideachais acu; agus<br>■ Ba chóir Bord an HEA a laghdú go dtí 12 ball; ba chóir a chomhdhéanamh a athchóiriú lena chinntiú go mbeadh meascán iomchuí de shaineolas agus de thaithí ann d'fhonn tabhairt faoina mhisean. |

# 8. Creatoibre comhtháite a fhorbairt don ard-oideachas in Éirinn

## Sa chaibidil seo

Féachann an chaibidil seo ar na riachtanais chórais foriomlána don ard-oideachas in Éirinn. Tugann sí aird ar an tslí a chomhlíonann raon institiúidí éagsúla, a bhfuil misean agus raon gníomhaíochtaí faoi leith ag gach ceann acu, ar riachtanais dhaoine aonair éagsúla, an gheilleagair agus na sochaí. Cuireann sí béim ar an ngá leis an láidreacht sin a choimeád, fad a dhéanfar athruithe chun déileáil le riachtanais nua agus athraitheacha.

Tugtar imlíne ar na buntáistí a bhaineann le cnuasaigh institiúidí oideachais a thógáil chun freastal a dhéanamh ar riachtanais áitiúla. Tugann cnuasaigh deis cláir theagaisc agus fhoghlama a phleanáil agus a eagrú ar bhealach níos fearr; baineann siad úsáid éifeachtúil as acmhainní; ceadaíonn siad do thuilleadh solúbthachta i mbealaí do mhic léinn agus i ndeiseanna d'forchéimniú; agus cuireann siad seirbhísí níos comhordaithe ar fáil d'fhiontar ina réigiúin.

Déileálann an chaibidil leis an tslí a thiocfaidh athrú ar ollscoileanna agus ar institiúidí teicneolaíochta amach anseo. Molann sí gur chóir moladh a thabhairt d'institiúidí níos lú dul isteach le cinn eile d'fhonn an scála riachtanach le seirbhísí cáilíochta a chur ar fáil, a chruthú. Maidir leis na hollscoileanna, molann sí comhoibriú idir-institiúide agus obair i gcomhar d'fhonn mais chriticiúil a bhunú i réimsí nideoige sonracha. Maidir leis na hinstitiúidí teicneolaíochta, molann sí próiseas comhdhlúthaithe a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air go ndéanfaí roinnt institiúidí a ath-ainmniú mar ollscoileanna teicneolaíochta.

Tugann an chaibidil soiléiriú ar an ról a chaithfidh an HEA a imirt lena chinntiú go leanfaidh na hinstitiúidí éagsúla ar aghaidh ag feidhmiú a misin sainluaite, agus go gcoimeádfar éagsúlacht an chórais ar an iomlán.

## 8.1 Comhthéacs: polasaí a fhorbairt

Má tá an córas ard-oideachais ar an iomlán le héirí leis maidir le riachtanais shochaí na hÉireann a chomhlíonadh, ní mór creatoibre comhtháite a bhunú, ina mbeidh rólanna, freagrachtaí agus idir-naisc dhifriúla agus sainmhínithe ag na hinstitiúidí éagsúla agus ag na cineálacha institiúidí éagsúla.

Ní bheidh ach córas comhtháite, a mbeidh comhdhéanta d'institiúidí éagsúla, freagrúla agus inmharthana, in ann na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach sa straitéis seo a sheachadadh. Cabhróidh an tsoiléire a mbeidh creatoibre den sórt sin ábalta a thabhairt lena chinntiú go mbeidh ionchais na sochaí maidir leis an gcóras réalaíoch, go gcomhlíonfar iad, agus go ndéanfar leithdháiltí maoinithe a ailíniú níos dlúithe le spriocanna polasaí.

Tá institiúidí ag iarraidh a rólanna a ath-shainmhíniú ar bhealach níos cruinne cheana féin, chomh maith le iad féin a athlonnú mar fhreagra ar

riachtanais nuálaíochta na hÉireann. Tá comhghuaillíochtaí straitéiseacha nua á bhforbairt idir institiúidí, atá dírithe ar shaineolas, eolas agus acmhainní a roinnt, agus ar chur leis an gcumas do nuáil.

Is é an tasc atá ag déantóirí polasaí breith ar an bhfuinneamh sin agus é a threorú i dtreo na spriocanna a leagadh amach sna caibidlí roimhe seo. Ní mór dóibh polasaí a chur in iúl go soiléir, ionas go dtacóidh athruithe in ard-oideachas na hÉireann leis na cuspóirí maidir le hacmhainneacht na tíre agus spriocanna forbartha níos leithne a bhrú chun cinn. Ní mór do pholasaí éagsúlú a chosaint agus cur leis, freastal a dhéanamh ar uaillmhianta na n-institiúidí, agus tacú leis an riachtanas náisiúnta ó thaobh ardleibhéil fheidhmíochta.

Ba chóir go mbeadh mar aidhm ag an bpolasaí don ard-oideachas na nithe seo a leanas a fhorbairt:

- **Córas comhtháite d'institiúidí ard-oideachais láidre, gach ceann ar an scála agus an acmhainneacht iomchuí;**
- **Misin chomhlántacha agus éagsúla d'institiúidí difriúla, ionas go ndéanfaidh siad freastal i gcomhar ar riachtanais dhaoine aonair, an fhiontair agus na sochaí; agus**
- **Comhoibriú réigiúnach idir cnuasaigh institiúidí atá gar dá chéile go geografach, lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais dhaoine aonair, an fhiontair agus na sochaí ar bhealach pleanáilte, comhtháite agus éifeachtúil.**

## 8.2 Creatoibre don athrú

Tá na hathruithe atá molta do chumraíocht reatha na n-institiúidí leagtha amach le cur leis an acmhainneacht reatha, ag freagairt ar an gcéad dul síos do riachtanais náisiúnta agus ar an dara dul síos don chlaonadh nádúrtha a bhíonn ag institiúidí láidre a n-acmhainneachtaí féin agus a gclú féin a fhorbairt.

Déanann na moltaí iarracht freisin borradh a chur faoin fhorbairt dearfach atá ar bun cheana féin agus bealaí soiléire a chur in iúl d'fhorbairt amach anseo, bealaí a bheidh ag teacht le riachtanais náisiúnta.

Tá sé mar aidhm ag na moltaí na nithe seo a leanas a dhéanamh, ach go háirithe:

- **Éagsúlacht mhisin na n-institiúidí a choimeád agus a fheabhsú, fad a chinnteofar go mbeidh siad ábhartha do riachtanais dhaoine aonair, an mhargaidh shaothair agus na sochaí;**
- **Cáilíocht thaithí fhochéime agus iarchéime an mhic léinn a fheabhsú;**
- **Cur le ról na hearnála maidir le tacú go forghníomhach le forbairt eacnamaíoch, go háirithe trí aistriú eolais níos fearr chuig an earnáil fiontair;**
- **Éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú, trí leas a bhaint as eacnamaíochtaí scála agus as deiseanna chun seirbhísí a roinnt; agus**
- **Acmhainneacht chórais a fhorbairt de réir riachtanas náisiúnta agus régiúnach.**

Is fearr a bhaintear athrú den chineál sin amach sa chéad ásc trí fhorbairt orgánach ón mbonn aníos laistigh d'institiúidí agus eatarthu; tá na moltaí a chuirtear i láthair anseo beartaithe an freagra iomchuí a fháil ó na hinstitiúidí, ag tógáil ar na tionscnaimh thar a bheith dearfacha atá tagtha chun cinn cheana féin.

Is féidir athrú a chur chun cinn agus a luathú trí dhreasachtaí iomchuí a thabhairt isteach sa tsamhail maoinithe do na hinstitiúidí, a bheadh dírithe ar dheireadh a chur le forluí agus ar láidreacht a roinnt. Ba chóir dreasachtaí mar sin a úsáid le forbairt chnuasach réigiúnach agus comhdhlúthú institiúide a spreagadh. Bheadh mar thoradh air sin líon níos lú institiúidí agus leibhéal níos airde comhoibrithe ar feadh an chórais.

## 8.3 Éagsúlacht institiúide a choimeád

Tá an éagsúlacht ar ceann de na príomhfhachtóirí a bhaineann le feidhmíocht dhearfach na gcóras ard-

oideachais.[139] Cuireann córas éagsúlaithe roinnt buntáistí ar fáil:

- **Is fearr a bhíonn sé in ann raon deiseanna a chur ar fáil le riachtanais agus ábhair spéise éagsúla na mac léinn a chomhlíonadh;**
- **Cothaíonn sé soghluaisteacht níos fearr, trí bhealaí agus dréimirí forchéimnithe a chur ar fáil do mhic léinn;**
- **Is fearr a bhíonn sé in ann freastal ar riachtanais dhinimiciúla na margaí saothair nua-aimseartha;**
- **Féadfaidh sé cur le héifeachtacht institiúidí agus gach ceann acu ag díriú isteach ar réimsí faoi leith agus cáilíocht agus saineolas sna réimsí sin a bhaint amach; agus**
- **Féadfaidh sé cur leis an nuálaíocht trí dheis a thabhairt d'institiúidí dul i mbun turgnamh; ní bhíonn ach costais áitiúla ag baint le turgnaimh nach n-éiríonn leo, agus féadfar nuálaíochtaí a n-éiríonn leo a leathadh amach ar feadh an chórais.[140]**

Tá roinnt éagsúlachta ag baint leis an gcóras in Éirinn – imríonn institiúidí teicneolaíochta agus ollscoileanna rólanna difriúla agus comhlántacha le riachtanais éagsúla na mac léinn, na sochaí agus an gheilleagair a chomhlíonadh.

## 8.4 Cur chuige na gcnuasach réigiúnach

Is ceann de láidreachtaí an ard-oideachais in Éirinn é an méid a bhfuil forbairt tagtha cheana féin ar iompar comhoibríoch. Léirítear sin sna comhghuaillíochtaí ollscoile a bunaíodh le déanaí, sna comhoibrithe réigiún-bhunaithe idir na hollscoileanna agus na hinstitiúidí teicneolaíochta, agus sna comhoibrithe ag an leibhéal náisiúnta ar chláir thaighde faoi leith.

Ba chóir samhail na gcnuasach réigiúnach a chur i bhfeidhm ar shlí níos ginearálta, de bharr go gcruthaíonn sí buntáistí faoi leith, mar shampla:

- **Pleanáil agus eagrú clár níos fearr, a cheadódh do thairiscintí idirdhealaithe;**
- **Tionchar níos fearr trí iarracht a roinnt agus trí sheirbhísí roinnte a fhorbairt;**
- **Aird níos léire a thabhairt ar bhealaí agus ar fhorchéimniú mac léinn; agus**
- **Cur chuige comhordaithe ar fhiontar agus ar gheallsealbhóirí eile ag an leibhéal réigiúnach.**

Beidh dlúth-chomhordú agus dlúth-chomhoibriú idir chineálacha éagsúla institiúdí ard-oideachais neamhspleácha mar shaintréithe ag cnuasaigh. Le chéile, cinnfidh siad agus déanfaidh siad freastal ar riachtanais raon leathan mac léinn, pobal agus fiontar ina gcuid réigiún féin. Éileoidh sin comhphleanáil ar chláir, taighde comhoibríoch agus tionscnaimh fhor-rochtana, comhaontuithe ar aitheantas agus forchéimniú frithpháirteach, agus comh-straitéisí le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta réigiúnach a bhrú chun cinn. Déanfaidh na hinstitiúidí caidreamh le soláthróirí oideachais agus oiliúna reachtúla eile, mar shampla FÁS agus na Coláistí Gairmoideachais, le straitéisí foghlama réigiúnacha lánpháirtithe a fhorbairt.

Ba chóir don HEA cnuasaigh réigiúnacha den sórt sin a chur chun cinn trí dhreasachtaí a chur ar fáil agus trí cheanglais a chur ar institiúidí comhoibriú réigiúnach a chur san áireamh ina gcuid pleananna straitéiseacha.

Tá samhail na gcnuasach ag teacht leis an Straitéis Spáis Náisiúnta, agus bainfidh sí leas as na feabhsúcháin leanúnacha ar na struchtúir rialachais réigiúnacha. Cuireann siad sin deis ar fáil cur leis an gcaidreamh idir institiúidí ard-oideachais agus údaráis áitiúla, idir ghníomhaireachtaí Stáit áitiúla agus gheallsealbhóirí eile, agus cuireann siad deis

139 van Vught, F.A., Kaiser, F., File, J.M., Gaethgens, C., Peter, R. Westerheijden, D.F. *The European Classification of Higher Education Institutions* 2010.

140 Birnbaum, R. (1983). *Maintaining Diversity in Higher Education;* Huisman, J. (1995) *Differentiation, Diversity and Dependency in Higher Education*.

ar fáil cabhrú le réitigh roinnte ar riachtanais áitiúla agus réigiúnacha a fhorbairt.

Leanfar ar aghaidh ag spreagadh comhoibrithe ar feadh an chórais ar fud na tíre, ag díriú ar réimsí ina bhfuil poitéinseal scála agus láidreacht náisiúnta a thógáil. Tá poitéinseal maith ann freisin do chomhoibriú institiúide ar bhonn Thuaidh/Theas le forbairt réigiúnach trasteorann a bhrú chun cinn agus le hard-oideachas na hÉireann a bhrú chun cinn ar shlí straitéiseach ar bhonn uile-oileánda.

### Buntáistí an chnuasaithe

Shíneodh buntáistí an chnuasaithe chuig baill foirne agus mic léinn de chuid gach institiúide rannpháirteach. D'fhéadfadh na daoine sin in institiúidí teicneolaíochta cuid de na buntáistí a thagann ó bheith ag ollscoil a dhíríonn ar thaighde a fháil – d'fhéadfaí iad a spreagadh le dul isteach i seimineáir san ollscoil bhainteach, agus d'fhéadfadh siad dul i mbun comhthionscadal taighde, rud a threiseodh a gcuid teagaisc féin, agus b'fhéidir go mbeadh mic léinn iarchéime in ann freastal ar chúrsaí sa dá institiúid chomh maith. Bheadh sé i bhfad níos tarraingtí dul i mbun obair dhochtúireachta faoi mhaoirsiú príomhúil bhall foirne de chuid institiúid teicneolaíochta dá mbronnfaí an chéim a leanfadh as sin i gcomhar leis an ollscoil bhainteach.

D'fhéadfadh ollscoileanna buntáistí a fháil freisin, sa tslí is go dtreiseofaí a dtaighde feidhmeach, a ndeiseanna comhairliúcháin agus a dteagasc cúrsa fiú trí na teagmhálacha níos dlúithe a bhíonn ag institiúidí teicneolaíochta le riachtanais an tionscail agus an mhargaidh shaothair.

## 8.5 Comhdhlúthú ar feadh an chórais ard-oideachais

Tá líon mór institiúidí ard-oideachais ag Éirinn, roinnt dóibh atá sách beag. D'éascaigh sin rochtain fhairsing ar an ard-oideachas. Mar sin féin, sna fiche bliain amach romhainn, ní bheidh an scála ag na hinstitiúidí beaga neamhspleácha atá ag teastáil leis na forbairtí riachtanacha i gcáilíocht agus in éifeachtúlacht a sheachadadh. Ba chóir creatoibre a chur ar bun chomh maith le cumasc institiúide a spreagadh agus a éascú.

Tacófar le comhghuaillíochtaí nó cumaisc laistigh d'earnáil na n-institiúidí teicneolaíochta ar thaobh amháin agus laistigh d'earnáil na n-ollscoileanna ar an taobh eile, sa chás go bhféadfaidh siad cáilíocht institiúide níos mó a sheachadadh. Mar sin féin, níor chóir cumaisc fhoirmiúla idir institiúidí teicneolaíochta agus ollscoileanna a bhreithniú, go ginearálta: is dócha go laghdódh sin éagsúlacht an chórais. Seachas sin, ba chóir d'ollscoileanna agus d'institiúidí teicneolaíochta oibriú i gcomhar le chéile mar chodanna difriúla agus comhlántacha de na cnuasaigh réigiúnacha, a bhfuil cur síos déanta orthu thuas. Eisceacht a bheadh ann ná comhghuaillíochtaí a chruthú ar bhonn trasteorann. D'fhéadfadh go mbeadh iontu sin bealaí spreagthacha agus cruthaitheacha le hacmhainní ard-oideachais na réigiún sin a ailíniú le riachtanais mhic léinn, an fhiontair agus gheallsealbhóirí eile, agus ba chóir iad a spreagadh nuair is féidir sin.

Ba chóir institiúidí a maoinítear go poiblí, nach institiúidí teicneolaíochta nó ollscoileanna iad, a spreagadh chun iad féin a ailíniú le institiúidí atá ar scála sách mór lena chur ar a gcumas cuspóirí foriomlána cáilíochta agus éifeachtúlachta a chomhlíonadh, nó chun dul isteach in institiúidí den sórt sin.

## 8.6 Teacht chun cinn na hearnála ollscoile

Caithfidh ollscoileanna aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra sna blianta amach romhainn, lena n-áirítear:

- **Taithí an mhic léinn a fheabhsú ionas go dtacófar le mic léinn a lán-acmhainneacht a bhaint amach agus le cláir agus cúrsaí a**

**ailíniú le riachtanais na ngeallsealbhóirí, fostóirí na gcéimithe ach go háirithe;**

- **Leanúint ar aghaidh ag forbairt a gclár taighde, le torthaí taighde a sheachadadh chuig caighdeáin idirnáisiúnta agus leis na cláir agus torthaí taighde sin a ailíniú le riachtanais náisiúnta, sna hearnálacha fiontair agus poiblí agus chun leasa poiblí níos leithne;**
- **Éirí isteach ina ngníomhairí d'aistriú eolais, agus próisis agus struchtúir a chorprú le haistriú eolais a chur i ngach gné dá n-oibriú agus dá ngníomhaíocht;**
- **Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta do spriocanna agus do ghníomhaíochtaí institiúide;**
- **Dul san iomaíocht i dtimpeallacht ard-oideachais Eorpach agus idirnáisiúnta ina mbíonn acmhainní, mic léinn agus baill foirne ag éirí níos mó agus níos mó soghluaiste; agus**
- **Caidreamh a dhéanamh go leanúnach leis an bpobal seachtrach agus le geallsealbhóirí le tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas agus le freagra a thabhairt orthu.**

Ní bhaineann comhlíonadh na ndúshlán sin le scála níos mó a chruthú agus sin amháin: is institiúidí beaga iad go leor de na hinstitiúidí ard-oideachais is fearr ar fud an domhain. Ba chóir go mbeadh mar aidhm aige mais chriticiúil a chruthú, seachas scála agus sin amháin. Is éard atá i mais chriticiúil feidhm chomhtháiteachta institiúide, atá bunaithe ar na nithe seo a leanas::

- **Ceannaireacht, rialachas agus bainistíocht éifeachtach;**
- **Tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí;**
- **Baill foirne agus acmhainní eile a ailíniú leis na gníomhaíochtaí sin; agus**
- **Díriú isteach ar mhic léinn agus ar bhaill foirne a mhealladh chuig na réimsí tosaíochta sin.**

Is í an tástáil do mhais chriticiúil ná cibé an bhfuil an ghníomhaíocht ag an leibhéal ina bhféadfaidh sí tionchar domhanda – seachas tionchar Éireannach nó tionchar Eorpach fiú – a sheachadadh.

## Mais chriticiúil a bhaint amach trí institiúidí a bheith ag comhoibriú agus ag obair i gcomhar

Is féidir mais chriticiúil a chruthú nó a fheabhsú trí institiúidí a bheith ag comhoibriú agus ag obair i gcomhar. Mar shampla, díríonn comhghuaillíocht TCD–UCD ar na buntáistí d'ullmhú do PhD a eascraíonn as an dá institiúid a bheith ag obair i gcomhar. Cuirfidh Acadamh Nuálaíochta ceathrú leibhéal nua de chuid TCD-UCD tús leis an bpróiseas den nuálaíocht a shainmhíniú agus a phríomhshruthú mar ghné lárnach i misean na n-ollscoileanna. Tá sé beartaithe díriú isteach go háirithe ar oiliúint PhD, ar an nuálaíocht a chur ag croílár a gcuid cúrsaí, ar soghluaisteacht mac léinn idir champais a éascú, agus ar a chinntiú go mbeidh saineolas agus acmhainní UCD agus TCD go hiomlán ar fáil d'fhiontraithe na todhchaí in Éirinn.

Ar an tslí chéanna, molann an comhaontú a rinneadh le déanaí idir NUIG agus UL leas a bhaint as inniúlachtaí an dá ollscoil ag obair le chéile chun cláir PhD struchtúrtha a fhorbairt, comh-acadamh leighis nua a chruthú, agus comh-cheapacháin acadúla a dhéanamh le rogha na mac léinn a uasmhéadú.

Léiríonn na forbairtí sin a rinneadh le déanaí an deis atá ann d'ollscoileanna na hÉireann feidhmíocht a fheabhsú do mhic léinn, do ghnó, agus do gheallsealbhóirí eile trí chomhghuaillíochtaí nua a chruthú nó trí chinn atá ann cheana féin a dhoimhniú. Dhírithe cuid mhór den ghníomhaíocht sin go dtí seo ar iarchéimithe; ba chóir di gníomhaíocht fhochéime a chur san áireamh amach anseo.

Éilíonn na buntáistí a bhaineann le comhoibriú níos mó, i dtéarmaí éifeachtúlachta agus cáilíochta, go leanfaí leis agus go ndéanfaí é a shíneadh. D'fhéadfaí comhghuaillíochtaí straitéiseacha a bhunaítear thart ar réimse taighde nó

tionscadal faoi leith a leathnú le disciplíní eile a chur san áireamh, nó a dhoimhniú le comhoibriú níos fadréimsí a chur san áireamh. Ar deireadh, d'fhéadfaí cumaisc iomlána institiúidí a bhreithniú.

Amach anseo, ba chóir don chomhrá straitéiseach idir an HEA agus na hollscoileanna scrúdú a dhéanamh ar an méid atá na hinstitiúidí ag fiosrú agus ag baint úsáide as an bpoitéinseal do chomhoibriú idir-institiúide.

## 8.7 Teacht chun cinn na n-institiúidí teicneolaíochta

I dteannta na ndúshlán a leagtar amach thuas don earnáil ollscoile, tá na dúshláin maidir le scála agus an réasúnaíocht maidir le hathrú sna hinstitiúidí teicneolaíochta níos dlúithe. Cruthóidh na hathruithe a shamhlaítear ar an tsamhail maoinithe don ard-oideachas nasc níos láidre idir líon na mac léinn agus leithdháiltí maoinithe, agus beidh impleachtaí aige sin ar na hinstitiúidí go léir, na cinn bheaga ach go háirithe.

Tá gá le hathchóirithe suntasacha san earnáil d'fhonn í a chur i riocht ina mbeidh sí in ann cuspóirí straitéiseacha náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht, rochtain, cáilíocht, agus taighde agus forbairt, a chomhlíonadh. Go háirithe, ba chóir comhdhlúthú a chur chun cinn d'fhonn institiúidí teicneolaíochta comhnasctha, lena mbainfidh na nithe seo a leanas, a chruthú:

- **Beidh siad rannpháirteach i gcnuasaigh réigiúnacha le hollscoileanna páirtnéireachta ar scála comhchosúil d'fhonn raon torthaí polasaí náisiúnta a sheachadadh;**
- **Beidh siad in ann caidreamh freagrúil a dhéanamh le fiontair dúchasacha agus ilnáisiúnta ar bhonn réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta;**
- **Cuirfidh siad scála agus saineolas leordhóthanach ar fáil leis an scoth a sheachadadh i dteagasc agus i bhfoghlaim, ag díriú go láidir ar mhodhanna seachadta nuálacha agus solúbtha;**
- **Bainfidh siad leas as deiseanna do sheirbhísí roinnte;**
- **Cuirfidh siad buntáistí éifeachtúlachta ó chuíchóiriú cláir agus ó athlonnú bhaill foirne ar fáil;**
- **Beidh siad in ann próifílí idirnáisiúnta láidre a fhorbairt.**

### Moltaí maidir le hathrú stádais

Le tamall beag anuas, tá roinnt moltaí déanta le stádas chuid de na hinstitiúidí teicneolaíochta, nó iad go léir, a athrú. Bheadh impleachtaí móra ag athrú ar bith den sórt sin don chóras agus bheadh gá iad a bhreithniú i gcomhthéacs na gcuspóirí forbartha foriomlána don ard-oideachas.

Níl cás ar bith ann d'aon ollscoil nua a bhunú in Éirinn ar an mbonn atá leagtha amach in Alt 9 d'Acht na nOllscoileanna, 1997; agus ar mhaithe le héagsúlacht leathan gníomhaíochta a choimeád laistigh den chóras, chomh maith le húsáid éifeachtúil acmhainní, níor chóir iarratas ar bith ar institiúid teicneolaíochta a aistriú isteach ina hollscoil a bhreithniú.

Ar an tslí chéanna, tá an moladh a rinne roinnt institiúidí teicneolaíochta le déanaí maidir le hollscoil teicneolaíochta náisiúnta cónaidhme amháin a chruthú in aghaidh chur chuige na gcnuasach réigiúnach a leagadh amach thuas.

Mar sin féin, d'fhéadfadh cás a bheith ann d'éascaíocht a dhéanamh ar roinnt institiúidí a athrú, tar éis phróiseas comhdhlúthaithe, chuig cineál ollscoile a bheadh difriúil, ó thaobh a misin de, ó na hollscoileanna atá in Éirinn cheana féin.

Tá argóintí láidre ann in aghaidh ainmneacha institiúidí a athrú, agus sin amháin. D'fhéadfadh mearbhall go hidirnáisiúnta maidir le rólanna agus misin institiúidí na hÉireann teacht as athruithe den sórt sin, dá gceadófaí iad. Ó dhearcadh idirnáisiúnta, ní dhéanann institiúid a ainmniú mar 'ollscoil' nó mar 'institiúid teicneolaíochta' idirdhealú soiléir maidir

le stádas – is institiúidí teicneolaíochta iad dhá ceann den deich gcinn de na hinstitiúidí a bhfuil an rangú is airde acu go hidirnáisiúnta. Níos ginearálta, is minic a fhéachtar ar athruithe ar theidil mar chomhartha soiléir go bhfuiltear chun athrú a dhéanamh ar an misean, agus is é an baol a bhaineann leis sin go gcaillfear codanna tábhachtacha de mhisin áirithe na n-institiúidí teicneolaíochta. Mar shampla, faoi láthair is iad na hinstitiúidí teicneolaíochta a chuireann formhór mór na gcúrsaí Leibhéal 6 agus Leibhéal 7 ar fáil; tá ról tábhachtach acu i bpríomh-dhisciplíní mar eolaíocht agus teicneolaíocht; agus bíonn bonn mac léinn thar a bheith éagsúil acu. Dhéanfadh caillteanas ar bith maidir leis an misean sin dochar mór do leithead an tsoláthair ard-oideachais in Éirinn agus ní fhreastalóidh sé ar riachtanais fadtéarmacha ár sochaí.

Mar gheall air sin, tá breithniú cúramach déanta ag an nGrúpa ar na héilimh fheidhmíochta ar chóir baint a bheith acu le próiseas ar bith maidir le hinstitiúidí teicneolaíochta a athrú chuig cineál ollscoile a bheadh difriúil ina misean ó na hollscoileanna Éireannacha atá ann cheana féin, mar a shainmhínítear thíos.

## Dúshláin fheidhmíochta nua a chomhlíonadh

I gcomhthéacs na spriocanna thar a bheith uaillmhianach atá leagtha amach sa straitéis seo, chomh maith le príomh-ról na n-institiúidí teicneolaíochta maidir le go leor de na spriocanna sin a bhaint amach, ba chóir dúshláin fheidhmíochta nua a leagan amach don earnáil. Ní mór dóibh tuiscint níos fearr ar mhisean agus ar threo na hearnála a bheith acu, rud a thabharfaidh deis agus spreagadh do na hinstitiúidí a gcuid feidhmíochta a fheabhsú in aghaidh chuspóirí náisiúnta.

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag roinnt institiúidí teicneolaíochta le blianta beaga anuas maidir lena bhfreagrachtaí acadúla, sóisialta agus eacnamaíochta a sheachadadh, is fearr a bhfeidhmeoidh institiúidí teicneolaíochta níos láidre agus comhdhlúthaithe, a chruthófar trí chumaisc, in aghaidh a gcuid misean agus luachanna traidisiúnta, agus is fearr a mbeidh siad in ann freagra a thabhairt ar imthosca eacnamaíochta agus sóisialta a bhfuil athrú tagtha orthu.

Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh na hinstitiúidí teicneolaíochta comhnasctha na cuspóirí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Teagasc | Díriú go láidir ar thorthaí an mhargaidh shaothair agus ar chláir ag leibhéal 6 go dtí leibhéal 8 i gcónaí. Cáilíocht níos airde trí naisc le háiteanna oibre agus trí churaclaim faisnéisithe ag taighde. Níos mó speisialtóireachta thart ar nideoga áirithe le cáilíocht a bhfuil ar fáil a fheabhsú. |
| Taighde | Béim faoi leith ar an gclár oibre taighde náisiúnta de thacú le fiontair áitiúla agus réigiúnacha bheaga agus mheánmhéide. |
| Corpas mac léinn | Ardú suntasach ar líon na mac léinn páirt-aimseartha, fad a choimeádfar éagsúlacht an daonra fágálaithe scoile reatha, le huas-sciliú a éascú. Foghlaim ar an gcampas san oíche, ag an deireadh seachtaine agus sa samhradh, cianfhoghlaim oscailte ar an ríomhaire agus foghlaim obair-bhunaithe a chur ar fáil. |

| | |
|---|---|
| Caidreamh le fiontar | Naisc thar a bheith láidre le fiontar le cláir a chruthú. Gníomhaíocht R&D le lánpháirtiú le foghlaim fochéime chun mic léinn a ullmhú níos fearr don mhargadh saothair. |
| Idirnáisiúnú | Méadú ar idirnáisiúnú na mac léinn a nglactar isteach, bunaithe ar shaindíriú straitéiseach a dhéanamh ar thíortha agus disciplíní faoi leith; níos mó nasc agus líonraí le hinstitiúidí eile a bhfuil an fócas céanna acu. |
| Foinsí maoinithe | Méadú suntasach ar an gcion de mhaoiniú nach croímhaoiniú deontais é. Ioncam ó tháillí agus ioncam ón gCiste Náisiúnta Oiliúna le bheith san áireamh le foinsí maoinithe eile, i ndáil le soláthar uas-scilithe, rannchuidiú ó fhiontair áitiúil i ndáil le R&D saindírithe, oiliúint laistigh de chuideachtaí, teagasc do mhic léinn idirnáisiúnta agus seirbhísí a dhíol. |
| Rialachas agus bainistíocht | Cumas léirithe maidir le tosaíocht a thabhairt do spriocanna institiúide, agus córais straitéiseacha, bainistíochta agus leithdháilte airgeadais a chur ar bun leis na spriocanna sin a bhaint amach. |

## An poitéinseal d'ath-ainmniú mar ollscoileanna teicneolaíochta[141]

Go hidirnáisiúnta, is éard atá in ollscoil teicneolaíochta institiúid ard-oideachais a fheidhmíonn ag an leibhéal acadúil is airde i dtimpeallacht atá dírithe go speisialta ar theicneolaíocht agus ar chur i bhfeidhm na teicneolaíochta.

Nuair a léiríonn na hinstitiúidí teicneolaíochta comhnasctha, in imeacht ama, dul chun cinn suntasach in aghaidh chritéir fheidhmíochta réamhluaite, d'fhéadfaí cuid acu a ath-ainmniú mar ollscoileanna teicneolaíochta, b'fhéidir.

Ba chóir d'institiúidí comhnasctha, a bhfuil ath-ainmniú mar sin á lorg acu, bealach forbarthach a leanúint a mbeadh bunaithe ar sheachadadh in aghaidh na gcritéar feidhmíochta sin, a mbeadh dírithe ar chumaisc institiúide a chur chun cinn agus ard-fheidhmíocht institiúide a chinntiú laistigh den mhisean atá acu cheana féin. Ba chóir go mbeadh misean agus carachtar faoi leith ag na hOllscoileanna Teicneolaíochta a eascraíonn as an bpróiseas seo: beidh sin riachtanach chun an éagsúlacht atá ar cheann de láidreachtaí ard-oideachais na hÉireann a chaomhnú.

Samhlaítear próiseas dhá-chéime d'iarratas ar bith ar ath-ainmniú:

- **Dhéanfadh painéal saineolaithe, ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna faoi chomhairle an HEA, an t-iarratas a bhreithniú. Dhéanfadh an painéal sin an t-iarratas a mheas ó thaobh na**

141 Ní raibh aontoilíocht iomlán laistigh den ghrúpa maidir leis an tsaincheist seo. Ba é an dearcadh eile a cuireadh in iúl nach réiteodh sé an cheist faoi bhreis athraithe teacht ar an misean agus go bhféadfadh an tríú shraith d'institiúidí a bheith mar thoradh air.

**feidhmíochta institiúide agus ó thaobh impleachtaí an chórais níos leithne, sa chás go gceadófaí an t-iarratas. Ba chóir don phainéal a bheith neamhspleách agus comhdhéanta de shaineolaithe, agus é sin a bheith le feiceál go soiléir.**

- **Bheadh an dara athbhreithniú comhdhéanta de shaineolaithe idirnáisiúnta a dhéanfadh cáilíocht fheidhmíocht na hinstitiúide a mheas, le measúnú a dhéanamh ar cibé an raibh sí ag comhlíonadh na gcaighdeán a mbítear ag súil leo ó ollscoil teicneolaíochta**

Ba chóir do na critéir do mheasúnú a dhéanamh ar cibé an nglactar le hiarratas ar bith díriú ar ard-fheidhmíocht laistigh de mhisean. Tabharfaidh foilsiú luath na gcritéar sin réamhfhógra do na hinstitiúidí faoi dhian-éilimh an phróisis ainmnithe agus cuirfidh sé ar a gcumas réamhphleanáil a dhéanamh maidir le haon athrú ar stádas.

Is éard is aidhm leis na critéir a leagan amach cosaint bhunúsach a thabhairt do chroímhisean agus d'fhócas na n-institiúidí agus ag an am céanna dúshlán a thabhairt do na hinstitiúidí ar mian leo ath-ainmniú a fháil a léiriú go bhfuil leibhéil nua feidhmíochta bainte amach acu ina leith.

## Na critéir chéad chéime

Bheadh na nithe seo a leanas san áireamh leis na critéir arna gcur i bhfeidhm sa chéad chéim den phróiseas athbhreithnithe:

- **Tionchar an ath-ainmnithe ar an réigiún agus ar na príomhgheallsealbhóirí a mbeadh baint acu leis an institiúid, lena chinntiú nach gcuirfeadh an t-athainmniú as don obair thábhachtach a bheadh ar bun ag an institiúid ag an am sin;**
- **Gaol agus comhoibrithe le soláthróirí ard-oideachais eile, an méid a n-éireodh leis an institiúid páirt a ghlacadh i gcnuasaigh réigiúnacha, agus aon tionscnaimh chun tacú le comhdhlúthú laistigh den earnáil;**
- **Stair na hinstitiúide comhnasctha maidir le cur le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht i mbainistíocht acmhainní;**
- **Na tionchair oibríochtúla airgeadais agus eile a d'fhéadfadh eascairt as ath-ainmniú agus an plean gnó a bheadh mar bhonn taca d'athruithe ar bith den sórt sin; agus**
- **Cumas phróisis na n-institiúidí maidir le ceannaireacht, rialachas agus bhainistiú.**

## Na critéir dara céime

Bheadh na nithe seo a leanas san áireamh leis na critéir arna gcur i bhfeidhm sa dara céim den phróiseas athbhreithnithe:

- **Fís straitéiseach na hinstitiúide maidir le forbairt a ról ollscoile teicneolaíochta agus an tslí a d'fhéadfadh sí luach breise suntasach agus uathúil a chur le cumas nuálaíochta an réigiúin agus go náisiúnta;**
- **Stair a cuid caidrimh leis na hearnálacha gnó agus poiblí, go háitiúil agus go náisiúnta, maidir le tacaíocht réiteach fadhbanna a chur ar fáil ag ardleibhéal teicneolaíochta;**
- **Stair mhalartaithe a cuid ball foirne isteach agus amach as eagraíochtaí ábhartha sa tionscal agus san earnáil phoiblí.**
- **Fianaise ar chaidreamh gnó suntasach i bhforbairt churaclaim;**
- **An comhréir mac léinn atá gafa le huas-sciliú agus le socruithe staidéir neamh-thraidisiúnta (páirtaimseartha, ríomh-fhoghlaim, etc.);**
- **An comhréir de mhaoiniú a fhaightear ó chonarthaí oiliúna nó taighde leis an earnáil ghnó; agus**
- **Stair a gcuid comhoibrithe idirnáisiúnta le hinstitiúidí a bhfuil misin chomhchosúla acu – tionscadail chomhoibrithe, malartuithe baill foirne/mac léinn, etc.**

## Critéir níos ginearálta

I dteannta na gcritéar sin, bheadh ar na hinstitiúidí ceanglais eile níos ginearálta a chomhlíonadh, ina measc::

- **Cultúr scoláireachta leanúnaí atá mar fhaisnéis ag teagasc agus ag foghlaim i ngach réimse in gcuirtear cúrsaí ar fáil;**

- **Scála agus mais chriticiúil atá sách mór chun gníomhaíocht institiúide a choinneáil ag imeacht;**
- **Cumas institiúide i dtéarmaí an raon scileanna atá riachtanach le bainistíocht ghairmiúil agus cuntasacht inmheánach agus seachtrach a chinntiú;**
- **Nósanna imeachta rialachais, struchtúir eagraíochtúla, iontráil, polasaithe rochtana agus forchéimnithe, socruithe airgeadais, agus próisis dhearbhaithe cáilíochta, a mbeadh luachanna agus spriocanna na hollscoile teicneolaíochta mar bhonn taca do gach ceann acu agus a chinntíonn sláine a cuid clár acadúil.**

### Sainghnéithe na hollscoile teicneolaíochta

Déanfar ollscoil teicneolaíochta a idirdhealú ó na hollscoileanna atá ann cheana féin trí mhisean agus éiteas a bheidh dílis d'éiteas reatha agus d'fhócas mhisin na n-institiúidí teicneolaíochta, agus a chosnóidh iad sin. Tá siad sin bunaithe ar ard-oideachas a dhíríonn ar shlí bheatha, le béim ar sholáthar ag leibhéal 6 chuig leibhéal 8, agus ar thaighde agus nuálaíocht a dhíríonn ar thionscal – caithfear é seo a thabhairt chuig leibhéal níos airde in ollscoil teicneolaíochta.

Beifear ag súil freisin go n-imreoidh ollscoil teicneolaíochta ról lárnach maidir le rochtain agus forchéimniú a éascú (go háirithe ón fhórsa saothair) trí naisc struchtúrtha a fhorbairt le soláthróirí breisoideachais agus breisoiliúna.

In ollscoil teicneolaíochta, bainfidh na réimsí foghlama go dlúth le riachtanais scileanna an mhargaidh shaothair, le fócas faoi leith ar innealtóireacht agus ar theicneolaíocht agus le béim ar fhoghlaim san áit oibre. Is ionann an méid a dhírítear ar sholáthar ag na leibhéil sin agus idirdhealú tábhachtach idir na hollscoileanna atá ann cheana féin agus na hollscoileanna teicneolaíochta nua.

Tá an chumhacht PhDanna a bhronnadh tugtha do roinnt institiúidí teicneolaíochta cheana féin, agus samhlaítear go mbeidh baint níos mó ag ollscoileanna teicneolaíochta le leibhéal 9 agus leibhéal 10, de réir mar a bheidh iomchuí dá misin. Mar sin féin, díreoidh an chuid is mó den ghníomhaíocht ag na leibhéil sin laistigh den earnáil ollscoile, agus i bhfianaise nádúr éilitheach an oideachais PhD, ba chóir cláir ag an leibhéal sin a sheachadadh ar bhonn comhoibríoch struchtúrtha a mbainfidh leas as láidreachtaí na n-institiúidí páirtnéireachta. Ba chóir do na hollscoileanna atá ann cheana féin leanúint de chláir PhD struchtúrtha nua ag leibhéal 10 a threorú.

## 8.8 Cosaintí córais agus meicníochtaí athbhreithnithe

Beidh impleachtaí ollmhóra don chóras ina iomláine ag na moltaí sin i gcomhair athraithe. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an bpoitéinseal atá ag na hathruithe sin comhtháiteacht chórais, éagsúlacht mhisin agus feidhmíocht fhoriomlán a neartú. Moltar roinnt socruithe breise leis na cuspóirí sin a chosaint.

### Soláthar PhDanna

Ba chóir treoirlínte náisiúnta a bhunú le haghaidh soláthar PhDanna a bhainistiú, agus níor chóir go mbeadh cead ag institiúidí cláir PhD a chur ar fáil ach amháin sa chás gur féidir leo comhlíonadh leis na treoirlínte sin a léiriú. Ba chóir do na treoirlínte sin éascaíocht a thabhairt d'institiúidí nach soláthróirí iomlána oiliúna PhD iad féin, feidhmiú mar chomhpháirtithe le soláthróir iomlán PhDanna chun PhDanna a chur ar fáil.

### Bainistíocht ar mhaoiniú

D'fhonn éagsúlacht institiúide a chothabháil agus d'fhonn imeacht ón misean a sheachaint, caithfear ionstraimí maoinithe a bhainistiú leis an gcuspóir sonrach den éagsúlacht a chosaint.[142] De ghnáth, spreagann ionstraimí maoinithe a leagann tairgéidí agus spriocanna ginearálta amach

142 Féach F Van Vught *Mission Diversity and Reputation in Higher Education*, 2008.

institiúidí le héirí níos mó agus níos mó cosúil le chéile agus iad ag dul ar thóir na spriocanna sin. I gcodarsnacht leis sin, bíonn córais mhaoinithe a shonraíonn torthaí inmhianaithe difriúla d'institiúidí difriúla níos éifeachtaí ag tacú agus ag cur leis an éagsúlacht.

Amach anseo, ba chóir maoiniú a leithroinnt ar institiúid i gcomhthéacs comhaontaithe leis an HEA faoi mhisean agus faoi straitéis na hinstitiúide, agus faoi na cuspóirí agus tairgéidí sa mheántéarma. Beidh sé mar phríomhfhreagracht an HEA an straitéis sin a chomhaontú leis an institiúid, agus a bheith ar an eolas faoi aon fhianaise ar imeacht ón misean. Níor chóir go mbeadh mar ról ag an HEA srianadh a chur ar athrú, ach a chinntiú go mbeidh athrú neadaithe go maith sa mhisean, agus dírithe go soiléir ar fhreagra a thabhairt ar riachtanais seachtracha. I ndáil leis sin, ba chóir don HEA tástáil chriticiúil a dhéanamh ar an mbonn fianaise do mholtaí maidir le forbairt agus athrú. Má fheictear go bhfuil institiúid ag imeacht óna misean, ba chóir go mbeadh an fhreagracht agus an chumhacht ag an HEA srianadh a chur ar úsáid mhaoiniú ón Stát go dtí go ndéanfar fócus na hinstitiúide a athbhunú.

### Reachtaíocht le haghaidh ollscoileanna teicneolaíochta

Caithfidh an creatoibre reachtúil le haghaidh ollscoileanna teicneolaíochta a bhunú a misin faoi leith agus a saintréithe a shainmhíniú go soiléir. Cuirfidh soiléire maidir leis na nithe sin deireadh le haon bhunús do phróifílí foirnithe, rólanna nó struchtúir phá a ath-shainmhíniú le go mbeadh siad ag teacht leis na cinn in ollscoileanna atá ann cheana féin.

## 8.9 Caidreamh idir an HEA agus na hinstitiúidí ar leithligh

Beidh ról an HEA maidir le héagsúlacht mhisin a chosaint ag brath go mór ar chaidreamh i bhfad níos dlúithe leis na hinstitiúidí ar leithligh. Beidh ar gach institiúid a chur in iúl don HEA an tslí a n-aithníonn a straitéis cuspóirí náisiúnta, an tslí a chuireann sí leo agus an tslí a dhéanann sí soláthar d'fheabhsú leanúnach san fheidhmíocht, do chomhsheasmhacht leis an misean agus d'inmharthanacht institiúide. Beidh ar an institiúid an méid a chomhoibríonn sí le hinstitiúidí ard-oideachais eile sa réigiún a léiriú chomh maith, le go gcuirfear le cáilíocht agus le héifeachtúlacht.

Beidh ar an HEA athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar straitéis na hinstitiúide, ag féachaint go háirithe don mhéid seo a leanas:

- **Comhoiriúnacht idir straitéis na hinstitiúide agus an straitéis don ard-oideachas go ginearálta;**
- **An méid a shamhlaíonn an institiúid a chuirfidh sí le spriocanna agus cuspóirí náisiúnta; agus**
- **An méid a leagann an institiúid spriocanna uaillmhianacha agus dúshlánacha d'fheabhsúchán amach, go hinmheánach sa tslí a dhéanann an institiúid rialú agus bainistíocht uirthi féin, agus ina caidreamh seachtrach le pobail áitiúla, réigiúnacha agus náisúnta.**

Ba chóir don athbhreithniú a mheas cibé an raibh an institiúid, agus a straitéis á hullmhú aici, láidir ina cuid anailíse, cuimsitheach ina cuid caidrimh le príomhgheallsealbhóirí, agus sách uaillmhianach ina cuid spriocanna.

Ba chóir don HEA féachaint do chomhthionchar na straitéisí ar leithligh maidir le comhtháiteacht chórais. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin maidir lena chinntiú go ndéantar éagsúlacht córais foriomlán a chothabháil.

## 8.10 Cuíchóiriú ar sholáthar

Díreoidh an caidreamh leanúnach idir an HEA agus na hinstitiúidí ar an bpoitéinseal chun cuíchóiriú a dhéanamh ar sholáthar idir institiúidí. Is í an tsaincheist anseo ná deireadh a chur leis na costais dúblála thar institiúidí éagsúla agus an poitéinseal chun cáilíocht a fheabhsú trí mhais chriticiúil a chruthú.

Mar sin féin, bítear ag súil, de réir gnásanna idirnáisiúnta, go mbeidh raon clár agus disciplíní ag institiúidí ard-oideachais, agus ag ollscoileanna ach go háirithe, ag cuimsiú na saorealaíona agus na heolaíochtaí crua, agus níor chóir cur isteach air sin.

Ar an taobh eile má dhéantar cuíchóiriú ar sholáthar ní ionann sin is a rá nach mbeadh mic ábalta a theacht ar chlár ag an ionad sin ó tharla na deiseanna anois a chuireann comhchlárú mic léinn agus cianfhoghlaim ar fáil.

## 8.11 Soláthróirí neamhspleácha agus príobháideacha

Ní mór stádas agus rólanna roinnt soláthróirí ard-oideachais beaga eile a bhreithniú. Áirítear orthu sin institiúidí atá ainmnithe ag an HEA agus institiúidí nach bhfuil ainmnithe ag an HEA, a maoinítear ar bhealaí éagsúla:

- **Iad siúd a fhaigheann croímhaoiniú deontais (i bpáirt nó go hiomlán) agus maoiniú do tháillí saor in aisce;**
- **Iad siúd a fhaigheann maoiniú do tháillí saor in aisce agus sin amháin (lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann maoiniú do tháillí saor in aisce atá teoranta do chláir faoi leith nó ar bhonn líon teoranta); agus**
- **Coláistí neamhspleácha (príobháideacha) nach bhfaigheann maoiniú díreach ar bith.**

Ba chóir aon mhaoiniú poiblí chuig institiúidí faoi gach ceann de na catagóirí sin a leithroinnt tríd an HEA amach anseo. Caithfear aghaidh a thabhairt ar rólanna sonracha na n-institiúidí lena mbaineann mar chuid den chreatoibre foriomlán don ard-oideachas, agus aird á tabhairt ar stádas, méid, misean, feidhm agus socruithe maoinithe na n-institiúidí sin. .

### Institiúidí a fhaigheann croímhaoiniú deontais faoi láthair

I gcás institiúidí a fhaigheann croímhaoiniú deontais (i bpáirt nó go hiomlán) agus maoiniú do tháillí saor in aisce faoi láthair, ba chóir go n-oibreodh an creatoibre dreasachtaí foriomlán chun institiúidí den sórt sin a ionchorprú nó a chomhnascadh le hollscoileanna nó institiúidí teicneolaíochta atá ann cheana féin, nó chun iad a athrú ina n-ollscoileanna teicneolaíochta.

Ba chóir leanúint le moltaí maidir le hionchorprú ar bhonn oiriúnacht straitéiseach a bheith léirithe, lena n-áirítear:

- **Comhlántacht maidir le misean agus soláthar;**
- **Poitéinseal maidir le sinéirgíochtaí;**
- **Poitéinseal maidir le gníomhaíocht i gcomhar;**
- **Gníomhaíochtaí roinnte leis an bpoitéinseal do chuíchóiriú;**
- **Inmharthanacht airgeadais; agus**
- **Struchtúir rialachais agus bhainistíochta chomhchoiteanna.**

Cé go bhféadfadh cásanna eisceachtúla a bheith ann ina bhféadfaidh soláthar ard-speisialaithe, i gcomhar le clú láidir cruthaithe, stádas neamhspleách a chosaint, is mó dochúil go bhfeicfear in imeacht ama go gcaithfear institiúidí nach ndéanfar iad a n-ionchorprú isteach in aonáin níos mó a mhaoiniú go príobháideach.

## Institiúidí a fhaigheann maoiniú do tháillí saor in aisce agus sin amháin faoi láthair

Maidir le hinstitiúidí a fhaigheann maoiniú do tháillí saor in aisce agus sin amháin faoi láthair, ba chóir gur faoin HEA a bheadh tacaíocht maoinithe leanúnach, agus ba chóir go mbeadh sin faoi réir ag athbhreithniú leanúnach i gcomhthéacs thorthaí cáilíochta, an éilimh fhoriomlán agus an tsoláthair a bheadh ar fáil laistigh de chnuasigh réigiúnacha ábhartha. Ba chóir deireadh a chur le socruithe maoinithe den sórt sin de réir a chéile, ach amháin dá bhféadfaí cás a dhéanamh do leanúint leo, bunaithe ar luach ar airgead agus ar fhreagrúlacht do riachtanais pholasaí poiblí, agus níor chóir na socruithe sin a shíneadh thar institiúidí atá sa chatagóir seo cheana féin.

## Institiúidí nach bhfaigheann maoiniú díreach ar bith faoi láthair

Maidir le hinstitiúidí príobháideacha, is faoin HEA a bheidh sé gníomhaíocht teagaisc agus foghlama a choimisiúnú ar bhonn costais eacnamaíoch le haghaidh tosaíochtaí aitheanta a chomhlíonadh laistigh de chnuasach réigiúnach ar bith. Beidh soláthróirí neamhspleácha, lena n-áirítear iad sin san earnáil 'le haghaidh brabúis', saor chun tairiscintí a dhéanamh ar sholáthar ar an mbonn riachtanas aitheanta seo. Ba chóir go mbeadh soláthróirí den sórt sin faoi réir ag na próisis dhearbhaithe cáilíochta náisiúnta nua.

Is dócha go dtiocfaidh fás ar an earnáil seo, thar thréimhse na straitéise seo, go háirithe má thagann soláthróirí ard-oideachais idirnáisiúnta móra isteach i margadh na hÉireann. Tá an poitéinseal ag an bhfás sin cur go mór le cumas foriomlán an chórais leis an éileamh ar ard-oideachas atá ag fás, a chomhlíonadh.

Cuireann an earnáil deis ar fáil freisin chun athmheasúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar luach ar airgead agus ar éifeachtacht sholáthróirí poiblí; sa chás go bhféadfaidh soláthróirí príobháideacha luach níos fearr ar airgead a chur ar fáil, ba chóir don Stát smaoineamh ar iad a úsáid chun a chuspóirí a sheachadadh. Bheadh gá, áfach, cosaint a thabhairt nach mbeadh aon drochthionchar ar cháilíocht dá bharr sin.

Cé go bhfuil srianta dlíthiúla ar sholáthróirí oideachais in Éirinn an teideal 'ollscoil' a úsáid, beidh gá le forbairt a dhéanamh ar an gcreat rialála a rialaíonn iontráil isteach i margadh na hÉireann ag soláthróirí ard-oideachais lena chinntiú go gcoimeádfar cáilíocht fhoriomlán.

## 8.12 Achoimre ar na moltaí

### Creatoibre comhtháite

**19**

**Ba chóir creatoibre a fhorbairt chun comhoibriú ar feadh an chórais idir institiúidí éagsúla a éascú.**

- Déanfar comhoibriú idir institiúidí neamhspleácha laistigh de réigiún a chur chun cinn d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  - Cur le freagrúlacht maidir le riachtanais eacnamaíochta agus sóisialta áitiúla;
  - Bealaí forchéimnithe do mhic léinn a spreagadh; agus
  - Idirmhalartú acadúil agus malartú smaointe a éascú.
- Leanfar ar aghaidh ag tacú le comhoibriú réasúnach thar theorainneacha réigiúnacha.
- Ní bheidh aon ollscoil nua ann ar bhonn alt 9 d'Acht na nOllscoileanna.

**20**

**Ba chóir d'earnáil na n-institiúidí teicneolaíochta tús a chur le próiseas athraithe agus comhdhlúthaithe; d'fhéadfaí ath-ainmniú a thabhairt d'institiúidí comhnasctha a shroichfeadh an scála agus an acmhainneacht iomchuí**

- Ba chóir próiseas a chur ar bun chun ceadú d'institiúidí teicneolaíochta a bheadh tar éis próiseas comhdhlúthaithe a dhéanamh, iarratas ar ainmniú mar ollscoil teicneolaíochta a dhéanamh..

**21**

**Ba chóir institiúidí níos lú a chomhdhlúthú d'fhonn comhtháiteacht agus mais chriticiúil a chur chun cinn.**

I gcás institiúidí a fhaigheann croímhaoiniú deontais (i bpáirt nó go hiomlán) agus maoiniú do tháillí saor in aisce, ba chóir go n-oibreodh an creatoibre dreasachtaí foriomlán chun institiúidí den sórt sin a ionchorprú nó a chomhnascadh le hollscoileanna nó institiúidí teicneolaíochta atá ann cheana féin, nó chun iad a athrú ina n-ollscoileanna teicneolaíochta

- Níor chóir an maoiniú d'institiúidí a fhaigheann maoiniú do tháillí saor in aisce agus sin amháin a shíneadh thar institiúidí atá sa chatagóir seo faoi láthair.
- Maidir le hinstitiúidí príobháideacha (coláistí neamhspleácha nach bhfaigheann maoiniú díreach ar bith), ba chóir gur faoin HEA a mbeadh sé gníomhaíocht teagaisc agus foghlama a choimisiúnú ar bhonn costais eacnamaíche chun tosaíochtaí a d'fhéadfaí a aithint laistigh de chnuasach a chomhlíonadh. Ba chóir go mbeadh soláthróirí neamhspleácha, lena n-áirítear iad sin san earnáil 'le haghaidh brabúis', a bheith saor chun tairiscintí a dhéanamh ar sholáthar ar an mbonn riachtanas aitheanta seo.
- Déanfar maoiniú poiblí den sórt sin ar na hinstitiúidí sin a leithdháileadh tríd an HEA.

# 9. Samhail maoinithe inmharthana agus chothrom a bhunú

## Sa chaibidil seo

Leagann an cháipéis seo clár oibre uaillmhianaithe amach a bhfuil mar aidhm aige cur go suntasach le feidhmíocht chóras ard-oideachais na hÉireann maidir le cáilíocht, leithead rannpháirtíochta agus leibhéil ghnóthachtála. Tá sin in aghaidh chúlra ina bhfuil méadú ag teacht ar líon na mac léinn agus brú ag teacht ar acmhainní.

Sna blianta amach romhainn, beidh roinnt roghanna straitéiseacha deacra os comhair Éireann agus sinn ag iarraidh an fás ar an líon mac léinn a choimeád, fad a chuirfimid feabhas ar cháilíocht agus todhchaí inmharthana ar fáil don ard-oideachas. Féachann an chaibidil seo ar:

- **Scála an dhúshláin mhaoinithe atá os ár gcomhair i bhfianaise an éilimh atá ag fás:**
- **An tslí go bhféadfaimid úsáid níos éifeachtaí a bhaint as ár n-acmhainní;**
- **An tslí go bhféadfaimid an bunús maoinithe a leathnú – áirítear air sin ranníocaíochtaí ó mhic léinn, ranníocaíochtaí ó fhostóirí, agus sruthanna ioncaim eile; agus**
- **An tslí go bhféadfaimid a chinntiú go mbeidh an tslí a ndéanfaimid an t-ard-oideachas a mhaoiniú ag teacht le cuspóirí polasaí náisiúnta níos leithne maidir le rochtain mhéadaithe, tuilleadh solúbthachta agus torthaí feidhmíochta níos fearr.**

## 9.1 Impleachtaí maoinithe do scála an éilimh amach anseo

Mar a tugadh ar aird i gcaibidil 2, is í tuairim na Roinne Oideachais & Scileanna faoi láthair go méadóidh an t-éileamh ar áiteanna san ard-oideachas go dtí 68,000 in 2027, ó bhunús in 2009 de 42,500. Sa chás go gcuireann an córas ard-oideachas tús le tréimhse de chaidreamh níos dlúithe le fiontar agus leis an tsochaí níos leithne, is dócha gur féidir cion den éileamh measta ar áiteanna lán-aimseartha a chomhlíonadh trí sholáthar níos éagsúla agus níos solúbtha seachas trí sholáthar lán-aimseartha traidisiúnta. Éileoidh sin go réiteofar roinnt gnéithe de chóras maoinithe atá, go dtí seo, ag cur isteach ar fheidhmíocht na hÉireann san fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Is dócha freisin go bhféadfaidh fás teacht ar earnáil an oideachais phríobháidigh in Éirinn, atá beag faoi láthair i gcomparáid leis an earnáil phoiblí, le freastal ar roinnt den éileamh, go háirithe i gcomhthéacs riachtanas méadaithe ar mhodhanna soláthair agus foghlama neamhthraidisiúnta. Mar sin féin, tugann scála an fháis mheasta le tuiscint go mbeidh gá le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán suntasach maidir le soláthar laistigh den chóras a mhaoinítear go poiblí.

Tá an córas reatha, nuair a dhéantar é a bhinsemharcáil in aghaidh an OECD, ag seachadadh torthaí níos airde ná an meán ag leibhéil mhaoinithe atá beagán faoin meán. Fiú má chuirtear an poitéinseal chun níos mó éifeachtúlachta a bhaint ón gcóras san áireamh, is léir go gcaithfear cur chuige thar

a bheith difriúil a úsáid maidir leis an gcóras a mhaoiniú, má táthar chun na leibhéil mheasta éilimh agus na patrúin éilimh atá ag athrú, le comhlíonadh.

### Riachtanais mhaoinithe an ard-oideachais amach anseo a mheas

Tá dúshlán ag baint le riachtanais mhaoinithe an chórais ard-oideachais a mheas. Fiú gan dochar dá leordhóthanacht nó dá easpa leordhóthanachta, má dhéantar ríomhadh líneach simplí bunaithe ar chostais reatha in aghaidh an mhic léinn, curtha in aghaidh an éilimh mheasta, éiríonn fás neamh-inmharthana go han-tapa. Is €1.3 billiún atá sa mhaoiniú bliantúil atarlaithe faoi láthair, agus i luachanna an lae inniu chaithfeadh an méid sin méadú go dtí €1.8 billiún faoi 2020, agus go dtí €2.25 billiún[143] faoi 2030, díreach chun na leibhéil acmhainní reatha in aghaidh an mhic léinn a choimeád.

Cuirfidh níos mó clárúcháin brú ar bhuiséid thacaíochta do mhic léinn – faoi láthair tá níos mó ná aon trian de na mic léinn lán-aimseartha incháilithe do chineál éigin deontais tacaíochta, agus dá mbeadh an cóimheas céanna ann amach anseo, bheadh riantachas comhréireach ann do mhaoiniú.

Léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil[144] maidir le caiteachas idirnáisiúnta ar ard-oideachas go bhfuil caiteachas na hÉireann in aghaidh an mhic léinn (poiblí agus príobháideach comhnasctha) 15.5 faoin gcéad faoi bhun an chaiteachais sa cheathairíl is airde san OECD, mura gcuirtear maoiniú taighde san áireamh, agus 28 faoin gcéad faoi bhun an chaiteachais sa cheathairíl is airde má chuirtear maoiniú taighde san áireamh.

Ní hé an fás ar líon na n-iontrálaithe san ard-oideachas an t-aon fhoinse brú airgeadais amháin. Tá an straitéis seo tiomanta d'fheabhsúcháin leanúnacha i gcáilíocht mar phríomhchuid dá fís, agus tá raon moltaí aitheanta aici cheana féin chun cur le cáilíocht an tseachadta. Cuireann sin tuilleadh brú ar an mbunús maoinithe reatha, mar a dhéanann an costas airgeadais a bhaineann le cothabháil leanúnach a dhéanamh ar stoc caipitil na hearnála, a ndearnadh scrúdú iomlán orthu i dtuarascáil a chuir an HEA amach le déanaí.[145]

Má tá Éire chun dul i ngleic le scála an dhúshláin seo, ní mór di a chinntiú go mbainfidh an t-ard-oideachas úsáid éifeachtach as na hacmhainní go léir atá ar fáil dó; go leathnófar an bunús maoinithe agus go mbeidh ailíniú idir fheidhmíocht institiúide agus tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta. Beidh gá leis an gcomhréir den chostas iomlán a íoctar trí infheistíocht nach ón státchiste é a mhéadú go dtí gnásanna idirnáisiúnta.

D'fhonn ár n-uaillmhianta náisiúnta a chomhlíonadh, beidh gá le níos mó infheistíochta san ard-oideachas amach anseo chomh maith le níos mó éifeachtachta sa tslí a mbaintear úsáid as acmhainní. Má ghlactar leis go ndéanfaidh foinsí príobháideacha ranníocaíocht níos airde, is dócha go mbeidh an sciar den infheistíocht iomlán ó fhoinsí poiblí níos gaire do mheánmhéid an EU-19, de réir mar a leathnófar an bunús maoinithe foriomlán.

## 9.2 An bunús maoinithe don ard-oideachas a leathnú

Tá an t-ard-oideachas in Éirinn ag brath go mór ar mhaoiniú ón státchiste faoi láthair – léiríonn na sonraí is déanaí ón OECD go dtagann 85.1 faoin gcéad den mhaoiniú don ard-oideachas in Éirinn ó fhoinsí poiblí, i gcomparáid le meánmhéid an EU-19 de 81.1 faoi gcéad agus le meánmhéid an OECD de 72.6 faoin gcéad. Is ionann caiteachas teaghlaigh (ag mic léinn agus a dtuismitheoirí) in Éirinn agus 13.2 faoin gcéad faoi láthair, agus ní bhíonn i gcaiteachas ag aonáin phríobháideacha eile ach 1.7 faoin gcéad.

143 Níl an figiúr sin coigeartaithe maidir le boilsciú ach léiríonn sé praghsanna reatha.

144 OECD (2009) *Education at a Glance,* Tábla B1 1a (sónraí ó 2006).

145 *HE Space Survey, Preliminary Results and Indicative Capital Investment Demands,* Márta 2010.

Más mian le hÉirinn tógáil ar na láidreachtaí atá ann cheana féin le freastal ar an éileamh atá le teacht agus le cáilíocht a choimeád, ní mór di a bunús maoinithe a leathnú. Is fiú a thabhairt ar aird, mar shampla, go bhfuil an caiteachas poiblí céanna ar an ard-oideachas mar chomhréir den GDP[146] ag Éirinn agus ag Stáit Aontaithe Mheiriceá – 1 faoin gcéad. Maidir le caiteachas foriomlán, áfach, déanann SAM an comhréir sin den GDP a mhéadú faoi thrí, agus tagann breis caiteachais is ionann é agus luach 1.9 faoin gcéad den GDP ó fhoinsí príobháideacha, agus in Éirinn ní chuirtear ach 0.2 faoin gcéad den GDP leis an gcaiteachas.

Is fíor nach mbaineann an patrún sin le hÉirinn amháin. Léiríonn sonraí Eurostat ó 2004 nach bhfuil an mheán-infheistíocht phoiblí san ard-oideachas a dhéanann an EU-27 ach díreach faoi bhun infheistíocht SAM agus i bhfad níos airde ná infheistíocht na Seapáine. Sa dá thír sin, bíonn an caiteachas príobháideach i bhfad níos airde. Mar thoradh air sin, tá infheistíocht iomlán na hEorpa do na gníomhaíochtaí ar fad, lena n-áirítear oideachas agus taighde, i bhfad níos ísle ná mar atá i SAM.[147] I gcás na hÉireann, éilíonn an meascán de leibhéil ísle infheistíochta príobháidí, ardleibhéil éilimh mheasta agus srianta ar an airgead poiblí, cur chuige nua bunaithe ar na príomhphointí seo a leanas:

- **Córas nua do ranníocaíochtaí aonair chun cur le maoiniú ón státchiste; agus**
- **samhail nua do mhaoiniú a leithroinnt.**

Tacóidh na nithe seo a leanas leis an dá phríomh-athrú straitéiseach sin:

- **Polasaithe chun tacú le leathnú leanúnach ar an mbunús maoinithe ó fhoinsí príobháideacha eile; agus**
- **Athchóirithe struchtúrtha le cur le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht, as a leanfaidh úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní go léir a bheidh ar fáil.**

## Ranníocaíochtaí aonair i dtreo chostais an ard-oideachaisn

Déanann an Stát infheistíocht thar a bheith suntasach san ard-oideachas, agus tá údar maith aige sin mar gheall ar na buntáistí indíreacha, ach móra a fhaigheann an sochaí ón ard-oideachas.

I dteannta na mbuntáistí don tsochaí, tá fianaise ghlan shoiléir ann go dtugann an t-ard-oideachas buntáistí ar feadh an tsaoil do na daoine sin a dtugann faoi. Is é an sampla is soiléire de sin rath sa mhargadh saothair agus an deis tuarastal maith a thuilleamh; in Éirinn, féadfaidh daoine sa mhargadh saothair a bhfuil oideachas treasach acu (daoine 25-64 bliain d'aois i bhfostaíocht) a bheith ag súil, i gcaitheamh a saolta oibre, le 69 faoin gcéad níos mó ná daoine a bhfuil leibhéil ghnóthachtála oideachais uachtaraigh agus iar-mheánscoile (neamhthreasach) acu.[148] Nuair a chuirtear sin in éineacht leis an bhfianaise leanúnach ar na difríochtaí soch-eacnamaíochta a bhíonn i gcónaí ann i rátaí rannpháirtíochta, tacaíonn na buntáistí aonair a thugann an t-ard-oideachas le cás do ranníocaíochtaí níos airde ó dhaoine aonair i dtreo chostas an tsoláthair.

Agus cás á dhéanamh do ranníocaíocht mhéadaithe ó mhic léinn i dtreo chostais an ard-oideachais, is gá aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann leis an mbunús maoinithe poiblí agus ar an ríthábhacht a bhaineann le tiomantas an Stáit don infheistíocht san ard-oideachas i gcónaí amach anseo, a athlua. Is éard atá san fhianaise idirnáisiúnta nach mbíonn i ranníocaíochtaí ó mhic léinn, lasmuigh de chórais oideachais phríobháideacha, ach céatadán beag de na bunchostais a bhaineann le hard-oideachas a chur ar fáil. In Éirinn, nuair a bhíodh táillí teagaisc i bhfeidhm, réimsigh an céatadán sin idir thart ar aon cheathrú go dtí leath de na bunchostais sin. Mar sin, caithfidh aon chóras de

146 OECD (2009) *Education at a Glance,* Tábla B2.4 (sonraí ó 2006).

147 Páipéar oibre Fhoireann an Choimisiúin, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle ar Réiteach, 23 Samhain 2007 faoi ollscoileanna a nuachóiriú ar mhaithe le hiomaíocht na hEorpa i ngeilleagar eolais domhanda, COM 2008 (680 deiridh).

148 OECD (2008) *Education at a Glance,* Tábla A91a (sonraí d'Éirinn ó 2004).

ranníocaíochtaí aonair a bheith forlíontach d'infheistíocht an Stáit agus ní ag teacht ina háit.

Chomh maith le loighic a bhaineann díreach leis cúrsaí buiséid, tá argóintí láidre ann ar son ranníocaíochtaí aonair, lena n-áirítear an t-ionchas go mbeadh mar thoradh ar thabhairt isteach táillí teagaisc níos airde cur chuige níos freagrúla a bheadh dírithe ar mhic léinn i measc na n-institiúidí oideachais, níos mó éagsúlachta agus solúbthachta sa soláthar, agus cáilíocht teagaisc agus foghlama níos fearr – gach ceann acu sin a shaibhríonn taithí an mhic léinn.

## Samhail do ranníocaíochtaí príobháideacha

Déanann tuarascáil na Roinne Oideachais & Scileanna ar *Roghanna Polasaí maidir le Ranníocaíocht Nua ó Mhic Léinn* fiosrú ar roghanna éagsúla don tslí a bhféadfaí córas ranníocaíochtaí ó mhic léinn a chur i bhfeidhm, agus tugann costais do na roghanna sin.[149] As na roghanna a breithníodh sa tuarascáil sin, is í an tsamhail is fearr meascán de dheontais faoi thástáil maoine agus taillí do mhic léinn, i dteannta le córas iasachtaí do mhic léinn lena mbainfeadh ais-íocaíocht iarchurtha, ag brath ar ioncam. Cinntíonn an tsamhail sin go mbeadh an méid airgid a mbeadh ar iasachtóir a aisíoc i gcomhréir lena chuid/lena cuid ioncaim inchaite. Baintear sin amach trí théarma na hiasachta a athrú – ach gan pionós iomarcach a chur ar iasachtaithe a thógann achar níos faide le haisíocaíocht a dhéanamh. Moltar gur chóir go mbeadh an rogha ag mic léinn aonair an ranníocaíocht go léir nó cuid di a íoc ag an tús, mar chuid den chóras.

Ní mór dianmhachnamh a dhéanamh ar cheist na hinacmhainneachta chomh maith, i gcomhthéacs rátaí táillí a leagan amach, ionas nach mbeadh daoine fágtha le fiachais nach bhféadfaidís a bhainistiú. Ba chóir go socrófaí na rátaí táille laistigh de chreatoibre náisiúnta a rialódh an leibhéal uasta táillí, agus go ndéanfaí athbhreithniú tréimhsiúil air.

Níor bhreithnigh an Grúpa Straitéise na sonraí teicniúla faoin tslí a n-oibreodh scéim den sórt sin. Éileoidh cur i bhfeidhm na scéime sin ar an Roinn Oideachais & Scileanna grúpa saineolais a bhunú (le hionadaíocht idirnáisiúnta) chun an córas iasachta iomchuí d'Éirinn a leagan amach, agus cuntas á thabhairt do na saincheisteanna feidhmithe a théann leis.

## Comhionnanas rochtana a chothabháil

Níor chóir do thabhairt isteach ranníocaíocht ó mhic léinn stop a chur le daoine i líonta tí ar ioncam íseal agus ar mheán-ioncam a bheith rannpháirteach san ard-oideachas. Is ceann de na bacainní ar dhul isteach san ard-oideachas a mbíonn tionchar aige ar mhic léinn ó ghrúpaí ar ioncam íseal ná go mbaineann leibhéil chríochnaithe scoile níos ísle leo, agus leibhéil ghnóthachtála sa Teastas Ardteistiméireachta níos ísle leo, i gcomparáid le grúpaí eile. Cuireann sin béim ar an tábhacht a bhaineann le gníomhartha leis na leibhéil ghnóthachtála ag céimeanna níos luaithe den timthriall oideachais agus le bealaí luathaithe chuig iontráil a leanúint maidir le mic léinn den sórt sin. Maidir leis na mic léinn sin ó na grúpaí ar ioncam íseal nach mbaineann na leibhéil ghnóthachtála roimh ré amach, féadfaidh srianta airgeadais (a bhaineann le cothabháil chomh maith leis na táillí mac léinn atá ann cheana féin) tionchar a imirt ar rannpháirtíocht, agus imríonn. Is féidir idirghabháil dhíreach a dhéanamh maidir leis na bacainní airgeadais sin, is féidir a bheith ina mbacainní suntasacha, trí chreatoibre tacaíochta na mac léinn don ard-oideachas.

Moltar, mar sin, gur chóir cur leis an gcóras ranníocaíochtaí aonair trí chóras tacaíochta deontais athchóirithe do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste.

Déanann an Stát infheistíocht nach beag i ndeontais mhic léinn faoi thástáil maoine do

149 *Roghanna Polasaí maidir le Ranníocaíochtaí Nua ó Mhic Léinn,* Tuarascáil chuig an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Iúil 2009 http://www.education.ie/servlet/blobservlet/des_publication_listing.htm

thart ar 40 faoin gcéad de na mic léinn lán-aimseartha go léir. Mar sin féin, ciallaíonn an easpa breithnithe ar shócmhainní ná saibhreas sa tsamhail tástála maoine go bhfuil teorainn á cur ar scóp an Stáit na hacmhainní ganna sin a dhíriú ar na mic léinn is mó a dteastaíonn siad uathu. Tá tionchar diúltach aige sin ar an bhfás a fhéadfaidh teacht ar rannpháirtíocht san ard-oideachas i measc an líon mór líonta tí ar leibhéil mheán-ioncaim, a mbaineann ceisteanna inacmhainneachta go mór leis an rogha maidir le dul isteach san ard-oideachas.

Léiríonn na neamhéifeachtachtaí móra a bhaineann le deontais do mhic léinn a riaradh faoi láthair le fás breisíoch, earnáil-bhunaithe an ard-oideachais in Éirinn, agus níl muinín ag an bpobal as an tsamhail measúnaithe maoine a n-úsáidtear faoi láthair. Ar na cúiseanna sin, ní mór an tsamhail measúnaithe maoine a athchóiriú, agus ní mór do na próisis a bhaineann le deontais ard-oideachais a bheith níos mó sruthlínithe agus tráthúil, agus ní mór dóibh a bheith seachadta ag aon ghníomhaireacht amháin. Tá athchóiriú den sórt sin riachtanach chun tacú le comhionnanas rochtana ar an ard-oideachas agus le spriocanna uilechuimsitheacha sóisialta níos leithne.

## 9.3 Infheistíocht phoiblí a ailíniú le cuspóirí straitéiseacha

Tá dúshláin mhóra os comhar an ard-oideachais maidir le rannpháirtíocht a mhéadú agus a leathnú, agus maidir le taithí ardcháilíochta do mhic léinn a chothabháil sna blianta amach romhainn. Fiú má dhéantar ranníocaíocht phríobháideach níos airde leis an ard-oideachas, beidh ríthábhacht ag baint le ról na hinfheistíochta Stáit i gcónaí; agus ó dhearcadh an Stáit, tá sé tábhachtach go ndéanfar an infheistíocht a ailíniú le tosaíochtaí polasaí náisiúnta, go gcuirfidh sí le gnóthachtáil cuspóirí aitheanta, agus go mbeidh institiúidí in ann cuntas a thabhairt ar an maoiniú a bhfaighidh siad i dtéarmaí na dtorthaí feidhmíochta agus oideachais a mbainfidh siad amach.

### Athchóiriú ar infheistíocht phoiblí

Ní mór infheistíocht Stáit a úsáid ar an tslí is éifeachtaí is féidir le feidhmíocht níos airde a chur chun cinn agus le tacú le hathrú dearfach. Ar an gcúis sin, ní mór do mhaoiniú poiblí don ard-oideachas in Éirinn a bheith bunaithe amach anseo ar fheidhmíocht institiúide maidir le torthaí comhaontaithe a bhaint amach. Caithfidh infheistíocht Stáit san ard-oideachas a bheith leithroinnte ar shlí a chuirfidh na gnéithe seo a leanas chun cinn:

- **Fás inmharthana agus bunús maoinithe slán;**
- **Solúbthacht agus éagsúlacht soláthair;**
- **Comhionnanas rochtana;**
- **Éifeachtúlacht; agus**
- **Feidhmíocht institiúide.**

### Cur chuige nua ar leithdháileadh maoinithe

Faoi láthair, déantar acmhainní státchiste don ard-oideachas a leithdháileadh ar bhonn croídheontais d'institiúidí agus ar bhonn deontais in áit táillí. Tá difríochtaí tábhachtacha idir an bealach a ndéantar an croídheontas a leithroinnt ar na hollscoileanna i gcomparáid leis na hinstitiúidí eile.

I gcás na n-ollscoileanna agus roinnt de na hinstitiúidí beaga eile[150], déantar an deontas a leithdháileadh ar bhonn líon na mac léinn agus na bpraghasghrúpaí ualaithe de réir ábhair ina mbíonn na mic léinn – an tSamhail Leithdháilte Deontais Atarlaithe (RGAM). I gcás na n-institiúidí eile, léiríonn an deontas costais stairiúla, cé gur chuir an HEA tús le samhail atá cosúil leis an RGAM a mbaintear úsáid as in earnáil na n-ollscoileanna.

150 Is iad Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, An Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha, agus Institiúid Mater Dei na hinstitiúidí eile.

Tá buntáistí tábhachtacha maidir le trédhearcacht agus cothromas sa tslí a ndéantar maoiniú a leithroinnt ar na hollscoileanna éagsúla tugtha ag tabhairt isteach an RGAM. Moltar, mar sin, an tsamhail sin a shíneadh go forchéimneach ar na hinstitiúidí go léir. Moltar, chomh maith, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tsamhail le go ndéanfaidh sí níos mó ionadaíochta ar mhic léinn faoi mhíbhuntáiste agus ar mhic léinn pháirt-aimseartha.

Faoi na polasaithe maoinithe reatha, tugtar tosaíocht níos mó do ghlacadh clár lánaimseartha ar an gcampas ná do mhodhanna seachadta níos solúbtha.[151] Le tabhairt isteach ranníocaíochtaí aonair, gheobhaidh mic léinn pháirt-aimseartha comhchóireáil le mic léinn lánaimseartha i ndáil le táillí agus incháilitheacht d'iasachtaí.

Ba chóir don tsamhail maoinithe d'institiúidí a bheith neodrach ó thaobh an modh seachadta de (lánaimseartha, páirt-aimseartha, ar an gcampas, lasmuigh den champas) agus ba chóir di díriú isteach ar an 'gcainníocht foghlama' a ndéanann gach institiúid a sheachadadh.

Chabhródh athchóiriú den sórt sin le gluaiseacht ó mheon ionchur-dhírithe go dtí ceann a dhíreodh níos mó ar thorthaí foghlama, agus chiallódh sé tacaíocht straitéiseach ardleibhéil leis an nuálaíocht i leagan amach agus i seachadadh na hardfhoghlama.[152]

## Cáilíocht a chothabháil trí fhás inmharthana

Faoi láthair, cinneann an Rialtas an buiséad don ard-oideachas ar an iomlán gach bliain mar chuid den phróiseas meastachán foriomlán. Ní gaol soiléir idir líon na mac léinn cláraithe agus na hacmhainní a chuirtear ar fáil. Is é an baol a bhaineann leis an gcur chuige seo ná go bhféadfaidh a bheith mar thoradh ar an líon mac léinn atá ag fás buiséad seasta nó (mar atá ag tarlú le déanaí) buiséad foriomlán atá ag laghdú, a bheith á leithdháileadh thar dhaonra mór mac léinn, le himpleachtaí móra do na costais a bhíonn os comhair na n-institiúidí agus do cháilíocht na seirbhísí do na mic léinn féin. Féadfaidh forbairt ar shruthanna ioncaim bhreise agus éifeachtúlachtaí breise cabhrú leis sin a mhaolú, ach beidh gá fós ann lena chinntiú go mbeidh cothromaíocht inmharthana idir líon iomlán na mac léinn agus an aonad acmhainní a bheidh ar fáil in aghaidh an mhic léinn.

Maolóidh méadú ar mhaoiniú neamh-Státchiste trí ranníocaíochtaí ó mhic léinn an brú sin; ach sula dtabharfaí samhail den sórt sin isteach, tá sé thar a bheith tábhachtach inmharthanacht foriomlán an chórais a chinntiú agus fás a bhainistiú ar bhealach a choimeádfadh cáilíocht sna torthaí oideachais agus taighde agus i dtaithí an mhic léinn.

Beidh ról lárnach ag an Údarás um Ard-Oideachas maidir lena chinntiú go mbeidh cothromaíocht iomchuí ann, ó bhliain go bliain, idir an glacadh isteach sa chóras agus an maoiniú a bheidh ar fáil. Oibreoidh sé go dlúth le hinstitiúidí leis an gcothromaíocht sin a bhaint amach.

## Treo straitéiseach níos fadtéarmaí

Measaimid go dtiocfaidh athrú ar an gcur chuige reatha ar mhaoiniú, le trí phríomh-chomhpháirt ag teacht le chéile chun pacáiste athraithe a dhéanamh, a bheidh mar threallús don fhorbairt thar shaolré na straitéise, mar seo a leanas:

151 *Páipéar Staide ón HEA ar Fhoghlaim Oscailte agus Solúbtha,* alt 21 (2009).

152 HEA (2009) *op.cit.,* alt 33, lch.12.

| | |
|---|---|
| I | An tsamhail leithdháilte deontais atarlaithe (RGAM) a shíneadh chuig gach institiúid, le tacaíocht dá bharr sin do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste agus do mhic léinn pháirt-aimseartha. |
| II | Foinsí maoinithe a leathnú trí chóras ranníocaíochtaí príobháideacha a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, agus athstruchtúrú dá bharr sin a dhéanamh ar an gcóras maoinithe foriomlán, lena n-áirítear córas deontas na mac léinn. |
| III | Gluaiseacht chuig córas comhaontuithe leibhéal seirbhíse mar chuid de chomhrá straitéiseach níos leithne a fhorbrófar i dteannta choinníollacha struchtúrtha agus eacnamaíocha a bheidh ag athrú. Leagtar an córas sin amach thíos. |

Ní mór dul chun cinn a dhéanamh ar gach ceann de na pointí sin ar bhonn céimnithe pleanáilte.

## Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse

Táthar ag súil go mbeidh mar thoradh ar na hathchóirithe institiúide a pléadh na caibidlí roimhe seo níos mó comhtháiteachta sa chóras – trí chomhdhlúthú in idir-institiúide agus in-institiúide agus trí phleanáil níos dlúithe ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta araon. Ina theannta sin, beidh ar obair atá ar bun faoi láthair ar chostú eacnamaíoch leis na costais chruinne soláthair thar institiúidí a bheith neadaithe. Cabhróidh sin le faisnéis a thabhairt do chinntí leithdháilte maoinithe amach anseo agus cuirfidh sé tuairim i bhfad níos soiléire ar nádúr an éilimh agus ar na costais soláthair ar fáil.

Comhaontófar maoiniú amach anseo mar chuid de phróiseas de chomhrá straitéiseach idir an Stát agus na hinstitiúidí, mar a mhínítear i gCuid 7.4. Cuirfear córas comhaontuithe leibhéal seirbhíse ar bun mar chuid den chomhrá straitéiseach seo. Clúdóidh na comhaontuithe sin na príomh-aschuir agus na leibhéil seirbhíse atá le seachadadh ag an institiúid agus na hacmhainní arna leithdháileadh ag an Stát chun iad a bhaint amach.

Molaimid go gcuirfí dhá mheicníocht a chuirfidh le feidhmíocht san áireamh sa chóras sin:

| | |
|---|---|
| I | I gcomhthéacs chomhrá straitéisigh fhoriomlán agus straitéise institiúide comhaontaithe, córas dreasachtaí feidhmíochta, ina gceadófaí d'institiúidí a sheachadóidh an leibhéal seirbhíse comhaontaithe ar chostas níos ísle, an méid airgid a shábhálfaí dá bharr a choinneáil le hathinfheistiú.<br><br>Mar chomhthoradh ar an gcóras dreasachtaí feidhmíochta, féadfaidh institiúidí nach seachadóidh a gcuid tiomantas a bheith ag súil le pionóis airgeadais. |
| II | Bainfear úsáid as maoiniú feidhmíochta tiomanta chun feidhmíocht ar phríomhthosaíochtaí náisiúnta a chur chun cinn. Is féidir teacht ar mhaoiniú mar sin trí chuid den deontas atarlaithe a úsáid, de réir mar a cheadaíonn an leibhéal maoinithe foriomlán; nó trí chiste iomaíoch saindírithe a mbeifí in ann cur isteach air, agus a bheadh leithdháilte ar bhonn iomaíoch, faoi athbhreithniú seachtrach, ag leanúint sampla an Chiste Nuálaíochta Straitéisigh. |

## 9.4 Sruthanna ioncaim breise

### Ranníocaíochtaí ón fhostóir

I dtimpeallacht ina leathnóidh an t-ard-oideachas a ról maidir leis an bhfórsa saothair a uas-sciliú trí sholáthar níos solúbtha,[153] tá sé réasúnach a bheith ag súil go ndéanfaidh fostóirí ranníocaíocht le costais an ard-oideachais dá gcuid fostaithe, nuair is cuí sin. Baintear é sin amach faoi láthair tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna (NTF), a bunaíodh ar bhonn reachtúil in 2000, le ranníocaíochtaí leis á mbailiú trí ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra.[154] Baineadh úsáid as an gciste chun maoiniú a thabhairt do chláir agus tionscnaimh a dhíríonn ar na nithe seo a leanas:

- **Cur le scileanna daoine fostaithe;**
- **Oiliúint a chur ar fáil do na daoine sin gur mian leo scileanna nua a fháil chun críche dul i mbun fostaíochta; agus**
- **Taighde ar riachtanais scileanna amach anseo sa gheilleagar.**

I gcásanna ina bhfuil ganntanais scileanna aitheanta nach mór aghaidh a thabhairt orthu nó ina bhfuil tosaíochtaí uas-scilithe sonracha san fhórsa saothair, ba chóir don Stát smaoineamh ar an NTF a úsáid chun tacú go díreach le mic léinn ard-oideachais tríd an ranníocaíocht riachtanach ó mhic léinn a íoc, nó trí mhaoiniú a chur ar fáil ar bhonn iomaíoch chuig institiúidí poiblí agus príobháideacha araon, nuair is cuí sin.

### Bronntanais Daonchairdiúla

Bíonn bronntanais daonchairdiúla mar fhoinsí suntasacha maoinithe ard-oideachais i roinnt tíortha – go háirithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ina bhfuil stair seanbhunaithe den daonchairdeas. Tá obair mhór déanta ag institiúidí ard-oideachais na hÉireann chun maoiniú daonchairdiúil a fháil, agus d'éirigh leo go pointe, go háirithe maidir le caiteachas caipitil. Idir 2005 agus 2008, b'ionann infheistíocht phríobháideach san infrastruchtúr agus beagnach 50 faoin gcéad den chaiteachas caipitil iomlán.[155] D'fhéadfadh an poitéinseal a bheith ann tuilleadh maoinithe a mhealladh ó fhoinsí daonchairdiúla agus eile, in ainneoin deacrachtaí na timpeallachta eacnamaíochta reatha. Go ginearálta, is mó dóchúil go mealltar deontóirí más léir an misean agus an cuspóir agus má táthar i muinín go bhfuil an córas ag feidhmiú ag ardleibhéal éifeachtúlachta. Tá aon iarracht inchreidte chun ról an mhaoinithe daonchairdiúil a leathnú ag brath go hollmhór ar an infheistíocht phoiblí a bheith ag leanúint ar aghaidh – tugann sin dearbhú do na deontóirí ionchasacha go bhfuil siad ag cur le maoiniú seachas ag bronnadh airgid in áit ranníocaíocht ón státchiste. Ba chóir ráthaíocht a thabhairt ar dhearbhuithe mar sin trí mheicníocht náisiúnta ina mbeadh bronntanais dhaonchairdiúla le haghaidh cuspóirí a thagann le treoracha straitéiseacha comhaontaithe in ann tacaíocht bhreise ón státchiste a spreagadh.

## 9.5 Úsáid éifeachtach acmhainní san ard-oideachas

Léiríonn ard-oideachas na hÉireann leibhéil éifeachtúlachta, táirgiúlachta, éifeachtachta agus cáilíochta sách arda i gcomparáid le tíortha forbartha eile.[156] Mar sin féin, tá roinnt réimsí san ard-oideachas ina bhféadfaí acmhainní a úsáid ar shlí níos éifeachtaí. Cuireann an phríomhtheachtaireacht a tháinig ón staidéar a rinne ECOFIN le déanaí béim ar an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlacht i gcaiteachas ar an ard-oideachas, ní amháin mar chuid den airgeadas poiblí ach mar shlí le nuálaíocht

---

153 *An Straitéis Náisiúnta Scileanna, 2006 agus An Tuarascáil ar Iomaíochas Náisiúnta,* 2009.

154 Déantar an ciste a airgeadú trí thobhach ar fhostóirí de 0.7% de thuilleamh inríofa maidir le fostaithe i bhfostaíocht Aicme A agus Aicme H. Is ionann sin agus thart ar 75% de na fostaithe go léir faoi árachas.

155 HE Space Survey, Preliminary Results and Indicative Capital Investment Demands, Márta 2010.

156 St. Aubyn, M., Pina, A., Garcia, F. & Pais, J. (2009) *Staidéar ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais phoiblí ar an oideachas treasach,* Geilleagar na hEorpa, Páipéir Eacnamaíochta 390, Samhain 2009, ECOFIN, An Coimisiún Eorpach.

agus fás a chur chun cinn.[157] Ní leor athruithe beaga breisíocha ar tháirgiúlacht: Ní mór d'Éire cultúr d'fheabhsúchán leanúnach a fhorbairt anois, i dtéarmaí cáilíochta agus táirgiúlachta araon.

## Acmhainní Daonna

Éileoidh córas a bheadh níos solúbtha agus níos freagrúla do ghrúpa rannpháirtithe i bhfad níos leithne, cleachtais oibre níos solúbtha, agus ba chóir tabhairt isteach cleachtas oibre den sórt sin a phlé sa chomhthéacs sin. Samhlaítear go gcruthóidh gluaiseacht chuig maoiniú le haghaidh torthaí laistigh de chreatoibre cáilíocht-dhearbhaithe agus feidhmíocht-bhunaithe gá le táirgiúlacht a mhéadú agus le tuilleadh solúbthachta a ionchorprú i gconarthaí fostaíochta. Ní mór a bheith ag súil leis na hathruithe sin agus soláthar a dhéanamh dóibh anois. Is dócha go mbeidh na nithe seo a leanas i gceist leo:

- **Cuntasacht aonair níos mó maidir le torthaí a sheachadadh chuig caighdeáin fhorordaithe laistigh de ghnásanna praghais, agus aitheantas a thabhairt d'fheidhmíocht den sórt sin i bprósis luacha saothair agus ardaithe céime.**
- **Rogha bainistíochta níos fearr maidir le déileáil le neamhfheidhmíocht;**
- **Níos mó sofaisticiúlachta i dtéarmaí na gconarthaí fostaíochta (a dhéanann soláthar d'ionchas bliantúil ar ualach oibre); agus níos mó sofaisticiúlachta laistigh d'institiúidí (trí chórais bhainistíochta ualaigh oibre a leithroinneann na huaire sin le tosaíochtaí institiúide a chomhlíonadh);**
- **sonraí ar ualaigh oibre a bhinsemharcáil le níos mó trédhearcachta a chur ar fáil maidir leis an méid a chuireann baill foirne acadúla nó eile le feidhmíocht institiúide; agus**
- **Tuilleadh saoirse nuálaíocht a dhéanamh maidir le níos mó naisc fostaíochta sainoiriúnaithe do na hinstitiúidí ard-oideachais sin a théann i dtreo samhail oibrithe níos fiontraíche agus níos neamhspleáiche.**

## Athbhreithniú cuimsitheach ar chonarthaí

Ba chóir tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar chonarthaí fostaíochta atá ann cheana féin mar ábhar tosaíochta, le súil agus conradh fostaíochta níos nua-aimseartha a bhaint amach do bhaill foirne acadúla, ceann a aithníonn a seasamh gairmiúil agus a ndíograis, a chuireann leibhéil chuntasachta iomchuí ar fáil, agus a chumasaíonn tacaíocht a thabhairt do thallann na foirne agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint aisti. Éileoidh sin na torthaí seo a leanas:

- **Conarthaí atá trédhearcach agus a sheachadann cuntasacht do shamhlacha leithdháilte ualaigh oibre iomchuí lena chinntiú gur féidir tosaíochtaí i ndáil le teagasc agus foghlaim, taighde agus riarachán, a bhainistiú agus a sheachadadh;**
- **I gcás institiúidí teicneolaíochta, ba chóir go sonródh conarthaí líon íosta uaireanta le seachadadh ar bhonn bliantúil;**
- **Conarthaí a léireodh tuiscint i bhfad níos leithne ar an mbliain acadúil agus ar an gclár ama; agus**
- **Níos mó solúbthachta, inoiriúnachta agus solghluaisteachta ó bhaill foirne chun éilimh nua de bharr athruithe struchtúir agus eile, arna n-eascairt ón straitéis, a chomhlíonadh.**

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh i socruithe conarthachta nua gur féidir leo déileáil leis an scála athraithe a bhfuiltear ag súil leis sna blianta amach romhainn: :

- **Cuntasacht inmheánach láidir, le deis éigin ann do phá nasctha le feidhmíocht, laistigh de bhandaí sainmhínithe;**
- **Socruithe níos oscailte le haghaidh téarmaí teagaisc agus laethanta teagaisc – leis an imscaradh solúbtha (tráthnónta agus fáil ar feadh na bliana) a mbeidh gá leis chun riachtanais na mac léinn**

157 St. Aubyn, M. et al., *op. cit.* lch.66.

**a chomhlíonadh agus le haghaidh gníomhaíochtaí for-rochtana; agus**

- **Conarthaí acadúla 'teagasc agus sin amháin' a úsáid, nuair is iomchuí.**

## Acmhainní daonna: cuspóirí níos fadtéarmaí

Mar chuid den phróiseas bainistíochta feidhmíochta, teastaíonn forbairt acmhainní daonna san earnáil bearta níos láidre chun déileáil le neamhfheidhmíocht agus le bainistíocht ar thallann. Cabhróidh an conradh athchóirithe, i dteannta le hobair atá ar bun cheana féin le rólanna, freagrachtaí agus ionchais fheidhmíochta a shainmhíniú ar shlí níos soiléire thar an struchtúr grádaithe, cabhróidh sin go mór cur le feidhmíocht agus déileáil le neamhfheidhmíocht. Áirítear ar shaincheisteanna eile is gá aghaidh a thabhairt orthu thar shaolré na straitéise:

- **Creatoibre do ghairmeacha taighde a chur i bhfeidhm;**
- **Spleáchas ar thacaíocht státchiste ag laghdú de réir a chéile, creatoibre luacha saothair níos uilechuimsithigh á fhorbairt, agus athruithe struchtúrtha ar fheidhmeanna a ghlacadh san áireamh, le níos mó solúbthachta d'institiúidí agus téarmaí luacha saothair á leagan amach, agus ag an am céanna go gcoimeádfaí cosaintí iomchuí maidir le húsáid iomlán mhaoiniú poiblí.**

Ní mór d'institiúidí a ghlacann na cumhachtaí sin orthu féin é sin a dhéanamh laistigh de chreatoibre iomchuí a bheidh in ann na nithe seo a leanas a chinntiú::

- **Comhairliúchán dóthanach le leasanna na mball foirne;**
- **Trédhearcacht maidir le leibhéil foirne agus rátaí pá;**
- **Freagracht a ghlacadh maidir le costais iomlána earcaíochta, lena n-áirítear costais pinsin; agus**
- **Cuntasacht shoiléir as seachadadh foriomlán na dtorthaí comhaontaithe a ghlacadh.**

## Acmhainní a roinnt

Cé go ndíríonn beagnach an litríocht idirnáisiúnta go léir ar ard-oideachas ar fheidhmíocht an luchta acadúil, beidh feidhmíocht na foirne riaracháin agus tacaíochta ríthábhachtach freisin le feidhmíocht ard-oideachais na hÉireann a chinntiú agus a chothabháil. Díreach mar a chuirtear le feidhmíocht chórais trí níos mó comhoibrithe i measc an luchta acadúil, tá buntáistí móra le baint freisin as níos mó comhoibrithe, agus acmhainní a roinnt i measc riarthóirí ard-oideachais.

## Seirbhísí roinnte

Tá scóp mór ann maidir le seirbhísí roinnte thar an ard-oideachas agus d'fhéadfaí úsáid níos córasaí a bhaint as seirbhísí roinnte le cabhrú le héifeachtúlacht a fheabhsú agus costais a ísliú. Mar shampla, d'fhéadfaí éifeachtúlachtaí a ghnóthú trí institiúidí a bheith ag obair le chéile níos mó le hearraí agus seirbhísí a fháil. Rinneadh roinnt tionscnamh maidir leis sin cheana féin agus cuireadh fáilte mhór rompu.[158] Ag leibhéal earnálach tá an coincheap go maith chun cinn, le hardáin seirbhísí roinnte seanbhunaithe mar an LárOifig Iontrála (CAO), HEAnet agus an Chéim.[159] D'fhéadfaí iad sin a fhorbairt tuilleadh i réimsí mar párolla, pinsin agus roinnt feidhmeanna Acmhainní Daonna roinnte.

## Acmhainní fisiciúla

Bheadh tionchar eile ag úsáid níos éifeachtaí a bhaint as infrastruchtúr fisiciúil sa chóras ard-oideachais seachas airgead a shábháil nó éifeachtúlacht a mhéadú. Measann an HEA gurb ionann an ráta úsáidte spáis in ard-oideachas na hÉireann agus thart

158 Tá institiúidí ag leanúint an chláir oibre seo cheana féin (mar shampla, laistigh de Chuibhreannas na Sionainne) agus tá sé á chur chun cinn ag an leibhéal náisiúnta i gcomhthéacs an tionscnaimh Athchóiriú na Seirbhísí Poiblí. Bunaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS) in Oifig na nOibreacha Poiblí. Déanfaidh sí bainistiú ar cheannach earraí agus seirbhísí a bhaineann le gach réimse den tSeirbhís Phoiblí.

159 Seasann an Chéim do Bhainistíocht Faisnéise Chomhoibríoch san Ard-Oideachas nó "Collaborative Higher Education Information Management" sa Bhéarla, agus cuimsíonn sí bainistiú ar eolas faoi Mhic Léinn, an Leabharlann, Airgeadas, Amchlárú agus Acmhainní Daonna/Párolla, i measc na nhInstitiúidí Teicneolaíochta agus Institiúid Thiobraid Árann.

ar 63 faoin gcéad[160], ráta atá ard de réir chaighdeáin idirnáisiúnta. Níl fad na bliana acadúla in Éirinn neamhghnách i dtéarmaí idirnáisiúnta, agus aithnítear go ndéantar gníomhaíocht taighde na n-ollscoileanna i rith na bliana go léir. Sa tuarascáil chéanna, áfach, molann an HEA go mbreithnófaí fad ar an mbliain nó ar an lá/seachtain/seimeastar acadúil le súil agus cur le héifeachtúlacht na húsáide spáis san earnáil. Is bealach amháin é sin a bhféadfadh institiúidí iad féin a dhéanamh níos tarraingtí do mhic léinn idirnáisiúnta.

Bealach amháin é síneadh na bliana acadúla le seirbhísí nua mar chéimeanna luathaithe a sheachadadh le húsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní sin; agus i gcomhthéacs ina bhfuil an t-éileamh ag fás ag ráta níos tapúla ná aon acmhainneacht dhóchúil chun freastal ar éilimh chaipitil mhéadaithe a bhaineann leo, ba chóir d'insititiúidí tosú ag smaoineamh ar bhealach níos cruthaithí faoin tslí a bhféadfadh siad freastal ar chuid den éileamh sa samhradh agus lasmuigh d'uaire acadúla traidisiúnta. D'fhéadfadh sin cur lenár n-iomaíochas sa réimse idirnáisiúnta chomh maith. Cabhróidh gníomhaíochtaí den sórt sin le conradh níos solúbtha a thabhairt isteach do bhaill foirne acadúla, mar a leagadh amach thuas.

160 Draft HE Space Survey, Preliminary Results and Indicative Capital Investment Demands, Márta 2010.

## 9.6 Achoimre ar na moltaí

### Samhail maoinithe inmharthana agus chothrom

**22**

**Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar chonarthaí fostaíochta reatha na mball foirne acadúil le súil agus seasamh gairmiúil an lucht acadúil a aithint agus leibhéil inchomparáide cuntasachta a éileamh maidir leo sin atá i bhfeidhm sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha níos leithne.**

Éileoidh athbhreithniú den sórt sin na torthaí seo a leanas:

- Conarthaí atá trédhearcach agus a sheachadann cuntasacht do shamhlacha leithdháilte ualaigh oibre iomchuí lena chinntiú gur féidir tosaíochtaí i ndáil le teagasc agus foghlaim, taighde agus riarachán, a bhainistiú agus a sheachadadh;
- I gcás institiúidí teicneolaíochta, ba chóir go sonródh conarthaí líon íosta uaireanta le seachadadh ar bhonn bliantúil;
- Conarthaí a léireodh tuiscint i bhfad níos leithne ar an mbliain acadúil agus ar an gclár ama; agus
- Níos mó solúbthachta, inoiriúnachta agus solghluaisteachta ó bhaill foirne chun éilimh nua de bharr athruithe struchtúir agus eile, arna n-eascairt ón straitéis, a chomhlíonadh.

23 **Thar shaolré na straitéise agus i gcomhthéacs spleáchas ar an státchiste a bheidh ag laghdú, glacfaidh institiúidí ard-oideachais ar leithligh níos mó freagrachta orthu féin, de réir a chéile, as príomhfheidhmeanna acmhainní daonna.**

Éileoidh freagracht den sórt sin ar institiúidí na nithe seo a leanas a dhéanamh

- Na cumhachtaí chun baill foirne a earcú agus téarmaí agus coinníollacha a leagan amach dóibh, a ghlacadh orthu féin, laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe;
- Buiséid chothromaithe a choimeád agus buiséid a leagan amach do chostais iomlán na hearcaíochta, costais phinsin san áireamh;
- Oibriú laistigh de chreatoibre iomchuí do bhainistiú acmhainní daonna a chinnteoidh:
  - Comhairliúchán dóthanach le leasanna na mball foirne; agus
  - Trédhearcacht maidir le leibhéil foirne agus rátaí pá.
- Cuntasacht soiléir as seachadadh foriomlán na dtorthaí comhaontaithe a ghlacadh.

24 **Caithfear an bunús maoinithe don ard-oideachas a leathnú trí athchóiriú a dhéanamh ar mhaoiniú na mac léinn, lena n-áireofar foirm nua de rannchuidiú díreach ó mhic léinn bunaithe ar tháille ar dtús le saoráid chun íocaíocht a iarchur.**

- Éileoidh cur i bhfeidhm na scéime sin ar an Roinn Oideachais & Scileanna grúpa saineolais a bhunú (le hionadaíocht idirnáisiúnta) chun an córas iasachta iomchuí d'Éirinn a leagan amach, agus cuntas á thabhairt ar na saincheisteanna feidhmithe a théann leis.
- Ba chóir go socrófaí na rátaí táille laistigh de chreatoibre náisiúnta a rialódh an leibhéal uasta táillí, agus go ndéanfaí athbhreithniú tréimhsiúil air.
- Ní bheidh fás amach anseo ná seachadadh cáilíochta níos fearr in ard-oideachas na hÉireann indéanta gan rannchuidiú den sórt sin.
- Ní mór go mbeadh san áireamh in athchóiriú ar mhaoiniú athchóiriú ar na nósanna imeachta arna n-úsáid chun tástáil mhaoine a dhéanamh le haghaidh deontas cothabhála na mac léinn. Ba chóir é sin a bheith sruthlínithe agus tráthúil, agus ba chóir é a sheachadadh trí ghníomhaireacht amháin.
- I gcásanna ina mbeadh easnaimh aitheanta ar scileanna nár mhór aghaidh a thabhairt orthu, nó dá mbeadh tosaíochtaí uascilithe sonracha ann san fhórsa oibre, ba chóir don Stát socruaithe maoinithe eile a bhreithniú, mar shampla:
  - An NTF a úsáid chun tacú le mic léinn an rannchuidiú riachtanach ó mhic léinn a íoc; nó
  - Cistí nó sparánachtaí sainithe a bhféadfadh institiúidí ard-oideachais poiblí nó príobháideacha dul in iomaíocht dóibh le híoc le mic léinn a mbeadh ag gabháil de chláir staidéir faoi leith; nó
  - Táillí lascainithe.

**25**

**Caithfidh fás an ard-oideachais a bheith inmharthana agus caithfidh bunús maoinithe iomchuí a bheith mar acmhainn aige. Caithfear fás agus feabhsú cáilíochta a bhrú chun cinn in éineacht.**

- Go sonrach, caithfidh freagracht a bheith ar an HEA institiúidí a choimeád faoi athbhreithniú géar i ndáil le hinmharthanacht a n-uaillmhianta maidir le fás, agus an fás sin á thomhas i gcomparáid leis na hacmhainní airgeadais, acmhainní a bheidh mar bhonn taca don fhás sin.

**26**

**Caithfear infheistíocht phoiblí in ard-oideachas a ailíniú le tosaíochtaí polasaí náisiúnta, lena n-áireofar rochtain a leathnú, torthaí feidhmíochta níos fearr, agus tuilleadh solúbachta maidir le soláthar**

Beidh i gceist leis sin:

- Rochtain ar ard-oideachas a leathnú do dhaoine ó chúlraí soch-eacnamaíocha níos ísle nó do ghrúpaí tearc-ionadaíochta eile (trí ualú breise);
- Leithdháileadh deontais atarlaithe a bhaineann cothromas amach idir na mic léinn go léir, bíodh siad ina mic léinn lánaimseartha nó páirt-aimseartha, ar an gcampas nó lasmuigh de.
- Gné cúitimh chun bronntanais phríobháideacha a fhaightear trí dhaonchairdeas a mheaitseáil;
- Leithdháileadh deontas atarlaithe do na hinstitiúidí go léir, bunaithe ar shamhail an chostais aonaid reatha (RGAM) atá á hoibriú san earnáil ollscoileanna;
- Comhaontuithe leibhéil seirbhíse, mar chuid de chomhrá straitéiseach, le hinstitiúidí ard-oideachais a bhunóidh na príomhaschuir, torthaí agus leibhéil seirbhíse atá le seachadadh agus na hacmhainní a leithdháilfear chun iad a bhaint amach.

# Cur i bhFeidhm

Níl an córas ard-oideachais deighilte ón gcuid eile den tsochaí – tá sé mar chuid lárnach di. Tá caighdeán maireachtála shaoránaigh na hÉireann dlúthcheangailte le forbairt an chórais ard-oideachais. Cinnteoidh cur i bhfeidhm na moltaí atá leagtha amach sa cháipéis seo go gcuirfear ar chumas chóras ard-oideachais na hÉireann an méid is mó is féidir leis a chur le caighdeán saoil shaoránaigh na hÉireann a fheabhsú, agus le dul i ngleic le dúshláin ollmhóra shóisialta, eacnamaíochta agus chomhshaoil an domhain.

Leagtar amach sa straitéis seo na treoracha d'fhorbairt agus d'athrú san ard-oideachas sa fiche bliain atá le teacht. Is é an chéad dhúshlán eile an t-athrú sin a sheachadadh. Ní féidir sin a bhaint amach ach amháin trí mheon comhpháirtíochta agus caidrimh ag gach leibhéal den chóras agus trí shocruithe feidhmithe iomchuí chun leas a bhaint as sin. Moltar go dtabharfadh an Rialtas aghaidh air sin mar chuid dá bhreithniú foriomlán ar an tuarascáil seo.

# Aguisíní

# Aguisín A: Acrainmneacha agus giorrúcháin

| | |
|---|---|
| AHELO | Staidéar féidearthachta an OECD ar Mheasúnú idirnáisiúnta ar Thorthaí Foghlama Ard-Oideachais |
| AHSS | Na hEalaíona, na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta |
| **CAO** | An LárOifig Iontrála |
| **CIT** | Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí |
| **CRANN** | Centre for Research on Adaptive Nanostructures and Nanodevices |
| **CSET** | An tIonad um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht |
| **CSO** | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| **ECOFIN** | Comhairle Ghnóthaí Geilleagracha agus Airgeadais an Aontais Eorpaigh |
| **ECTS** | An Córas Eorpach d'Aistriú Creidmheasa |
| **EIE** | Oideachas san Fhostaíocht |
| **ESRI** | An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| **EU** | An tAontas Eorpach |
| **Eurostat** | Gníomhaireacht Staidrimh na hEorpa |
| **FÁS** | An tÚdarás Oiliúna agus Fostaíochta |
| **Forfás** | An comhlacht comhairleach ar pholasaí náisiúnta d'fhiontar agus d'eolaíocht |
| **FP7** | An Seachtú Clár Creata d'Fhorbairt Taighde agus Teicneolaíochta |
| **GERD** | Ollchaiteachas ar Thaighde agus Forbairt |
| **GDP** | Olltáirgeacht Intíre |
| **GNP** | Olltáirgeacht Náisiúnta |
| **HEA** | An tÚdarás um Ard-Oideachas |
| **HEAnet** | Eagraíocht a chuireann seirbhísí idirlín ar fáil d'institiúidí oideachasúla agus taighde agus d'eagraíochtaí ar fud na hÉireann. |
| **HEI** | Institiúidí Ard-Oideachais |
| **HERD** | Taighde agus Forbairt Ard-Oideachais |
| **HSIS** | Humanities Serving Irish Society |
| **ICT** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) |
| **IDA Ireland** | an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail – gníomhaireacht na hÉireann um chur chun cinn na hinfheistíochta isteach |
| **INSPIRE** | Integrated Nanoscience Platform for Ireland |
| **IOTI** | Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann |
| **IP** | Maoin Intleachtúil |
| **IT** | Institiúid Teicneolaíochta |
| **IUA** | Cumann Ollscoileanna Éireann |

| | |
|---|---|
| **IUQB** | Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann |
| **KPI** | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
| **LIT** | Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh |
| **MIC** | Coláiste Mhuire gan Smál |
| **NAIRTL** | An tAcadamh Náisiúnta um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama |
| **NFQ** | Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí |
| **NTF** | An Ciste Náisiúnta Oiliúna |
| **NUIG** | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| **OECD** | An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta |
| **PRSI** | Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta |
| **PRTLI** | Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) |
| **R&D** | Taighde agus Forbairt |
| **RD&I** | Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht |
| **REAP** | Léarscáil do Chomhpháirtíocht Fostaíochta-Acadúil |
| **RGAM** | An tSamhail Leithdháilte Deontais Atarlaithe |
| **RPL** | Aitheantas d'Fhoghlaim Roimh Ré |
| **SFI** | Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| **SRC** | Cnuasach Taighde Straitéiseach |
| **SSTI** | An Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta |
| **STEM** | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| **TCD** | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath |
| **TTSI** | Tionscnamh Tacaíochta Aistrithe Teicneolaíochta |
| **UCD** | An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath |
| **UL** | Ollscoil Luimnigh |
| **VEC** | Coiste Gairmoideachais |

# Aguisín B: Téarmaí tagartha

Bunaíodh an Grúpa Straitéise faoi na téarmaí tagartha seo a leanas.

| | |
|---|---|
| **1** | Ról ard-oideachas na hÉireann a bhreith i gcomhthéacs ról an ard-oideachais i sochaithe nua-aimseartha agus, go sonrach, i sochaí faisnéise an lae inniu. |
| **2** | Cur síos agus anailís a dhéanamh ar thimpeallacht reatha ard-oideachais na hÉireann, lena n-áirítear:<br>■ **an córas reatha maidir leis an líon mac léinn, maoiniú, samhlaithe maoinithe, socruithe eagraíochtúla agus rólanna na n-aonán éagsúla poiblí agus príobháideach a bhfuil baint acu le réimse an ard-oideachais agus taighde;**<br>■ **na cuspóirí polasaí reatha;**<br>■ **fachtóirí seachtracha is dócha a mbeidh tionchar acu ar athrú san earnáil (e.g. déimeagrafaic, soghluaisteacht mac léinn) a aithint agus a mheas, agus;**<br>■ **an timpeallacht idirnáisiúnta ina n-oibríonn córas ard-oideachais na hÉireann, lena n-áirítear binsemharcáil a dhéanamh ar an gcóras i gcomparáid le comparadóirí idirnáisiúnta ábhartha agus córais, próisis agus torthaí ard-oideachais i dtíortha eile** |
| **3** | Ag féachaint do na saincheisteanna a eascraíonn as 1 agus 2 thuas, agus as an bpróiseas comhairliúcháin ar na saincheisteanna sin, fís agus sraith cuspóirí polasaí náisiúnta bainteacha a fhorbairt d'ard-oideachas na hÉireann sa 20 bliain amach romhainn, le spriocanna níos saindírithe don earnáil don chéad chúig bliana eile. |
| **4** | Ag féachaint do thorthaí phointe 3 thuas, agus aird á tabhairt ar shárchleachtas idirnáisiúnta, creat oibríochtúil an chórais ard-oideachais, lena n-áirítear líon agus rólanna na n-institiúidí laistigh de, a chuirfidh ar a chumas na cuspóirí polasaí sin a sheachadadh, a aithint; athrú ar bith a theastódh sa chóras maoirsithe agus cuntasachta a thacódh le baint amach cuspóirí a mholadh; an leibhéal acmhainní a theastóidh chun na cuspóirí luaite a bhaint amach a chinneadh, breathnú ar phoitéinseal ar bith do chuíchóiriú nó d'athrú d'fhonn úsáid na n-acmhainní sin a uasmhéadú agus an tslí a d'fhéadfaí aon riachtanais acmhainne bhreise a chomhlíonadh, ag féachaint go háirithe don timpeallacht bhuiséid agus eacnamaíoch deacair a bheidh ann sa mheántéarma. |

# Aguisín C: Ballraíocht an Ghrúpa Straitéise

Cathaoirleach: **Dr Colin Hunt,** Macquarie Capital Advisers

An Dr. Mary Canning, Iar-Speisialtóir Oideachais Ceannaireachta de chuid an Bhainc Dhomhanda agus ball údarás, HEA.

Peter Cassells, Cathaoirleach, an tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta.

John Casteen*, Uachtarán, Ollscoil Virginia, Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Marion Coy, Uachtarán, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo.

Mary Doyle, Rúnaí Cúnta Roinn an Taoisigh.

An Dr. John Hegarty, Propast, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath.

Michael Kelly, Cathaoirleach an Údaráis um Ard-Oideachas.

Shane Kelly, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

Dick Lehane, Iar-Leas-Uachtarán Sinsearach ar Dhéantúsaíocht Domhanda, EMC Corporation.

Brigid McManus, Ard-Rúnaí, An Roinn Oideachais & Scileanna

Paul Rellis, Stiúrthóir Bainistíochta, Microsoft Ireland.

Martin Shanagher, Rúnaí Cúnta, an Roinn Fiontar, Trádála & Nuála

An tOllamh Jussi Välimaa, Institiúid na Fionlainne do Thaighde Oideachasúil, Ollscoil Jyväskylä, an Fhionlainn.

Robert Watt, Rúnaí Cúnta, An Roinn Airgeadais.

*De bharr tiomantas gan choinne, ní raibh an tUachtarán Casteen in ann freastal ar an gcuid is mó de chruinnithe an Ghrúpa.

Chabhraigh painéal idirnáisiúnta de shaineolaithe ard-oideachais, atá liostaithe go hiomlán in Aguisín D, leis an nGrúpa Straitéise ina chuid oibre.

# Aguisín D: An Próiseas Comhairliúcháin

Tá an Grúpa Straitéise thar a bheith buíoch de na heagraíochtaí agus de na daoine aonair go léir a rinne aighneachtaí scríofa. Tá achoimre téamach ar na haighneachtaí ar fáil ag: www.hea.ie/en/node/1303

Ina theannta sin, tá an Grúpa thar a bheith buíoch de na daoine sin a ghlac páirt sna grúpaí fócais a bhí mar fhaisnéis don Ghrúpa ina gcuid breithnithe. Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoi na grúpaí ag www.hea.ie/en/node/1303

Chabhraigh painéal idirnáisiúnta de shaineolaithe ard-oideachais leis an nGrúpa Straitéise ina chuid oibre agus ba mhaith leis an nGrúpa aitheantas a thabhairt do chomhairle agus do dhearcadh luachmhar an phainéil.

# An Painéal Idirnáisiúnta Saineolaithe

An tOllamh Peter Coaldrake, Leas-Seansailéir, Ollscoil Teicneolaíochta Queensland, an Astráil.

An tOllamh Sir Graeme Davis, Cathaoirleach Ghrúpa Straitéise Ard-Oideachais Thuaisceart Éireann.

An tOllamh Malcolm Grant, Propaist, Coláiste na hOllscoile, Londain.

An Dr. Simon Marginson, an tIonad do Staidéar ar Ard-Oideachas, Ollscoil Melbourne, an Astráil.

Aims McGuinness, Comhlach Sinsearach san Ionad Náisiúnta do Chórais Bhainistíochta Ard-Oideachais (NCHEMS) Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Paul Ramsden, Iar-Phríomhfheidhmeannach an Acadaimh um Ard-Oideachais, an Ríocht Aontaithe.

Jamil Salmi, Comhordaitheoir Oideachais Treasaigh, an Banc Domhanda.

Dirk Van Damme, Ceannaire an Ionaid do Thaighde Oideachasúil agus Nuála, OECD.

Prof. Frans van Vught, Uachtarán Ionad na hEorpa do Bhainistiú Straitéise Ollscoileanna agus Ball de Ghrúpa an AE de Chomhairleoirí Polasaí Sochaíoch.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS